THE DEPARTMENT OF
AGRICULTURE & FOOD
AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006

AN AIRE TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

www.agriculture.gov.ie

Ba mhaith linn do chuid tuairimí a fháil maidir le cur i láthair, leagan amach agus ábhar na Tuarascála seo.

Is féidir leat cabhrú linn má scríobhann tú chuig:

An Rannóg Gnóthaí Corparáideacha (Tuarascáil Bhliantúil),
Bloc 6 Thoir,
An Roinn Talmhaíochta agus Bia,
Áras Talmhaíochta,
Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2,
Éire

Nó ar ríomhphost chuig:

publications@agriculture.gov.ie

Go raibh maith agat

© Rialtas na hÉireann 2007

Aithnítear cúnamh 'An Bord Bia, Coillte' agus 'The Irish Farmers Journal' i dtaca le híomhánna a úsáideadh san fhoilseachán seo.

Praghas €10
Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne:
http://www.agriculture.gov.ie

An Roinn Talmhaíochta agus Bia
Ceannoifig, Áras Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2
Teileafón: 01 6072000; Ló-ghlao: 1890 200 510

PRN: A7/0827

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN AIRE TALMHAÍOCHTA AGUS BIA 2006

RÁITEAS MISIN
(Ráiteas Straitéise, 2005 - 2007)

"A bheith ar thus cadhnaíochta ag forbairt earnáil iomaíoch agraibhia a bheidh dírithe ar an tomhaltóir agus ag cur le geilleagar agus sochaí bhríomhar tuaithe."

OIFIGÍ NA ROINNE

Clár Ábhair

ATHBHREITHNIÚ NA nAIRÍ 4

RÉAMHRÁ AG AN ARD-RÚNAÍ 6

EAGRÚCHÁN NA ROINNE 8

TUARASCÁIL AR SPRIOCANNA NA ROINNE 12

1. Forbairt Agraibhia agus Tradáil i gCreatlach Náisiúnta agus Idirnáisiúnta 13
2. Sábháilteacht Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe, Sláinte Phlandaí 28
3. Eacnamaíocht agus Timpeallacht na Tuaithe 42
4. Seachadadh Scéimeanna agus Bainistiú Airgeadais 46
5. Acmhainní Oibriúcháin agus an Clár Oibrithe Nuachóirithe 54

AGUISÍNÍ

1. Táscairí Feidhmiúcháin 66
2. Spriocanna Seirbhíse Custaiméara 86
3. Tiomantais Chlár an Rialtais 90
4. Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 – Forbairt Talmhaíochta agus Tuaithe 102
5. Vóta 31 – Caiteachas ar Thalmhaíocht agus Bia do 2006 104
6. Caiteachas Ráthaíochta FEOGA/EAGGF 2006 106
7. Íocaíocht Phras Chuntas 108
8. Orduithe agus Rialacháin a rinneadh le linn 2006 109
9. Na hAchtanna Talún i 2006 119
10. Comhlachtaí Stáit faoi Choimirce na Roinne i 2006 120

ATHBHREITHNIÚ NA BLIANA
LEIS AN AIRE TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

Máire Ní Chochláin, T.D.,
Aire Talmhaíochta agus Bia

Táim lán-sásta Tuarascáil Bhliantúil 2006 na Roinne Talmhaíochta agus Bia a chur i láthair.

Ba bhliain í inar foilsíodh cáipéisí beartais tábhachtacha agus inar soláthraíodh maoiniú a chuireann creatlach ar fáil d'fhorbairt na hearnála Agraibhia sna deich mbliana amach romhainn.

I mí an Mhárta foilsíodh an **Plean Gnímh do Thodhchaí na hEarnála Agraibhia.** Is freagra ar **Thuarascáil an Choiste Agraifhís 2015** é an Plean Gnímh, agus leagann sé amach fís nua do thodhchaí na hearnála i bhfianaise na n-athruithe móra atá ag dul i gcion uirthi faoi láthair. Ionas gur féidir léi teacht slán agus fás, ní mór do thionscal Agraibhia na hÉireann a bheith an-iomaíoch i margaí an AE agus margaí domhanda araon. Is iad príomh-phointí an Phlean Ghnímh iomaíochas, nuálaíocht agus margaíocht dírithe ar thomhaltóirí.

Aontaíodh forálacha talmhaíochta na comhpháirtíochta nua, **I dTreo 2016** leis na Páirtithe Sóisialta Feirmeoireachta agus dearadh iad chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna an iomaíochais agus na hinbhuanaitheachta. Tugtar tiomantas in I dTreo 2016 go gcuirfear maoiniú €4.7 billiún ar fáil ón Státchiste do na scéimeanna feirme faoin gClár Forbartha Tuaithe don tréimhse 2007-2013.

Áiríonn an Comhaontú Comhpháirtíochta gníomhartha sna príomh-earnálacha feirmeoireachta uile, le híocaíochtaí méadaithe faoi 17% ar fáil faoi REPS agus méadaithe faoi 8% ar fáil faoin Scéim um Limistéir faoi Mhíbhuntáiste, méadú 56% ar rátaí Cúnaimh Shuiteála agus Scéim Luathscoir nua, le híocaíochtaí suas le huasmhéid €15,000.

Faoi dheireadh 2006, tar éis meastóireacht neamhspleách agus measúnacht chomhshaoil straitéiseach a dhéanamh, chuir an Roinn **Plean Forbartha Tuaithe** faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Cuirfidh an plean seo, ag a mbeidh caiteachas iomlán de €7.5 billiún agus a bheidh cómhaoinithe ag an gCoimisiún, roinnt de na bearta i gcuid talmhaíochta I dTreo 2016 i bhfeidhm.

Fógraíodh líon mór **tionscnamh earnála** in 2006. Bhí áthas orm tús a chur le clár mór infheistíochta caipitil don earnáil um próiseáil na déiríochta. Tá an rialtas tiomanta do €100 milliún a thabhairt don chiste chun méadú ar éifeachtacht an tionscail phróiseála agus chun cur ar chumas na hearnála sciar níos mó de na margaí domhanda a fháil. Seoladh Scéim Cúnaimh um Infheistíocht Chaipitil do na hearnálacha um próiseáil mairteola agus caoireola freisin. Tá sé d'aidhm ag an bpacáiste tacaíochta sin, ar luach €50 milliún, méadú ar éifeachtacht sna príomh-earnálacha próiseála. Chomh maith leis sin, cuireadh riar €250 milliún ar fáil do Scéim Leas Ainmhí, Taifead agus Pórú do Thréada Diúla. Leagadh na tionscnaimh uile sin amach inár gcáipéis Agri-Vision 2015.

Maidir leis na príomhréimsí margaidh, tá táirgeadh na **mairteola** an-luachmhar do gheilleagar na hÉireann fós, le honnmhairí ar luach €1.5 billiún in 2006, méadú 14% ar 2005. Onnmhairíodh 480,000 tonna chuig margaí an AE, an méid is mó a onnmhairíodh riamh, agus d'fhan onnmhairí chuig an tríú domhain mar an gcéanna. Tháinig méadú 35% ar onnmhairí eallaigh bheo, a chuaigh thar 250,000 den chéad uair ó 2000. Tháinig méadú 8% ar an meán ar phraghsanna eallaigh, ag léiriú an rath céanna agus a bhí orthu le blianta beaga anuas. Ba chéim mhór chun tosaigh i ndáil le méadú ar thrédhearcacht do chustaiméirí é tús a chur le lipéadú éigeantach faoi thír dúchais feola i mbialanna agus sa lónadóireacht i mí Iúil.

Bhain dúshlán níos mó le 2006 don tionscal **déiríochta** i margaí an AE agus margaí idirnáisiúnta ná mar a bhain le blianta beaga anuas. Mar sin féin, tháinig feabhas suntasach ar an margadh faoi dheireadh na bliana. Cé go mbíonn tionchar ollmhór ag fórsaí margaidh ar an bpraghas a íoctar as bainne, tá an meán-fháltas do 2006 cosúil le nó níos fearr ná fáltais na dtáirgeoirí sna trí bliana roimhe seo, nuair a chuirtear an phréimh déiríochta san áireamh. Bhain luach €180 milliún leis an bpréimh déiríochta in 2006. Rinne mé dul chun cinn mór maidir le tírdhreach na n-aistrithe de chuótaí déiríochta a athrú i rith na bliana. Bhí 125 milliún lítear curtha ar díol sa chéad Scéim Trádála Cuóta Bainne. Tríd is tríd, ghlac thart ar 25% d'fheirmeoirí déiríochta páirt sa scéim seo, agus is ranpháirtíocht iontach é sin.

Ba thosaíocht ar leith in 2006 é **Bithfhuinneamh** a fhorbairt. D'aithin an Rialtas poitéinseal na talmhaíochta cur le forbairt tionscail bhithfhuinnimh inmharthana sa Pháipéar Bán ar bhithfhuinneamh agus, ansin, le bunú an Tascfhórsa Aireachta ar Bhithfhuinneamh. Cuireadh €14 milliún ar fáil chun íoc as

roinnt tionscnamh chun feirmeoirí a spreagadh barraí fuinnimh a fhás. Áiríodh ar na bearta sin íocaíocht náisiúnta nua €80 an heicteáir a dhéanamh, le cois préimh Barraí Fuinnimh an AE. Seoladh Scéim Bithfhuinnimh nua freisin chun deontas tosaíochta a chur ar fáil do churadóireacht na saileach agus an mhiscantais.

Ba í 2006 an chéad bhliain iomlán den ré tacaíochta ioncaim díchúpláilte. D'éirigh liom comhaontú an Choimisiúin Eorpaigh a fháil réamhíocaíochtaí a dhéanamh faoin **Scéim Aoníocaíochta**, chun cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí as na coinníollacha dona aimsire go déanach san earrach agus go luath sa samhradh. Idir na tréimhsí íocaíochta Deireadh Fómhair agus Nollag, íocadh thart ar €1.17 billiún le 118,000 feirmeoir.

Bhí rath mór ar an **Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe** (REPS) in 2006. Faoi dhúnadh REPS 3 ag deireadh mhí na Nollag, bhí 59,200 duine ag glacadh páirte ann. Le linn na bliana, íocadh €330 milliún san iomlán le feirmeoirí REPS, méadú 17% ar an mbliain roimhe sin. Creidim go mbainfidh an tír uile tairbhe as tairbhí comhshaoil na rannpháirtíochta airde sin.

Maidir le sábháilteacht bia, tháinig reachtaíocht um shláinteachas bia agus beatha an AE, an **Pacáiste Sláinteachais**, i bhfeidhm sna ballstáit uile an 1 Eanáir 2006. Ba é cuspóir an Phacáiste Sláinteachais a chinntiú go raibh caighdeán ard de chosaint sláinte pobail i gceist le táirgeadh bia. Déanann sé an reachtaíocht chasta agus uaireanta chomhthrasnach a tháinig chun cinn le fada an lá a shimpliú.

Tá ról ríthábhachtach agus rathúil ag mo Roinn fós maidir le déileáil le **galar ainmhí**. Le linn 2006, aithníodh na chéad chásanna d' Each-Anaemacht Tógálach (EAT) in Éirinn, le 28 cás dearbhaithe le linn na bliana. Ba é tosaíocht na Roinne an galar a chur faoi smacht agus a dhíothú, mar thoradh ar luach agus dea-cháil thionscal folaíochta na hÉireann. Tháinig laghdú arís ar ESB, le laghdú níos mó ná 40% ar 2005, rud a léiríonn rath na mbeart a cuireadh i bhfeidhm chun an galar a dhíothú. Tháinig laghdú comhchosúil ar leibhéil na Brúsalóise agus na hEitinne Buaibhí freisin.

Tríd is tríd, rinneadh a lán dul chun cinn in 2006 maidir le forbairt beartais agus seachadadh agus feidhmíocht oibríochtúil araon. Táim sásta gur leagadh bunchloch buan síos d'fhorbairt an tionscail Agraibhia sa todhchaí go dtí 2015 agus go ndearnadh gníomhartha tábhachtacha chun an fhorbairt sin a bhaint amach.

Máire Ní Chochláin, T.D.,
Aire Talmhaíochta agus Bia

Breandán Mac Gabhann, T.D.,
Aire Stáit

Máire de Bhailís T.D.,
Aire Stáit

Réamhrá ag an Ard-Rúnaí

Tom Moran,
Ard-Rúnaí

Ba bhliain ríthábhachtach don Roinn í an bhliain seo i ndáil leis na cinntí beartais, forálacha maoinithe agus gníomhartha a chur chun cinn a bhfuil gá leo chun tacú le forbairt bhreise earnála Agraibhia iomaíche, inmharthana agus dírithe ar thomhaltóirí.

Bhí an **Scéim Aonfocaíochta** mar dhúshlán oibríochtúil mór fós, go háirithe toisc go raibh íocaíocht dhá chéim i gceist léi. Sháraigh an Roinn an dúshlán sin, agus ba bhreá liom aitheantas a thabhairt d'obair fhoireann na Roinne mar d'éirigh leo, i dtéarmaí céatadáin, íocaíochtaí a dhéanamh leis an líon is airde feirmeoirí in aon cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

Dar leis an Roinn, tá cur chun cinn an **chláir oibre nuachóirithe** mar a éilítear in I dTreo 2016, agus sa cháipéis a tháinig roimhe Buanú an Fhoráis, mar luamhán tábhachtach chun clár athruithe urrúnta a chur i ngníomh sa Roinn. Tacaíonn sé sin le forbairt na solúbthachta méadaithe inár gcleachtais oibre, rud a mbainfidh an eagraíocht agus ár gcustaiméirí araon tairbhe as. Ba é croílár chur i ngníomh rathúil an chláir oibre nuachóirithe sa Roinn an chumarsáid leanúnach idir an fhoireann agus an bhainistíocht. Ba mhian liom aitheantas a thabhairt do ról an ghrúpa chomhpháirtíochta ina leith sin.

I rith na bliana, ba chúis áthais dúinn gur ghlac an Grúpa Fíorú Feidhmiúcháin Státseirbhíse (GFFSS) leis an Tuarascáil um Dhul Chun Cinn deireanach a bhí le déanamh againn faoi Buanú an Fhoráis. I ndiaidh an chomhaontaithe faoi I dTreo 2016, d'ullmhaigh an Roinn Plean Gnímh a leag amach níos mó ná 90 beart atá sé ar intinn aici iad a dhéanamh faoi raon teideal, lena n-áirítear nuachóiriú agus solúbthacht, oibriú trasfheidhmiúil agus teicneolaíocht nua agus Rialtas Leictreonach chun na tiomantais sa chlár oibre nuachóirithe a chur i ngníomh thar thréimhse chomhaontú pá na seirbhíse poiblí. Táim sásta a rá gur chuir an GFFSS fáilte roimh an gcéad Tuarascáil um Dhul Chun Cinn faoi 2016 freisin.

I rith na bliana, leanadh ar aghaidh le cur i ngníomh **chlár díláraithe** an Rialtais. Tá céimeanna 2005 agus 2006 tugtha chun críche anois agus mar sin tá níos mó ná 100 post aistrithe ó raon Rannán i mBaile Átha Cliath chuig Port Laoise.

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair ar shábháilteacht bia ar fud na hearnála agus rinne sí obair dhlúth le gníomhaireachtaí oifigiúla eile sa réimse seo, lena n-áirítear Údarás um Shábháilteacht Bia na hÉireann (ÚSBÉ), chun reachtaíocht um shláinteachas bia agus beatha an Chomhphobail Eorpaigh, ar a dtugtar an 'Pacáiste Sláinteachais', a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2006 a chur i bhfeidhm. Síníodh conradh seirbhíse nua idir an Roinn agus an ÚSBÉ i mí Feabhra.

Tá Seirbhísí Saotharlainne na Roinne ríthábhachtach chun cabhrú linn ár spriocanna maidir le sábháilteacht bia agus sláinte ainmhithe a bhaint amach, ní amháin maidir le tomhaltóirí Éireannacha ach maidir leis an mbonn mór custaiméirí atá forbartha ag ár dtionscal bia ar fud an domhain. In 2006, feistíodh agus aistríodh baill foirne chuig ár gcoimpléacs saotharlainne nua den chéad scoth i mBacastún, agus ceapadh Stiúrthóir nua Saotharlann chun maoirseacht a dhéanamh ar shaotharlanna uile na Roinne. Táimid anbhródúil as ár n-áis nua a théann gan amhras leis na spriocanna Agraibhia 2015 a leagadh amach don earnáil.

Mar achoimre, ba bhliain dhúshlánach agus rathúil don Roinn í 2006 ar fud a réimsí oibre agus ba bhreá liom buíochas a ghabháil le baill na foirne as a gcuid iarrachtaí agus a gcuid oibre.



Tom Moran
Ard-Rúnaí

EAGRÚCHÁN NA ROINNE

Ag 31 Nollaig 2006 bhí 4,505 duine ar fhoireann na Roinne (607 i bpoist chomhroinnte). Bhí foireann de 2,467 fostaithe riaracháin ann, 318 i bpoist tréidliachta, 253 i ngráid chi-gireachta, 1,094 i ngráid teicniúla, 281 i ngráid speisialtóra, agus 92 i ngráid eile.

Is é an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) faoi cheannas Tom Moran, Ard-Rúnaí, an fhoireann shinsir bhainistíochta agus tá naoi n-Ard-Rúnaí Cúnta, an Príomhoifigeach Tréidliacht agus an Príomhchigire agus Stiúrthóir Seirbhísí Saotharlainne na Roinne ina gcomhaltaí de.

Tá a gcuid réimsí freagrachta leagtha amach thall.

COISTE COMHAIRLEACH BAINISTÍOCHTA
(mar a bhí ar 31 Nollaig 2006)

Jim Beecher
Ard-Rúnaí Cúnta

Tony Burke
Ard-Rúnaí Cúnta

Denis Byrne
Ard-Rúnaí Cúnta

John Fox
Ard-Rúnaí Cúnta

John Gillespie
Ard-Rúnaí Cúnta

Seamus Healy
Ard-Rúnaí Cúnta

Martin Heraghty
Ard-Rúnaí Cúnta


Aidan O'Driscoll
Ard-Rúnaí Cúnta


Philip O'Reilly
Ard-Rúnaí Cúnta

Patrick Rogan
Príomhoifigeach Tréidliachta

Tom Teehan
Príomhchigire

Dr. Michael Gunn
Stiúrthóir na Seirbhísí Tréidliachta

Cairt Eagraíochta
(mar a bhí ar 31 Nollaig 2006)

Tom Moran
Ard-Rúnaí

Íocaíochtaí Talmhaíochta

John Fox
Ard-Rúnaí Cúnta
Struchtúir Thalmhaíochta & Comhshaol

Denis Byrne
Ard-Rúnaí Cúnta
Tacaí Margaidh/ Infheistíocht ar an bhFeirm/ /Foraoiseacht

Aonad Beartais

Tony Burke
Ard-Rúnaí Cúnta
AE/CAP Forbairt na Tuaithe

Jim Beecher
Ard-Rúnaí Cúnta
Polasaí Beostoic

Martin Heraghty
Ard-Rúnaí Cúnta
Bia, Polasaí Barraí & Gnóthaí Corparáideacha

Forbairt Corparáideach

Aidan O'Driscoll
Ard-Rúnaí Cúnta
Pleanáil Eacnamaíochta agus Córais Airgeadais

John Gillespie
Ard-Rúnaí Cúnta
Acmhainní Daonna

Philip O'Reilly
Ard-Rúnaí Cúnta
Córais Fhaisnéise

Sábháilteacht Bhia, Sláinte Ainmhithe

Tom Teehan
Príomhchigire

David Beehan
Leas-Príomhchigire

Patrick Rogan
Príomhoifigeach Tréidliachta

Martin Blake
Michael Sheridan
Martin O'Sullivan
Leas-Phríomhoifigigh. Tréidliachta

Michael Gunn
Stiúrthóir Seirbhísí Saotharlainne
John Ferris
Stiúrthóir, Saotharlann Lárnach Taighde Tréidliachta

Seamus Healy
Ard-Rúnaí Cúnta
Sláinte Ainmhithe

Ceann na Rannóige
Struchtúir Agrai-Chomhshaoil – Michael O'Donovan
An Scéim Aoníocaíochta agus an Scéim Cheantarbhunaithe Liúntas Cúiteach i gCeantair faoi Mhíbhuntáiste – Paud Evans/ Andy McGarrigle/Paul Dillon
Rialúcháin Chomhtháite – Al Grogan
Comhshaol agus Struchtúir Thalmhaíochta – Dan Gahan/Oliver Healy

Rialúchán Mairteola – Tom O'Hanlon
Infheistíochta/Fóirdheontais agus Stóráil ar an bhFeirm/Aisíocaíochtaí Onmhhairíochta – Mick Prendergast
Foraoiseacht – Bridgeena Nolan, Ronan O' Flaherty, Diarmuid McAree

AE/Trádáil – Brid Cannon
CAP Forbairt na Tuaithe – Michael Cronin

Polasaí Feola – Luke Mulligan
Sláinteachas Feola agus Fotháirgí Ainmhí – Tom Loftus
Polasaí Bainne – Philip Carroll

Bia – Marian Byrne
Polasaí Barraí agus Comhlachtaí Stáit – Bridie O'Neill
Aonad Idirchaidrimh um Shábhailteacht Bhia – Joe Shortall
Gnóthaí Corparáideacha – Andy Irving

Airgeadas – Brendan Gleeson
Aonad Eacnamaíoch agus Pleanála – Kevin Smyth
Cuntais – Geraldine Mullen
Iniúchadh Inmheánach – Tom Medlycott (Ag gníomhú)

Seirbhísí Bainistíochta – Breffini Carpenter
Pearsanra – Bert O'Reilly
Cóiríocht/Soláthar agus Tionscadail ISO– Danny Carroll
Seirbhísí Dlí – Oliver Randal Plunkett

ISD – Sean Keevey, Christy Philpot, Robert Butler, Stephen Fitzpatrick, Michael Bunyan

Réigiúin Déiríochta – Denis Corcoran
Ceanncheathrú agus Saotharlanna Déiríochta – John Doody
Deimhniúchán Síolta – Gabriel Roe
Beostoc, Mairteoil agus Caoireoil – Ignatius Byrne
Ábhar Beathúcháin, Leasacháin, Grán, Muca agus Éanlaith Chlóis – Dermot A Ryan
Tástáil Chineálacha Barr – Nicholas McGill
Gortóireacht agus Sláinte Phlandaí – Michael Hickey
Taighde, Bia agus Comhordú CODEX – Tony Smith
Seirbhísí Speisialta Feirme, Comhshaol agus Luacháil- Matt Sinnott
Táirgeadh agus Sábháilteacht Barraí – Jarlath Coleman

RVO Iardheisceart – Pat Flanagan
RVO Iarthuaisceart – Oliver McDonagh
RVO Oirthuaisceart - Michael Fallon
RVO Oirdheisceart – John Murray
Díothú - Brúsalóise – Garry O'Hagan
Díothú - Eitinn – Margaret Good
Mairteoil agus Caoireoil – Paula Barry Walsh
Trádáil, AE, Galair Rang A – Billy McAteer
Muiceoil agus Feoil Éanlaith – David Nolan
BSE, Scráibeach, Cógais – John Griffin
Míoleolaíocht Thréidliacht, Sláinte agus Leas Ainmhithe – Pat Brangan

ALTT, Lotnaidicídí; CMCL, Tástáil Síolta, agus Saotharlanna Eolaíocht Déiríochta
Saotharlanna Tréidliachta Réigiúncha – Folúntas, Leas-Stiúrthóir
STT Baictéareolaíocht – John Egan
STT Paiteolaíocht – Paul Collery
STT Vireolaíocht – Pat Lenihan

ERAD/Díothú Galar – Richard Healy
Sláinte agus Leas Ainmhithe – Tom O'Donnell
Scéim Árachais Mairteola – Martin Farrell
Feidhmiúcháin Oifigí Áitiúla/Galair Rang A – Dermot Ryan

Fonóta: Bíonn John Murphy, Stiúrthóir Gníomhach, Oifig na nAchomharc Talmhaíochta ag tuairisciú go díreach chuig an Aire Talmhaíochta agus Bia.

Tuarascáil ar Spriocanna na Roinne

TUARASCÁIL AR SPRIOCANNA NA ROINNE DO 2006

Sprioc 1	**Forbairt Agraibhia agus Tradáil i gCreatlach Náisiúnta agus Idirnáisiúnta** Earnáil agraibhia a fhorbairt a bheadh iomaíoch go hidirnáisiúnta agus dírithe ar thomhaltóirí agus a thabharfadh tacaíocht do thrádáil talmhaíochta agus bia agus a dhéanfadh a héascú.
Sprioc 2	**Sábháilteacht Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe, Sláinte Phlandaí** Na caighdeáin sábháilteachta bia is airde agus cosaint an tomhaltóra, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte phlandaí, a chinntiú.
Sprioc 3	**Eacnamaíocht agus Timpeallacht na Tuaithe** Forbairt eacnamaíoch na tuaithe a chothú chomh maith le córais talmhaíochta, fhoraoiseachta agus táirgíochta bia atá báúil don chomhshaol agus inmharthanach, agus cabhrú leis an athrú struchtúrtha.
Sprioc 4	**Seachadadh Scéimeanna agus Bainistiú Airgeadais** Déanfaimid ár scéimeanna agus ár gcláir uile a oibriú ar bhealach éifeachtach éifeachtúil, agus cinnteoimid na caighdeáin bainistíochta corparáideacha agus airgeadais agus cuntasachta is airde i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí.
Sprioc 5	**Acmhainní Oibriúcháin agus an Clár Oibrithe Nuachóirithe** Ár n-acmhainní daonna agus fisiciúla, agus ár n-acmhainní oibriúcháin a fhorbairt agus a chinntiú go gcuirfear seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil dár gcustaiméirí, idir inmheánacha agus seachtracha agus Polasaí an Rialtais i leith dílárú agus nuachóiriú na seirbhíse poiblí á fhorfheidhmiú againn.

SPRIOC 1 – FORBAIRT AGRAIBHIA AGUS TRÁDÁIL

Earnáil agraibhia a fhorbairt a bheadh iomaíoch go hidirnáisiúnta agus dírithe ar thomhaltóirí agus a thabharfadh tacaíocht do thrádáil talmhaíochta agus bia agus a dhéanfadh a héascú.

FORBAIRTÍ POLASAÍ

Anailís ar Bheartais

Sheol an tAire an tAthbhreithniú agus an Forbhreithniú bliantúil do Thalmhaíocht agus Bia 2005/2006 i mí Meithimh 2006. Tá réimse leathan anailíse agus tráchtála sa tuarascáil maidir le feidhmiú an earnáil agrai-bhia agus an tionscal bhia chomh maith le meastacháin ar ioncam feirme le linn 2005 agus ar ioncam iomlán teaghlach feirme le haghaidh 2004.

Déanadh bileog fíricí a nuashonrú go rialta agus a scaipeadh. Foilsíodh coimre an-shonrach de Statisticí Talmhaíochta na hÉireann i mí na Samhna 2006 agus tá sí ar fáil ar suíomh idirlín na Roinne in éindí le tuarascálacha staitisticiúla agus anailíseacha eile .

Athbhreithniú Luach Airgid

Tá maoirseacht á dhéanamh ag an gCoiste Stiúrtha Lárnach sa Roinn Airgeadais ar an Tionscnamh Luach Airgid, tionscnamh a raibh Tionscnamh Athbhreithniú Caiteachais (ERI) mar theideal air roimhe seo. Tá an Roinn seo ag tabhairt faoi na hathbhreithnithe a aontaíodh mar chuid de bhabhta athbhreithnithe 2006 go dtí 2008 . Foilsíodh dhá athbhreithniú le linn 2006 agus cuireadh tús le cúig chinn de naoi gcinn a aontaíodh mar chuid de bhabhta 2006 go dtí 2008.

Polasaí Cánach

Rinne Buiséad 2006 foráil le haghaidh os cionn €24 milliún i lamháltais chánach don phobal feirmeoireachta.. I measc na mbearta sonracha cáin feirme bhí:

- Faoiseamh ar dhleacht stampála d'fheirmeoirí oilte óga sínte go dtí an 31 Nollaig 2008;
- Cuireadh leasuithe fábhracha i bhfeidhm maidir leis an díolúine ó cháin ioncaim do thalamh léasaithe ar bhonn fadtéarmach. Cuirtear luach an Scéim Aoníocaíochta atáthar i dteideal a fháil san áireamh sna tairsí sin anois;
- Aithníodh an méid atáthar i dteideal faoin Scéim Aoníocaíochta mar "sochar talmhaíochta" cáilithe ó thaobh Cáin Fháltais Caipitiúil –Faoiseamh Talmhaíochta.
- Cáin Fháltais Caipitiúil – Leathnaíodh an Faoiseamh Scoir chuig teidlíochtaí chomh fada agus gur leis an feirmeoir an talamh agus go raibh sé á shaothrú ar feadh tréimhse 10 mbliana sula bhfuair sé ré lena chuid teidlíochtaí.
- Ní ghearrtar Dleacht Stampála ar dhíol nó léas teidlíochtaí faoin Scéim Aoníocaíochta a thuilleadh;
- Tháinig ísliú 50% ar an ndleacht mháil a ghearrtar ar cheirisín agus ar ghás peitriliam leachtaigh (nach mbaineann le gluaisteán) ó 7 Nollaig 2005;
- Fógraíodh faoiseamh dhleacht mháil de €205 milliún thar tréimhse cúig bliana chomh maith; agus
- Fógraíodh soláthair le haghaidh méadaithe sa Scéim Cúnamh Feirme i gcomhréir le rataí leasa sóisialta eile.

STAITISTICÍ TALMHAÍOCHTA

Bhí ioncam feirme (barrachas oibríochta ar feirmeacha) 14.2% níos isle ná an figiúr a bhaineadh amach i 2005 toisc, go príomha, na glan-íocaíochtaí díreacha a bheith níos isle ná mar a bhí said i 2005. Tharla sé seo toisc nach ndeachaigh na sean scéimeanna agus na scéimeanna nua thar a chéile go substaintiúil i 2006 mar a tharla i 2005.

Tháinig ardú 2.8% ar luach na n-earraí a táirgeadh in earnáil na talmhaíochta i 2006 – tháinig ardú de bheagnach 30% i dtáirgeacht ghránbharraí, ardú de 4.5% i dtáirgeacht beostoic agus laghdú imeallach i dtáirgeacht bhainne (–1.0%). Thainig ardú de 5.3% ar thomhaltas meánreatha go €3.673 milliún.

Statisticí Talmhaíochta

ASCHUR, INCHUR AGUS IONCAM, 2006		€m
Aschur Talmhaíochta ag Praghsanna Táirgeora agus Bunphraghasanna, Breisluach Comhlán agus Farasbarr Oibriúcháin sa Talmhaíocht	Táirgeacht Earraí ag Praghsanna Táirgeora	5,109.5
	Móide Obair ar Chonradh	278.7
	Móide Fóirdheontais Lúide Cánacha Ar An Táirge	-17.4
	Táirgeacht Talmhaíochta ag Bunphraghasanna	5,370.8
	Lúide Tomhaltas Meánreatha	3,673.4
	Breisluach Comhlán san Áireamh ag Bunphraghasanna	1,697.5
	Lúide Tomhaltas Meánreatha	689.1
	Móide Fóirdheontais Eile Lúide Cánacha ar Tháirge	1,813.4
	Lúide Cúiteamh Le Fostaithe	465.2
	Farasbarr Oibriúcháin	2,356.6

Foinse: Réamh-mheastacháin ar Tháirgeacht, Inchur agus Ioncam sa Talmhaíocht an CSO 2007

Costais Tháirgíochta na bPríomhearnálacha Talmhaíochta

2005	Córas	Costais Dhíreacha in aghaidh na Feirme €	Costais Dhíreacha mar % d'Aschur (seachas Íocaíochtaí Díreacha)	Costais Iomlána in aghaidh na Feirme €	Costais Iomlána mar % d'Aschur(seachas Íocaíochtaí Díreacha)
Costais Tháirgíochta na bpríomhearnálacha talmhaíochta	Gach córas	16,481	48%	33,004	96%
	Déiríocht	36,102	41%	66,979	76%
	Déiríocht + Eile	30,329	46%	58,051	88%
	Tógáil Eallaigh	7,085	58%	16,055	131%
	Eallach Eile	9,143	57%	20,512	129%
	Caoraigh den chuid is mó	10,195	59%	21,126	123%
	Curadóireacht den chuid is mó	28,821	50%	56,954	100%
Foinse: Suirbhé Náisiúnta Feirme, Teagasc, 2005					

Líon na bhFeirmeacha Teaghlaigh

2005	LÍON NA BHFEIRMEACHA TEAGHLAIGH	131,200
Foinse: CSO 2005		

Próifíl Aoise Feirmeoirí

2003	Aois	Líon na bhfeirmeoirí	% feirmeoirí
Próifíl Aoise Feirmeoirí	<35	10,400	8%
	35-64	88,800	68%
	>=65	32,000	24%
Foinse: CSO			

Clár an Rialtais

Baineadh amach gach ceann de na tiomantais a bhaineann le talmhaíocht sa Chlár Rialtais nó is tiomantais leanúnacha iad atá á mbaint amach ar bhonn leanúnach. Tá na sonraí iomlána le fáil in Aguisín 3

Páirtíocht – Buanú an Fhoráis agus I dTreo 2016

Cuireadh i bhfeidhm gach ceann de na soláthair a bhaineann le talmhaíocht sa Chomhaontú Buanú an Fhoráis agus a aontaíodh leis na Páirtithe Sóisialta Feirmeoireachta.

Aontaíodh soláthair talmhaíochta na pairtnéireachta nua, I dTreo 2016, leis na Páirtithe Sóisialta.

Tá ceangaltas i I dTreo 2016 go mbeidh maoiniú de €4.7 billiún ar fáil sa tréimhse 2007 go dtí 2013 ón gCiste Náisiúnta le haghaidh na scéimeanna feirme atá mar chuid den Chlár Forbairt Tuaithe. Is ardú é seo de 135% ón mhaoiniú státchiste de €2 billiún a cuireadh ar fail le haghaidh na scéimeanna sin sa bhabhta reatha 2000 – 2006. Is fiú €6.8 billiún an maoiniú iomlán ar aontaíodh le haghaidh beartais talmhaíochta agus san áireamh leis sin tá €2.1 billiún ón AE agus ó mhodhnú.

Is doiciméad an-chuimsitheach atá san aontú pairtnéireachta agus san áireamh tá gníomhartha maidir leis na príomh-earnálacha feirmeoireachta go léir chomh maith le forbairt tionscal an bhia. Is iad na príomhghnéithe ná:

- Tháinig ardú de 17% i leibhéal na n-íocaíochtaí faoin Scéim um Chaomhnú Chomhshaol na Tuaithe (SCCT);
- Tháinig ardú 8% i leibhéal na n-íocaíochtaí faoin Scéim Liúntais Chúitimh um Limistéir Faoi Mhíbhuntáiste;
- Tiocfaidh ardú 15% ar an gnáthdheontas foraoiseachta ;
- Tiocfaidh ardú de 56% ar an ráta cúnamh suiteála go dtí €15,000;
- Beidh scéim nua Luathscoir ón Fheirmeoireacht ann agus beidh uasíocaíocht de €15,000 ar fáil;
- Tá leithdháileadh de €250 milliún ann le haghaidh Scéim Leas Ainmhí, Taifead agus Pórú do Thréada Diúila;
- Infheistíocht caipitil mhaoinithe de €100 milliún chun tacaíocht a thabhairt do phróiseáil na déiríochta;
- Infheistíocht de €50 milliún ar fáil le haghaidh earnáil phróiseáil mairteola agus caoireola.

Tá beartais tábhachtacha ann chomh maith ó thaobh sláinte ainmhí lena n-airítear laghdú de 50% ar thobhaigh galair agus ceangaltais maidir le seirbhís ardchaighdeán na Roinne a chur ar fáil do fheirmeoirí i gcónaí. Cuirtear béim ar an dtodhchaí sa doiciméad agus is léir sin ach go háirithe sna codanna maidir le 'fuinneamh in-athnuaite', 'cothabháil an

chomhshaoil', agus 'beartais chun cabhrú le hathrú struchtúrtha'.

Agrai-Fís 2015

Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta maidir le cur i bhfeidhm Tuarascáil Agrai-Fís 2015 i mí Márta 2006.
Maidir le cur i bhfeidhm rathúil tugann sé suntas do thrí riachtanas:

Iomaíochas
Onnmhairítear tromluch tháirgeadh na hearnála agraí-bhia. Ionas gur feidir léi teacht slán agus fás caithfidh sí bheith iomaíoch i gcomhthéacs margaí an AE agus go hidirnaisiúnta. Ní rud roghnach atá san iomaíochas do earnáil mar seo atá dírithe ar onnmhairiú. Seo an príomhsprioc agus tá an plean bunaithe ar sin.

Nuálaíocht
Is earnáil sofaisiticiúil í tionscal nua-aimseartha an bhia atá bunaithe ar eolas agus ina bhfuil dul chun cinn teicneolaíochta agus nuálaíocht táirgí ag tárlú de shíor.

Díriú ar an dTomhaltóir
Is cuid riachtanach de reath leanúnach na hearnála ná éilimh tomhaltóirí a shású.

Leagann an Plean Gníomhaíochta amach 167 bearta atá nó a bheidh á chur i gcrích d'fhonn an fís seo a chomhlíonadh. Tá na bearta seo leagtha amach i ngrúpaí faoi roinnt ceannteideal mar seo a leanas:

- Ag díriú ar an dTomhaltóir;
- Ag cur lenár gcuid Eolais;
- Iomaíochas á Láidriú;
- Todhchaí Inbhuanaithe á Chur Chun Cinn;
- Cur i bhfeidhm an Phlean Ghnó.

Má tá an Plean Gníomhaíochta le cur i bhfeidhm go héifeachtach beidh gá le inchur agus gníomh cuiditheach ó réimse leathan comhlachtaí lena n-airítear an Roinn Talmhaíochta agus Bia, Áisíneachtaí Stáit agus an earnáil phríobháideach.

Maidir le socraithe inmheanacha na Roinne tá an freagracht maidir le gach gníomh gur gá cur i gcrích leagtha ar oifigigh agus eagraíochtaí faoi leith agus tá eolas bailithe don chéad tuarascáil a dhéanfaidh tuairisciú ar chur i bhfeidhm an Phlean. Maidir le cúrsaí seachtracha bunaíodh an Grúpa Áisíneachta Príomhfheidmeannaigh Agrai-Fís 2015 agus an Coiste Tionscal Bhia 2015 d'fhonn cur chuige atá go h-iomlán comhtháite a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an chéad tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Phlean eolas ar fáil ar an dul chun cinn atá bainte amach maidir leis na gníomhartha sa Phlean agus táthar ag súil leis go gcuirfear an tuarascáil seo faoi bhráid Fóram na bPáirtithe Leasmhara atá le bualadh le chéile i mí Márta 2007

Iomaíochas

Tar éis roinnt staidéir eile a rinneadh faoi urraíocht na Roinne mar thoradh ar mholtaí ón gCoiste Agraibhia 2010 rinneadh roinnt staidéar nua i réimsí na táirgiúlachta, cuótaí bainne agus ioncam seachfeirme. Tosóidh na tionscadail taighde nuair atá an maoiniú faofa faoin gCiste um Spreagadh Taighde.

CREATLACH IDIRNÁISIÚNTA

An tAire Ní Chochláin T.D. leis an Taoiseach Bertie Ahern T.D. agus iad ag castáil le Mariann Fischer Boel, Coimisiúnaí Eorpach um Fhorbairt Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, nuair a thug sí cuairt ar an Dáil, mí na Bealtaine 2006.

Creatlach Polasaí AE

Tá an Chomhpholasaí Talmhaíochta (CAP) faoi athbhreithniú agus leasú leanúnach agus leanadh leis an bpróiséas sin le linn 2006. Glacadh go foirmiúil leis na moltaí maidir le leasú réim siúcra an AE, ar thángthas ar chomhaontú polaitiúil ina leith i mí na Samhna 2005, ag cruinniú de chuid Comhairle na nAirí i mí Feabhra agus cuireadh tús leis an réim nua ar 1 Iúil 2006. Dáilfear an pacáiste cúitimh de luach €312 milliún, a comhaontaíodh i gcás na hÉireann le linn na hidirbheartaíochta leasaithe, tríd íocaíochtaí díreacha (€123 milliún) a dhéanamh le táirgeoirí biatais sa seacht mbliana atá romhainn, scéim athstruchtúraithe siúcra (€145 milliún) agus cúnamh éagsúlachta (€44 milliún).

Maidir le Forbairt Tuaithe d'fhoilsigh an Coimisiún leithdháiltí airgeadais na mBall Stát ar leith don tréimhse 2007-2013 mar a aontaíodh sa Chomhaontú Peirspictíocht Airgeadais a críochnaíodh mí na Nollag 2005 . Maoiniú iomlán de luach €69.75 billiún atá ann agus cuirfear ar a laghad €27.699 billiún de sin ar fáil do cheantracha inréimnithe. Thángthas ar chomhaontú maidir le leithdháileadh de luach €18.91 billiún don 15AE agus dáilfear é sin ar bhonn leithdháiltí stairiúla. Tá Éire i dteideal leithdháileadh iomlán de luach €2.34 billiún a fháil.

Thug an Coimisiún faoi athbhreithniú cuimsitheach den réim Cúnamh Stáit i gcomhthéacs a chlár leanúnach simpliú. Thángthas ar chomhaontú i mí na Samhna 2006 maidir leis na Treoirlínte nua le haghaidh earnáil na Talmhaíochta agus na Foraoiseachta don tréimhse 2007-2013.Toradh rathúil a bhí sa chomhaontú ó thaobh ábhair chúraim na hÉireann maidir leis an earnáil agraibhia agus na hearnálacha eallaigh agus foraoiseachta.

Bhí simpliú an CAP ar an gclár oibre san athuair le linn 2006.

Thionóil an Coimisiún comhdháil leis na páirtithe leasmhara agus na Baill Stáit i mí Dheireadh Fómhair 2006 d'fhonn sainiú a dhéanamh ar chlár oibre don todhchaí. Dhírigh an chomhdháil ar shimpliú teicniúil agus polaitiúil an CAP araon. Pléadh an dréachtPhlean Gníomhaíochta maidir le simpliú teicniúil a chuir an Coimisiún i láthair. Tá tuairim is 20 moladh maidir le simpliú reachtaíochta sa Phlean Gníomhaíochta agus is moltaí teicniúla iad don chuid is mó. Is é dearcadh an Choimisiúin ná gur cleachtadh rollach atá sa phlean seo agus beidh tuairimí eile á lorg ar bhonn leanúnach ó na Baill Stáit. Nochtaigh an Coimisiún moladh go bhféadfaí Eagraíocht Mhargaidh Choitinn a chruthú ach cuíchóiriú agus cónascadh a dhéanamh i gcás na 21 CMO atá ann faoi láthair.

Tá Éire i bhfábhar simpliú a dhéanamh ar an CAP. Ábhar cúraim atá ann áfach nach dtéann na moltaí reatha i ngleic le roinnt den simpliú teicniúil agus polaitiúil is tábhachtaí atá ábhartha ag leibhéal na feirme, rud a mheastar a chóir a bheith mar thosaíocht i bhfianaise ár dtaithí le gairid.

Comhpháirtíochtí Éifeachtúla a Choinneáil

Fanann an Roinn i gcaidreamh go héifeachtúil le hinstitiúidí AE agus le hAirí i mBallstáit eile trínár n-oifigigh tadhleoireachta thar lear agus trí theagmhálacha déthaobhacha díreacha le hinstitiúidí AE agus le Ranna Talmhaíochta sna BaillStáit eile. Tá ionadaíocht thaidhleoireachta ag an Roinn ag leibhéal Chomhairleora/Attaché bunaithe i bpríomhchathracha shé BhallStát AE (An Fhrainc, An Ghearmáin, An Iodáil, An Pholainn, An Spáinn agus an RA) agus sa Ghinéiv (WTO)) . Mar chuid dá bhfreagrachtaí, freastalaíonn an fhoireann seo ar eagraíochtaí idirnáisiúnta mar is cuí (FAO, WFP, OECD). Chomh maith leis sin tá ionadaíocht thaidhleoireachta ag an Roinn i Washington.

Lean an Roinn ar aghaidh le cothú caidrimh le Ballstáit nua agus mar chuid den phróiséas seo rinne an Roinn óstaíocht ar chuairteanna Airí agus oifigeach ón Laitvia, ón Liotuáin agus ón mBulgáir. Chomh maith leis sin thug an Roinn faoi chuairteanna ar an bPolainn, ar Phoblacht na Seice agus ar an Ungáir ag leibhéil Airí agus Ard-Rúnaí.

Eagraíocht Trádála Domhanda

D'aontaigh Comhdháil na nAirí go mbeadh deireadh mí Iúil 2006 mar spriocdháta chun na hidirbheartaíochtaí a thabhairt chun críche. Cé gur ndearnadh iarrachtaí tréana sa chéad leath de 2006 theip ar na hidirbheartaíochtaí agus níor thángthas ar chomhaontú roimh an spriocdháta. Chuir Stiúrthóir an WTO (Pascal Lamy) na hidirbheartaíochtaí ar fionraí i mí Iúil 2006. Tar éis tréimhse neamhghníomhaíochta fad is a bhítear ag fanacht ar thorthaí an toghcháin chomhdhála sna Stáit Aontaithe – toghcháin a bhítear ag súil leis go n-imreoidís tionchar ar sheasamh na Stáit Aontaithe – tosaíodh ar na hidirbheartaíochtaí arís, ach iad ar leibhéal íseal, i mí na Nollag 2006 .

Níor tháinig aon athrú ar spriocanna na hÉireann maidir leis na hidirbheartaíochtaí. Cé go bhfuil Éire tiomanta i dtéarmaí fhoriomlána maidir le teacht ar chomhaontú is í an phríomhcuspóir ná a chinntiú má tá comhaontú le bheith ann go mbeidh sí cothrom ó thaobh na hearnálacha idirbheartaíochta go léir agus go gcinntíonn sí leanúnachas, inbhuanaitheacht agus inmharthanacht na hearnála talmhaíochta san AE agus in Éirinn . Is é an t-ábhar chúraim is mó atá ann áfach ná a chinntiú nach mbeidh gá le tuilleadh leasú ar an CAP mar gheall ar na laghduithe iarbhír a chaithfidh an AE a chur i bhfeidhm faoi bhabhta nua.

Méadú an AE

Lean na hidirbheartaíochtaí leis an gCróáit agus leis an Tuirc i rith 2006. Maidir leis na tíortha sin glacadh cinneadh nach raibh siad sách-ullmhaithe agus nach bhféadfaí tús a chur le hidirbheartaíochtaí talmhaíochta agus forbairt tuaithe go mbeadh méid áirithe tagarmharcanna comhlíonta acu

Cúnamh Forbartha

An tAire Stáit, Breandán Mac Gabhann T.D., le James Morris, uasal, Stiúrthóir Feidhmiúcháin WFP na NA, mí Dheireadh Fómhair 2006.

I rith 2006 lean an Roinn lena tacaíocht do obair ríthábhachtach Chlár Bia na Náisiún Aontaithe (WFP) le cionroinnt de luach €8.5 milliún. Cuireadh €6.2 milliún ar fáil ar dtús mar chuid de thacaíocht fhoriomlán na hÉireann don WFP. I mí Dheireadh Fómhair, deonadh €1.3 milliún eile ar ócáid cuairte Jim Morris, uasal, Stiúrthóir Feidhmiúcháin an WFP. Díríodh an maoiniú sin ar chúinsí faoisimh agus téarnaimh - 'The Forgotten Emergencies'. Deonadh €1 milliún eile i mí na Nollag i leith oibríochtaí an WFP sa Namaib. Bhí gá leis an airgead chun cúnamh bia a chur ar fáil do dhílleachtaí agus do pháistí leochaileacha Ba í Éire an chéad tír a tháinig i gcabhair ar dhílleachtaí sa Namaib.

Rinne an Roinn cinnte de go raibh ionadaíocht mhaith déanta ar son na hÉireann ar ghnóthaí talmhaíochta agus forbartha ag cruinnithe éagsúla FAO i rith na bliana ar nós cruinnithe Comhairle, an Coiste Domhanda um Shlándáil Bhia agus cruinnithe comhordaithe AE. Chomh maith le síntiús náisiúnta na hÉireann, breis is **€1.15 milliún**, a íoc le FAO, cuireadh maoiniú buiséid bhreise de €390,000 ar fáil. Díríodh €250,000 den mhéid sin ar Chúnamh Éigeandála d'fhonn an Fliú Éanúil i Vítneam a smachtú.

Fuair Clár Saoráide Foraoiseachta Náisiúnta an FAO, a thugann tacaíocht do chláir fhoraoiseachta i dtíortha atá ag forbairt, maoiniú de €100,000. Tugadh maoiniú de €40,000 don FAO chun cabhrú le Meastóireacht Neamhspleách Sheachtarach (IEE) den eagraíocht a chur i gcrích. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an IEE faoi mheasúnú iomlán den FAO agus táthar ag súil leis go dtiocfaidh torthaí agus moltaí ón bpróiséas sin a thabhairfaidh deis do bhallraíocht an FAO pleanáil a dhéanamh don todhchaí, bunaithe ar láidreachtaí agus buntáistí comparáideacha na heagraíochta, a chuirfidh ar a gcumas tabhairt faoi na dúshláin atá rompu sa timpeallacht domhanda atá de shíor ag athrú.

Chabhraigh an Roinn go gníomhach i rith 2006 maidir leis an gcéad Pháipéar Bán Éireannach um Chúnamh Forbartha, a chur i dtoll a chéile. Lainseáileadh an Páipéar Bán sin i mí Mheán Fómhair 2006. Tá mórán tograí ann agus áirítear ina measc seoladh An Tascfhórsa Ocrais a dhéanfaidh breithniú ar an tslí is fearr gur féidir le hÉireann cabhair a thabhairt ó thaobh tabhairt faoi neamh dhiongbháilteacht bhia go háirithe san Afraic.

Ghlac an Roinn ról ghníomhach ó thaobh tacaíochta a thabhairt do sheasamh an AE ag Comhdhála FAO agus Food Aid maidir leis an leas cuí gur chóir a bhaint as cúnamh bhia.

Comhoibriú Thuaidh-Theas

Bhuail an tAire Ní Chochláin leis an bhfeisire Pairliminte agus Fo-Rúnaí Stáit David Cairns agus d'fháiltigh an dá Aire roimh an comhoibriú láidir atá ar ar siúl idir oifigigh ón dTuaisceart agus ón nDesiceart, i mí Iúil 2006. Rinne siad athbhreithniú ar limistéir comhoibrithe go háirithe an teagmháil leanúnach ata ar siúl maidir le pleananna teagmhasacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa chás go mbeadh ráig den bhfliú éanúil ar an oileán. Bhí dhá chruinniú ann idir oifigigh sinsearacha ón dá Roinn.

Agus Tionól Thuaisceart Éireann ar fionraí leanadh leis an comhoibriú ar leibhéal oifigiúil idir an Roinn agus an Roinn Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe i dTuaisceart Éireann. Bhí an spreagadh chun réam comónta nó aontaithe sláinte ainmhithe uile-oileáin a thabhairt i gcrích ar feitheamh go dtí go dtiocfadh forbairt ar chúrsaí polaitiúla i dTuaisceart Éireann.

Bíonn cruinnithe rialta ann uair nó dhó sa bhliain maidir le forbairt straitéis sláinte ainmhithe uile-oileáin. Bíonn na grúpaí seo ag díriú go príomha ar eolas a roinnt lena chéile, cur le comhoibriú agus tabhairt faoi ábhair faoi leith a thagann chun cinn ó am go chéile (mar shampla, pleananna teagmhasacha sa chás go mbeadh ráig den bhfliú éanúil ann, clibeáil chaorach faoi dhó srl) Tá dul chun cinn déanta maidir leis an Eitinn agus an Bhrúsalóis.

Bhí na grúpaí oibre polasaithe ag díriú ar chur le agus cothú comhoibrithe agus comhairliúcháin idir na córais riaracháin ó thuaidh agus ó dheas. Tá leibhéal agus neart an chomhoibrithe atá ann anois i bhfad níos láidre ná mar a bhí roimh teacht na próiséise NSMC agus tá sé sin fíor ag an leibhéal lárnach agus áitiúil araon agus maidir le gach limistéar polasaithe. Bhí Aonad Speisialta Fiosrúcháin na Roinne páirteach i roinnt comhfhiosrúcháin rathúla a bhí go mór os comhair an phobail, in éindí lena gcomhghleacaithe Tuaisceartacha agus táthar ag leanúint le fiosruithe rathúla ar bhonn leanúnach.

Tá Grúpa Stiúrtha Lotnaidicíde Thuaidh/Theas ann atá ag déanamh forbairt leanúnach ar cheithre réimse faoi leith a aithníodh mar réimsí comhoibrithe leanúnacha in earnáil na Talmhaíochta:

- Suirbhéanna úsáid lotnaidicíd; seoladh agus foilsíodh an chéad suirbhé maidir le féarach agus barraí fodar i rith na bliana.
- malartaíodh eolas maidir le táirgí cosaint planda cláraithe agus a gcuid feidhmeanna;
- Traenáil agus deimhniú dáileora agus oibreora, agus deimhniú trealaimh agus calabrú;
- Tuilleadh comhoibrithe idir RTB agus DARD maidir le clárú táirgí cosaint plandaí lena n-áirítear ábhair polasaithe agus fadhb na trádála thras-teorann mhídhlíthiúil.

Malartaítear eolas maidir le forbairtí polasaithe agus tionscnaimh taighde chomh maith.

Nuair a bhí an CAP á athbhreithniú rinne an Roinn scrúdú ar na hathruithe ar rialacha an CAP a bhí ag teacht chun cinn agus forbraíodh straitéisí cuí chun déileáil leo ag eascairt ón Athbhreithniú Lár-Théarmach go háirithe maidir le córais trasghéilliúlachta.

Tá coimhoibriú ar siúl chomh maith maidir le réimsí eile gur ábhair cúraim comónta iad.

AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Caitheadh €823 milliún ar ghníomhartha talmhaíochta agus foraoiseachta i 2006 faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Is faoi Phlean Forbartha Tuaithe CAP a rinneadh formhór an chaiteachais seo – baineann a cheithre bheart le luathscor, liúntais chúiteacha, cosaint chomhshaol na tuaithe agus foraoiseacht. Bhí an dul chun cinn iomlán faoi na bearta éagsúla sa PFN sásúil. Tá sonraí caiteachais i 2006 agus don tréimhse 2000-2006 leagtha amach in Aguisín 4.

Straitéis/Clár Forbairt Tuaithe an AE 2007-2013

Ullmhaíodh straitéis nua forbairt tuaithe tar éis próiséas fhairsing chomhairlithe a chur i gcrích agus i gcomhoibriú leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá caiteachas iomlán poiblí de €7.5 billion i gceist sa chlár seo. Tugann na beartais tacaíochta sonraithe ann faoi thrí thosaíocht – iomaíochas, comhshaol agus caighdeán maireachtála/éagsúlú. Tá cúnamh i leith infheistiú ar an bhfeirm, cúnamh suiteála, luathscor, ceantracha faoi mhí-bhuntáiste, agrai-chomhshaoil agus foraoiseacht. Tá an clár agus an straitéis ag fanacht ar fhaomhadh/comhaontú an AE.

Deontas Foraoiseachta agus Scéimeanna Préimhe

Cuireadh maoiniú do na Scéimeanna Deontais agus

Préimheanna Foraoiseachta ar fáil faoi Bhearta Foraoiseachta Plean Forbartha Tuaithe CAP 2000-2006. Bhí caiteachas iomlán de €103.8 milliún i 2006. Áirítear sa chaiteachas sin íocaíochtaí maidir le préimheanna, le hinfheistiú agus le haghaidh clár tacaíochta riachtanach do bhóithre foraoise agus athbhuanú foraoise agus scéimeanna feabhsúcháin coillearnaigh. Tugann an clár tacaíocht chomh maith do fhorbairt Choillearnach Dhúchais agus don Scéim Coill Chomharsan. Tugann an tábla thíos achoimre ar an gcaiteachas faoi na scéimeanna éagsúla foraoiseachta.

Fuarthas faomhadh an AE i rith 2006 na deontais iníoctha i leith cur foraoseacha nua a ardú i gceithre chinn den sheacht gcatagóir Deontas/Préamh (GPC). Lorgaíodh an t-ardú seo chun a chinntiú go gclúdaíonn na deontais costais bunaíochta i gcónaí agus chun cur leis na harduithe a faomhadh i 2005.GPC1 (Talamh iata), GPC2 (Sprús Sitceach/Péine contórtach) agus, GPC3 Fuair (Meascán ilghnéitheach) 20% ardú de 14.7% agus GPC4 Fuair (Ilghnéitheach) ardú de 13.5%. Níor ardaíodh na trí GPCanna eile a fuair ardú suntasach i 2005. Tá raon deontais idir €3,414 agus €7,604 in aghaidh an heachtáir ar fáil anois ag brath ar an GPC atá i gceist.

Aontaíodh ardú 15% sna rátaí préimhe do chliaint reatha agus úra ag Pairtnéireacht agus cuirfear an t-ardú sin i bhfeidhm sa rith préimhe 2007 – Tá soláthar déanta i Meastacháin na Roinne 2007 le haghaidh an t-ardú deontais agus préimhe araon.
Bhí próiseas comhairliúcháin leathan ann le hionadaithe tionscal na foraoiseachta le linn na bliana agus cuireadh 12 beartais foraoiseachta i dtoll a chéile le hionchur sa Chlár Náisiúnta Forbairt Tuaithe (NRDP).

Chomh maith leis na tacaí atá ar fáil faoi láthair le haghaidh foraoisiú agus tógáil bóithre foraoise cuireadh beartais, atá mar aidhm acu tacú le tionscnaimh comhshaol agus caitheamh aimsire, san áireamh sa dreach Chlár nua.Cuireadh an Clár faoi bhráid Coimisiún na hEorpa i mí na Nollag agus táthar ag súil le faomhadh le linn 2007 am a chuirfear na scéimeanna sonracha i dtoll a chéile.

Scéimeanna Infheistíochta agus Suiteála ar an bhFeirm

I mí Márta 2006 tugadh scéim nua infheistíochta, an Scéim athbhreithnithe um Bhainistiú Dramhaíl Feirme, isteach chun cabhrú le feirmeoirí riachtanais bhreise na Treorach um Níotráití a shású Áirítear i measc príomhathraithe na Scéime (a) ardú sa ráta deontais caighdeánach ó 40% go dtí 60% (70% sna ceithre contaethe Crios C); (b) síniú na scéime don chéad uair chuig na hearnálacha atá ag plé le capaill, fia, gabhair, muca agus éanlaith chlóis, agus múirín mhuisiriúin; agus (c) ardú san uasteorainn buaicinfheistíochta incháilithe ó €75,000 go dtí €120,000 an gabháltas. Sa bhreis ar sin tugadh Scéim Cúnamh Infheistíochta um Bhainistiú Dramhaíola ar Fheirmeacha isteach i mí an Mheithimh 2006 chun cúrsaí a éascú maidir le forbairt a dhéanamh ar áiseanna próiseáil dramhaíola áirithe trí chúnamh deontais a chur ar fáil do fheirmeoirí chun infheistiú a dhéanamh ina leithéid d'áiseanna.

Os rud é gur bunaíodh na scéimeanna infheistíochta ar an bhfeirm faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006 dúnadh iad ó thaobh iarratais nua ag deireadh 2006. I gcás an Scéim Chúnamh Suiteála áfach tá cead ag iarrathóirí a bhunaigh iad féin i dtionscal na feirmeoireachta roimh dheireadh 2006 iarratais a dhéanamh faoi théarmaí na Scéime sin.

Is mar seo a leanas a bhí an caiteachas ar na scéimeanna éagsúla bunaithe faoin bplean thuasluaite:

Scéim PFN	Suim Íoctha (€m)
Bainistiú Dramhaíl Feirme	21.318
Sláinteachas Déiríochta	6.993
Fiontair Mhalartacha	0.619
Leasa Muca (Tithíocht Chránach)	0.469
Cúnamh Suiteála	5.708
Scéim Próiseáil Dramhaíl Taispeánta	-

Caiteachas maidir leis na Scéimeanna Foraoiseachta agus Préimhe 2006

		2006	
Beart/Fobheart	Scéim Deontais	Íocaíochtaí €m	Achar Heicteár
CAP Plean Forbairt Tuaithe 2000-2006	Feabhsúchán Coillearnaigh	22.7	8,027
	Dara Ghálaí	10.9	12,606
	Préimheanna foraoise	60.0	-
Cláir Oibriúcháin Réigiúnacha 2000-2006			
Feabhsúchán Coillearnaigh Fobheart	WI	0.3	201
	Bearradh Ard	0.1	263
	Athbhuanú	2.1	2,433
	Deilbhiú Crann Leathanduilleacha	0.1	525
	Coillearnach Dúchasach	1.3	1,105
	Coill chomharsan	0.2	353
Bóithre Foraoise	Bóithre Foraoise	6.1	315km

Ceadaíodh íocaíocht i leith tuairim is 8,000 heicteár de phlandáil nua i rith 2006

Chomh maith leis na Scéimeanna thuas, lean íocaíochtaí iarmharacha ar aghaidh faoi na Scéimeanna Infheistíochta ar an bhFeirm a ghabh roimh na Scéimeanna a tugadh isteach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta:

Scéim réamh-PFN	Suim íoctha (€m)
Fiontair Mhalartacha	0.003
Scéimeanna Truailliú Feirme Náisiúnta/Rialú Truailliú Feirme	0.054
Scéim Náisiúnta Cúnamh Suiteála	0.028

AN TIONSCAL BIA

Clár Forbartha don Tionscal Bia

Cuirtear maoiniú don togra bia san PFN 2000-2006 ar fáil faoi na Cláir Oibriúcháin don Earnáil Tháirgiúil agus d'Fhorbairt na Fostaíochta agus Acmhainní Daonna. Tá na tograí seo dírithe ar an margadh agus deartha chun freagra comhtháite cuimsitheach a thabhairt ar riachtanais forbartha an tionscail. Tá sé á riar i gcomhar ag an Roinn agus ag na háisíneachtaí forbartha, i réimse tograí a dhéanann iarracht cumais nuálacha, margaíochta agus acmhainní daonna an tionscail a fheabhsú de réir riachtanais na gcustaiméirí agus a chinntiú go leanann an fhorbairt ar aghaidh de réir na gcaighdeán agus na gcáilíochtaí sábháilteachta bia is airde.

Tá na sonraí caiteachais go dtí seo leagtha amach sa tábla a leanas:

Caiteachais PFN 2000-2006

Beart	Caiteachas 2006 (€m)	Caiteachas 2000-2006 (€m)
Infheistíocht Chaipitil	9.90	65.24
Taighde		
Taighde In-chuideachta	2.46	13.68
Taighde Institiúideach (FIRM)	11.39	50.53
Margaíocht & Spreagadh	4.95	38.48
Acmhainní Daonna	2.52	13.62
Iomlán	**31.22**	**181.55**



San áireamh sa **Bheart Infheistíocht Chaipitil** tá scéim ag an Roinn chun cabhrú le tionscadail caipitil margaíochta agus próiseála sna hearnála seo leanas: gairneoireacht, prátaí, uibheacha, grán agus beostoc. I rith 2006, bronnadh maoiniú de €10.67 milliún ar 20 dtionscadal. Tiocfaidh caiteachas maidir leis na tionscadail seo i gcrích sa tréimhse 2007-2008. Bhí caiteachas iomlán de €5.96 milliún i leith dámhachtain roimhe seo. Léiríonn an tábla seo leanas an caiteachas agus na dámhachtain de réir earnála go dtí seo:

Earnáil	Caiteachas (€m) 2006	Caiteachas (€m) 2000- 2006	Dámhachtain (€m) 2000-2006
GAIRNEOIREACHT	1.41	3.83	10.59
PRÁTAÍ	1.35	4.17	8.18
UIBHEACHA	0.26	2.32	2.76
GRÁN	2.20	11.75	19.31
BEOSTOC	0.74	2.37	4.36
IOMLÁN	**5.96**	**24.44**	**45.20**

Maidir leis **an mbeart um Thaighde Institiúideach Bia (FIRM)** tá maoiniú de €97.25 milliún bronnta ar 188 dtionscadal san iomlán faoi na téamaí taighde seo leanas.

TÉAMA	Caiteachas (€m) 2006	Caiteachas (€m) 2000-2006	Dámhachtain Iomlána (€m)
DEOCHANNA	0.568	1.117	4.485
BIA TOMHALTÓRA	0.871	6.971	8.927
DÉIRÍOCHT	0.993	5.618	8.035
TEICNEOLAÍOCHT DNA	0.173	1.932	2.167
BIA & SLÁINTE	1.969	1.968	11.810
COMHÁBHAIR BHIA	0.184	3.320	4.024
SÁBHÁILTEACHT BIA	2.659	11.059	23.319
CAIGHDEÁN BHIA	1.419	1.419	8.516
VÍRIS BHIA	Nil	0.448	0.498
DRAMHAÍL BHIA	0.142	0.354	0.607
FEOIL	0.975	4.365	7.402
ILGHNÉITHEACH	1.025	5.637	8.645
COTHÚ	Nil	2.532	2.539
DEARADH PRÓISIS	Nil	1.324	1.380
IARMHAIR	Nil	0.971	1.081
TREALAMH STRÁITÉISEACH	0.381	0.381	2.625
TSE	0.030	1.114	1.198
IOMLÁN	**11.389**	**50.53**	**97.258**

An Bord Bia

Faoi na hAchtanna um an mBord Bia 1994-2004 tá sé de fhreagracht ar an mBord Bia, beostoc agus gairneoiracht (gairneoireacht thaitneamhachta san áireamh) na hÉireann a chothú, cúnamh a thabhairt dóibh agus iad a fhorbairt sna margaí baile agus onnmhairithe trí sheirbhísí nuálacha forbairt mhargaidh, chothaithe agus faisnéise a sholáthar. Tá oifigí thar lear ag an mBord in ocht n-ionad straitéiseach, Amsterdam, Chicago, Dusseldorf, Londain, Madrid, Milan, Moscó agus Páras.

Faigheann an Bord Bia maoiniú i bhfoirm Deontais i gCabhair, dleachta reachtúla, táillí seirbhíse agus ioncam tionscail. €22.4 milliún a bhí sa Deontas i gCabhair do 2006 agus €4.95 milliún faoi thograí an Phlean Forbartha Náisiúnta um Mhargaíocht agus Cothú Bia
Nuathionscnaimh spreagtha de chuid an Phlean Náisiúnta Forbartha. Feidhmíonn an Bord Bia dhá scéim dheontais chun cabhrú le chumais mhargaíochtaí mhicrifhiontair agus fhiontair bheaga agus mheánacha bia – An Clár Cúnaimh Feabhsúcháin Margaíochta agus an Clár Rannpháirtíochta Margaidh– agus Scéimeanna Dearbhú Cáilíochtaí do mhairteoil, muiceoil, uibheacha agus gairneoireacht chomh maith.

Teagasc

Cuireadh níos mó ná €134 milliún de mhaoiniú ar fáil do Theagasc ar son gníomhaíochtaí taighde, oiliúna agus comhairliúcháin i bhfoirm Deontais i gCabhair agus maoiniú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Bhí caiteachas a bheag nó a mhór de €170 Milliún ag Teagasc i 2006.

Cistí Spreagtha Taighde agus Clár Comhoibrithe na Stát Aontaithe/na hÉireann

Chaith an Roinn €6.5m faoin gCiste chun Taighde a Spreagadh i 2006 agus €0.038m ar chlár Comhoibrithe na Stáit Aontaithe/na hÉireann in Eolaíocht agus in Oiliúint Talmhaíochta.

Scéimeanna Cur Chun Cinn Na Talmhaíochta (Rialachán Comhairle Uimh. 2826/2000)

Lean an Clár Food Dude atá á chomh mhaoiniú ag Coimisiún an AE, an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus Fresh Produce Ireland i rith 2006. Tá buiséad de €1.2 milliún thar tréimhse trí bliana ag an gclár agus tá mar aidhm aige tomhaltas torthaí agus glasraí úra a mhéadú. Tá sé léirithe ag staidéir gur féidir torthaí fadtréimhseacha a bhaint amach i réimse aoise na bunscoilaíochta, gan aird ar inscne, méid na scoile, ná tóscaí tíreolaíochta nó socheacnamaíocha. Tá an clár ag

freagairt do mholtaí an Tascfhórsa ar Otracht maidir le "hidirghabhála bia shláintiúil bunaithe ar fhianaise a fhorfheidhmiú" agus bronnadh dámhachtain do dhea-chleachtas ar an gclár ag Comhdháil Eorpach na nAirí maidir le cur i gcoinne Otracht a d'eagraigh WHO in Istanbul i mí na Samhna.

TUARASCÁIL AR NA TRÁCHTEARRAÍ

Mairteoil

Feidhmíonn an earnáil mairteola faoi réim athchóirithe an Chomhpholasaí Talmhaíochta, mar a dtagann tacaí margaidh mar chuid de Aoníocaíocht Feirme atá díchúpláilte ón tairgíocht. Tugann sé seo saoirse nua chun na feirme ach beidh cur chuig athdhírithe ag teastáil ó thaobh na bhfeirmeoirí agus béim níos mó ar iomaíochas, táirgíocht d'ardchaighdeán agus an caidreamh táirgeora/próiseálaí. Bhí cobhsaíocht, comhleanúnachas agus praghsanna arda in earnáil mhairteola na hÉireann mar a bhí sa bhliain roimhe sin. Táirgíodh 548,000 tonna mairteola i monarchana onnmhairiú mairteola in Éirinn i 2006 – méadú de 4.6% ar leibhéil 2005. Onnmhairíodh breis is 90% de sin, is é sin beagnach 516,000 tonna. Bhí luach onnmharaithe de os cionn €1.5 billiún aige sin i 2006 - méadú de thimpeall 14%.

Praghsanna Mairteola

Bliain mhaith a bhí ann i 2006 chomh maith do tháirgeoirí mairteola na hÉireann, mar go raibh éileamh an-láidir agus soláthairtí an-theoranta ar fud an AE. Daingníodh na praghsanna mar nach raibh mairteoil na Brasaíle ar fáil de bharr chosc AE ar fheoil ó cheantair ina raibh an galar crúibe agus béil agus de bharr na srianta a leag an tAirgintín air féin, ar bhonn deonach, ar a gcuid onnmhairithe mairteola chuig an AE. Tháinig feabhas arís ar thomhaltas mairteola sa bhaile agus go forleathan san AE. Bhí feabhas 8% ar an meán ar phraghsanna ag deireadh na bliana rud a thug praghsanna go leibhéil nach raibh sroichte ó dheireadh na nóchaidí. Laistigh de na catagóirí éagsúla d'ardaigh praghasanna na mbullán breis agus 7%, praghsanna na mbearaigh breis agus 6% agus praghsanana na mba breis agus 10%. Lean neartú na bpraghsanna i 2007 agus tá an cuma ar an scéal go leanfaidh an claonadh dearfach seo i rith 2007.

Maraithe

Tháinig ardú i 2006 ar mharaithe iomlána ag áitribh onnmhairithe de 5% go dtí beagnach 1.7 milliún ceann. Bhí marú bullán 3% níos airde, marú bearaigh 15% níos airde agus marú ba 5% níos airde. Is ar éigean ar tháinig aon athrú ar mheáchan na gconablach i gcomparáid le 2005 rud a chur le méadú táirgíochta de 5%.

Onnmhairithe Mairteola

Bhí onnmhairithe láidre mairteola ann arís i 2006 agus seasamh mairteola na hÉireann á chomhtháthú go háirithe sa mhargadh ardluacha ar Mhór-roinn an AE. Ba é an RA an margadh aonair ba mhó i gcónaí agus onnmhairíodh beagnach leath den táirge iomlán chuige. Cé gur tháinig ísliú beag ar na honnmhairithe i 2006 seoladh de bhreis ar cheathrú mhilliún tonna chuig an margadh sin. Bliain eisceachtúil a bhí sa bhliain 2006 maidir le honnmhairithe mairteola chuig margaí eile an AE. Ó thaobh onnmhairithe chuig na margaí aonair is mó atá againn, an Fhrainc, an Iodáil, An Ísiltír agus na Críocha Lochlannacha tháinig borradh mór fúthu le linn 2006 agus bhí rátaí fáis de 10% nó níos airde i gceist i gcomparáid leis an mbliain 2000 nuair nár seoladh fiú 50% dár gcuid onnmhairithe iomlána chuig margaí an AE tá níos mó ná 90% dár gcuid onnmhairithe á seoladh ag na margaí sin anois

Tá cuma dearfach ar an bhforléargas do onnmhairithe mairteola na hÉireann. agus claonadh ar fud Mhór-roinn na hEorpa chun táirgíocht a laghdú. Bhí easnamh soláthar mairteola de 350,000 tonna san AE i 2006. Táthar ag tuar go n-éiríodh an gannchion seo níos mó sa ghearr agus sa mheán théarma agus tugann sé sin deis leanúnach do tháirgeoirí mairteola Éireannacha a riocht a neartú sna margaí sin. Is sa mhargadh sin a dhíreofar iarrachtaí cothaithe agus margaíochta sa todhchaí. Bhí onnmhairithe mairteola na hÉireann go Tíortha Treasacha socair i 2006. Níl na margaí seo chomh tarraingteach is a bhí siad toisc an laghdú leanúnach ar Aisíocaíochtaí Onnmhairithe chomh maith leis an deis atá ann soláthar a chur ar fáil do mhargadh ard-luacha na Mór-roinne.

Seoladh dea-chomhartha nuair a cuireadh deireadh leis an Scéim Os Cionn Tríocha Mí sa RA agus chuir sé gnáth-mhargadh mairteola ar bhun arís san AE den chéad uair ó 1996 i leith. Chruthaigh sé seo tuilleadh brú iomaíochta agus bhí ar onnmhairtheoirí na hÉireann oiriúnaithe áirithe a dhéanamh ach ní raibh an tionchar chomh dona is a bhítear ag súil leis ar dtús. Tá seans ann go fiú go m'bfhéidir go gcruthóidh sé seo tuilleadh deiseanna do onnmhairitheoirí na hÉireann sa RA os rud é go mbeidh gá ag an tír sin le tuilleamh iportáil a dhéanamh toisc go bhfuil mairteoil á onnmhairiú acu arís.

Trádáil Eallaigh Beo

Tháinig méadú suntasach arís le linn 2006 ar onnmhairithe eallaigh beo. Bhí ardú 35% ann go leibhéal ionann is 250,000, figiúr nach raibh ann ón mbliain 2000 i leith. Tar éis gur cuireadh deireadh le haisíocaíochtaí onnmhairithe ainmhithe beo seachas ainmhithe póraithe tá an trádáil bheo láraithe sa mhargadh AE. Laonna coiscthe agus beithígh stóir arbh ionann agus 60% iad den iomlán ag 146,000 is mó a onnmhairíodh. Onnmhairíodh 103,000 lao agus chuaigh a bhformhór sin chun na hÍsiltíre, na Spáinne agus na hIodáile. Tháinig méadú beag ar onnmhairithe go Tuaisceart Éireann go 27,000 i 2006. Is margaí móra iad an Spáinn agus an Iodáil i gcónaí d'eallach na hÉireann le 71,000 ceann onnmhairithe chun na Spáinne agus 67,000 chun na hIodáile i 2006. Méadú suntasach é sin ar leibhéil na bliana 2005. Táthar ag tuar éileamh seasta ón Mhór-roinn le linn 2007.

Rochtain Mhargaidh

Cé gur ar mhargadh an AE atá príomh-fhócas na honnmhairithe mairteola go fóill (glacann an margadh sin le breis is 90% den táirgeadh) tá margaí neamh-AE luachmhar chomh maith go háirithe ag amanna áirithe den bhliain.

Tá margaí na Rúise, na hAilgéire, na hÉigipte agus Eimireachtaí Aontaithe na hAráibe oscailte faoi láthair cé go bhfuil srianta áirithe i bhfeidhm i gcás an dá thír is déanaí a luadh. Lean an Roinn, i gcomhar leis an mBord Bia agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, lena hiarrachtaí margaí neamh-AE eile, an Aráib Shádach agus Eimireachtaí Aontaithe na hAráibe ach go háirithe, a athoscailt. Chuathas i dteagmháil chomh maith le roinnt tíortha ina bhféadfadh deiseanna onnmhairithe a bheith. Tá freagraí faighte ón tSeapáin agus ón Afraic Theas agus tá an Roinn ag cothú caidrimh sa tSín, san Indinéis, sna hOileáin Fhilipíneacha, i Singeapór, sa Chóiré Theas, in Iosrael agus sa Chuáit.

Lipéadú Mairteola

Tá lipéadú mairteola á riar ag rialacháin chuimsitheacha AE a tugadh isteach i 2000 agus córas iomlán aitheanta agus inrianaitheachta náisiúnta mar thaca leo. Faoi na rialacháin lipéadaithe éigeantacha seo ní mór do gach duine a chuireann mairteoil ar an margadh sa Chomhphobal faisnéis a sholáthar, lena n-áirítear sonraí maidir leis an seamlas, an halla díchnámhaithe agus an tír inar rugadh agus tógadh na hainmhithe, ar an lipéad ionas gur féidir an mhairteoil a rianadh siar chuig an ainmhí as a dtánaig sí.

Ag leanúint ón achtú den Acht um Bord Leigheasra na hÉireann (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 rinne an tAire Sláinte agus Leannaí rialacháin maidir le lipéadú mairteola sna hearnálacha proinntí agus lónadóireachta i mí an Mheithimh 2006, rialacháin a tháinig i bhfeidhm ar 3 Iúil. Leagtar síos smachta áirithe sna Rialacháin seo maidir le soláthar riachtanach eolais faoi thír bhunaidh na mairteola sna hearnálacha seo. Leagtar síos chomh maith sa reachtaíocht phríomha gur féidir síneadh a chur leis an lipéadú thír bhunaidh na mairteola d'fhonn feolta eile a chur san áireamh. Cuirfear na dréacht-rialacháin maidir leis seo faoi bhráid Choimisiún an AE d'fhonn iad a faomhadh chomh luath agus atá siad críochnaithe.

Tá an freagracht maidir le forfheidhmeacht reachtaíocht lipéadú bhia leagtha ar an Údarás um Sábháilteacht Bia.

An tAire Ní Chochláin T.D.agus Dr John O'Brien,uasal Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (ÚSBÉ) ag seoladh Eolas um "Thír Bhunaidh" na Mairteola, mí Iúil 2006.

Forbairtí Eile

Fógraíodh roinnt beartais le linn 2006 atá mar aidhm acu cur leis an tacaíocht atá á fháil ag tionscal na mairteola ar bhonn leanúnach agus amach anseo. Seoladh moltaí maidir le tabhairt isteach Scéim Leas Ainmhí, Taifead agus Pórú do Thréada diúila chuig Coimisiún na hEorpa i mí na Nollag 2006 mar chuid de Chlár Forbairt Tuaithe 2007-13. Tá sé mar aidhm ag an scéim lucht feirmeoireacht diúlaigh a ghríosadh chun faisnéis maidir le leas ainmhí agus feabhsachán phóir a thaifead agus cleachtais a fheabhsú i réimsí tábhachtacha cosúil le cosc, ionas gur féidir caighdeáin leas ainmhí agus feirmeoireacht a bhaint amach a chuirfidh le dea-chaighdeán agus táirgiúlacht araon Cuirfear buiséad luach €250 milliún ar fáil thar tréimhse cúig bhliana na scéime. Caithfear faomhadh an AE a fháil don scéim seo.

Fógraíodh chomh maith Scéim Tacaíocht Infheistíocht Chaipitil le haghaidh na hearnálacha próiseáil mairteola agus caoireola i mí na Samhna 2006.. Tá €50 milliún geallta don phacáiste seo agus tá sé i gceist go nginfidh sé seo tuilleadh infheistíochta, rud a chuirfidh luach iomlán de €120 milliún ar an bplean ina iomláine . Cuirfidh an Roinn an maoiniú ar fáil don scéim cúnaimh agus déanfaidh Enterprise Ireland, an áisíneacht stáit atá freagrach as a leithéid de phacáistí Cúnamh Stáit a chur i bhfeidhm, bainistiú air.

Tógáil Eallaigh

Bunaíodh Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann Teo (CTEÉ) go foirmiúil i 1997 chun cláir fheabhsaithe phór eallaigh a fhorbairt chun an feabhas geiniteach is mó is féidir a bhaint amach sa tréad náisiúnta ar mhaithe le feirmeoirí eallaigh na hÉireann, na tionscail déiríochta agus mairteola agus a bhalleagraíochtaí. Comhar is ea é a bhfuil scaireanna ag eagraíochtaí I.S, eagraíochtaí Taifeadadh Bainne, Cumainn Leabhar Tréada agus na príomheagraíochtaí Feirmeoirí ann.

Bíonn an CTEÉ páirteach i mórán tograí a thugann foinsí éagsúla sonraí tógáil eallaigh le chéile agus a dhéanann an fhaisnéis seo a phróiseáil in aon bhunachar sonraí lárnach amháin. Lainseáladh an bunachar sonraí sa bhliain 2001 agus tá sé ag feidhmiú go hiomlán ó shin i leith do chlárú lao, taifeadadh bainne, breacadh leabhar tréada déiríochta agus mairteola agus luacháilacha géiniteacha déiríochta agus mairteola. Baineann na córais seo leas iomlán as na sonraí atá bailithe ag an Roinn mar chuid dá gclárú lao agus a gcórais fhaireacháin ar aistriú eallaigh, agus dá bhrí sin, cuireann deireadh cuid mhaith le dúbláil faisnéise.

Ba é fócas na bliana 2006 leanacht leis an ngluaiseacht i dtreo sruthlíniú an chórais bhailiú sonraí a bhí tosnaithe i 2005, críoch a chur leis na luacháilacha nua géinteacha mairteola agus iad a leathnú ar fud na tíre agus méadú a dhéanamh ar an líon tréad a bhí iomlán páirteach sna gníomhaíochtaí tógála eallaigh.

Leanadh de leathnú a dhéanamh ar úsáid ríomhairí glaice I.S agus tháinig méadú freisin ar sheirbhís leictreonach DFÉ chun bainne a thaifead. In Earrach na bliana 2006 tugadh faoi mhórfheachtas féachaint le stad a chur leis an meath a bhí ag teacht ar úsáid I.S. Is cosúil ar réamháireamh na bliana 2006

go bhfuil stop curtha leis an meath céanna. Tá pleananna ar bun cheana féin chun síneadh breise a chur leis an bhfeachtas sin i 2007.

Cuireadh maoiniú de € 1.3 milliún ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta chun cabhrú leis na tionscadail seo.

Ghlac an CTEÉ ceannas ar an Ionad Náisiúnta Tástála Gníomhú Tarbh sa Tulach i mí Mheán Fómhair 2002. Tá an tIonad á úsáid ag lán a acmhainne anois. Le linn 2006 liostáladh líon níos mó tarbh ná riamh leo agus den chéad uair san ionad tionóladh trí dhíolachán tarbh.

Bainne

D'éirigh go geal leis an earnáil déiríochta i 2006 in ainneoin na ndúshlán trádála a bhí roimhe i leath luath na bliana ó thaobh an mhargaidh domhanda de go háirithe. D'fhág staid na haimsire in AE agus san Astráil gur tháinig laghdú ar an soláthar i gcás an mhargaidh inmheánaigh agus an mhargaidh domhanda araon. Chuaigh an laghdú úd chun leasa próiseálaithe agus lucht trádála an bhainne. Rinne onnmhairithe táirgí agus comhábhair déiríochta Éireannacha go maith agus onnmhairíodh timpeall €2.08 billiún i dtáirgí déiríochta i 2006. B'ionann sin agus méadú 6% ar 2005.

San AE tháinig laghduithe ar phraghsanna idirghabhála ime agus PBB nuair a leanadh de Chomhaontú Lucsambuirg a chur i bhfeidhm. Nuair a bhuail triomach Samhraidh formhór na hEorpa áfach, thit seachadadh bainne agus tháing meath ar a leibhéil táirgíochta. Bhí praghsanna arda ar im, SMP agus WMP dá bhrí sin ó cheann ceann 2006. Bhí an laghdú a socraíodh do phraghsanna idirghabhála ime an SMP ar an socrú deireanach a réitíodh faoi Chomhaontú Lucsambuirg. Ní tháinig idirghabháil SMP i gceist sa bhliain 2006 agus tá scéimeanna cúnaimh agus aisíocaíochtaí onnmharaithe anois ina nialas. Tá sé sin fíor i gcás déantúsaíocht cháiséin, chomh maith.

Rinneadh inghabháil ar 61,656 tonna ime sa bhliain 2006. Bhain 22,550 tonna nó 37% díobhsan le hÉirinn féin. Bhí andíol ar im na hidirghabhála agus táthar ag súil go mbeadh na stoic go léir glanta faoi thosach na scéime nua i mí an Mhárta 2007.

Tháinig meath ar phraghsanna domhanda na dtáirgí seo go léir sa bhliain 2006 agus iad 8% ar an meán faoi bhun leibhéil 2005 nuair a chuirtear ráta malairte an dollair san áireamh. Thit praghas an cháiséin chomh maith agus tháinig laghdú 5% air ón mbliain 2005. Maolaíodh ar an drochscéal rud beag i ndá mhí dheireanacha na bliana, áfach nuair a thaing méadú 20% ar phraghsanna an WMP, méadú 8% ar phraghas an ime agus méadú níos lú .i. 2% i gcás na cáise. Tháinig an méadú sin ar mhargadh na hÉireann mar gheall ar ghannsoláthair san Astráil de bharr babhta drochaimsire.

D'fhan an praghas a íoctar le táirgeoirí bainne socair i 2006 in ainneoin na laghduithe ar phraghsanna tacaíochta institiúideacha. Fuair táirgeoirí bainne cúiteamh de €180 milliún (3.6 cent/líotar) ar son na laghduithe i bpraghsanna idirghabhála ime agus SMP. Tá níos mó ná a bhfíorluach á choinneáil ag praghsanna bainne de bharr an chumaisc de thorthaí margaidh agus na préimhe.

Cuóta Bainne

Is trí Scéim Athstruchtúraithe an Chuóta Bainne is mó a fhaigheann táirgeoirí cuóta bainne. Ba í scéim 2006 an dara cuid de Chlár Athstruchtúraithe dá bhliain agus socraíodh praghas díolacháin/ceannacháin an chuóta ag 12 cent/líotar (55c/gal). Bhain 187 sealbhóir cuóta leas as an scéim chun cuóta a dhiúscairt agus díoladh 15 milliún líotar cuóta.

Díoladh an cuóta seo le 6,000 táirgeoir, timpeall leath na dtáirgeoirí atá ag táirgeadh faoi láthair, agus rinneadh é a leithdháileadh de réir a stádas tosaíochta. Faoin scéim tá catagóirí speisialta tosaíochta ann d'oidhrí, táirgeoirí a chaill léasanna agus feirmeoirí óga, chomh maith le dhá chatagóir caighdeánacha atá bunaithe ar mhéid chuóta an táirgeora; tá táirgeoirí Catagóir 1 (faoi bhun 350,000 líotar) i ngach comharchumann/uachtarlann i dteideal a dhá oiread a cheannach is atá siad siúd atá i gCatagóir 2. Díoladh 78% den chuóta iomlán le táirgeoirí i gCatagóir 1.

Tá Scéim Thrádála an Chuóta Bainne á tabhairt isteach in áit Scéim Athstruchtúraithe an Chuóta Bainne sa bhliain chuóta bainne 2007/2008.

Rinneadh athruithe móra sa scéim chun cuóta neamhúsáidte (fleiscbhainne) a leithdháileadh sa bhliain chuóta 2005/2006 agus mhair na hathruithe sin amach sa bhliain 2006/2007. Tugann na hathruithe seo aitheantas breise do fheirmeoirí gníomhacha tiomanta déiríochta a dhéanann bainistíocht éifeachtúil ar a gcuid táirgíochta de réir an chuóta atá ar fáil dóibh. Cé gur bealach níos cothroime é an córas nua chun fleiscbhainne a dháileadh, níor cheart a bheith ag brath ar an toilleadh a bhíonn ar fáil i mbliain ar bith.

Sa bhliain chuóta bainne 2006/2007 ní raibh seachadadh bainne na hÉireann níos mó ná an cuóta náisiúnta agus ní raibh aon dliteanas sárdhleachta le híoc leis an gCoimisiún AE dá bharr.

Caoraigh

Bliain shocair ba ea 2006 do thionscal na gcaorach. Sna monarchana maraithe faoi mhaoirseoireacht na Roinne, thit an marú 4% ó bhí 2005 ann, rud a léiríonn meath náisiúnta an tréid. Bhí tús mall ann, ach tháing feabhas ar na praghsanna i gcaitheamh na bliana agus is amhlaidh ar deireadh go raibh méadú 2% san iomlán ar leibhéil na bliana 2005. D'fhág na deacrachtaí a bhain do mhargadh na Fraince a rian féin ar na praghsanna anseo i dtosach na bliana.

Tháing meath 7% ar na honnmhairithe go 54,000 tonna (.i. meáchan conablaigh) ach bhí an t-éileamh baile láidir i gcónaí. Táthar ag tuar go dtiocfadh laghdú ar sholáthairtí sa bhliain 2007 agus ó shin i leith ar fud na hEorpa, rud a neartódh na praghsanna amach anseo.Chuir Grúpa Straitéiseach Tionscal na gCaorach a dtuairisc ar fáil i mí an Mheithimh 2006. Bhí moltaí go leor sa tuairisc maidir le forbairt na hearnála agus cuireadh Grúpa Feidhmithe ar bun i mí Iúil féachaint leis na moltaí sin a chur i gcrích. Tá an Grúpa úd ag obair leo.

Muiceoil

Bhí margadh muiceola na hÉireann láidir sa bhliain 2006. Déirigh go maith le margadh na muiceola i mbliana de bharr soláthairtí an-teoranta, margadh maith AE agus an sceimhle faoin bhFliú Éanúil in éanlaith. Íocadh €140.04/100kg mar mheánphraghas le táirgeoirí (conablaigh grád E, gan CBL san áireamh), laghdú de 7% i gcomparáid le 2005. Bhí praghas na hÉireann os cionn 96 % den mheánphraghas AE.

Maraíodh 2.6 milliún muc sa bhliain 2006, líon a bhí ag teacht le leibhéal 2005. Líon na n-onnmhairithe beo go Tuaisceart Éireann ba mhó a bhí i gceist leis an margadh sin i gcónaí bíodh gur tháinig laghdú beag air i mbliana.

Laghdaigh onnmhairithe muiceola beagán i 2006 go 103,000 ach tháinig méadú 5% ar a luach agus €250 milliún i gceist léi anois. Chuaigh beagnach leath d'onnmhairithe muiceola na hÉireann go dtí an RA, agus roinneadh an fuílleach go cothrom idir tíortha an AE agus tíortha treasacha. Is iad an tSeapáin agus an Rúis na príomh-mhargaí idirnáisiúnta.

Éanlaith Chlóis

Tháinig laghdú 2.6% ar tháirgíocht éineola go 130,000 tonna. Thit an tomhaltas mar gheall ar an sceimhle faoin bhFliú

Éanúil i míonna tosaigh na bliana ach bhí an margadh ar ais mar ba ghnáth gan mhoill. Bhí dúshláin bhreise roimh tháirgeoirí agus phróiseálaithe araon sa bhliain 2006 de bharr costas beathaithe agus praghsanna iomaíocha na n-allmhairithe.

Laghdaigh onnmharaithe go luach €240 milliún. Táirgí próiseáilte éineola agus béilí ullmhaithe is mó a bhí i gceist leo.

Uibheacha

Bhí an méid céanna uibheacha á dtáirgeadh is a bhí i 2005, timpeall 570 milliún uibheacha as daonra éan ubhbhreithe de 1.97 milliún. Táirgítear níos mó ná 90% de na huibheacha a dhíoltar in áitribh mhiondíola de réir na Scéime Deimhniú Cáilíocht Uibheacha a fheidhmíonn Bord Bia.

Gránbharraí

Laistigh den AE, shroich fómhar 2006 242 milliún tonna measta, i gcomparáid le curiarracht de 253 milliún tonna an bhliain roimhe sin. Is ionann an tsuim sin agus laghdú 4%. An scallán teasa a bhain d'fhormhór na hEorpa agus an dianthriomach a bhuail go leor de phríomhréigiúin táirgíochta an AE faoi deara an laghdú sin, cuid mhaith. Táthar ag tuar táirgíocht iomlán cruithneachta de 118 milliún tonna, titim 4% ar 2005. Meastar táirgíocht eorna ag 54 milliún tonna, méadú beag ar fhigiúr 2005. Meastar táirgíocht arbhair Indiaigh ag 43 milliún tonna, laghdú beagnach 10% ar iomlán na bliana roimhe sin. Laghdaigh stoic idirghabhála an AE go 8.6 milliún tonna faoi dheireadh na bliana 2006, leis na díolacháin leanúnacha.

Bhí bliain mhaith ag táirgeoirí gránbharraí in Éirinn i 2006. D'éirigh níos fearr leis an mbarr ná mar a bhíothas ag súil leis agus rinne na barraí go tréan. Rinne sé Fómhar an-sásúil. B'é an limistéar iomlán faoi shaothrú gránbharraí 267, 000 heachtár. Bhí méadú ar 4.5% tháirgíocht ghránbharraí in Éirinn i 2005, agus bhí figiúr deiridh táirgíochta de 2.021 milliún tonna ann. Táirgíocht eorna de 1.115 milliún tonna is mó faoi deara an méadú mór sin agus é thuas 9% ar 2005. Meastar táirgíocht iomlán eorna de 754,000 tonna, titim 5% ar 2005, agus táirgíocht choirce measta ag 152,000 tonna, méadú 38%.

Réamh-mheastar luach bharr ghránbharraí 2006 ag €163 milliún, laghdú 29.7% ar 2005 mar gheall ar an titim sa phraghas agus sa táirgíocht.

Ní raibh aon stoc gránbharraí idirghabhála in Éirinn ag deireadh na bliana 2006. Díoladh méid beag eorna i gcaitheamh na bliana a bhí faoi idirghabháil ó bhí mí na Bealtaine 2005 ann.

Léiríonn tásca luatha go bhfuil síneadh san achar a cuireadh faoi ghránbharraí geimhridh d'fhómhar 2007. Beidh méadú 20% ar shíoluithe cruithneacht geimhridh (an príomhbharr geimhridh), agus meastar go mbeidh eorna geimhridh agus coirce geimhridh suas beagnach 20% ón mbliain seo caite.

Siúcra

An comhaontú polaitiúil a thángthas air i gComhairle na nAirí faoi athchóiriú réim siúcra an AE i mí na Samhna 2005, glacadh leis go foirmiúil ar bhonn thrí cinn de rialacháin comhairle i mí Feabhra. Foilsíodh rialacha áfeidhmiúcháin an Choimisiúin ag deireadh mhí an Mheithimh. Tháinig Eagar Comónta an Mhargaidh Siúcra i bhfeidhm ar an 1 Iúil.

Tháinig deireadh le tionscal 80 bliain siúcra na hÉireann tar éis do Greencore cinneadh a thógáil chun críoch a chur le próiseáil siúcra agus cur isteach ar chúnamh faoi scéim dheontais an AE d'athstruchtúrú an tionscail siúcra. Dúnadh an mhonarcha dheireanach siúcra in Éirinn i Mala i mí na Bealtaine. Tosnaíodh ar phróiséas an AE d'athstruchtúrú an tionscail siúcra a chur i bhfeidhm agus an chéad íocaíocht dlite do mhí an Mheithimh 2007. Tá an dlí á chur ag Greencore ar an rialtas maidir le dáileadh an deontais úd, áfach agus beidh cúrsaí ag brath ar a dtoradh.

Bithfhuinneamh

Cuireadh i bhfad níos mó spéise i mbarraí fuinnimh agus i dtáirgeadh bithbhreoslaí agus bithmhaise d'fhuinneamh in-athnuaite sa bhliain 2006. Nuair a rinneadh díchúplálú ar íocaíochtaí talmhaíochta agus nuair a cuireadh deireadh le táirgeadh biatais, bhí ar chumas feirmeoirí a bheith níos solúbtha ina bhfreagairt don mhargadh agus an táirgeadh orgánach san áireamh. D'aithin an Roinn an spéis nua a bhí á cur ag an bpobal sna cúrsaí sin agus chuir siad breis achmhainní ar fáil sa réimse sa bhliain 2006 nuair a bhunaigh Aonad Polasaí na mBithbhreoslaí.

Le forbairt earnáil dhúchasach bhithfhuinnimh, beidh seans ag feirmeoirí na hÉireann a n-ioncaim a éagsúlú agus deiseanna nua infheistíochta a chuardach taobh amuigh dá ngnáth-asraonta. Dhéanfadh an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht an-fhoinse stoc cothaithe do na bithbhreoslaí. Is féidir ráib síl ola, cruinneacht agus biatas siúcra a úsáid mar shampla i ndéantúsaíocht bhithbhreoslaí leachtaistrithe. Is féidir fotháirgí feirmeoireachta agus bia eile ar nós mhin chnámh agus geire a úsáid i nginiúint fhuinnimh/ teasa.

Is léir ón eacnamaíocht trí chéile go bhfuil sé práinneach go ngearrfadh Éire siar ar a spleáchas ar bhreoslaí iontaise, de bharr cúiseanna comhshaoil agus caiteachais. Fágfaidh an méadú suntasach ar fhuinneamh in-athnuaite go bhfeicfear laghdú ar astuithe dé-ocsaíd charbóin (CO_2) agus cabhróidh sé freisin leis na hiarrachtaí atá ar bun chun éifeachtacht fhuinnimh a thabhairt chun cinn.

Tá roinnt Ranna Rialtais ag obair go dlúth lena chéile chun a chinntiú go bhfuil freastal á dhéanamh ar an earnáil ó thús deireadh slabhra an tsoláthair. I mí Lúnasa 2006, bhunaigh an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha Meitheal Airí, agus an an tAire Ní Chochláin san áireamh, ar mhaithe le Plean Gnímh Náisiúnta Bithfhuinnimh a thabhairt i réim chun achmhainní bithfhuinnimh na hÉireann a fhorbairt idir seo agus 2020. Leagfaidh an Plean Gnímh spriocanna amach um úsáid níos fairsinge bithmhaise agus bithbhreoslaí.

Sa bhliain 2006, fuair an Roinn cead chun roinnt tionscnamh nua a chur ar bun ar mhaithe le dreasacht bhreise a thabhairt d'fheirmeoirí chun barraí fuinnimh a chur. Tá €14m á chur ar fáil do bharraí fuinnimh le linn na tréimhse 2007-2009. Sna bearta atá á dtabhairt isteach, tá íocaíocht nua náisiúnta €80 an heicteár le fáil chom maith leis an ngnáthphréimh AE €45 an heicteár. Íocfar an €80 thar thrí bliana, agus gach táirgeoir faoi réir ag síleáil uasta a sheasann anois ag 37.5 heicteár. Ciondáileadh €6m don bheart seo thar an tréimhse 2007-2009. Faomhadh Scéim Bhithfhuinnimh sa bhliain 2006 chomh maith chun deontas tosaíochta a chur ar fáil do churadóireacht na saileach agus an mhiscantais. Tá 8 milliún á leithdháileadh don scéim seo thar an tréimhse 2007-2009.

D'fhógair an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha Scéim Mhálfhaoisimh nua , rud a chuirfidh leis an éileamh ar tháirgeadh bharraí fuinnimh. Nuair a bheidh sí ag feidhmiú go hiomlán, tabharfaidh an Scéim tacaíocht d'úsáid agus do tháirgeadh 163 milliún lítear bithbhreoslaí in aghaidh na bliana.

Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil freisin do thionscnaimh bhithbhreoslaí faoin gCiste um Spreagadh Taighde agus do dhornán tograí eile a tháinig chun tosaigh de bharr Glaoch 2006 um Mholtaí i dtaca le bithbhreoslaí agus barraí fuinnimh.

Gairneoireacht

Seoladh an Scéim Cúnamh Infheistíochta don Earnáil Ghairneoireachta i 2001 faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Faoin gcéad cheithre bhabhta den scéim íocadh €12.63 m san iomlán le timpeall 520 iarratasóir. Íocadh suim de €4.37m le 133 iarratasóir faoi Bhabhta 5 i 2006.

B'ionann na beacáin, an barra is mó gairneoireachta sa tír, agus 35% de tháirgíocht na bliana 2006. Tá infheistiú i gcórais táirgíochta níos éifeachtaí ag dul ar aghaidh i gcónaí.

Meastóireacht Chineálacha Barr

Rinneadh meastóireacht ar 403 chineál féir, seimre, eorna, cruithneachta, coirce, arbhair indiaigh foráiste, ráib síl ola agus prátaí sna trialacha Liosta Náisiúnta agus Molta i 2006. Bhí coinníollacha maithe ann ar an iomlán chun barraí a chur agus a bhaint i 2006 agus ní raibh aon deacrachtaí móra ann.

Roghnaíodh na cineálacha de gach speiceas a measadh a bheith ar na cinn is oiriúnaí do tháirgeoirí Éireannacha mar gheall ar ár gcomhshaol agus ár raon ithreacha as na trialacha seo agus foilsíodh iad i Leabhráin Liostaí Molta agus ar

shuíomh gréasáin na Roinne www.agriculture.gov.ie

Líon na gCineálacha a measúnaíodh i 2006

Barr	Líon
Féar	98
Seamair	15
Gránbharraí	232
Ráib sil ola	17
Arbhar Indiach foráiste	33
Prátaí	8

Tionóladh laethanta oscailte do Chumann na Soláthróirí Arbhair Indiaigh agus do Chumann Trádála Síolta na hÉireann, san Ionad Náisiúnta Tástála Cineálacha Barr, Bacastún, Co, Chill Dara agus i bhFeirm Bhaile Doire Abhann, Mainistir Fhearmaí, Co.Chorcaí i rith na bliana. Rinne feirm na Roinne ag The Tops, Ráth Bhoth, agus an Áis Tástáil Chineálacha Barraí ag Coláiste Chill an Daltúnaigh óstaíocht ar ghrúpa ar spéis leo na trialacha éagsúla atá ar bun iontu.

Rinneadh roinnt trialacha féir agus gránbharraí le fáil amach cad iad na cineálacha is fearr a fheidhmíonn le leibhéil ísle inchuir agus atá níos oiriúnaí dá bharr sin do chórais talmhaíochta níos forleitheadaí. Rinneadh trialacha ar bharraí orgánacha chun cineálacha a bheadh oiriúnach don réimeas feirmeoireachta orgánach a aithint. Tá an obair sin ag dul ar aghaidh.

Chothabhaíodh agus foilsíodh Clárú Cearta Cineál Plandaí (PVR) agus an Catalóg Náisiúnta Cineálacha Plandaí Talmhaíochta (NCAPV), chomh maith.

Deimhniú Síolta

Ní foláir do chineálacha na speiceas barr talmhaíochta a chuirtear ar an margadh in Éirinn a bheith ar Chatalóg Náisiúnta Chineálacha Plandaí Talmhaíochta na hÉireann nó ar Chatalóg Choitianta an AE de Speicis Phlandaí Talmhaíochta, agus ní féidir ach síolta deimhnithe de na cineálacha seo a chur ar an margadh. Ní foláir do shíolta deimhnithe caighdeáin áirithe cáilíochta a shásamh maidir le haitheantas cineálach, cumas péactha agus leibhéil ghalair. Is iad seo leanas príomhchomhpháirteanna an Scéim Deimhniú Síolta: réamhthástáil agus rialaithe; samplú síolta, tástáil agus lipéadú. Cuirtear samplaí isteach chomh maith le haghaidh Trialacha Comparáideacha an AE. Coinnítear bunachar sonraí mionsonraithe faoin Scéim Dheimhnithe; seoltar faisnéis faoi infhaighteacht síl chuig an ngnó síl agus Agraimheáin ar bhonn rialta.

Achar Iomlán Barraí Faofa do Dheimhniú i 2006 (ha)

Barr	Achar (ha)
Gránbharraí	7,621
Glasraí Piseánacha	201
Prátaí	1,744
Féara	23
Ráib sil ola	5

I rith 2006, coinníodh 255 cineál in vitro ag na Saotharlanna Prátaí, Tops, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall. Fásadh timpeall 30,000 miontiúbar prátaí as 15 cineál difriúil prátaí i dtolláin víreasdhíonacha. Rinneadh tástáil sainiúlachta, aonfhoirmeachta agus cobhsaíochta ar dhá shíológ nua prátaí de réir saintreoracha an Aontais Idirnáisiúnta um Chineálacha nua Plandaí a Chosaint (UPOV). Coinníodh bailiúchán tagartha de 391 cineál prátaí chomh maith.

Is gá síolta talmhaíochta agus gairneoireachta atá faoi réir ag deimhniú oifigiúil a thástáil go hoifigiúil ar son glaine agus péacadh le cinntiú go bhfuil siad géilliúil do rialacháin síolta an AE. Rinneadh na tástálacha seo i Stáisiún Tástáil Síolta na Roinne agus cuireadh beagnach 11,000 tástáil i gcrích i 2006. Tá an tsaotharlann seo aistrithe anois chuig Seirbhís Saotharlanna na Roinne i mBacastún.

Barraí Géinathraithe

Leanadh ar aghaidh leis an obair sa Roinn chun polasaí i leith saincheisteanna Géanathraithe (GM) a fhorbairt i réimse an táirgíocht bharraí. I ndiaidh glaoch an Aire ar aighneachtaí ó pháirtí leasmhara i dtaca le Tuairisc an Ghrúpa Oibre Um Chómhaireachtáil Barr GM i mí na Nollag 2005, táthar ag ullmhú reachtaíocht dréachtaithe maidir le chómhaireachtáil barr GM in aice le barra neamh-GM. Cuireann an reachtaíocht sin aighneachtaí agus moltaí an Ghrúpa Oibre san áireamh mar aon leis na treoracha agus an bhunreachtaíocht atá leagtha amach ag an AE.

Táirgí Cosanta Planda agus Faomhadh Táirgí Bithicídeacha

Is riachtanach na hinchuir iad táirgí cosanta planda agus táirgí bithicídeacha chun bonn láidir a chur faoi tháirgeadh bia d'ardchaighdeán ar phraghsanna iníoctha. Is dual do tháirgí cosanta planda agus táirgí bithicídeacha a bheith bithghníomhach agus tá siad ann le smacht a chur ar orgánaigh dhochracha (fiailí, pataigíní, feithidlotnaidí) Caithfidh taírgí dá leithéid a bheith faofa agus áirithe ar an

gClár Oifigiúil sula gceadófar a margú agus a n-úsáid. Tá an córas rialacháin ann chun na caighdeáin sábháilteachta is airde a chinntiú don duine, don ainmhí agus don chomhshaol. Cuirtear mionmheastúcháin riosca i ngnímh maidir leis an tomhaltóir, an oibrí agus an chomhshaoil ar bhonn na faisnéise cuimsithí agus na sonraí a bhíonn á n-éileamh mar ábhar tacaíochta le gach aighneacht. Ní dhéantar úsáid aon táirge a fhaomhadh sa chás nach dtaispeánfaí nach ndéanfadh an táirge sin dochar do shláinte an duine agus nach mbeadh contúirt neamh-inghlactha don chomhshaol ann. Moltar bearta mhaolú riosca i gcásanna áirithe, nuair is gá (e.g. úsáid fheisteas dianchosanta ar mhaithe leis an oibrí, úsáid zón maolánach ar mhaithe leis an gcomhshaol) agus léirítear é seo ar lipéidí táirge formheasta.

Liostáladh 976 táirgí cosanta plandaí a raibh 233 substaintí gníomhacha iontu ar an gclár ag deireadh na bliana 2006. Is féidir clár na dtáirgí cosanta plandaí a fheiceáil beo ar an idirlíon ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.pcs.agriculture.gov.ie/db.htm) agus ainm, substaint ghníomhach, feidhm agus barra an táirge ar fad ina roghanna cuardaithe ar an suíomh.

Líon agus Cineálacha Táirgí ar an gClár

Cineál Táirg	Úsáid Phroifisiúnta	Úsáid Phroifisiúnta
Luibhicidí	360	108
Fungaicídí	204	9
Úsáid Amaitéarach	62	37
Moiliscicídí	17	16
Rialaitheoirí Fhás Plandaí	37	4
Deimhniú Síolta	31	0
Eile*	81	10
Iomlán	792	184
*65 cúnán, 3 éanmharfóir, 1 dífhabhtán, 4 toitreán, 1 nematicide, 1 éarthach, 2 steirileán, 4 ilchineálach		

Rinneadh cigireacht ar asraonta mórdhíola agus miondíola agus iniúchadh cúrsaí ag leibhéal na feirme féin agus i gcás úsáideoirí deiridh eile chun a chinntiú nach gcuirfí ach táirgí faofa amháin ar an margadh agus go mbainfí leas as na táirgi úd de réir treoracha faofa a lipéad. Chomh maith leis sin, tógtar samplaí de na táirgí le hanailís a dhéanamh orthu níos faide anonn chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le sonraíocht táirgí faofa.

TIONSCAIL na gCAPALL

Bord na gCapall

Is tionscal an-tábhachtach é tionscal na gcapall, ina ghnéithe iomadúla éagsúla, lena n-áirítear seoléimneach, rásáil, gníomhaíochtaí siamsaíochta, porú agus traenáil. Cuireann sé go mór le giniúint ioncaim ó fhiontar luachmhar malartach feirmeoireachta, le fostaíocht, turasóireacht, forbairt na tuaithe agus le pobal sóisialta agus saol cultúrtha na tíre agus na heacnamaíochta go ginearálta. Fuair Bord Capall na hÉireann cúnamh deontais de €1.036M ón Roinn i 2006.

An Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006

Chuir an Roinn €0.289M ar fáil faoin PFN i 2006 don Institiúid Idirnáisiúnta Eachaí in Ollscoil Luimnigh in aghaidh chostas forbartha agus seachadta chúrsaí neamhchéime tríú leibhéil san eolaíocht eachaí chun freastal ar riachtanais thionscal na gcapall.

Tá rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin diagnóise agus taighde i nGalair Eachaí an-tábhachtach do lucht tógála capall folaíochta agus spóirt. Ar an gcúis seo tá cúnamh deontais de €0.549M curtha ar fáil ag an Roinn faoin PFN dIonad Eachaí na hÉireann chun cabhrú leis seirbhísí feabhsaithe a sholáthar chun an freastal is fearr a dhéanamh ar thionscal na gcapall sa tréimhse 2006.

Tá réimse scéimeanna eachaí ann, faoi mhaoiniú ag an PFN, cuid acu á riar ar son na Roinne agus Bord Capall na hÉireann (IHB), a bhfuil sé de chúram sainiúil air an caighdeán eachaí a fheabhsú. Tá an Scéim Tástáil Éifeachta Staile, an Scéim Dreasachta um Cheannach Staileanna d'Ardchaighdeán agus Comórtais Cáilíocht Láracha san áireamh. I measc réimsí eile gníomhaíochta a dhíríonn ar cháilíocht eachaí atá á maoiniú faoin PFN a fheabhsú, agus a bhfuil an IHB rannpháirteach iontu, tá ceapadh innéacsanna géiniteacha, tástáil DNA chun ginealach a dheimhniú, bunú leabhair gnaí agus forbairt agus cothú agus margaíocht. Tá €0.744M curtha ar fáil ag an Roinn do Bhord Capall na hÉireann faoin PFN sa tréimhse 2006 ar son na seirbhísí seo. Fuair Cumann Tógálaithe Folaíochta na hÉireann (ITBA) €0.057M sa bhliain 2006 faoin PFN chun maoiniú a dhéanamh ar bhunachar sonraí agus ar chúrsaí oiliúna.

Sprioc 2 - Sábháilteacht Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe, Sláinte Phlandaí

Na caighdeáin sábháilteachta bia is airde agus cosaint an tomhaltóra, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte phlandaí, a chinntiú

SÁBHÁILTEACHT BIA

Forbairtí sa bhliain 2006

Bí an phríomhfhorbairt sa réimse seo sa bhliain 2006 ná an reachtaíocht nua AE um shábháilteacht bhia agus bheathaithe a tháinig isteach. Tugtar an Pacáiste Sláinteachais ar an reachtaíocht sin agus tháinig sí i bhfeidhm ag tús na bliana. Daingníonn agus athchóiríonn an pacáiste a bhfuil de reachtaíocht ann cheana faoi shláinteachas bia agus beatha, agus cuimsíonn sé déantúsaíocht, rialú agus margú táirgí de bhunús ainmhithe, chomh maith le saincheisteanna i leith leas ainmhithe i gcás déanamh na dtáirgí céanna. Trasaíodh an Pacáiste Sláinteachais isteach i ndlí na hÉireann faoi réir Rialachán Chomhphobail na hEorpa (Sláinteachas Bia agus Beathú) 2005, I.R. 910 do 2005, mar atá leasaithe ag Rialachán Chomhphobail na hEorpa (Sláinteachas Bia agus Beathú) 2006, I.R.Uimh. 387 do 2006.

B'é an cuspóir a bhí leis an bPacáiste Sláinteachais freastal ar an ngá a bhí ann le caighdeán ard sábháilteachta a chinntiú do shláinte an phobail maidir le táirgíocht bhia. Bhí de bhua ag an bPacáiste freisin go ndearna sé simpliú ar an reachtaíocht fhairsing, chasta agus ríchomthrasnamhach a bhí tar éis teacht chun cinn le tuairim is 30 bliain anuas. Is í an bhunfhealsúnacht atá taobh thiar de, go mbeadh táirgeoirí bia iomlán freagrach as sláinteachas an bhia a chuireann siad féin ar fáil. Leagtar an bhéim anois ar 'chuspóirí shábháilteacht bhia' a bhaint amach, in áit díriú, mar a rinneadh roimhe sin, ar chuntas mion ar na bearta a bheadh le cur i ngníomh ar mhaithe leis na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá sábháilteacht bhia ar an tosaíocht is tábhachtaí don earnáil agraibhia agus is beag athrú a bheadh ag na rialacháin nua orthu siúd atá ag obair le sárchleachtas chean féin.

Leasaíodh seirbhís chonartha na Roinne le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSÉ) go mbeadh sí ag teacht leis an bhforbairt nua seo. Bunaíodh gnáthaimh nua tríd an (ÚSÉ) chun go mbeadh na ranna agus na gníomhaireachtaí éagsúla ag obair i gcomhar lena chéile chun an reachtaíocht seo a chur i bhfeidhm.

Tá comhoibriú leanúnach ar bun idir an Roinn agus gníomhaireachtaí eile maidir le reachtaíocht sábháilteacht bia a fhorbairt chun leasa na hÉireann. Ina measc siúd atá rannpháirteach tá an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Roinn Cumarsáide, Muirí agus Acmhainní Nádúrtha, an tÚdarás um Sábháilteacht Bia, an Bord um Chur chun Cinn Sábháilteacht Bia (***Safe***food) agus an Rúnaireacht Thuaidh-Theas. Tá cumarsáid sheanbhunaithe ann chomh maith leis an Oifig Bia agus Tréidliachta, le Coimisiún na hEorpa agus le gníomhaireachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta eile.

Reachtaíocht Sláinteachas Feola

Ó tugadh an Pacáiste Sláinteachais isteach, is iad seo na príomhthascanna a bheadh faoi lucht Sláinteachas Feola:

- Clárú agus athfhaomhú ar bheathú agus ar phlandaí cothaithe na bhfeirmeoirí agus na n-áitreabh miondíola
- Oiliúint a chur ar fáil do phearsanra ar bith de chuid na Roinne a mbíonn páirt acu i láimhseáil bia agus beathú
- Clár neamhspleách iniúchta a chur i bhfeidhm
- Líon na saotharlann a creidiúnaíodh
- inchur a chur i dtreoir an dea-chleachtais sláinteachais
- Inchur a chur i bPlean Rialacháin Chomhtháite Aonair

Rinne an Roinn iniúchtaí i rith 2006 agus thug sí faomhadh iomlán nó faomhadh coinníollach do 101 .i. 55% de na 185 aighneacht a tháinig faoina bráid. Cuireadh cigireacht mhionsonraithe an Phacáiste Sláinteachais i ngnímh le cois an mhonatóireacht rialta ar an tsláinte phoiblí agus na gnáthiniúchtaí a bhíonn ar siúl ag foireann tréidliachta na Roinne, mar chuid dá sainchúram laethúil.
Táthar tar éis gnáthaimh a fhorbairt chun tástálacha rioscbhunaithe a chur i ngnímh ar áitribh fheola agus bheatha.

I lár-2006, chuir an roinn tús le socrú ina dtagann toscairí de chuid tionscal na feola le chéile le lucht na Roinne uair sa mhí ar mhaithe le cúrsaí atá tábhachtach don dá thaobh a phlé (e.g. reachtaíocht nua, polasaí bheostoic ghlan, sláinte agus sláinteachas). D'éirigh go geal leis an socrú céanna, é ag cur fóraim rialta idirghníomhaíochta ar fáil i dtreo is go bhféadfaí saincheisteanna nua a phlé de réir mar a tháinig siad chun cinn. D'fhreastail geallshealbhóirí eile ar na cruinnithe, nuair ba ghá chun go mbeadh lámh acu sa phróiséas. Táthar chun leanacht leis an gcomhshocraíocht seo i gcaitheamh 2007 chomh maith.

Sláinteachas Déiríochta

Ag éirí as an bPacáiste Sláinteachais, rinne an Chigireacht Déiríochta athbhreithniú agus athleasú ar a ngnáthaimh fheidhmiúcháin, ar a seicliostaí iniúchta agus cigireachta agus ar a bprótacal sa réimse samplú sábháilte bia chun freastal ar an reachtaíocht nua maidir le sláinteachas bia. Déanann na gnáthaimh leasaithe feidhmiúcháin a chinntiú go mbíonn na hacmhainní ann do shrianta um shábháilteacht bhia ar bhonn rioscmheastúcháin, rud a fhágann go gcuirtear seirbhís níos éifeachtúla agus níos spriocdhírithe ar fáil. Rinne an Chigireacht Déiríochta na rialacháin AE a rialaíonn Córais Tacaíochta Margaidh a fhorfheidhmiú trína Ghnáthaimh Chaighdeánacha Oibriúcháin bhunaithe. Lean athbhreithniú ar na Gnáthaimh Chaighdeánacha Oibriúcháin ar aghaidh trí iniúchadh inmheánach laistigh den ghrúpa.

Lean na Saotharlanna Eolaíocht Déiríochta ar aghaidh lena bhfeidhm tástála do Scéimeanna Tacaíochta Margaidh, Deimhniúchán Onnmhairithe agus Sábháilteacht Bia. Chuir siad na leasaithe cuí i gcrích go mbeadh siad ag teacht le critéir micribhitheolaíochta an Phacáiste Sláinteachais. Bhog an tSaotharlann Eolaíocht Déiríochta go Bacastún agus lean sí de bheith creidiúnaithe. Tá an tSaotharlann Eolaíocht Déiríochta Corcaigh, agus an tSaotharlann Eolaíocht Déiríochta Luimneach ag dul i dtreo creidiúnaithe.

SMACHTA AR ALLMHAIRITHE

Smachta ar Allmhairithe Táirgí Ainmhithe ó Thíortha Treasacha

Mar chosaint do shláinte an phobail agus do shláinte agus leas ainmhithe cuirtear smachta comhchuibhrithe AE i bhfeidhm ar impórtálacha táirgí ainmhithe ag na Post Cigireachta Teorann aitheanta (PCT-anna). Tá saoráidí faofa AE ag Calafort Bhaile Átha Cliath agus ag Aerfort na Sionnaine chun seiceálacha tréidliachta agus sláinte phoiblí a dhéanamh. Tá feoil agus táirgí feola, éisc agus táirgí éisc, fotháirgí aimhithe le haghaidh úsáide teicniúla agus bia peataí, táirgí áirithe plandaí ar nós féir thirim agus tuí, táirgí ainmhithe athallmhairithe ó thíortha treasacha, smachtú dhiúscairt dhramhaíl chocúis agus soláthar díreach bia ó thíortha treasacha atá le cur ar mheáin iompair idirnáisiúnta laistigh de scóip na smachta tréidliacha ar allmhairiú.

Tá an Roinn ag obair go dlúth i gcónaí leis na Custaim agus leis an an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Ní foláir deimhniú sláinte a bheith ag táirgí ainmhithe atá ag teacht isteach san AE agus iad a bheith faighte ó thíortha agus ó fhorais atá faofa agus a bhfuil smachta táirgíochta agus próiseála acu atá comhionnan le cinn an AE. Má fhaightear nach bhfuil lasta géilliúil do na coinníollacha sláinte ainmhí agus pobail déantar é a ghabháil lena athonnmhairiú chuig a thír thionscnaimh nó lena scrios agus is é an tImportálaí a bhíonn thíos lena chostas. Faoi reachtaíocht an AE agus reachtaíocht náisiúnta tá iallach ar allmhaireoirí táille a íoc ar son chostas cigireacht tréidliacht.

Má tharlaíonn ráig de ghalar ainmhí i dtír threasach fhaofa, nó i réigiún de thír threasach, nó nuair a aithnítear baol don sláinte phoiblí bearta cosanta a ghlaoch chun allmhairiú a chosc nó a thoirmeascadh go dtí go mbíonn deireadh le haon bhaol don sláinte phoiblí agus do tháirgíocht eacnamaíoch an AE. Cuireadh na bearta cosanta seo leanas i bhfeidhm le linn 2006 maidir le hallmhairithe táirgí ainmhithe:

- toirmeasc ar tháirgí éineola mar gheall ar ráigeanna den bhFliú Éanúil sa Téalainn[1], i nDaonphoblacht na Síne agus Hong Cong san áireamh, sa Chóiré Thuaidh, sa Chambóid, san Indinéis, sa Mhalaesia sa tSeapáin, i Laos, sa Phacastáin, i Vít Neam, sa Mhongóil, sa Chasacstáin agus sa Choiré Theas;
- toirmeasc ar an iportáil ar chleití neamhphróiseáilte ar eagla an fhliú éanúil
- toirmeasc ar tháirgí éineola mar gheall ar ráigeanna den bhFliú Éanúil ó cheantair áirithe sa Rúis[2], sa Rómáin[1], sa Tuirc[1], sa Bhulgáir[1], san Eilbhéis, sa Chróit, sa Mhadagascar, san Iosrael[1,3], san Afraic Theas[4];
- toirmeasc ar mhairteoil ó cheantair áirithe sa Bhreasaíl mar gheall ar ráigeanna den ghalar crúibe agus béil;
- toirmeasc ar tháirgí áirithe iascaigh de bharr calair;

1 ach amháin éineoil chocaireachta
2 In éifeacht go 31/3/2006
3 In éifeacht go 31/5/2006
4 In éifeacht go 31/10/2006

- Toirmeasc ar tháirgí feola agus bainne a iportáil ón tSín ar eagla iarphriacal agus tástáil le haghaidh clóraimfeineacól a éileamh ar tháirgí áirithe ainmhí agus iasc ón tSín
- toirmeasc ar tháirgí éineola ón mBulgáir[1] de bharr ráig de ghalar Newcastle.
- Sonraítear tastáil iarmhair táigí iasc allmhairithe ón mBrasaíl, ón Indinéis agus ón Maenmar.

Is réamhriachtanas náisiúnta é clárú mar allmhaireoir táirgí ainmhithe (I.R. Uimh 269 de 2004). Tá 641 allmhaireoir agus a ngníomhairí cláraithe.

Allmhairithe Táirgí Ainmhithe ar son Cuspóirí Bia

Rinneadh próiseáil agus faomhadh ar iontráil 16,661,767kg (15,234,786kg i 2005) ollmhairithe i rith 2006, i 783 lasta (648 i 2005) isteach san AE trí na BIPí seo. Cuireadh 322 lasta éisc (4,068,502 kg) agus táirgí éisc i láthair ar son seiceála i gcomparáid le 267 i rith 2005. I rith 2006 diúltaíodh do 3 lasta de tháirgí ainmhithe (5 i 2005) agus do 2 lasta éisc agus táirgí éisc (3 i rith 2006).

Eisítear ceadúnais athallmhairithe do lastaí de tháirgí Éireannacha. Caithfidh siad teacht ar ais isteach san AE trí BIP faofa. Cuireadh seiceálacha i bhfeidhm ar 14 lasta athallmhairithe san iomlán i 2006 (17 i 2005).

Smacht ar Allmhairiú Pearsanta Tháirgí Ainmhithe

Chun an baol do shláinte phoiblí agus ainmhithe a laghdú déanann Rialachán (CE) Uimh. 748/2004 foráil chun allmhairiú pearsanta tháirgí ainmhithe ar nós feola agus bainne a thoirmeasc as formhór na dtíortha treasacha. Comhairlítear do thaistealaithe chun na tíre seo agus dóibh siúd a sholáthraíonn seirbhísí taistil dóibh gan táirgí dá leithéid a thabhairt isteach ina mbagáiste pearsanta. I gcomhar leis na húdaráis Poirt agus Custaim déantar seiceálacha ag aerfoirt agus ag calafoirt. I gcomhar leis na Custaim agus leis an seirbhís poist déantar seiceálacha ar son táirgí ainmhithe chomh maith ar phacáistí poist. I rith 2006 rinneadh coigistiú ar 1203 pacáiste lena scrios (565 i 2005), ina raibh 7,447.1 kg de tháirgí ainmhithe in iomlán (3,154kg i 2005). I rith 2006 tógadh 2,400kg de tháirgí iasc

Smacht ar Allmhairiú Pearsanta Fotháirgí Ainmhithe

Cuireann an BIP smachta freisin ar allmhairiú fotháirgí ainmhithe atá liostaithe i Rialachán (CE) Uimh 1774/2002 chomh maith le féar tirim agus tuí agus ar allmhairiú táirgí geirmeacha ar nós suthanna, seamhan agus uibheacha goradh. Tá táirgí atá le húsáid i ndéantúsaíocht trealamh díognóiseach in vitro, le haghaidh úsáid chógaisíochta, déantúsaíocht táirgí teicniúla agus bia peataí, i measc na bhfotháirgí ainmhithe. Eisítear ceadúnais chun samplaí de tháirgí ainmhithe a allmhairiú le húsáid ar son cuspóirí taispeántas trádála nó taighde chomh maith le hallmhairiú táirgí comhchuibhrithe ainmhithe de réir rialacha náisiúnta. Bhí feidhm leis na ngnáthamh deireanach i rith 2006 maidir le táirgí áirithe neamhphróiseáilte a allmhairiú le haghaidh déantúsaíochta IVD mar fhorálacha comhchuibhrithe i Rialachán 1774/2002 do tháirgí áirithe fola nach bhfuil glactha go fóill. Tugadh 583 lasta de fhotháirgí ainmhithe i láthair i 2006 le haghaidh iontrála san AE trí BIPí na hÉireann (564 i 2005).

D'eisigh an Rannóg Idirbheartaíochta Sábháilteachta Bia ceadúnais allmhairithe ar son na gcuspóirí seo leanas i rith 2006 (2005):

Samplaí Trádála agus Taighde:	251	(247)
Táirgí neamhchuibhrithe	310	(438)

SCÉIM NÁISIÚNTA DEARBHAITHE MAIRTEOLA

Is é cuspóir an Acht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola 2000 (Uimh. 2 de 2000) ráthúnas breise a thabhairt do shábháiltecht mairteola agus táirgí mairteola trí:

- córas éifeachtúil aitheantais agus rianaithe a fhorfheidhmiú;
- caighdeáin arda táirgíochta agus próiseála a fhorbairt;
- na caighdeáin sin a fhorfheidhmiú trí chóras clárúcháin agus faomhaithe.

Is é ceann de chuspóirí an Scéim Náisiúnta Dearbhaithe

Mairteola go mbeadh gach duine atá páirteach i dtáirgeadh agus i bpróiseáil eallaigh agus mairteola (feirmeoirí, aonaigh, seamlais, próiseálaithe feola, déantúsóirí beatha ainmhithe buabhacha agus coimeádaithe eile eallaigh) cláraithe agus faofa faoin Acht.
Tá sé i gceist an tAcht a leasú ar mhaithe le sineirgíochtaí a fhorbairt le forbairtí faoin bpacáiste Sláinteachais agus iad a chur san áireamh chomh maith le riachtanais Chros-Ghéilliúlachta an Scéim Aoníocaíochta Feirme.

Glacadh le I.R. Uimh 676 de 2006 (an tAcht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola 2000, Ordú 2006 (Faomhadh)) chun an tréimhse do rannpháirtithe chun faomhadh a iarraidh faoin Scéim a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2008.

Tacaíocht agus Cothú do Thaighde i Sábháilteacht Bia

Tá tosaíocht ag an Sábháilteacht Bia mar théama faoi Chlár Oibriúchán an Bheart um Thaighde Institiúideach Bia sna hEarnála Táirgiúla 2000-2006. Go dtí seo tá €26.9 milliún de dhámhachtain tugtha do 56 tionscadal sábháilteachta bia. I measc na dtopaicí tá taighde chun pataiginí bia ar nós E. Coli 0157:H7, Salmonella, Listéire agus Campaileabaictéar a bhraith agus a smachtú, córas HACCP a fhorbairt i bhfeoil, taighde ar thosca a mbíonn tionchar acu ar fhoirmiú aicrilimíde i dtáirgí áirithe bia agus forbairt bhunachar sonraí náisiúnta ar Thomhaltas Bia do leanaí chun measúnú baoil do leanaí ó cheimicí i mbia a dhéanamh.

CÓGAIS TRÉIDLIACHTA AGUS FAIREACHÁN AR IARMHAIRTÍ

Braitheann inmharthanach thionscal táirgíochta bia na hÉireann ar dhaonra sláintiúil ainmhithe. Tá páirt thábhachtach ag úsáid dhlíthiúil chuí na gcógas faofa tréidliachta (vaicsíní san áireamh) ina chinntiú go mbeidh stádas ard sláinte ainmhithe ag ár dtréad náisiúnta agus dá bharr sin ar shláinte thomhaltóirí bia na hÉireann. I gcomhar le hÚdarás Sláinte Bia na hÉireann agus le Bord Cógais na hÉireann, déanann an Roinn maoirseoireacht agus forfheidhmiú ar smachta tábhachtacha sa réimse seo maidir le faomhadh agus dáileadh cógais tréidliachta, forfheidhmiú na mbearta faireachas iarmhair (m.sh. an Plean Iarmhair Náisiúnta) agus na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a leanann astu.

I mí Dheireadh Fómhair 2006, ghnóthaigh an Roinn toradh fabhrach ag leibhéal an AE ar idirbheartaíocht maidir le crítéir a chur i gcrích chun cógais faoi leitha bheith ar fail as-oideas. Fágann na critéir nua níos éasca é go mbeadh a bhfuil de chógais ainmhithe ar fáil as-oideas anois ar fáil go fóill. Maidir leis na cóireálacha antaibheathacha maistítis (ionmhamachaigh), tógadh cineadh tamall maith ó shin go mbeadh na cógais chéanna ar fáil "d'oideas amháin". Le cinntiú go mbeadh dóthain ama ag sealbhóirí na gceadúnas le lipéid na dtáirgí a leasú i gcomhar le Bord Cógais na hÉireann, cuirfear réimeas nua oideas na n-ionmhamachach i bhfeidhm go hiomlán ar an 1 Eanáir 2008.
Ag leanacht as an toradh ar an bhforáil díolúine, tá an Roinn i mbun roinnt athruithe a chur i gcrích ar na Rialacháin um Leigheasanna Ainmhithe 2005 agus iad ag féachaint go háirithe le réimeas nua oidis a thabhairt isteach do na hionmhamachaigh a bheadh bunaithe ar chláir éifeachtacha smachta agus é d'aidhm aige teagmhas an mhaistítis a laghdú agus úsáid cháiréiseach na n-antaibheathacha a chur chun cinn. Luífidh an réimeas nua seo le taobh na ngnáthshocraíochtaí oidis.

Ag an leibhéal náisiúnta, cuireann an Roinn smachta áirithe i bhfeidhm ar bhonn leanúnach ar chógais tréidliachta mar chosaint do shláinte an phobail agus do shláinte agus leas ainmhithe. Soláthraíonn an tAcht um Leighseanna Ainmhithe 1993 agus na Rialacháin a rinneadh faoi (Smacht ar Leigheas Ainmhí agus Rialacháin um a nIarmhair 1998 agus na Rialacháin um Leigheasanna Ainmhithe) 2005 bonn cuimsitheach reachtúil ar son ceadúnú cógais tréidliachta (agus ról Bhord Cógais na hÉireann san áireamh a oiread is a ghníomhaíonn an comhlacht sin mar údarás inniúil faoin reachtaíocht) agus áitribh atá páirteach i ndáileadh trách tála chógais tréidliachta.

Bhí os cionn 1,300 táirge aonair ceadúnaithe de réir cheanglas mionsonraithe na reachtaíochta AE. Chomh maith leis sin, rinneadh rialúchán agus ceadúnú ar timpeall 76 áitreabh mórdhíola agus 700 áitreabh miondíola de réir reachtaíocht ábhartha tar éis don Roinn cigireacht a dhéanamh orthu le cinntiú go sroicheann siad an caighdeán riachtanach. Tá déantúsaíocht, dáileadh agus díolaíocht bheatha íocleasaithe agus táirgí idirmheánacha chun iad a dhéanamh faoi réir chomh maith ag ceadúnú an Aire faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Leigheasanna Ainmhithe agus Beatha Íocleasaithe) 1994 mar atá leasaithe ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Leigheasanna Ainmhithe agus Beatha Íocleasaithe) 2003. Tá cosc ar bheatha íocleasaithe ach amháin faoi agus de réir téarmaí treorach a eisíonn cleachtóir cláraithe tréidliachta. Caithfidh réamh-mheascáin a bheith údaraithe ag Bord Cógais na hÉireann. Tá timpeall ar 67 déantúsóir ceadúnaithe beatha íocleasithe ann anois.

An Plean Náisiúnta um Fhuíll

Cuireann an Roinn Plean Náisiúnta Iarmhair i bhfeidhm freisin atá deartha chun tomhaltóirí a chosaint ó iarmhair neamhdhleathacha, pé acu táirgí toirmiscthe (ar nós hormóin a chothaíonn fás) cógais cheadúnaithe (bíonn tábhacht leo seo de ghnáth nuair a théann ainmhithe isteach sa slabhra bia roimh éag don tréimhse atá leagtha síos chun éirí as an gcógais atá i gceist), nó ábhair shalaithe chomhshaoil. Clúdaíonn an Plean Iarmhair aon speiceas biatháirgthe déag (agus domharshaothrú, mar a bhfuil oibriú an Phlean á bhainistiú ag an Roinn Mara agus Acmhainní Nádúrtha, san áireamh). I rith 2006,tógadh timpeall ar 30,000 sampla agus tástaladh iad ag Saotharlann Lárnach na Roinne um Thaighde Feola i mBacastún agus ag saotharlanna a bhí faofa go hoifigiúil do 18 ngrúpa iarmhair. Leanann fiosrúchán ar an bhfeirm bhunaidh gach toradh dearfach le súil leis na bearta forfheidhmiúcháin riachtanacha a ghlacadh, suas go agus ag cuimsiú caingean dlí.

Ó 2000 i leith, tá tástáil oifigiúil á comhlánú ag réimse atá bunaithe ar reachtaíocht trína bhfuil oibleagáid ar phróiseálaithe príomhúla bearta monatóireachta iarmhair a fhorfheidhmiú. Faoin réimeas seo, ina ndéantar iarratas bliantúil ar an Roinn chun pleananna aonair iarmhair a fhaomhadh, tá dualgas sainordaitheach ar phróiseálaithe monatóireacht i bhfad níos déine a dhéanamh ar sholáthróirí má bhíonn toradh dearfach ar thrialacha a gcuid ainmhithe nó a dtáirgí ainmhithe. Tá an réimeas féinmhonatóireachta seo faoi réir ag inniúchadh na Roinne.

Acht um Chleachtas Tréidliachta 2005

Is é príomhchuspóir an Achta seo, a d'achtaigh an tOireachtas ar an 12 Iúil 2005, rialúchán an ghairm tréidliachta a thabhairt suas chun dáta go hiomlán ag cur san áireamh na forbairtí iomadúla a tharla sa timpeallacht ina mbíonn an ghairm ag oibriú ó achtaíodh an reachtaíocht bhunaidh i 1931.

Déanann an tAcht, go háirithe, foráil den chéad uair ar chleachtas an mhíochaine tréidliachta a shainmhíniú agus ar aitheantas reachtúil a thabhairt d'altraí tréidliachta. Déanann an tAcht foráil chomh maith ar son fhorbairt leanúnach ghairmiúil, féidireachtaí clárúcháin níos leithne do chleachtóirí a oileadh lasmuigh den Stát, aitheantas do speisialtóireacht, creidiúnú cleachtais agus gnáthaimh inniúlachta cleachtais nuashonraithe, agus do smachtbhannaí comhréireacha. Déantar foráil freisin san Acht ar son ballraíocht níos leithne den gComhairle Tréidliachta chun ionadaíocht a thabhairt do leasanna ar nós oideachas, tomhaltóirí, leasa sábháilteacht bia agus leasa ainmhithe, chomh maith le naoi gcomhalta tofa.

Tháinig Comhairle Tréidliachta nuabhunaithe na hÉireann, ina bhfuil 19 gComhalta in oifig ar an 1 Eanáir 2006. Mar chuid dá bhfreastal ar an Acht, rinne Coiste Tréidliachta na hÉireann foráil do réimeas creidiúnaithe sainordaitheach ón 1 Eanáir 2007 i leith.

Rialú Ionchuir Talmhaíochta

Rinneadh píosa amháin reachtaíochta AE faoi bheathú ainmhithe a thrasuíomh sa dlí náisiúnta i rith na bliana 2006:

- I.R. Uimh. 577 de 2006 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí Neamh-inmhianaithe i mBeathú (Leasú) Rialacháin 2006;

Ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht bheathuithe agus leasuithe talún do cheanglais reachtúla rinneadh timpeall 2,470 cigireachtaí ag pointí allmhairithe, áitribh déantúsaíochta beathuithe, stóir ábhair beatha, idirghníomhairí, agus ar fheirmeacha. Bailíodh níos mó ná 3,000 sampla de bheathuithe chun anailís a dhéanamh orthu chun géilliúlacht don reachtaíocht ar bheathú a chinntiú. Déanann an Roinn anailís rialta ar bheathú ainmhithe le fáil amach an bhfuil próitéiní coiscthe ainmhithe iontu nó nach bhfuil. Tá samplú randamach agus spriocdhírithe sa chlár cigireachta freisin chomh maith le hanailísí ar bheathuithe chun comhdhéanamh cothuithe agus leibhéil bhreiseáin agus substaintí agus táirgí neamh-inmhianaithe a dhearbhú. Rinneadh 80 cigireacht chomh maith ag áitribh déantúsaíochta/ allmhairithe leasacháin agus ag ionaid mhiondíola, tógadh timpeall 328 sampla ar fad agus rinneadh anailís orthu le haghaidh cothuithe príomhúla agus tánaisteacha. Tógadh 65 sampla ag áitribh déantúsaíochta aolchloiche talún, agus rinneadh anailís orthu go léir.

Cuireadh tús le bunachar nua Sonraí Oibritheoirí Gnó Beathú sa bhliain 2006, mar atá riachtanach faoi na Rialacháin Sláinteachas Beathaithe. Tá liosta de na hOibritheoirí Gnó Beathú Cláraithe agus Faofa le fáil ar shuíomh na Roinne ag www.agriculture.gov.ie

SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

Sainaithint Ainmhithe agus Córas Rianadh Siar do Ainmhithe Buabhacha

Tá CFAE agus roinnt córas sainaitheanta eile á n-athfhorbairt faoi thionscadal an chórais Sainaitheanta agus Aistrithe Ainmhithe (SAA). Tá an córas á fhorbairt trí theicneolaíocht idirlíonbhunaithe a úsáid. Cuireadh roinnt áiseanna ar líne ar fáil d'fheirmeoirí cheana féin a ligeann dóibh próifíl a dtréada bólachta a fheiceáil, breith laoi a chlárú agus iarratas a dhéanamh ar Theastas Geilliúlachta CFAE d'aistrithe áirithe ainmhithe. Bainistíonn SAA dáileadh clin chluaise ar ainmhithe buaibeacha, caoireaola, muiceola agus gabhracha freisin.
I rith 2006:

- Chuir an Roinn ar chumas an úinéara tréada liosta a ainmhithe a fheiceáil, breith ainmhithe buabhacha a chlárú, nó iarratas a chur isteach ar dheimhniúchán géilliúlachta SAA ar a ngutháin phóca.
- rinneadh dul chun cinn suntasach sna tionscadail chun Margaidh Beostoic a chur ar líne agus chun na háiseanna chun onnmhairithe eallach a thuairisciú;
- tugadh áiseanna isteach chun sonraí an Mhóráirimh Ainmhithe a thaifeadadh do mhóráireamh bliantúil na gCaorach agus na nGabhar;
- Athraíodh ról an Úinéir Tréada go ról an Choimeádaí Tréada do ghnó leis an Roinn; agus
- cuireadh athruithe i chun freastal ar na formáidí éagsúla clibeanna atá ann sa Ríocht Aontaithe i ndiaidh deireadh a bheith curtha le toirmeasc Einceifileapaite Spúinseach Bhólachta (ESB) an Ríochta Aontaithe.

Tá córas SAA á chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe agus leathnófar é chuig ionaid seamlais agus chuig na láithreacha uile a thugann eolas don chóras inrianaitheachta faoi aistrithe ainmhithe.

Sainaitheantas Caorach agus Gabhar

I rith 2006, cuireadh leasuithe áirithe i bhfeidhm ar Chóras Sainaitheantais na gCaorach agus ar na clárúcháin tréad agus na docaiméid seolta chun nach mbeadh oiread clárúcháin le déanamh ag na húinéirí féin agus chun go mbeadh said níos áisiúla ag an úsáidire. Cuireadh clárúcháin leasaithe tréad agus doiciméid seolta do gach coimeádaí tréad i mí na Samhna 2006.
Tiomsaíodh agus foilsíodh torthaí an chéid Áirimh Caorach

agus Gabhar sa bhliain 2006, chomh maith. I mí na Nollag 2005 bhí díreach os cionn 4 milliún caora ag Éirinn ar 37, 209 gabháltas 108 gcaora ar an meán in aghaidh an ghabháltais. Cuireadh tús leis an dara háireamh i mí na Nollag 2006 agus tá a thorthaí le fógairt in earrach na bliana 2007.

GALAIR AICME A – MONATÓIREACHT AGUS SMACHTÚ

Fliú Éanúil

Faoi dheireadh 2006, bhí an Fliú Éanúil (A1) deimhnithe in éin i mbreis agus 50 tír éagsúla ar thrí mhór-roinn faoi leith. Sa bhliain 2006 deimhníodh 20 cás de HPAI H5N1 in éin fhiáine i mBallstáit an AE, éineoin a bhí i gceist le cúig cinn de na tíortha sin Rinneadh lánscaradh ar na cásanna úd go sciobtha. Ní raibh aon chás nó ráig fliú ann in Éirinn i measc na n-éan fiáin ná san éineoil.

Thug an Roinn isteach sraith bearta chun aon teagmhas den ghalar in éin fhiáine a bhrath agus chun an baol go ndéanfaí aon seachadadh chuig an éanlaith tráchtála a íoslaghdú dá dtarlódh an seachadadh seo agus chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar aon ráig.

Seasann na coisc importála maidir le héin fhiáine agus táirgí éineola a mbeadh baol féideartha galair leo agus cleití neamhchóireáilte as ceanta ar bith a bhfuil briseadh amach deimhnithe de fhliú éiniúil iontu. Déanann an AE athbhreithniú agus uasghrádú ar na srianta seo ar allmhairithe, nuair is gá, de réir mar a thagann athrú ar chúrsaí galair sa tír atá faoi chaibdil.

Is cuid lárnach de chur chuige na Roinne é an clár úinéirí éanlaith a bhunaigh siad sa bhliain 2005. Tá dualgas reachtúil ar gach duine a choinnigh éanlaith clóis nó a bhfuil éanlaith clóis acu nó a láimhseáileann nó a dhéanann trádáil in éanlaith clóis nó in éin ghafa eile le díol nó le haghaidh cuspóirí spóirt (fiontair ar nós éanlanna, feirmeacha peataí, clubanna géim nó tógáil colúr, ach gan peataí éin i dtithe príobháideacha san áireamh) clárú leis an Roinn.

Chuir an Roinn feachtas faisnéise agus feasachta ar siúl ar mhaithe le húinéirí ealtaí éanlaith, ionadaithe tionscail agus leis an bpobal i gcoiteann. Eisíodh leabhráin faisnéise chuig gach úinéir ealta éanlaith cláraithe, le comhairle bithshlándála agus le faisnéis faoi na bearta atá le cur i bhfeidhm mar tharlaíonn cás deimhnitheach nó amhrasach.

Thug Coimisiún na hEorpa roinnt Cinntí isteach a bhaineann leis an bhfliú éanúil i bhfianaise ar tharla do roinnt de na Ballstáit go déanach sa bhliain 2006. Shínigh an tAire Talmhaíochta agus Bia Rialacháin nua náisiúnta ag leagan síos na bearta is déanaí atá le glacadh i gcás briseadh amach de fhliú in éin fhiáin agus in éineoil in Éirinn.

Each-Anaemacht Tógálach

Tá scaipeadh domhanda ar an Each-Anaemacht Tógálach (EAT) ach anonn go dtí an bhliain 2006, tháinig Éire agus na RA slán ón ngalar seo. Taifeadadh na chéad chásanna den EAT ar an 15 Meitheamh agus 28 gcás deimhnithe in Éirinn sa bhliain 2006 in earnáil na gcapall folaíochta agus spóirt araon. I gceantair na Mí/ Chill Dara/Bhaile Átha Cliath is mó a bhris na cásanna sin amach.

Ar na bearta a ghlac an Roinn rinneadh rianadh láithreach ar na capaill inteagmhála, cuireadh srian ar a ngluaiseacht nuair ba ghá , agus cuireadh faoi chlár séarófhaireachais iad ar feadh tréimhse 90 lá ar a laghad. Ní chuirfí deireadh leis na srianta go mbeadh an réimeas tástála seo i gcrích go sásúil. Ag tréimhse amháin, cuireadh srianta gluaiseachta i bhfeidhm ar 53 áiteabh éagsúla agus ar 1,200 capall faoi leith. Tá iniúchadh domhanda ar bun anois le fáil amach cad iad na cúinsí faoinar tugadh an víris isteach sa tír.

Tharla freisin gur leathnaigh an Roinn amach ar an gclár tástála faireachais trí spriocdhíriú a dhéanamh ar phobail faoi leith capall, ar aithníodh orthu de réir mheasúnú baoil gur bhain siad leis an ngrúpa ardphriacail, agus iad i gceantair na Mí/ Chill Dara/ Thuaisceart Bhaile Átha Cliath, go háirithe. Rinneadh amhlaidh chun go gcuirfí leis an líon capall a ndearnadh tástáil EAT orthu ar mhaithe le tuilleadh fhaoisimh aigne a thabhairt do lucht an tionscail. Faoi dheireadh 2006, táthar tar éis 35, 000 tástáil EAT a chur i gcrích, idir Ionad Eachaí na hÉireann agus Saotharlann Lárnach Tréidliachta na hÉireann. Leathnófar ar an gclár faireachais seo i rith séasúr tógála 2007 mar chuid de Chód Comónta an Chleachtais, agus déanfar dhá cheann de thástálacha diúltacha EAT ar na láracha ar fad atá le cúpláil an bhliain chéanna.

Tugadh pacáiste airgeadais isteach sa bhliain 2006 chun cúnamh a thabhairt d'úinéirí a raibh srianta gluaiseachta orthu agus nach raibh cead acu bogadh dá n-áitribh. Tá cúnamh airgeadais le fáil sa phacáiste sin do na turasanna go léir a dhéanfadh tréidlia chun samplaí fola a bhaint as na capaill srianta agus clúdaíonn sé na costais ar fad a ghabhfadh le hanailisiú na fola sin in Ionad Eachaí na hÉireann. Léirigh an pacáiste airgeadais gur tuigeadh an t-ualach mór a leagadh ar na húinéirí úd a raibh ar a gcapaill tástálacha iomlána EAT a chur i gcrích.

ESB

Dearbhaíodh 41 chás ESB i 2006. Is ionann sin agus laghdú beagnach 41% ar an líon cásanna a taifeadadh anuraidh

iomlán de 69 sa bhliain sin. Tharla an laghdú drámatúil seo sa líon cásanna agus faireachas dian gníomhach ar siúl don ghalar le 845,043 tástáil mhear ESB déanta ag monarchana feola, cniogairí, srl. Is tásc dearfach iad an líon cásanna a bheith ag titim agus an t-ardú ar phróifíl aoise na n-ainmhithe dearfacha, go raibh tionchar mór ag na bearta breisithe smachta a tugadh isteach i 1996 agus 1997 ar nochtadh ainmhithe a rugadh tar éis an ama sin don ghníomhaire infhabhtaíoch, agus go leanfaidh teagmhas ESB ag titim de réir mar a fhágann ainmhithe níos sine an córas.

Chuir Éire deireadh lena seanpholasaí chun lánbhánú a dhéanamh ar an tréad i gcás go mbeadh toradh dearfach ar thástáil ESB agus ón 5 Aibreán 2006, féachfar le réimeas páirtbhánaithe a oibriú ar an tréad, .i. cloífear feasta leis an ainmhí le ESB, lena chóhoirt bheathaithe agus bhreithe (de réir mar atá leagtha amach ag reachtaíocht an AE) agus lena shliocht agus beidh a gcúiteamh le híoc ar bhonn praghsanna an mhargaidh. Tógadh an cinneadh seo ar mhórán cúiseanna, go háirithe mar go bhfuil laghdú an-mhór agus leanúnach ag teacht ar mhinicíocht an ghalair in Éirinn, mar go bhfuil forbairtí suntasacha sa réimse ag dul ar aghaidh san AE agus ag leibhéal idirnáisiúnta, agus go háirithe toisc go bhfuil réimse chuimsitheach smachta éifeachtacha i bhfeidhm anois chun é a choimeád faoi chois.

An Scráibeach

Ó Dheireadh Fómhair 2003, tá geinitíopadh á dhéanamh ar thréada ina bhfuil an scráibeach deimhnithe, agus níl á mbánú ach na hainmhithe sin is so-ghabhálaí don ghalar. I leath deiridh 2006, méadaíodh ar leibhéal an fhaireachais ghníomhaigh (ag monarchana maraithe agus ag seamlais) tar éis athrú a tháinig ar rialacha an AE.

Tá beoluacháil na n-ainmhithe síolraíochta san áireamh sa chúiteamh atá iníoctha faoin scéim reatha. Tá ráta d'uain mhonarchan iníoctha de réir an mheánphraghas monarchan an kg a bhaineann le seachtain an mharuithe suas go uasmheáchan de 20kg, agus íocaíocht cruatain de €84 de réir na caorach síolraíochta. Ardaíodh an ráta deireanach sin o €28 an chaora síolraíochta i 2005. Chomh maith leis sin, déanann an Roinn geinitíopadh ar thréada iomlána agus ar líon teoranta de reithí athsholáthair, saor in aisce.

I mí Bealtaine 2004 bhunaigh an Roinn Clár Geinitíopa Náisiúnta. Is é cuspóir foriomlán na scéime deonaí seo go mbeifear in ann caoraigh sa tréad náisiúnta, go háirithe stoc síolraíochta, a aithint de réir geinitíopa agus an leibhéal frithsheasmhachta don scráibeach a ardú i measc na gcaoraigh Éireannacha trí úsáid na n-ainmhithe is frithsheasmhaí chun síolraithe a spreagadh. Sa bhliain 2006, cuireadh tionscnaimh nua i bhfeidhm a bhí dírithe ar an rannpháirtíocht sa chlár a mhéadú. Ar na núálacha sin, bhí ranníocaíocht €12 i gceist do na costais tástála mar aon le cúiteamh sa chás gur ndearnadh geinitópadh ar reithe agus gur aithníodh iad ar na hainmhithe is so-ghabhálaí iad don Scráibeach. I 2006, bhí €1,200 ar an uasteorainn íocaíochta don éilitheoir aonair.

Briodarnach

Cuireann an tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (mar atá leasaithe), toirmeasc gan chríoch ar bhailiú broidearnaigh agus ar ainmhithe a bheathú leis ach ceadaíonn sé ainmhithe a bheathú le táirgí áirithe neamhainmhí agus le táirgí bainne. Tá ceadúnas ag teastáil chun briodarnach idirnáisiúnta a thógáint as calafoirt agus aerfoirt faoi na hOrduithe ar Bhriodarnach thuas. Ní féidir ach le hoibritheoir ceadúnaithe atá faofa ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia briodarnach idirnáisiúnta a thógáil as calafort nó aerfort. Chuimsigh ceadúnais eisithe do 2006 maidir le diúscairt briodarnaí coinníoll gur gá doiciméad tráchtála gabháil le fo-tháirgí ainmhithe le linn iompair. Ní foláir don chomhlacht an chaipéis a líonadh agus cóip di mar aon le cóip den docaiméad adhlacadh a sheoladh d'fhaics chuig an Oifig Thréidliachta i mBaile Átha Cliath atá luaite ar an gceadúnas taobh istigh de 24 huaire i ndiaidh fáil réidh leis an lasta. Déanann foireann na Roinne monatóireacht rialta ar dhiúscairt cheart bhriodarnaigh idirnáisiúnta chomh maith le seiceáil fhánach le cinntiú nach bhfuil briodarnach á úsáid mar bheathú i bhfeirmeacha muca.

GALAIR AICME B AGUS EILE – MONATÓIREACHT AGUS SMACHTÚ

Eitinn agus Brúsalóis Bhuabhach

Bhí feabhas mór eile ar leibhéil Bhrusalóise in eallach i 2006, rud a dhaingnigh an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas. Thit líon na n-imoibreoirí Brúsalóise beagnach 7% i gcomparáid le 2005. Níos tábhachtaí ná sin, bhí líon na mbánuithe agus líon na n-ainmhithe a baineadh amach 89% agus 84% níos ísle faoi seach ná mar a bhí i 2005.

Tá an leibhéal eitinn bhuabhach ag titim in Éirinn le blianta beaga anuas agus cé gur ardaigh teagmhas an ghalair beagán i 2005 nuair a bhí 25,800 imoibreoir ann i gcomórtas le 23,000 i 2004, lean an líon ag titim i 2006 agus ní raibh ach 24,000 imoibreoir ann i gcomórtas le 45,000 i 1998 agus i 1999.

Brúsalóis Bhuabhach

Lean teagmhas na Brúsalóise ag titim i 2006. Bhí teagmhas bliantúil de 0.11% sa tréad i 2006 i gcomparáid le 0.12% i 2005 agus 0.76% i 1998. Tá líon na n-imoibreoirí titithe ó 6,417 i 1998 go 212 i 2006.

Leanadh ar aghaidh le beartais bhríomhara bánaithe agus tréimhsí fada sosa chomh maith le bearta eile a choinneáil i bhfeidhm chun an galar a chloí. Ó cuireadh tús leis an gclár dian brúsalóise reatha i 1998, tá an-dul chun cinn déanta chun an galar a dhíothú, mar atá léirithe thíos.

Staitisticí an Bhrusalóis Bhuabhaigh	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006
Líon na nImoibreoirí	6,417	4,545	3,590	3,112	1,530	900	664	228	212
Líon na dTréad Nua-Shrianaithe	1,081	875	659	553	430	324	283	144	132

An tAire Stáit, Breandán Mac Gabhann T.D. agus é i láthair ag Fóram Bia an Oirthuaiscirt (Carraig Mhachaire an Rois) i gCo. Mhuineacháin, mí an Mheithimh 2006.

Rinneadh díreach os cionn 3.78 milliún sampla fola a thástáil le haghaidh brúsalóise i 2006. Tá Tástáil Bhulcbhainne as gach tréad déiríochta agus samplú fola as ba i monarchana marú, á n-úsáid anois mar fhorlíonadh ar an bpríomhbheart tástála, agus tá sé seo an-éifeachtach mar mhodh chun roinnt imoibreoirí nach mbraithí murach iad a nochtadh.

Brúsalóis Bhuabhach

Thit teagmhas Eitinne Bhuabhaigh i 2006 nuair a nochtadh timpeall 24,000 imoibreoir. Bhí sé seo 6.6% níos ísle ná leibhéil 2005 agus bhí i bhfad níos ísle ná na leibhéil a taifeadadh i 2003.

Cuireadh clár díothú Eitinne 2006 i gcrích le tástáil déanta ar 118,925 de na 122,392 tréad eallaigh laistigh den bhfráma ama dhá mhí dhéag. Cuireadh triail amháin ar a laghad ar timpeall 6.2 milliún ainmhí san iomlán laistigh den tréimhse dhá mhí dhéag agus rinneadh timpeall 9 milliún tástáil ainmhithe.

Ionchúisimh

Rinne an tAonad Fiosrúcháin Speisialta fiosrúchán faoi neamhrialtachtaí sna Scéimeanna um Dhíothú Eitinn Bhuabhaigh agus Brúsalóise agus i sainaithint agus i gclárú buabhaigh. De thoradh na bhfiosrúchán seo, rinneadh cúig ionchúiseamh rathúil i rith na bliana agus cuireadh seacht gcás eile isteach le hionchúiseamh. Tá dhá chás agus tríocha ar fanacht ar éisteacht anois.

Scéim Luacháil Mhargaidh ar an bhFeirm

Ghlac an Scéim Luacháil Mhargaidh ar an bhFeirm áit an Scéim Dheontas Imoibreora ón 2 Aibreán 2002. Caitheadh timpeall €17.6 milliún ar gach gné cúitimh de na Scéimeanna um Dhíothú Eitinne agus Brúsalóise i rith 2006. Ba mhór an laghdú é seo ar chaiteachas 2005 (€21.4 milliún) agus tharla sé mar thoradh ar an meath ginearálta i leibhéil an ghalar Brúsalóise.

Tobhaigh ar Ghalair Bhuabhacha

Fuarthas €10.44 milliún as tobhaigh galair i 2006.

Mar gheall ar an bhfeabhsú leanúnach i leibhéil Eitinne agus Brúsalóise agus an laghdú i gcostais na scéimeanna dá bharr, rinneadh laghdú de 50% ar rátaí na dTobhach ar Ghalair Bhuabhaigh le héifeacht ón 1 Eanáir 2007.

Ceannaithe

I 2006, chuathas i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar na hAchtanna um Ghalair Ainmhithe 1966 go 2001, Ordú 2001 (Faomhadh agus Clárú Ceannaithe agus Áitribh Cheannaithe) (I.R. Uimh.79 de 2001). Táthar ag súil go dtabharfar an reachtaíocht nua isteach sa bhliain 2007.
Faoi dheireadh 2006, bhí 211 ceannaí le háitribh agus 971 ceannaí gan áitribh (áisínteoirí) i measc an líon iomlán ceannaithe faofa.

Clár Náisiúnta Smachtú agus Díothú Ghalar Aujeszky

Leanadh Tástálacha faoin Chlár Náisiúnta Smachtú agus Diothú Ghalar Aujeszky i 2006. Tá sé de chuspóir ag an gclár seo an galar a dhíothú as an tréad náisiúnta, caighdeáin sláinte a ardú dá réir agus ár rochtain ar mhargaí onnmhairithe a chosaint. Bhí toradh spreagúil ar an dara babhta agus gan an galar Aujeszky deimhnithe in aon tread nua, in ainneoin an chláir fhairsing tástála a cuireadh i gcrích sna feirmeacha agus sna monarchana araon.

Galar Johne

Is galar infhógartha é Galar Johne atá á rialú faoi Ordú Ghalar Johne, 1966 (Fógra agus Smacht ar Ghalair Ainmhithe) Ordú 2006 agus is Galar Aicme B é. Ionfhabhtú leis an bhfospeiceas paratuberculosis Mycobacterium avium (MAP) is cúis le galar Johne. Faigheann an chuid is mó den eallach

ionfhabhtú go luath ina saol trí MAP a ionghabháil trí ghruth, bainne, siní salaithe le faecas, uisce, beathú nó dromchlaí. Tig le ainmhithe fhásta ionfhabhtú a fháil ach is annamh a tharlaíonn sé agus ní nochtann siad aon chomhartha.

Go luath i 2003, chuir an Roinn deireadh le polasaí chun ainmhithe buailte a mharú agus cúiteamh a íoc ar a son nuair ba léir nach raibh éifeacht leis an gcur chuige seo.

Bhuail an Roinn leis na príomhpháirtithe leasmhara ar ócáidí éagsúla, ar nós Teagasc, Tréidliacht na hÉireann, CTEÉ, na cumann tógála eallaigh, na comharchumainn déiríochta, eagraíochtaí ionadaíocha na bhfeirmeoirí agus daoine eile le chéile chun díospóireacht a dhéanamh faoin gcaoi a bhféadfaí dul i ngleic leis an ngalar. I rith 2005 eagraíodh seimineáir faisnéise do chleachtóirí príobháideacha leasmhara, do Chomhairleoirí Teagasc agus d'fheirmeoirí. Chomh maith leis sin ghlac roinnt bheag tréad páirt i dtionscadal maidir leis an ngalar a rialú ar an bhfeirm. Rinneadh dul chun cinn chun cur chuige lánchomhtháite éifeachtúil a chur ar bun chun an fhadhb a réiteach lena ról sainithe marthanach féin ag gach ceann de na páirtithe leasmhara.

Cuireadh tús le suirbhé fánach ar shamplaí fola buabhaigh a cuireadh isteach chuig saotharlann na Roinne i gCorcaigh mar chuid den chlár díothú Brúsalóise. Tá anailís ar bun faoi láthair ar thorthaí an tsuirbhé seo agus beidh sé seo mar bhonn le léiriú cén céatadán den tréad náisiúnta atá faoi thionchar an choinníll seo.

FOTHÁIRGÍ AINMHÍ

Reachtaíocht um Fhotháirgí Ainmhithe

Bíonn timpeall ar 550,000 tonna d'fhotháirgí ainmhí mar thoradh ar an marú agus ar an bpróiseáil a dhéantar gach bliain ar 1.6m eallach, 2.6m muc, 3.3m caora agus 80m éineoil, agus ar bhás 230,000 ainmhithe buabhaigh ar an bhfeirm. Sa bhliain 2006, bhí 9 monarchana rindreála sa Stát a rinne próiseáil ar fhormhór an ábhair sin go raibh sé ina mhin chnámh agus ina gheire. Rinne foireann an Roinn Talmhaíochta agus Bia lánchigireacht ar na monarchana céanna.

Lean an Roinn ar aghaidh le forfheidhmiú an chóras smachta a foráladh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 maidir le bailiúchán, iompar, rindreáil, stóráil agus diúscairt fhotháirgí ainmhithe nach raibh ceaptha do bhéal an duine. Fágann forfheidhmiú an Rialacháin, a ráthaíonn sláinte an bhia agus slándáil an tslabha bhia trí bhaol atreorú neamhdhleathach na dtáirgí ainmhí, go mbíonn caighdeán ard cosanta ann i gcás sábháilteacht an ainmhí agus an phobail.

Tá an Coimisiún Eorpach tar éis roinnt rialacháin leasúcháin a thabhairt isteach agus tá an Roinn tar éis túsáite a thabhairt díobhsan trí bhearta náisiúnta a thabhairt isteach anseo. Mar chuid de na leasúcháin atá á dtabhairt isteach sa réimse seo, aisghaireadh Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fotháirgí Ainmhithe) 2003 – I.R. UIMH 248 de 2003, mar atá leasaithe ag I.R. UIMH 707 de 2005, Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fotháirgí Ainmhithe) (Leasú) 2005 éifeacht do Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 agus rinneadh leasuithe eile ar an Rialachán sin ó shin I.R. UIMH 612 de 2006. Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Encephalopaití Spongiform Intarchuirthe agus Fotháirgí Ainmhithe) 2006.

Cuireadh tuilleadh feabhais ar chóras diúscartha fotháirgí ainmhí nuair a faomhadh cúig mhúirínlann chuige sin sa bhliain 2006. Reáchtáil an Roinn seimineár eolais i dtaobh tionscal an mhuirín agus an bhithgháis agus d'fhoilsigh ábhar treorach do lucht an tionscail.

Tá tuilleadh ábhair threoraigh á réiteach faoi láthair chun go gcuirfí próitein mhamaigh tríd bia pheataí leasachán orgánach agus feabhsúhán ithreach Coinnítear an Roinn ar an eolas faoi na forbairtí nua sa réimse agus tugann sí gach spreagadh do mhodhanna nua próiseála, úsáide agus diúscartha fotháirgí bhia, go háirithe d'úsáid mhin chnámh agus geire i nginiúint fhuinnimh/ teasa.

Tabhairt isteach an Chláir Iompair

Chun méadú ar na smachta a bhaineann le láimhseáil agus le hiompar ainmhí, táthar tar éis dul chun cinn a dhéanamh ar thabhairt isteach chlár faofa d'iompróirí, beart a chinnteoidh nach gcuirfear na fotháirgí ainmhí chun úsáid neamhdhleathaí. Beidh ar gach carraer a iompraíonn fotháirgí ainmhí clárú a dhéanamh ar a choimeádán feasta agus beifear ag súil go mbeadh na coimeádáin sin dóthain tiomanta d'iompar na bhfotháirgí ainmhí le go seachnófaí an traséilliú. Leagann an cur chuige seo, i gcomhthéacs smachta an TSE, an-bhéim ar an ngá atá ann chun fotháirgí ainmhí agus táirgí próiseáilte a choinneáil glan ar an slabhra bhia nó bheathú.

Mar chuid lárnach de chur chuige na Roinne, bhí an eisiúint a rinne sí ar threoracha tionscail agus chuige sin, d'oibrigh an Rannóg um Fhotháirgí Ainmhí go dlúth i gcomhar le lucht an tionscail ó thaobh mhonatóireacht, smachtú agus ghluaiseacht fotháirgí ainmhí. Bhí toradh spreagúil ar an tionscnamh nua seo go dtí seo agus cláraíodh 153 iarrthóir leis.

Scéim Deontas Caipitil do Dhiúscairt Chonablaigh Ainmhithe

Tugadh isteach Scéim Deontas Caipitil do Dhiúscairt Chonablaigh Ainmhithe i 2002 faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Is í aidhm na scéime cabhrú le hinfheistíocht i saoráidí cuí chun ainmhithe tite a láimhseáil agus a stóráil le béim ar sheirbhís chuimsitheach bailiúchán ainmhithe a chur ar bun i gceantair sa tír nach raibh freastal á dhéanamh orthu cheana féin. Faoin scéim, cuirtear maoiniú ar fáil chun bailiúchán agus cóireáil fuíolluisce a fheabhsú.

Bhain caiteachas caipitil de €393,000 le deich dtionscadal a cuireadh i gcrích i 2006.

An Scéim Um Ainmhithe Tite

Tugadh An Scéim Um Ainmhithe Tite (SAT) isteach ar lorg an Scéim Cheannach um Dhíothú ar mhaithe le bonn níos láidre fós a chur faoi na córais a bhí ann cheana ag bailitheoirí na n-

ainmhithe tite, agus chun líon na n-ainmhithe bailithe a uasmhéadú, chun ceanglais ESB a chomhlíonadh, chun adhlacadh ceadúnaithe a íoslaghdú agus chun sochair thimpeallachta bhreise a chur ar fáil. Faoin scéim seo, íocfaidh na feirmeoirí bailitheoirí ceadúnaithe na n-ainmhithe tite agus a ngníomhairí ainmnithe as bailiú na n-ainmhithe buabhacha tite agus tabharfaidh an Stát fóirdheontas breise dóibh chuige.

Tugann Rannóg na nAinmhithe Tite tacaíocht do rindreáil na n-ainmhithe tite chomh maith.

Diúscairt Feola agus Mhin Chnámh

D'fhan an toirmeasc ar fheoil agus min chnámh (MBM) a thabhairt mar bheathú do ainmhithe feirme, a tugadh isteach ag deireadh 2000, i bhfeidhm i 2006.

Faoi dheireadh 2006, rinneadh MBM, min fola agus min éanlaith, a bhí á stóráil ó thús 2001, a dhiúscairt i saoráidí fhaofa loscadh sna R.A. agus sa Ghearmáin ar chostas timpeall €23.5 milliún. 166,000 tonna ar fad a bhí i gceist.

D'íoc an tionscal as costais diúrscartha MBM a táirgíodh ó mí Mheitheamh 2003 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

LEAS AINMHITHE

Cosaint Ainmhithe Feirme

Is iad na hAchtanna um Chosaint Ainmhithe, 1911 agus 1965, na príomhreachtanna a rialaíonn cruáltacht d'ainmhithe in Éirinn. Tá an reachtaíocht á fhorfheidhmiú ag an nGarda Síochána, agus tá sé de chumhacht acu, nuair a fhaigheann siad gearán, fiosrúchán a dhéanamh agus duine ar bith a gcuirtear ina leith go ndearnadh sé/ sí gníomh cruálach ar ainmhí a ionchúisiú. Rinne oifigigh na Roinne cásanna cruálachta nó faillí ar ainmhithe feirme a tuairisciú i gcomhar leis na Gardaí nó le foirne tréidliachta na nÚdarás Áitiúla. Phléigh an fhoireann go dearbhghníomhach le cásanna a bhain le hainmhithe a raibh dochar déanta dá leas in ionaid éagsúla ar fud na tíre.

Tá caighdeáin leasa níos déine i bhfeidhm anois d'ainmhithe feirme agus caithfear iad a fhorfheidhmiú don chuid is mó ag leibhéal na feirme. Tá forlíonadh déanta ar an Acht um Chosaint Ainmhithe a Choinnítear le hAghaidh Feirmeoireachta, 1984 ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Cosaint Ainmhithe a Choinnítear le hAghaidh Feirmeoireachta) 2006 (I.R. Uimh. 705 de 2006) a thugann éifeacht do Threoir 98/58/EC na Comhairle (mar atá leasaithe ag Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 806/2003) a leagann síos an caighdeán maidir le hainmhithe a choinnítear le haghaidh feirmeoireachta a chosaint agus a éilíonn ar úinéirí agus ar dhaoine atá i mbun ainmhithe leas a gcuid ainmhithe a chinntiú.

Smachtú Capall

Tugadh an tAcht um Smacht ar Chapaill, 1996, isteach chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na gcapall a bhíonn ar fánach, i gceantair uirbeacha go háirithe. Fágann an tAcht, ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta 1997, go bhfuil sé de dhualgas go príomha ar na húdaráis áitiúla smacht a choinneáil ar chapaill fhánacha. Is féidir leis na húdarais ceantair faoi smacht a shainiú, áit nach féidir le duine capall a bheith aige gan cheadúnas. Tá forálacha san Acht freisin maidir le himeachta cheadúnaithe agus ionannú capaill, cosc ar dhíol capall do mhionaoisigh, gabháil agus coinneáil capaill ar fánach, coigistiú capaill a bhíonn ar strae go rialta, fáil réidh le capall a ghabhann na húdaráis áitiúla, agus freagracht choiriúil sa chás go gceadófaí nó go gcúiseofaí don chapall a bheith ina ábhar dáinséir do dhuine nó dáitreabh Baineann an tAcht freisin le ceist ábhair núise dóibh siúd atá sna háitribh in aice leis na ceantair a bhfuil na capaill á gcoinneáil iontu.

De réir an Achta, tá sé de chead ag an Aire deontais a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla chun íoc as na costais a bhíonn i gceist agus iad á chur i bhfeidhm. Sa bhliain 2006, chuir an Roinn maoiniú de €1.66m san iomlán ar fáil do 18 Údarás Áitiúla.

Iompar

Maidir le hiompar, leagann na hOrduithe um Ghalair ar Ainmhithe (Cosaint Ainmhithe le linn Iompair), 1995, 1997, 2001 agus 2003 dianchaighdeáin síos do láimhseáil ainmhithe agus do staid dheisiúcháin agus sláintíochta feithiclí, agus, ar thurais fhada, caighdeáin do bheathú, uisciú, tréimhsí sosa, amannta turais agus dlúis stoic le linn iompair. I mí na Samhna, 2006 aisghairmeadh an tOrdú thuas le Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fotháirgí Ainmhithe) (Leasú) 2006 (I.R. Uimh. 267 de 2006).

Coinníonn an Roinn clár faofa náisiúnta d'iompróirí agus de tharlóirí. Déantar monatóireacht freisin ar thurais iompróirí idirnáisiúnta agus seiceáiltear pleananna bealaigh le cinntiú go ndéantar ainmhithe a iompar de réir chaighdeán sonraithe leasa.

Beidh feidhm le Rialacháin Comhairle 1/2005 ón 5 Eanáir 2007 do dhaoine a iompraíonn a n-ainmhithe féin chomh maith le hiompróirí tráchtála a iompraíonn gach speiceas d'ainmhithe veirteabracha ar thurais fhada agus ghearra. Leagann sé síos riachtanais oiliúna agus údaraithe dóibh siúd atá rannpháirteach in iompar agus do dhaoine a láimhseáileann ainmhithe ag ionaid tionóil. Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Cuaille Ghluaiseacht agus Smacht Ainmhithe) 2006.

Chuaigh an Roinn i gcomhar le páirtithe leasmhara, eagraíochtaí feirmeoireachta, iompróirí ainmhithe beo, oibreoirí Ionad Tionóil agus Margaí Beostoic agus grúpaí leasa ina measc, maidir le forfheidhmiú an Rialacháin. I rith 2006, chuir an Roinn córais ar bun maidir le forfheidhmiú an Rialacháin.

An Chomhairle Chomhairleach um Leas Ainmhithe (CCLA)

Tá an Chomhairle seo ionadaíoch do leasa éagsúla, agus is é a cuspóir comhréiteach a lorg agus comhairle a chur ar an Aire maidir le saincheisteanna a bhaineann le haire agus le leas ainmhithe feirme.

I 2006 leanadh leis an gCóras Luathrabhaidh/Idirghabhála (CLI) do Chásanna Leasa Ainmhithe a oibriú ina chéad bhliain iomlán i réigiúin uile. Thug an Chomhairle Chomhairleach um Leas Ainmhithe (CCLAF) an córas seo isteach i 2004 agus tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia, Cumann Fheirmeoirí Éireann agus Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe rannpháirteach ann. Tá sé de chuspóir ag an gcóras seo creatlach a chur ar fáil inar féidir fadhbanna a aimsiú sula mbíonn siad tromchúiseach nó dosháraithe. I rith 2006, tionóladh cruinnithe le comhlachtaí poiblí eile, na Gardaí, Tréidliacht na hÉireann agus Seirbhísí Tréidliachta na nÚdaras Aitiúla ina measc, chun méadú ar eolas ag leibhéal áitiúil maidir le (CLI).

I 2006 chuir an Chomhairle Chomhairleach um Leas Ainmhithe Feirme (CCLAF) a Tuarascáil Bhliantúil do 2005 faoi bhráid an Aire.

Coiste Comhairleach Eolaíoch um Sláinte agus Leas Ainmhithe

Tá saineolaithe eolaíochta le taithí i réimse disciplíní ar nós riar ainmhithe, iompraíocht ainmhithe, míochaine cliniciúil, baictéareolaíocht, eipidéimeolaíocht, seadeolaíocht agus víreolaíocht ina mbaill den Choiste seo. Is é príomhfheidhm an Choiste comhairle, le léargas eolaíoch, a chur ar an Aire faoi shaincheisteanna ina bhfuil gá le tuairim shaineolaíoch neamhspleách.

Ag leanúint an Choiste Comhairleacha Eolaíochta ar Thuairisc um Shláinte agus Leas Ainmhithe ar "The Use of Electro-immobilisation on Live Farm Animals in Ireland" i 2005 agus comhairle le geallsheilbheoirí bhog an tAire le cosc a chur ar dhíluailiú leictreach ó mhí Mheithimh 2007.

Leas Laonna, Muca agus Béaróga

Bhí iniúchtaí ann maidir le leas laonna, muca, agus cearca agus críochnaíodh tuarascálacha ag géilliúint do riachtanais AE.

Córas Cigireachta Leas Ainmhithe (CCLA)

Síníodh an córas seo amach ó réimse na gcigireachtaí ar an bhfeirm a bhí ann cheana chun leas ainmhithe le linn cigireachtaí iompair a chur san áireamh. Is ag Margaí Beostoic agus i sáinseáin na monarchana maraithe a dhéanann an chigireacht tréidliachta formhór na gcigireachtaí seo. Cuirtear seimineáir oiliúna ar fáil chun cabhrú le baill foirne an córas nua a oibriú.

Eagraíochtaí Leas Ainmhithe

I 2006 d'fhaomhaigh an tAire deontais de €1.2 milliún san iomlán do 94 eagraíocht leas ainmhithe a chuireann seirbhísí aire agus leas ainmhithe ar fáil ar fud na tíre chun cabhrú lena gcuid oibre i 2007.

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

Go déanach sa bhliain 2006, tugadh saotharlanna éagsúla na Roinne le chéile faoi Stiúrthóir Seirbhísí Saotharlainne. Is é an coimpléasc saotharlainne nua i mBacastún is ceanncheathrú don tseirbhís seo agus é nach mór cóirithe críochnaithe ó thaobh obair shnagála de ó thaobh fháil agus choimisiúnú trealaimh. De réir mar a cuireadh níos mó spáis saotharlainne ar fáil le linn na bliana, d'aistrigh baill foirne ó Bhaile an Aba go dtí an coimpléasc saotharlainne nua. Faoi dheireadh mhí na Nollag, bhí formhór na foirne tar éis bogadh go Bacastún agus gan ach dornán beag daoine fágtha sa CVRL i mBaile an Aba.

Áis iontach iomlán nua atá sa choimpléacs a bhfuil an bonneagar saotharlainne ann chun freastal ar na feidhmeanna díagnóiseacha, rialacháin, taighde agus forbartha go léir a bheidh faoina chúram.

Is éard atá i seirbhís na leabharlainne coimpléacs lárnach saotharlainne i mBacastún mar aon le dornán saotharlann eile faoin tír. Tugadh go leor saotharlanna éagsúla le hiliomad feidhmeanna faoin aon díon amháin i mBacastún. Is iad seo a leans na saotharlanna atá i gceist:

- Saotharlann Lárnach na Roinne um Thaighde Tréidliachta (agus na Rannóga Baictéareolaíochta, Paiteolaíochta, Vireolaíochta,agus Aonad Iniúchóireachta Saotharlainne ar fad istigh léi)
- An tSaotharlann Lárnach um Rialú Feola
- an tSaotharlann um Rialú Lotnaidicídí
- Saotharlanna Tástála Síl agus
- An tSaotharlann Eolaíocht Déiríochta

Chomh maith leis an gcoimpléacs i mBacastún, cuimsíonn an tSeirbhís Saotharlainne ina hiomláine sé cinn de Shaotharlanna Réigiúnacha Tréidliachta eile (a bhfuil de phríomhchúram orthu féachaint i ndiaidh diagnóis agus faireachas galair) i mBaile Átha Luain, i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath, i gCill Chainnigh, i Luimneach agus i Sligeach, chomh maith le Saotharlann Bhrusalóise i gCorcaigh agus dhá Shaotharlann Eolaíocht Déiríochta réigiúnacha i Luimneach agus i gCorcaigh.

An tSaotharlann Tréidliachta

Agus na custaiméirí á chur ar an eolas trí fhaireachas ginearálta galair, d'fhoilsigh an tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta leabhrán ar Fhaireachas Saotharlainne Tréidliachta do 2005 a bhí bunaithe ar an bhfaire éighníomhach a déanta acu i rith na bliana (.i. Tuarascáil Fhaireachas Saotharlainne Tréidliachta) Is éard atá sa tuairisc seo, ar chuir na CVRL go léir faisnéis ar fáil chuige, cuntas ar na haighneachtaí chun na Saotharlanna Réigiúnacha Tréidliachta agus anailís ar na cúiseanna maruithe agus ginmhillte ba mhinicí a tháinig chun cinn i gcás eallaigh agus caorach, maistíteas eallaigh, eintríteas laonna, mar aon le tuairisc ar ráigeanna amhrasta ghalar crúibe agus béil. Cuireadh cóip den tuarascáil chuig tréidliachleachtóirí ar fud an stáit agus tá sí ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie

Tá anailís ar na sonraí don bhliain 2006 ar bun faoi láthair agus taispeánann an phíchairt thíos minicíocht na ngníomhairí a bhfuil baint acu le heintríteas i laonna i rith 2006:



An Rannóg Phaiteolaíochta

Trí rannóg faoi leith atá sa Rannóg Phaiteolaíochta i mBacastún – An Histeapaiteolaícht, An Phaiteolaíocht Chliniciúil agus Saotharlann Réigiúnach Tréidliachta Bhaile Átha Cliath (SRT).

Ós í an tSaotharlann Thagartha Náisiúnta (STN) í, is faoin **Rannóg Histeapaiteolaíochta** na cásanna amhrasacha ESB agus scráibigh go léir a dheimhniú ar bhonn chláir fhaire, idir ghníomhacha agus éighníomhacha. Tá LTN STN freagrach freisin as faomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar na saotharlanna príobháideach go léir a bhfuil mearthástála TSE á ndéanamh acu faoi EU 999/2001. Ó mhí Eanáir 2005 i leith, thug an Rannóg Histeapaiteolaíochta faoi thástáil idirdhealaitheach a dhéanamh freisin ar chásanna scráibigh chun a bheith cinnte aon leithliseach le tréithe an ESB a aithint. Níor aimsíodh aon leithliseach dá leithéid go dtí seo.

Sa bhliain 2006, díríodh am agus achmhainní Rannóg na Histeaophaiteolaíochta, cuid mhaith ar shainoiliúint inseirbhíse paiteolaithe an SRT.

Tá **Rannóg na Paiteolaíochta Cliniciúla** freagrach as anailísí (macra-, rian agus trom) mhiotail a dhéanamh ar fhíogáin fhola agus ainmhí, agus rianaíonn sí gníomhaíocht mheitibilítí agus einsíme i séiream chun diagnóisiú a dhéanamh ar ghalair eacnamaíochta ainmhí nó ar theagmháil an ainmhí le truailliú timpeallachta.. Ní hamháin go dtugann an Rannóg saintacaíocht do na STR-anna, ach déanann sí idirbheartaíocht freisin le heagraíochtaí eile Stáit ar nós an ÚSBÉ agus an GCT chun sainchomhairle a chur ar fáil maidir le sábháilteacht bhia agus sláinte chomhshaoil an ainmhí. Sa bhliain 2006, chuidigh sí leis an iniúchadh a rinnneadh ar eachtra thruaillithe mhianadóireachta i gCondae Thiobraid Árann. Ba chabhair iad na huirlisí ionsúite adamhaigh agus an trealamh cliniciúil anailíseora a bhí díreach gnóthaith ag an Rannóg chun na torthaí a chur fáil in am don GCT, príomheagraíocht an fhiosrúcháin seo.

An Rannóg Vireolaíochta

Rinneadh suirbhé ar 1,000 eiseamal d'éin fhiáine don Víreas Fliú Éanúil (FÉ) mar chuid den chlár bliantúil fhaireachais ghníomhaigh. Mar thoradh ar fhaireachas éighníomhach, rinneadh suirbhé breise ar 1,500 eiseamhal d'éin fhiáine de réir ISP fíorama móide/ nó leithlisiú víris. Rinneadh leithlisiú ar cheithre víreas den fhliú éanúil neamhphatigíneach as na samplaí de na-héin fhiáine.

De bhrí go raibh an H5N1ina scéal mór ag an bpobal i mbliana, rinneadh tástáil don víreas ar 500 eiseamhal éineola agus éin chime eile. Chomh maith leis sin, rinneadh 37,478 séiream éanlaith chlóis a mheas d'antasubstaintí don FÉ mar chuid de dhá mhórshuirbhé náisiúnta agus ar chúinsí trádála. Níor aithníodh víris mhórphataigéineach H5 nó H7 den fhliú éin orthu.

Tuairiscíodh teagmhas den Each-Anaemacht Tógálach (EAT) den chéad uair in Éirinn i mí an Mheithimh 2006. Thug an Roinn Talmhaíochta agus Bia faoi chlár chun an galar a choinneáil faoi smacht láithreach. Mar chuid den chlár sin, bailíodh 2,205 séiream ó chigirí tréidliachta agus ó thréidlianna príobháideacha agus rinnneadh iad a scrúdú de réir tástáil ghlóthán agair imdhíon-scaipthe (Coggin). I mí Dheireadh Fómhair, thástáil ELISA 6,925 séiream ar bailíodh iad i gCondae na Mí agus i gCondae Chill Dara mar chuid de chlár fhaireachas an RTB. Leanfar den fhaireachas sin amach sa bhliain 2007.

Is ionann an Rannóg Vireolaíochta agus an tSaotharlann Náisiúnta Thaighde um ETA agus sa bhliain 2006 faomhadh saotharlann eile chun tástálacha oifigiúla a chur i gcrích. Caithfear aon tástáil dhearfach a thagann chun cinn a

dheimhniú ag Bacastún, áfach. Bhí 28 cás dearfach ann sna capaill a ndearnadh tástáil orthu go dtí seo.

Saotharlann Náisiúnta Thaighde atá i Rannóg na Vireolaíochta do víreas na gormtheanga. Mar gheall ar na ráigeanna de ghalar na gormtheanga a bhain do Thuaisceart na hEorpa sa bhliain 2006, bailíodh 403 séiream ó eallaigh agus ó chaoraigh a iportáladh ón gceantar sin i leath deiridh 2006 agus rinne an ELISA iad a thástáil d'antasubstaintí. Rinneadh séireamshuirbhé freisin ar an tréad náisiúnta .i. ar 1,020 eallach as 102 tréad i gCorcaigh, i bPort Láirge,i Loch Garmáin agus i gCill Mhantáin. Bhí toradh diúltach leis an dá shuirbhé.

Rinneadh suirbhéanna náisiúnta séireolaíochta do mhórán galar liostaithe ar nós Crúibe agus Béil, don ghalar Saicíneach Muice, don bhFiabhras Clasaiceach Muice, don Ghalar Muice Afraiceach, agus do lúcóise bhuaibheach enzóitise. Chomh maith leis sin, bhí an tsaotharlann páirteach i bhfáinne-thrialacha an AE do FÉ,NDV, FMDV, SVD, CSF, ASF, BT (2 thrial) agus AHS.

Rinneadh 553 séiream ó 362 capall folaíochta a mheas d'antasubstaintí don each-artairíteas víreasach (EAV) mar chuid de riachtanais vaicsínithe an EAV, agus rinneadh timpeall ar 50,000 séiream a thástáil d'antashubstaintí do mhíocóphlasma éagsúla éineola. Mar chuid de chár náisiúnta díothú ghalar Aujeszky (GA) , rinneadh muca ó thréada ramhraithe a thástáil agus scrúdaíodh samplaí freisin ó thréada ar theastaigh uatha a "stádas GA" a chur díobh.

Cuireadh seirbhís chuimsitheach víreolaíoch ar fáil le haghaidh muc, caorach, gabhar agus éineola agus tástáladh breis is 40,000 sampla. Feabhsaíodh an tseirbhís dhíagnóiseach seo nuair a tugadh imoibriú slabhrúil polaiméaráise (ISP) isteach do ghalair riospráide bhuabhacha agus nuair a seoladh suíomh na Rannóige ag www.agriculture.gov.ie/virology.

An Rannóg Bhaictéareolaíochta

Sa bhliain 2006, roghnaíodh an tseirbhís saotharlainne tréidliachta (SST) chun freagrachtaí breise a thabhairt uirthi féin mar Shaotharlann Náisiúnta Thaighde Bhia agus Bheathaithe sna réim: Zúnóisí (salmonella) VTEC Escherichia coli, Campylobacter, Paraisítí, Fritíocht antamhiocróbach, TSE-anna, agus aimsiú iarmhair bheathú de bhunús ainmhithe. Chuir an SST tástáil i gcrích in Éirinn freisin do bhonnstaidéar a bhí ar bun ag an gCoimisiúin maidir leis an leibhéal de Salmonella a bhí i ngríoscacháin agus i mí Dheireadh Fómhair, thosaigh siad ar shuirbhé eile a dhéanamh ar an leibhéal salmonella a bhí i dturcaithe agus i muca. Bainfear leas as na staidéir seo chun spriocanna smachta a leagan amach do Bhallstáit an AE.

Cuireann gréasán Saotharlanna Réigiúnacha Tréidliachta (SST-anna) na Roinne sainàiseanna diagnóisithe ar fáil ag áiteanna cuí ar fud na tíre. Sa bhliain 2006, b'ionann na SST-anna agus céadbheart cosantach na Roinne maidir le fliú éanúil an-phataigéineach den fho-thíp H5N1. Rinne SST Bhaile Átha Cliath tástáil ar bhreis is 800 éin fhiáine i gcaitheamh na bliana. Rinneadh iniúchadh freisin ar ráigeanna amhrasacha mortlaíochta in éanlaith.

Chuidigh na SST-anna le scéimeanna na Roinne maidir le smachtú agus díothú galar sa bhliain 2006. Bhí imscrúduithe paiteolaíochta do chlár smachtú víris Each-Anaemacht Tógálach (EAT) ar cheann de na scéimeanna sin.

Smachta um Fhuíll Lotnaidicídí i mBia

Fágann gnáthaimh tháirgíochta an lae inniu go mbíonn éagsúlacht mhór agus riar maith bia d'ardchaighdeán ar fáil ar phraghas réasúnta ag an tomhaltóir. Bíonn cur ar fáil go leor den bhia sin ag brath ar úsáid tháirgí cosanta plandaí chun smacht a choinneáil ar lotnaidicídí agus chun an táirgíocht féin a uasmhéadú. Faoi choinníollacha diansmachtaithe amháin is ceadmhach táirgí cosanta plandaí a úsáid. Ar cheann de na smachta is tábhachtaí atá ann chun a sábháilteacht a chinntiú, leagtar amach uasmhéid cainníochtaí táirgí dá leithéid i mbianna. Bunaíodh na hUasleibhéil Iarmhar Lotnaiticídí trí reachtaíocht na hEorpa agus úsáideann na hÚdaráis iad chun smacht a choinneáil ar úsáid táirgí cosanta plandaí agus chun a chinntiú go bhfuil an bia cóireáilte sábháilte don tomhaltóir. Cuireann Seirbhís Smachta Lotnaitícídí na Roinne cláir mhonatóireachta ar bun

ina ndéantar measúnú ar leibhéil iarmhair i mbia na hÉireann. Déanann an Roinn na cláir seo i gcomhaontas leis an Údarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann(ÚSBÉ) Tá torthaí na mblianta atá imithe thart mar aon leis na rioscmheastúcháin a éiríonn as na torthaí sin do thomhaltóirí na hÉireann le feiceáil/ le híoslódáil ar shuíomh na Roinne (http://www.pcs.agriculture.gov.ie/ppp.htm).

SLÁINTE PHLANDAÍ

Cosaint Phlandaí

Rinne Seirbhís Chosaint Phlandaí na Roinne gníomhaíochtaí i rith 2006 chun stádas sláinte phlandaí na tíre a chosaint agus a chaomhnú. Bhí na gníomhaíochtaí seo leanas sa chlár gníomhaíochta:

- Rinneadh cigireachtaí éigeantacha sláinte phlandaí ar phlandaí agus ar tháirgí plandaí a allmhairíodh go díreach isteach go hÉirinn ó thíortha treasacha agus níos scaoileadh saor iad go dtí go raibh sé deimhnithe go raibh riachtanais sláinte phlandaí an AE comhlíonta.
- Choinnigh Éire a stádas mar cheantar cosanta don bhaictéar Erwinia amylovora de bharr a haighneachta i bhfoirm suirbhé náisiúnta agus meastúcháin de réir riachtanais an AE ag an gCoimisiún Seasmhach um Shláinte Phlandaí.
- Leanadh ar aghaidh le monatóireacht ar áitribh atá cláraithe faoin Scéim Chlárúcháin Sláinte Phlandaí, agus ar ionaid eile ina mbíonn ábhar atá faoi réir na riachtanas sláinte phlandaí i dtrádáil, ar feadh na bliana;
- Rinneadh orgánaigh choraintín agus baolacha a idircheapadh ar roinnt ócáidí ach deileáladh leo seo uile go rathúil agus níor bunaíodh ceann ar bith díobh sa tír;
- Leanadh den suirbhé do Phytophthora ramorum agus chuaigh Éire isteach in Anailís Riosca Lotnaide ne hEorpa do Phytophthora ramorum (RAPRA);
- I ndiaidh mhonatóireacht a dhéanamh ar bharraí arbhair indiaigh, is léir go bhfuil Éire ar cheann den bheagán ceantar gan Diabrotica virgifera atá fágtha san AE.

Cosaint Fhoraoise agus Sláinte Fhoraoise

Tá Seirbhís Foraoise na Roinne freagrach as gnéithe foraoiseachta Threoir Chomhairle 2000/29/EC maidir le bearta cosantacha i n-aghaidh orgánach atá docharach do phlandaí agus do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus in aghaidh a scaipeadh laistigh den Chomhphobal a fhorfheidhmiú. Tá na forálacha maidir le hadhmaid, pacáistiú adhmaid, plandaí foraoise agus crainn Nollag i measc na ngnéithe foraoiseachta.

Ba iad seo leanas na príomhghníomhaíochta cosanta foraoise i 2006:

- Suirbhé nua náisiúnta don ghálfhoiche oirthearach cnó capaill.
- Suirbhé náisiúnta foraoise le haghaidh néimeatóid ghiúise;
- Suirbhé náisiúnta foraoise le haghaidh bás tobann darach;
- Suirbhéanna náisiúnta foraoise le haghaidh 11 lotnaidí agus galair a bhfuil stádas Cheantar Cosanta ag Éirinn ina n-aghaidh san AE;
- Cigireacht ar allmhairithe adhmaid;
- Cigireacht ar phacáistiú adhmaid atá comhcheangailte le hallmhairithe earraí de gach cineál le tagairt ar leith do ghéilliúlacht le ISPM Uimh. 15 (féach thíos);
- Seirbhís chomhairleach a sholáthar maidir le rialacháin allmhairiú adhmaid agus ábhair ghinearálta maidir le lotnaidí agus galair fhoraoise.

Maidir le honnmhairithe tá an tSeirbhís Foraoise freagrach as forfheidhmiú an Chaighdeáin nua Idirnáisiúnta do Bhearta Fitishláintíocha (ISPM) Uimh, 15, Treoirlínte chun pacáistiú adhmaid i dtrádáil idirnáisiúnt a rialadh.

Ba iad seo leanas príomhghníomhaíochtaí 2006:

- Táirgeoirí phacáistiú adhmaid, oibreoirí áitheanna agus cuideachtaí toitrithe a chlárú agus a inniúchadh;
- Comhairle a chur ar chuideachtaí onnmhairithe Éireannacha maidir le ISPM Uimh.15;
- Teastais Fhíteashláintíocha a eisiúint don scéim phacáistiú adhmaid ghaolmhar le haghaidh onnmhairithe earraí de gach cineál chun na Síne.

Léiríonn sonraí ó phlotaí Foraois-Dhírithe Leibhéil 1 go bhfuil dea-chaoi i gcónaí ar fhoraoise na hÉireann.

Sprioc 3 – Eacnamaíocht agus timpeallacht na tuaithe

Forbairt eacnamaíocht na tuaithe a chothú chomh maith le córais thalmhaíochta, fhoraoiseachta agus tháirgíochta bia atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus inbhuanaithe, agus cabhrú leis an athrú struchtúrtha

An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (SCTT)

Gné den Scéim ba ea an rannpháirteachas agus an leibhéil chaiteachais in SCTT i 2006 a sháraigh ar tharla riamh cheana. Bhí ardú ar leibhéil rannpháirteachais go dtí níos mó ná 59,000 agus rinneadh íocaíocht de €330 milliún sa bhliain, an caiteachas ab airde ar an Scéim in aon bhliain amháin ó tugadh isteach í i 1994. Bhí an scéim 75% comh¬mhaoinithe ag an AE i gcónaí sa bhliain 2006 agus ó tugadh isteach i lár na bliana 1994 í sheachaid sí i dtéarmaí airgeadais níos mó ná €2.2 billiún in íocaíochtaí d'fheirmeoirí. Ní hamháin go ndeachaigh na híocaíochtaí sin chun sochair na ndaoine aonair a fuair iad ach ba chuidiú suntasach iad i ndáil le cothú pobail agus timpeallacht tuaithe.

Ar an 31 Nollaig 2006, ní fhéadfadh aon iarrthóir nua cur isteach ar scéim SCTT, ón uair go raibh deireadh tagtha le clárthréimhse dheireanach fhorbairt tuaithe an AE. Cuireadh moltaí do scéim nua faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí na Nollag 2006 mar chuid de dhréacht Phlean Forbairt Tuaithe 2007-2013. Cuireadh na moltaí i dtoll a chéile i ndiaidh phróiséas leitheadach comhairleoireachta le heagraíochta feirmeoireachta agus le scairshealbhóirí eile. Cloítear le struchtúr na seanscéime sa dréacht nua ach leagtar roghanna nua bithéagsúlachta amach ann freisin, mar aon le bearta breise a léiríonn na tosaíochtaí atá faoin AE don chlár nua: An bhithéagsúlacht, athrú aeráide agus caighdeán uisce. Déanfaidh an scéim nua atá molta méadú 17% breise ar rátaí íocaíochta, í ag teacht le Comhaontas Sóisialta I dTreo 2016.

Scéim Bainistíochta Dramhaíl Feirme

Is faoi choimirce an Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 a chuirtear i bhfeidhm an Scéim Bainistíochta Dramhaíl Feirme. Tá na sonraí ar fáil i Sprioc 1 faoi Phlean Forbartha Náisiúnta.

Scéim Luathscoir ón Fheirmeoireacht

Bhí éileamh beagán níos mó ar Scéim Luathscoir ón Fheirmeoireacht sa bhliain 2006 thar mar a bhí sa bhliain 2005, agus chuir 341 isteach uirthi i gcomórtas le 296 an bhliain roimhe. Bhí an líon sin i bhad níos lú, áfach ná a raibh réamh-mheastaithe nuair a seladh an scéim siar i mí na Samhna 2000. Ní fhéadfadh aon iarrthóir nua cur isteach ar Scéim Luathscoir ón Fheirmeoireacht ó mhí Nollag 2006 i leith, mar a bhí fíor faoi SCTT. Cuireadh moltaí do Scéim nua faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí na Nollag 2006 mar chuid de dhréacht Chlár Forbairt na Tuaithe 2007-2013.

D'fhógair an tAire Talmhaíochta agus Bia roinnt athruithe do théarmaí agus choinníolacha an Scéim Luathscoir ón Fheirmeoireacht i rith 2006. Ba é an t-athrú ba mhó orthu sin o thaobh na rannpháirtithe de, méadú ar uasmhéid ráta an phinsin ó €13,515 go €15,000. Maidir leis na rannpháirtithe a thagann faoi Sean-Scéim (1994-99), méadaíodh ar a n-uasmhéid ó €12,075 go €14,075. D'eascair na méaduithe sin as comhaontas leis na heagraíochtaí feirmeoireachta .i. I dTreo 2016 Íocfaidh an Státchiste Náisiúnta as na méaduithe sin go léir agus cosnóidh siad €33 milliún eile sa dhá bhliain den scéim atá romhainn.

Bia agus Feirmeoireacht Orgánach

Cé go raibh an earnáil orgánach beag in Éirinn le taobh an mhéain san AE, don dara bliain as a céile, bhí borradh beag le haithint uirthi. Ar leibhéal náisiúnta, tháinig méadú 15% ar an achar iomlán a bhí I mbun athruithe nó a raibh stádas orgánach gnóthaithe aige cheana féin. Tháinig méadú eile 14% ar an uimhir sin I 2006. Faoi dheireadh 2006, bhí beagán os cionn 1,270 oibreoir orgánach sa tír agus 40,000 heicteár faoi shaothrú orgánaigh. Tháinig borradh an-mhaith faoin margadh freisin , agus ceaptar go bhfuil luach €66 milliún leis

an earnáil orgánaigh in Éirinn inniu, ní hionann is €38 milliún sa bhliain 2003.

Lean an Roinn Talmhaíocht agus Bia de thacaíochtaí airgeadais substaintiúla a chur ar fáil i gcónaí do tháirgeoirí orgánacha ar bhonn an Scéim Chosanta Timpeallachta Tuaithe (SCTT) agus tríd an Scéim Cúnamh Deontais um Fhorbairt na hEarnála Orgánaí. Leagtar bearta amach i ndréacht an Chláir Forbairt Tuaithe don tréimhse 2007-2013 agus iad dírithe ar dhul chun cinn a spreagadh i réimse na curadóireachta agus na gairneoireachta, go háirithe. Moltar, mar shampla, nach mbeadh sé riachtanach ag feirmeoirí orgánacha a bheith sa SCTT chun íocaíochtaí tacaíochta a fháil.

Lean an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta don Earnáil Orgánach agus a dhá fhoghrúpa, an Grúpa Forbairt Mhargaidh Orgánaigh agus Grúpa Oibre Pháirtnéireacht na Saineolaithe i gcomhar lena chéile i gcaitheamh na bliana agus chuir an tUasal John Duggan, Cathaoirleach an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta don Earnáil Orgánach a thríú Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Aire Talmhaíochta agus Bia. Rinne an tAire baill an ghrúpa a athcheapadh go ceann trí bliana eile agus beidh an tUasal Duggan ina Chathaoirleach ina Chathaoirleach orthu i gcónaí.

Straitéis Athrú Aeráide Náisiúnta

Is é an Straitéis Athrú Aeráide Náisiúnta (2000) a leag síos na bearta is gá cur i bhfeidhm lena chur ar chumas na hÉireann a coimitmintí faoi Prótacal Kyoto (1997) atá ceangailteach ó thaobh dlí a chomhlíonadh sa chéad tréimhse coimitminte 2008- 2012. Is iad meiteán agus ocsaíd níotrúil na gáis cheaptha teasa is mó is cás leis an earnáil talmhaíochta phríomha. Sa bhliain 1990, bhí an talmhaíocht taobh thiar de 35.9% de na hasuithe in Éirinn ach tá laghdú an-mhór ag teacht ar an gcéatadán sin ó thaobh an iomláin náisiúnta de agus aisti féin. Faoi 2005, ní fhéadfaí ach 27.6% a leagan uirthi. Fágfaidh an díchúpláil, an phríomhchúis le laghdú na n-asuithe, agus an fhoraisiú, a bhfuil an-bhaint aige le stóráil charbóin, gur féidir 56% a thuar d'iomlán na laghduithe asuithe náisiúnta don tréimhse 2008-2012, ach ról na talmhaíochta agus na bhforaoisí a chur san áireamh.

Acmhainní Geiniteacha Plandaí

Lean an Roinn de thacaíocht airgeadais a chur ar fáil do thograí oiriúnacha a chuir scairshealbhóirí faoina bráid maidir le caomhnú agus úsáid Achmhainní Geiniteacha Plandaí a chur chun cinn. Tháinig réimse leathan speiceas i gceist leis na tograí maoinithe, agus úlla, glasraí, féir, líon, biatas muirí agus an fhoraoiseacht ina measc.

Caighdeán Uisce agus Bithéagsúlacht

Bíonn an Roinn i dteagmháil ar bhonn leanúnach le gníomhaireachtaí AE agus náisiúnta agus le Ranna Rialtais eile maidir leis na gnéithe talmhaíochta den pholasaí

timpeallachta atá ag teacht chun cinn. I rith na bliana 2006 d'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar réimse cheisteanna lena n-áirítear bithéagsúlacht agus forfheidhmiú breise na Treorach um Níotráití.

Treoir um Níotráití

I mí Iúil 2006, shínigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Rialacháin (Deachleachtais Talmhaíocht do Chosaint Uiscí) an Chomhphobail Eorpaigh a thug éifeacht dlíthiúil do Chlár Gnímh na hÉireann (IR. Uimh. 378 ó 2006) faoin Treoir um Níotráit. I mí Dheireadh Fómhair 2006, d'eisigh an Roinn Leabhrán Mínithe d'fheirmeoirí inar leagadh amach go soiléir a gcuid oibleagáidí faoin Rialachán. Tionóladh sraith cruinnithe eolais i mí na Samhna agus i mí na Nollag ina dhiadh sin agus mhínigh pearsanra na Roinne agus lucht Teagaisc na rialacháin níos mine fós agus thug freagraí ar cheisteanna na bhfeirmeoirí.

I mí na Nollag 2005 chuir Éire moltaí chuig Choiste Níotráití an AE mar gheall ar mhaolú ar an teorainn ghinearálta de 170 kg de nítrigin orgánach in aghaidh an heachtáir in aghaidh na bliana atá leagtha amach sa Treoir um Níotráití. Tá na moltaí sin a cheadódh maolú de suas le 250kg i gcúinsí fóirsteanacha tábhachtach ó thaobh na hearnála déiríochta diansaothair go háirithe ach rachaidh siad chun sochair feirmeoirí eile freisin. Vótáil an Coiste Níotráití i bhfábhar mholtaí na hÉireann i mí na Nollag 2006.

Úsáid Leasacháin

Díoladh 37,209 tona de fhosfar i 2005/2006 .i. ísliú de 42% sa díolacháin i gcomórtas le leibhéal 1989/90 nuair a taifeadadh díolachán de 64,573 tona. Díoladh 38,645 tona de fhosfar i 2004/2005 (Síneann an bhliain leasacháin ó 1 Deireadh Fómhair go dtí 30 Meán Fómhair).

Bhí laghdú go 345,154 tona in úsáid Nítrigine i 2005/2006 .i.

ísliú de 22% i gcomórtas le figiúr na bliana 1998/99 nuair a tháinig buaic ar úsáid Nítrigine ag 442,916 tona. Ba í 352,165 tona an úsáid Nítrigine i 2004/2005.

Cion na Foraoiseachta sa Gheilleagar Tuaithe

Is ar phrionsabail Bhainistíochta Inbhuanaithe Foraoise (BIF), mar ar socraíodh iad ag an Tríú Comhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip (Sa Phortaingéil i 1998) atá polasaí foraoise na hÉireann tógtha.

Tá Éire, ina bhfuil 10% den talamh faoi fhoraois, ar cheann de na tíortha is lú atá clúdaithe le foraois in Eoraip inarb é 40% an meán. Is í aidhm pholasaí foraoise an Rialtais méadú a chur ar an méid talamh faoi fhoraois go dtí 17% den limistéar talún faoi cheann 2035. Cé go bhfuil an leibhéal plandaithe tar éis titim le blianta beaga anuas ar chúiseanna éagsúla tá fás tagtha ar chumhdach foraoise na hÉireann ó níos mó ná 480,000 hecteáir i 1990 go dtí a bheag nó a mhór de 718,000 heicteáir i 2006. Cuireann an taighde is déanaí in iúl go gcruthaíonn foraoiseacht fostaíocht do tuairim is 16,000 duine. Tá 14,000 duine eile tar éis foraoisí a chur faoi scéimeanna éagsúla de chuid an rialtais. Fágann ilghnéitheacht obair na foraoiseachta go gcuidíonn sí go mór le heacnamaíocht na tuaithe e.g. fostaíocht, tionscal, breosla, caithimh aimsire, sláinte etc. I gcomhthéacs níos leithne, faoi Réiteach Kyoto, meastar go mbeidh luach €31m in aghaidh na bliana leis an gcarbóin a chuirfidh foraoisí na hÉireann sa chéad tréimhse coimitminte 2008-2012 san áireamh.

I mí an Mheithimh 2005, bunaíodh Grúpa Oibre Ardleibhéil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí foraoiseachta atá ann faoi láthair ag cuimhneamh ar thuarascáil Bacon ar an bhForaoiseacht agus an Rialachán Nua Forbartha Tuaithe. Tá ballchríoch á cur ag an nGrúpa ar an tuairisc faoi láthair.

Foráiltear sa Rialachán Forbartha Tuaithe anois d'íocaíochtaí chun cur níos mó le leas na timpeallachta trína gclár foraoiseachta agus íocaíochtaí timpeallacht fhoraoise san áireamh acu le haghaidh coimitmintí a théann thar na ceangail saoinordaitheacha ábhartha. Ar an mbonn sin, chuir an Roinn Scéim Chosantach Timpeallacht Fhoraoise (SCTF) ar bun go spreagfaí daoine chun foraoiseacht de luach ard nádúrtha a chur ar na feirmeacha atá istigh le Scéim Chosantach Timpeallacht na Tuaithe (SCTT). Leagadh an scéim seo amach i ndiaidh chomhairliúcháin leathan a dhéanamh le lucht na hearnála agus cuirfear i bhfeidhm ar bhonn píolota í ó 2007 i leith. Beidh ar fheirmeoir ar bith a chuirfidh foraoisí faoin SCCT obair faoi cheangail cuspóirí feabhsuithe timpeallachta, beidh roinnt de na ceangail sin riachtanach ach beidh roinnt eile le baint as cárta roghanna. Díreofar sa chárta sin ar bhithéagsúlacht, ghnáthóga, speicis, mheascadh agus ar éifeacht timpeallachta agus radharcra. Sáraíonn na caighdeáin nua gach a raibh de mhórchoimitmintí sa gháth-Scéim Athfhoraoiseachta.

An tAire Stáit Máire de Bhailís T.D le Tony Quinn, uasal, Cigire Fhardáil Conarthaí agus Diarmuid McAree, Príomhchigire na Foraoiseachta, lá tosaigh Fardáil na Foraoise i gCoillte Balrath i gCo. Na Mí, mí an Mheán Fómhair 2006.

An Fhoraoiseacht agus an Bhithfhuinneamh

Is féidir le bithmhais an adhmaid páirt an-mhór a bheith aici i straitéis bhithfhuinneamh na hÉireann. Tá sí in-athnuaite, carbóin-neodrach agus inbhuanaithe. Is é an t-adhmad an fhoinse is mó bhithfhuinnimh in Éirinn faoi láthair, agus é taobh thiar de 57% dar bhfuinneamh in-athnuaite

Is í príomhfhoinse adhmaid bhithmhaise na hÉireann a heastát náisiúnta foraoiseachta, a bhfuil 700, 000 heicteár de faoi láthair. Cuidíonn fás bharraí foraoise ar feadh gearruainíochta freisin chun cur le cruthú iomlán na bithmhaise mar fhoinse fhuinnimh.

Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia an-ghníomhach ag tabhairt spreagadh d'fhorbairt earnáil bhithfhuinnimh in Éirinn ar bhonn dornán scéimeanna tacaíochta, a bhfuil de phríomhchuspóir acu slabhra soláthar éifeachtach éifeachtúil a shníomh idir an fásóir foraoise agus an úsáideoir deiridh.

I mí na Nollag, d'fhógair an tAire Airgeadais pacáiste bhearta bhithfhuinnimh. Orthu sin bhí, foráil €1.2 millliún i dtreo cheannach threalamh shábháil fhómhair bhithmhaise, ar nós sceallairí crann iomlán agus cuachadóirí iarmhair foraoise.

Préimheanna Foraoise

I rith 2006, lean an tSeirbhís Foraoise d'fhoraoisí a fhorbairt ar mhaithe le háineas, agus iad ag díriú go háirithe ar shláinte agus ar dhea-bhraistint an phobail, chomh maith lena n-oideachas ar an timpeallacht. Tugadh faoin obair sin go príomha ar bhonn na Scéime NeighbourWood agus an fhoilseacháin *Forest Recreation in Ireland* a bhí bunaithe ar chomhairliúchán leathan. *A Guide for Forest Owners and Users.* Rinneadh an tSeirbhís foraoise maoiniú freisin ar bhunú *Leave No Trace Ireland* agus ar nuathionscnaimh éagsúla de chuid Chomhairle Crann na hÉireann agus Chumann Foraoiseoirí na hÉireann. Bhí ionchur ag an tSeirbhís Foraoise i dtionscnaimh chuí eile, ar nós Athbhreithniú ar Riachtanais Taighde Foraoise in Éirinn (ARTFÉ), Straitéis Áineasa (Chomhairle na Tuaithe agus Straitéis Chonar na hÉireann) (Comhairle Spóirt na hÉireann).

Sprioc 4 – Seachadadh Scéimeanna agus Bainistiú Airgeadais

Déanfaimid ár scéimeanna agus ár gcláir uile a oibriú ar bhealach éifeachtach éifeachtúil, agus cinnteoidh muid na caighdeáin bhainistíochta corporáideacha agus airgeadais agus an caighdeán cuntasachta is airde i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí.

FEIDHMNIÚCHÁIN NA SCÉIMEANNA

Scéim Aoníocaíochta

I ndiaidh Comhaontas Lucsambuirg um Athchóiriúcháin an Pholasaí Chomónta Talmhaíochta (PCT) i 2003, chinn Éire díchúpláil iomlán d'íocaíochtaí préimhe agus d'íocaíochtaí cúnamh curaíochta a thabhairt isteach le héifeacht ó 2005. Go ginearálta baineann an Scéim Íocaíochta Singil le feirmeoirí a bhí gníomhach i mbun feirmeoireachta i gcaitheamh na tréimhse tagartha 2000, 2001, 2002, ar íocadh Préimh Bheostoic agus/nó Cúnamh Curaíochta dóibh i gceann amháin nó níos mó de na blianta sin agus a leanfaidh i mbun feirmeoireachta i 2005 agus ó shin i leith. Tá an Íocaíocht Singil iomlán bunaithe ar mheánmhéid na n-ainmhithe agus/ nó ar mheánmhéid na heachtár (i gcás Cúnamh Curaíochta) ar a ndearnadh íocaíochtaí sna trí bliana tagartha.

íocaíocht a cothromaíochta ar an 1 Nollaig. Tógadh an cinneadh chun íocaíocht an (SÍA) a thabairt roimhré ar mhaithe le cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí as droch-choinníollacha aimsire i míonna an tSamhraidh sa bhliain 2006. Ar an 31 Nollaig 2006 íocadh €1.17 billiún le 118, 000 iarrthóir. B'ionann an líon sin agus 92% de na hiarthóirí SÍA go léir.

Chomh maith leis sin, sa bhliain 2006, rinne aonad na Scéime Aoníocaíochta próiseáil ar 6,000 iarrthóir chun comhtháthú a dhéanamh ar theidlíochtaí.

Trasghéilliúntas

Bunchloch tábhachtach maidir le díchúpláil íocaíochtaí díreacha ó tháirgeadh is ea an nasc idir tacaíocht an AE le talmhaíocht faoin Scéim Íocaíochta Singil agus bearta atá dírithe ar chosaint timpeallachta maille le caighdeáin airde a bhaint amach sna réimsí sábháilteachta bia agus sláinte ain

An tAire Ní Chochláin T.D. le Mairéad Lavery, Cathaoirleach Agri-Aware agus iad i láthair ag Seoladh Pacáiste Acmhainní Oideachais "Dig In" i bhFaiche Stiabhna, mí an Mhárta 2006.

Cuirtear an scéim nua in áit na scéimeanna préimhe beostoic Préimh Bhó Dhiúil, Préimh Speisialta Mhairteola, Préimh Mharú, Préimh Chaorach, Préimh Leathnaithe, Préimh Déiríochta agus an Chúnamh Curaíochta. Chomh maith leis sin, i ndiaidh leasú earnáil an tSiúcra, bronnadh teidlíochtaí breise ar na feirmeoirí a raibh baint acu léi, ar bhonn na gconarthaí a bhí acu le linn Tréimhse Thagartha Bhiatais 2001, 2002, 2004.

Cuirfidh an scéim nua ar chumas feirmeoirí a n-intinn a leagadh níos mó ar cheangail mhargaidh agus gheobhaidh sí réidh le himní maidir le tréimhsí coinneála, cuótaí, dlús stórála, dátaí daonáirimh agus ceangail eile a bhaineann leis na seanscéimeanna cúpláilte.

Sa bhliain 2006, bronnadh an Aoníocaíocht orthu i ndá chéim faoi leith: réamhíocaíocht ar an 16 Deireadh Fómhair agus

mhí agus leas. Faoin SAÍ tá sé de cheangal ar fheirmeoirí géilleadh do na Ceanglais Bhainistíochta Reachtúla (CBRanna) atá leagtha síos sa Reachtaíocht AE (Treoir agus Rialacháin) a bhaineann leis an timpeallacht, le sláinte planda agus ainmhí poiblí agus le leas ainmhí agus an talamh a choinneáil faoi Dhea-bhail Talmhaíochta agus Timpeallachta (DBTT). Trasghéilliúntas a thugtar air sin.

Tá dhá phríomheilimint ag roinnt le trasghéilliúntas:

- Ceangal ar fheirmeoirí géilleadh le 18 gCeanglas Bainistíochta Reachtúla (CBRanna) atá leagtha síos sa reachtaíocht AE **faoin timpeallacht, faoi shábháilteacht bia, faoi shláinte ainmhí, faoi leas agus faoi shláinte planda;**
- Ceanglas an fheirm a choinneáil faoi dhea-bhail talmhaíochta agus timpeallachta (DBTT).

Má fhaightear amach go bhfuil iarratasóir neamhghéilliúil foráiltear i rialacháin rialaithe an AE do phÍonóis agus cuirtear na pionóis sin i bhfeidhm i dtaca le hAoníocaíocht an iarratasóra.

Cur i bhFeidhm Trasghéilliúntais

Tugadh na hoibleagáidí i leith Trasghéilliúntais isteach céim ar chéim thar thréimhse thrí bliana. Bhí sé i gceist ocht CBRanna a thabhairt isteach i 2005 in éindí le ceanglais Dea¬bhail Talmhaíochta agus Timpeallachta d'Éirinn.

Tabharfar isteach seacht CBRanna breise le héifeacht ó 1 Eanáir 2006 agus tá sé i gceist go dtabharfar na trí cinn dheireanacha isteach le héifeacht ó 1 Eanáir 2007.

Sular cuireadh bailchríoch ar an Doiciméad Treorach i leith trasghéilliúntais don bhliain 2005, d'iarr an Roinn a gcuid tuairimí ar pháirtithe leasmhara ar spéis dóibh é, go sonrach ar chomhlachtaí feirme. Is ansin i mhí Aibreán 2005 a d'fhoilsigh an Roinn leabhrán eolais d'fheirmeoirí a chlúdaigh na CBRanna a tugadh isteach i 2005. Seoladh cóip den leabhar tríd an bpoist chuig fheirmeoirí uile. Rinneadh leabhrán eile a chlúdaigh na CBRanna (taobh amuigh de Níotráití SMR4) a tháinig amach i 2006 agus 2007 a sheoladh tríd an bpost chuig fheirmeoirí uile.

Rinneadh leabhrán a chlúdaigh Níotráití SMR4 a sheoladh tríd an bpost chuig fheirmeoirí uile i mí na Samhna 2006 agus ghabh cruinnithe eolais phoiblí ar fud na tíre lena fhoilsiú. Tá na foilseachain sin ar fad ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne www.agriculture.gov.ie

Feachtas Smachtú Fiailí Nimhiúla

Rinneadh smachtú fiailí nimhiúla ina eilimint trasghéillliúntais faoi choinníollacha dea-bhail talmhaíochta agus timpeallachta, ar mhaithe le haoníocaíocht feirme. Cuireadh feachtas ar bun sa bhliain 2006, chun eolas a chur ar an bpobal athuair maidir lena dhualgas chun smacht a choinneáil ar fhiailí nimhniúla. B'éard a bhí i gceist leis an bhfeachtas céanna, preasráitis de chuid na Roinne, fógraí poiblí ar na nuachtmheáin, agus póstaeir ar crochadh in áiteanna a bhfeicfeadh lucht na feirmeoireachta agus an phobail mhóir go minic iad.

Scéim Liúntas Cúitimh Limistéar faoi Mhíbhuntáiste

Cuireadh tús le híocaíochtaí faoin Scéim Liúntas Cúitimh Limistéar faoi Mhíbhuntáiste an 21 Meán Fómhair 2006 i gcomhréir leis an gcoimitmint sa Phrótacal um Íocaíochtaí díreacha d'Fheirmeoirí agus faoi cheann 31 Nollaig 2006 bhí nach mór €251 milliún ina iomláine íoctha do 97% de na hiarratasóirí. Is ionann an tsuim sin agus €18.4 milliún den Chiste Modhnaithe, ar baineadh leas as chun breisíocaíocht timpeall ar 7.9% a chur leis na gnáthrátaí deontais. Sa phróiseas modhnaithe déantar íocaíocht aonair feirme a laghdú de réir céatadán socraithe – 3% i 2005 agus cuireadh breis is 80% de ar fáil do Bhallstáit an AE le húsáid i mbearta Forbairt Tuaithe.

Deontas Foraoiseachta agus Scéimeanna Préimhe

€103.8 milliún méid iomlán an chaiteachais faoi na scéimeanna éagsúla foraoiseacha i 2006 i gcomórtas le €104.6 milliún i 2005. Rinneadh plandáil nua ar amuigh is istigh de 8,000 heicteár i rith na bliana 2006.

Scéimeanna Idirghabhála

Níor ceannaíodh aon eorna, siúcra ná púdar bainne bearrtha (PBB) d'idirghabháil sa bhliain 2006. Tharla sé, áfach, go raibh 4,019 tonna eorna sa stoc ó 2005, asdíoladh 4000 tonna de i mí Aibreáin 2006 agus díoladh an fuílleach i mí na Samhna. Bhí an 12,000 tonna siúcra a ceannaíodh i 2005 i stórais i gcónaí faoi dheireadh na bliana 2006. Le linn seasúr déiríochta 2006, ceannaíodh 22,125 tonna ime de luach €56,596,189 in idirghabháil. Tharla sé áfach gur díoladh 57,996 de na tonnaí ime amach, rud a chuir fáltais €166,090,932 ar fáil. B'í an phríomhghníomhaíocht idirghabhála a thit amach i 2006, ídiú na stoc ime ó stoc thosaigh mhí Eanáir 2006 de 66,469 tonna go stoc 12,842 ar an 31 Nollaig 2006. Taobh amuigh den im sin a baineadh amach as an stór ar bhonn díolacháin, cuireadh 17,644 tonna de ar aghaidh mar chuid den scéim 'cúnamh bia don dream is deilbhe sa phobal.'

Aisíocaíochtaí Onnmhairithe

€113 milliún méid iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh do thrádálaithe déiríochta, mairteola agus do thrádálaithe eile sa bhliain FEOGA 2006. Laghdú de €66 milliún é sin nó ísliú de bheagán os cionn 37% i gcaitheamh na tréimhse bliana. Tháinig méadú beag ó bhliain go chéile ar an trádáil sna hearnálacha déiríochta agus táirgí próiseáilte in-aisíoctha i gcoitinne, arb iad 80% d'aisíocaíochtaí onnmhaire iad, cé gur thit leibhéal na n-aisíocaíochtaí. Eascraíonn an laghdú sin den chuid is mó as na ciorruithe suntasacha sna rátaí aisíocaíochta a rinneadh i rith na bliana.

Bhí titim leanúnach i leibhéal na n-íocaíochtaí do thrádálaithe mairteola i rith na bliana FEOGA sa bhliain 2006. Bhain sé sin leis an éileamh ard leanúnach ar ár dtáirgí mairteola sa mhargadh inmheánach agus an titim ar rátaí aisíocaíochtaí.

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Caiteachas

Is í an Roinn a bhí freagrach as caiteachas Vótáilte de €1.437 billiún i 2006.Cuid den chaiteachas sin baineann sé le gníomhaíochtaí atá páirtmhaoinithe ag an Aontas Eorpach, a mheall admhálacha arbh fhiú €450 milliún iad ón AE. De bhreis air sin chaith an Roinn €1.423 billiún ag riaradh

scéimeanna Ráthaíochta PCT a bhí lánmhaoinithe ag an AE agus €55.84 milliún ar cheannaigh táirge in Idirghabháil, rud a rug an caiteachas iomlán suas go dtí €2.916 billiún (féach an tábla thíos). Ba chóir don léitheoir tabhairt dá (h)aire de bharr agaí moille atá ag roinnt leis an aisíoc a dhéanann an AE ar chaiteachas a thabhaíonn an Roinn de bharr bearta an AE, nach féidir comparáid dhíreach a dhéanamh in aon bhliain faoi leith ar chaiteachas na Roinne ar bhearta AE agus ar admhálacha ón AE.

Tá oibleagáid ar an Roinn a chinntiú go bhfuil forfheidhmiú na scéimeanna uile ag géilleadh le ceanglais AE agus náisiúnta maidir le tuairisciú airgeadais le coinneáil sonraí cuntasaíochta agus idirbhearta agus le loirg iniúchta. Oibríonn sí córais chuimsitheacha bhainistíochta airgeadais, stiúrtha agus cuntasaíochta leis sin a chinntiú.

Caiteachas Iomlán:
Caiteachas Vóta Tríd is tríd bhí ardú de 6% .i. méadú de thimpeall **€81.7 milliún** san ollchaiteachas i 2006 i gcomparáid le 2005. Léiríonn sin roinnt tosca lena n-áirítear caiteachas níos lú ar bhearta áirithe (m.sh. Sláinte Ainmhí, Luathscor) agus caiteachas níos airde i réimsí eile (m.sh. SCTT, Deontais Chúitimh cheantair faoi Mhíbhuntáiste agus Scéim Deontas Infheistíocht Feirme).

Tá toradh comparáideach ar chaiteachas Vóta 31 Talmhaíochta agus Bia do na blianta 2005 agus 2006 leagtha amach sa tábla thíos:

Féach Aguisín 5 le haghaidh mionbhriseadh síos ar chaiteachas Vóta.

Caiteachas ar Thalmhaíocht Éireannach, 2006

	€m	€m
Caiteachas Díreach Ráthaíochta (CETRT)		**1,423.49**
Aoníocaíocht Feirme	*1,308.95*	
Cúnamh Préimh/ Curaíochta	*5.41*	
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe	*96.40*	
Cúnamh Eile Margaíochta	*12.73*	
Costais Idirghabhála (1)		**55.84**
Caiteachas Comhlán (taobh amuigh den Riarachán)		**1,155.85**
CAP Forbairt na Tuaithe (2)	*751.73*	
Bearta Struchtúracha (2)	*49.79*	
Sláinte Ainmhí/ Comhlachtaí Stáit	*331.62*	
Idirghabháil Mhargaidh agus costais eile (3)	*22.71*	
Riarachán		**281.24**
Caiteachas Comhlán Iomlán		**1,437.09**
Caiteachas Iomlán:		**2,916.42**

1). Seo é an méid a d'íoc RTB ar tháirge ceannaithe in Idirghábhail sa bhliain. Faightear ar ais go hiomlán costas ceannach Idirghabhála ón AE trí luachlaghdú ar luach stoic le linn bliana a cheannaigh agus ag am dhíolachán an táirge.
2). Tá bearta Forbartha Tuaithe PCT agus bearta forbartha Struchtúracha áirithe páirtmhaoinithe ag an AE agus ag an Vóta. Is caiteachas iomlán Vóta atá sna figiúirí seo ar na bearta sin sa bhliain féilire toisc gur ón Vóta a dhéantar na híocaíochtaí. Tugtar ar ais ina dhiaidh sin don Vóta an ranníocaíocht i leith caiteachas mar leithghabhálacha i bhfoirm chúnaimh; cuid de sin faightear i mbliain féilire ina dhiaidh sin é.
Is éard atá i bhForbairt Tuaithe PCT SCTT, Luathscoir, Liúntais Chúitimh agus Foraoiseacht
(3). Baineann an caiteachas Vóta seo le caiteachas ar IACS agus le costais Idirghabhála airgeadais (ús) agus oibriúcháin. Ina dhiaidh sin cuirtear éileamh isteach ar aisíoc na gcostas luaite bunaithe ar mhéideanna caighdeánacha.

Toradh Comparáideach ar Chaiteachas Vóta do na Blianta 2005 agus 2006

Cineál Táirge	Caiteachas 2005 €m		Caiteachas 2006 €m	
Caiteachas Glan		910.652		939.328
Leithghabhála i gCabhair		444.865		497.770
Fáltais AE	403.488	450.000		
Eile	41.377		47.770	
Caiteachas Iomlán:		**1355.517**		**1437.098**

CAITEACHAS AE

Maoiniú Chaiteachas an Ciste Ráthaíocht Talmhaíochta Eorpach (CETRT)

Maoiníonn an Rannóg Ráthaíochta den Chiste Eorpach um Threoir agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) caiteachas PCT mar atá íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí agus tacaíochtaí margaidh AE go huile agus go hiomlán. Ina theanta sin is í an Ciste Ráthaíochta a sholáthraíonn an ranníocaíocht AE do bhearta comh-mhaoinithe Clár Forbartha Tuaithe PCT 2000-2006 agus an ranníocaíocht AE do chostais airgeadais agus oibriúcháin ceannach Idirghabhála. Faoi rialacha AE soláthraíonn an Roinn réamh-mhaoiniú i dtosach le haghaidh caiteachas Ráthaíochta PCT ag feitheamh ar é a fháil ar ais ón AE sé seachtaine i riaráiste. Is ó chúlchnap a chuireann Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) ar fáil agus atá forlíonta trí Eisiúintí Státchiste gearrthéarmacha ag buaicthréimhsí íocaíochta a dhéantar íocaíochtaí. Cuireann an Roinn éileamh ar aghaidh go dtí an AE gach mí d'fhonn an caiteachas a fháil ar ais ón gCiste Ráthaíochta.

Athraíonn an ranníocaíocht AE do bhearta Forbartha Tuaithe PCT 2000-2006 ó 50% go 85% de chaiteachas incháilithe faoi réir uasteorainneacha foriomlána airgeadais. Íoctar an caiteachas ar bhearta Forbartha Tuaithe PCT ina iomláine ón Vóta i dtosach agus cuimsítear éileamh ar ranníocaíocht AE san éileamh míosúil ar an gCiste Ráthaíochta.

€1,779 milliún méid na n-éileamh a cuireadh isteach chuig an AE i 2006 i ndáil le bearta a bhí maoinithe ag Rannóg Ráthaíochta an CETRT. Tá na mionsonraí leagtha amach sa tábla a leanas. Tá briseadh síos níos mine leagtha amach in Aguisín 6

Ciste Treorach CETRT

Is ceann de Chistí Struchtúracha an AE an Rannóg Treorach den Chiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT). Maoiníonn na Cistí Struchtúracha i bpáirt bearta forbartha náisiúnta comhaontaithe atá curtha i bhfeidhm thar thréimhse roinnt blianta, 2000-2006 faoi láthair. Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia (RTB) ag fáil maoiniú Treorach sa thréimhse 2000-2006 a chlúdóidh cuid de chostas beart áirithe atáthar a chur i bhfeidhm faoi dhá Chlár Oibriúcháin faoi leith. Fochláracha a bhaineann le Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe atá ceadaithe do gach ceann den dá réigiún, an Teorainn, Lár Tíre agus Réigiún an Iarthair (TLTRI) agus Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (D+O).

Maoinítear caiteachas ar bhearta atá comhmhaoinithe ag an gCiste Treorach ag an Vóta agus ina dhiaidh sin faightear ar ais ón AE é tar éis a éileamh agus a chur chun sochair Cionnrannta-i-gCúnamh. Cuirtear isteach éilimh ar mhaoiniú AE ar bhonn tréimhsiúil de réir clár airgeadaithe.

Cuirtear maoiniú treorach tríd an Roinn Talmhaíochta agus Bia go dtí an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG) le haghaidh bearta áirithe faoi na Cláir Oibriúcháin thuas agus i ndáil leis an Tionscnamh Pobail LEADER agus go dtí an Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORA) i ndáil le tionscnaimh áirithe PEACE II.

€40.741 milliún luach admhálacha Chiste Treorach CETRT na hÉireann i 2006 (RTB €27.918 milliún, RGPTG €10.219 milliún agus RCORA €2.603 milliún).

Tá an Caiteachas uile faoi réir iniúchta a dhéanann Coimisiún an AE agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.
Tá na mionsonraí leagtha amach sa tábla thall:

Éileamh a cuireadh isteach chuig Rannóg Ráthaíochta an CETRT i 2006

	2005 €m	2006 €m
Cúnaimh Dhíreacha		
Aoníocaíocht Feirme	1058.41	1309.0
Préimh Bheostoic	612.2	5.0
Cúnamh Curaíochta	2.1	0.4
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe	159.1	96.4
Bearta Déiríochta	3.9	8.5
Bearta Eile	5.4	6.9
Cúnaimh Indíreacha		
CAP Forbairt na Tuaithe (1)	358.4	356.1
Stóráil Idirghabhála Poiblí (2)	37.8	0.2
Bearta Eile Indíreacha	-1.2	-2.7
Iomlán	**2237.0**	**1779.8**

(1) Méid iarrtha ar an AE do na bearta comh-mhaoinithe seo
(2) Méid iarrtha ón AE i ndáil le luachlaghdú ar stoc, le costais airgeadais agus oibriúcháin.

Fáltais Chiste Treorach CETRT (€m) 2005-2006

	2005 €m	2006 €m
Tréimhse Chlár 2000-2006		
PFN D&O/LTRI agus OPanna (a)	22.846	34.385
LEADER Móide (b)	6.113	3.541
Nuathionscnamh Síocháin agus athmhuintearais (c)	0.664	2.815
Tréimhse Chlár 2000-2006 - Iomlán	**29.623**	**40.741**

Nótaí
(a) agus an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG) san áireamh. Admhálacha €6.468m (€3.743m i 2005)
(b)Admhálacha uile an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG)
(c) Admháil An Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORA) de €2.603 sa bhliain 2006 ((2005 €0.589m agus admhálacha An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaelachta sa bhliain 2006 de €0.212 (€0.075 i 2005).

Ag maoiniú Caiteachas PCT agusForbartha Áitiúla i ndiaidh 2006

Cuirtear polasaithe an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm laistigh de chreat iliomad pleananna airgeadais bliantúla. Mairfidh an plean reatha ar feadh tréimhse ó 2000 go 2006 agus is í 2007 go 2013 an chéad tréimhse eile. I 2005 ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh le rialacha nua don tréimhse 2007 go 2013 maidir le hairgeadú an Pholasaí Thalmhaíochta Chomónta lena n-áirítear Forbairt Tuaithe. Bunaíodh dhá chiste talmhaíochta nua faoi Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1290/1995 le sraith chomónta rialacha airgeadais, viz:

- Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT);
- Ciste Talmhaíochta Eorpaí um Fhorbairt Tuaithe (CTEFT).

Beidh an dá chiste nua ag gabháil ionad an Chiste Eorpaigh um Threoir agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT nó FEOGA sa bhFraincis) ar bunaíodh é i 1962 (faoi Rialachán ón gComhairle (CEE) Uimh. 25 ó 1962). Is í an Rannóg Ráthaíochta de CETRT a mhaoiníonn bearta margaidh PCT, cúnamh díreach d'fheirmeoirí agus an Clár Forbartha Tuaithe 2000-2006 chomh maith. Is í an Rannóg Treorach de CETRT, a oibríonn faoi rialacha Chistí Struchtúracha an AE a mhaoiníonn bearta forbartha tuaithe agus infheistíochta feirme eile faoi Chláir Oibriúcháin atá a chur i bhfeidhm faoin bplean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Maoiníonn sí freisin an Tionscnamh Pobail LEADER. I rith 2006, thug an Coimisiún Eorpach go leor Rialachán isteach inar leagadh amach rialacha go mion maidir le húsáid an mhaoinithe nua.

Maoineoidh an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) na bearta margaidh agus íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí ar bhonn leanúnach. An príomhathrú is ea go gcomhtháthóidh an Ciste Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe nua polasaithe talmhaíochta AE um Fhorbairt Tuaithe agus struchtúrach faoin aon sraith amháin de rialacha oibriúcháin agus airgeadais.

Caiteachas Ciste Tréidliachta

Faoin bPolasaí Talmhaíochta Comónta bainistíonn an Coimisiún Eorpach go díreach agus rannchuidíonn tríd an gCiste Tréidlíochta le costas bearta chun galair ainmhithe a dhíothú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu leis an gcuspóir sin go gcosnófar agus go n-ardófar leibhéal sláinte poiblí agus sláinte ainmhí sa gComhphobal.

Cuirtear maoiniú ar fáil do chostas clár díothaithe agus monatóireachta bliantúla. Ceadaíonn Coimisiún an AE cláir arna gcur isteach ag Ballstáit agus socraíonn leibhéal cúnamh Comhphobail. Is ag teannadh le deireadh na bliana a leanann an bhliain ina dtabhaítear an caiteachas go ginearálta a fhaightear i riaráiste aisghabháil AE. I 2006 fuair an Roinn €13,042 milliún ina iomláine ón gCiste Tréidliachta i ndáil le bearta díothaithe agus monatóireachta lena n-áirítear bearta ESB.

Is as an Vóta a íoctar caiteachas na Roinne ar bhearta Maoiniú Tréidliachta agus cuirtear ranníocaíocht an AE ar ais sa Vóta mar Chionroinnt i bhfoirm chúnaimh.

RIALÚCHÁIN AIRGEADAIS

Géilliúntas i leith Ceanglais Tuairisciú Airgeadais AE agus Náisiúnta

Tá oibleagáid ar an Roinn a chinntiú go bhfuil forfheidhmiú na scéimeanna uile ag géilleadh le ceanglais AE agus náisiúnta maidir le tuairisciú airgeadais, le coinneáil sonraí cuntasaíochta agus idirbhearta agus le loirg iniúchta. Oibríonn sí córais chuimsitheacha bhainistíochta agus rialúchán airgeadais agus chuntasaíochta leis an gcuspóir sin a bhaint amach. Ina measc tá:

- córas cuntas ríomhairithe FTB, ar tugadh isteach i 2001 é agus ar tugadh chun dáta é i 2005, chun ceanglais stiúrtha agus bhainistíochta airgeadais AE agus náisiúnta atá ag leathnú a chomhall.
- Aonad éifeachtach Iniúchta Inmheánach a thug méid substainteach oibre chun críche i 2006;
- coiste Iniúchta ina bhfuil comhaltaí seachtracha den chuid is mó (seacht as ocht);
- scrúdú iniúchta a dhéanann 5 iniúchóir sheachtracha neamhspleácha (Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste; an Comhlacht Deimhnithe); Coimisiún an AE; Cúirt Iniúchóirí an AE, agus an Oifig i gcoinne na Calaoise (OLAF) de chuid

an Choimisiúin neamhspleách;
- Grúpa Athbhreithniú Creidiúnaithe le cinntiú go gcoinnítear stádas na Roinne mar ghníomhaireacht íoctha AE creidiúnaithe agus le cinntiú go leantar suas cinntí agus moltaí iniúchta;
- Clár Bainistíochta Riosca foirmeálta a chur i bhfeidhm a chinnteoidh go n-aithneofar agus go ndéanfar bainistíocht ar na príomhrioscanna a bhfuil an eagras ag tabhairt aghaidh orthu.

CREIDIÚNÚ LE hAGHAIDH RÁTHAÍOCHT AE – CÓRAIS FREAGRACHTA AIRGEADAIS

Tá an Roinn ar na gníomhaireachtaí íoctha AE is mó atá ann. Is í an Roinn an ghníomhaireacht íoctha creidiúnaithe in Éirinn le haghaidh gach caiteachas ar bhearta taca margadh PCT agus le haghaidh íocaíochtaí díreacha do tháirgeoirí, cé is moite bearta iascaireachta. Ó 2006 i leith, déanfaidh an Coimisiún féin bearta iascaireachta a riar in áit ghníomhaíocht íoctha creidiúnaithe. Dá bharr sin, agus é le teacht in éifeacht ón mbliain airgeadais dar tús 16 Deireadh Fómhair 2006, is í an Roinn an ghníomhaíochta íoctha chreidiúnaithe a bheadh i gceist do gach caiteachas faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus Ciste Talmhaíochta Eorpaí um Fhorbairt Tuaithe (CTEFT). Tugann an CTEFT nua maoiniú do scéimeanna áirithe forbairt tuaithe a bhíonn ar bun ag an Roinn chomh maith le scéimeanna eile a bhíonn á reáchtáil ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG). Cuireadh le ról na Roinne mar ghníomhaireacht íoctha chun na scéimeanna seo a chlúdach. Tarmligfidh an Roinn, mar ghníomhaíocht íoctha, feidhmeanna áirithe leis an DCRAGA maidir lena scéimeanna CTEFT.

Mar ghníomhaireacht íoctha creidiúnaithe i gcomhréir le rialacha AE, caithfidh an Roinn cloí le ceanglais rialaithe dochta chun teacht le caighdeáin chuntasaíochta agus airgeadaithe agus caithfidh sí cuntais bhliantúla deimhnithe neamhspleácha caiteachais a chur isteach chuig Choimisiún an AE. Má chinneann uirthi é sin a dhéanamh féadfar an creidiúnú a bhaint di.

I rith 2006, lean an Roinn de bheith ina Comhlacht Comhordaithe sonraithe, í freagrach as eolas airgeadais CETRT AE a chur ar fáil don Choimisiún maidir lena hoibriúcháin agus le hoibriúcháin na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (RCMAN). Tarlaíonn sé, áfach, de bharr athruithe Rialacháin maidir le maoiniú bearta iascaireachta, nach mbeidh an Roinn freagrach níos mó as eolas airgeadais CETRT a chur ar fáil don Choimisiún agus go dtiocfaidh deireadh lena ról mar Chomhlacht Chomhordaithe, nuair a bheidh na dualgais sin comhlíonta aici maidir leis na cuntais don bhliain airgeadais dar críoch 15 Deireadh Fómhair 2006.

I 2006 choinnigh an Roinn stádas creidiúnaithe mar ghníomhaireacht íoctha AE le haghaidh caiteachas Ráthaíochta CETRT. €1,805,720,408.74 ina iomláine a bhí sa chuntas CETRT don bhliain CETRT 2005 (16 Deireadh Fómhair 2004 – 15 Deireadh Fómhair 2005) i dtaca le híocaíochtaí díreacha FEOGA do tháirgeoirí agus le bearta taca margaidh agus le bearta Forbartha Tuaithe PCT. Rinne an Comhlacht Creidiúnaithe (Deloitte) iniúchadh agus deimhniú ar an gCuntas Bliantúil 2005, agus cuireadh isteach na cuntais deimhnithe agus iniúchta chuig an gCoimisiún faoi cheann an dáta scoir rialaithigh 10 Feabhra 2006. Cuimsíodh é i gcinneadh imréiteach airgeadais an Choimisiúin.

Rinneadh an Grúpa Athbhreithniú Creidiúnaithe (GAC) a bhunaidh an tAire agus a bhfuil an Rúnaí Ginearálta in chathaoirleach air monatóireacht ar bhonn leanúnach i 2006 ar fheidhmiúchán na Roinne mar ghníomhaireacht íoctha. I gcaitheamh na bliana 2006 chinntigh an GAC gur cuireadh i bhfeidhm moltaí an Chomhlachta Chreidiúnaithe don bhliain roimhe sin agus go ndearna leanúint fóirsteanach ar chinntí uile iniúchta an AE.

INIÚCHTAÍ

Iniúchadh Inmheánach

Chríochnaigh an tAonad Iniúchta Inmheánaigh méid substainteach obair iniúchta i rith na bliana 2006. Folaíonn sin cur i bhfeidhm cláir iniúchta inmheánaigh agus cláir mhionscrúdú iniúchta. Críochnaíodh agus eisíodh 17 tuarascál inmheánach iniúchóireachta agus 44 scrúdán iniúchóireachta le linn na bliana. Tugadh chun críche na ceanglais rialaitheacha uile maidir le hiniúchadh agus le rialúchán i gcomhréir leis na hamscálanna forordaithe mar atá siad leagtha amach i Rialacháin Chiste Struchtúraigh agus Mhionscrúdaithe an AE. Chríochnaigh an grúpa iniúchta TE le cúnamh ó chomhairleoirí seachtracha speisialtóra méid cuimsitheach de thuairisciú iniúchta. Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna ar bun in athuair faoinar cuireadh 172 lá oiliúna ar fáil do bhaill foirne an Aonaid.

Coiste Iniúchta

Bunaíodh Coiste Iniúchta na Roinne i 1994. Is é an tUasal Michael Downes atá ina Chathaoirleach air, Iniúchóir Inmheánach Ghrúpa CIÉ. Is iad na comhaltaí eile atá ar an gcoiste, an tOllamh Niamh Brennan, Coláiste na hOllscoile,

Cuireann an Cathaoirleach amach John Donnelly, uasal, tuarisc an Choiste Iniúchóireachta faoi bhráid an Aire Ní Chochláin T.D.Tá Tom Moran, Ard-Rúnaí sa phictiúr, chomh maith

Baile Átha Cliath, Claire O'Connor, CPT West LB Ireland PLC, an tUasal Eamon O'Connor, Coimisinéirí Ioncaim,Aidan O'Driscoll, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Helen Nolan, Banc na hÉireann agus John Thompson, Roinn Airgeadais. D'éirigh an tUasal John Donnelly as an gCoiste Iniúchta i rith na bliana. Bhí sé seacht mbliana ina Chathaoirleach leo.

Tá trí príomhról ag an gCoiste Iniúchta i;

- Comhairle a sholáthar maidir le hoibriúchán na feidhme iniúchta inmheánaí laistigh den Roinn;
- monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Rialachán na Comhairle (CEE) Uimh. 4045/89, a bhaineann le mion-scrúdú Ballstát ar idirbhearta atá maoinithe faoi scéimeanna tacaíochta éagsúla margaidh atá maoinithe ag Ciste Ráthaíochta an CRTRT;
- Comhairle a sholáthar maidir le sárchleachtas i leith bainistíocht riosca.

Cuireann an Coiste Tuarascáil Bhliantúil chuig an Aire de réir na Cairte atá aige. Casadh an Coiste ar a chéile ceithre uaire i 2006 agus fuair láithreorachtaí faoi go leor gnéithe d'oibriúcháin na Roinne. Tionóladh freisin ceann dá chuid chruinnithe in oifigí na Roinne i bPortlaoise. Castar ar a chéile go tráthrialta freisin Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus an tAire agus an Rúnaí Ginearálta.

I dtuarascáil 2005 de chuid na gCoistí Iniúchta a eisíodh i mí Mhárta 2006 dúirt an Cathaoirleach "The role of the Audit Committee is to advise the Minister, the Secretary General and the officials of the Department on the effectiveness of the systems and controls operated within the Department, in respect of the many schemes operated by the Department. The number of schemes and programmes within the Department are many and diverse. I am satisfied that the Audit Committee discharges its obligations in respect of that role." Dúirt an Chathaoirleach: "once more I have every reassurance in expressing my satisfaction with, and respect for, the financial management of the demanding and complex programmes operated by the Department of Agriculture and Food".

CLÁR INIÚCHTA AN AE

An Coimisiún Eorpach

I gcaitheamh na bliana 2006 thug Coimisiún an AE trí chuairt iniúchta ag clúdach:

- Iniúchadh ar na Préimh-Earnála Buabhacha agus Caoireola 17 – 19 Eanáir 2006;
- Iniúchadh ar na Cúnaimh Churaíochta 19 – 22 Meitheamh 2006;
- Iniúchadh ar na Préimh Dhéiríochta agus na hÍocaíochtaí Breise: 21 – 25 Lúnasa 2006;
- Iniúchadh ar Aisíochtaí Onnmhairithe agus ar CMO Shiúcra: 20 – 24 Samhain 2006;
- Iniúchadh ar chur i bhfeidhm na Rialachán: 4045/89: (An Roinn agus Custaim) 27 Samhain – 1 Nollaig 2006;

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

I rith na bliana 2006 thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa sé chuairt ag clúdach:
Cuairteanna, mar seo a leanas:

- Iniúchadh Ráiteas Dearbhaithe 2005 (Iniúchadh Caiteachas Ráthaíochta)
  An Tríú Misiún Iniúchta – dhá chuairt:
  1)9 – 13 Eanáir 2006, maidir le hAisíocaíochtaí (Bainne agus Im)
  Leathnú, Mairteoil Speisialta
  2)Iniúchadh ar an bhForaoiseacht 6 – 7 Márta 2006;
- Iniúchadh ar bhunú agus riar ar theidlíochtaí íocaíochta faoin Scéim Aoníocaíochta: 2 Cuairteanna:
  1)30 Bealtaine – 1 Meitheamh 2006
  2)2 – 16 Meitheamh
- Iniúchadh Ráiteas Dearbhaithe 2006 don bhliain CETRT 2005 - Meastúchán ar obair an Chomhlacht Chreidiúnaithe 26- 30 Meitheamh 2006.
- Iniúchadh Ráiteas Dearbhaithe 2006 (Iniúchadh Caiteachas Ráthaíochta)
  An Chéad Mhisiún Iniúchta, 11 - 15 Nollaig 2006, maidir le hAisíocaíochtaí Onnmhairithe (Bainne agus Táirgí Bainne), an Scéim Aoníocaíochta.

Bainistíocht Riosca

Is é mórchuspóir an Chláir Bhainistíochta Riosca (CBR) mar atá sé leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne na príomhrioscanna (straitéiseach, oibríochtúil, airgeadais, clú), a mbeidh an Roinn ag tabhairt aghaidh orthu chun a cuid chuspóirí a bhaint amach, a aithint agus a mheas agus bearta a léiriú ar leibhéal Roinne agus Rannáin chun díriú ar na rioscanna sin.

Cuireann Foireann Bhainistíochta Riosca (FBR) ina bhfuil ionadaithe ó na sreabha Cigireachta, Talmhaíochta, Tréidliachta, Riaracháin tuairisc ar ais chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca (CBR) a bhfuil an Rúnaí Ginearálta ina chathaoirleach air. Oifigigh shinsearacha de chuid na Roinne atá sa CBR agus tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an gclár Bainistíochta Riosca. Casadh an CBR ar a chéile ceithre uaire i 2006.

Cuirtear tástálacha ar fáil do Choiste Iniúchóireachta na Roinne agus cuireann an CBR achoimriú rathúil faoi bhráid an Aire maidir leis na rioscanna a bpléitear agus na cinntí a dtógtar.

Creat Eolas Bainistíochta (CEB)

Bhí an Roinn ar cheann de na chéad Ranna a roghnaigh agus a shuiteáil Córas Bainistíochta Airgeadais oiriúnach do CEB. Tá níos mó ná 1000 ball foirne anois ar fud na Roinne a bhfuil teacht acu mar is cuí ar an gcóras FTB.

An sochar aonair is mó a bhaineann leis an gcóras is ea go bhfuil eolas airgeadais ar bhonn 'ar líne' ar fáil do na baill foirne uile lena mbaineann.

Córas Chuntais SAP

Lean an córas uasghrádaithe SAP R/3 atá ag an Roinn ag obair go rathúil i rith 2006. Tá d'fheidhmiúlacht ag an gcóras sin íocaíochtaí a eisiúint, an t-ioncam agus an caiteachas go léir a rianú agus áis a chur ar fáil do rianú cheannach agus sócmhainní ar fud na Roinne. Cuireadh a uasghrádú i gcrích ag tús na bliana, agus fágann sé sin go mbeidh an sár-córas slán seo beo ar an leagan is déanaí den bhogearra agus go dtabharfar tacaíocht di go ceann tamall de bhlianta amach anseo. Cuireann an córas eolas luachmhar bainistíochta ar fáil i gcónaí agus comhlíonann sé mór-riachtanais chuntasaíochta agus tuairiscithe Náisiúnta agus AE na Roinne. Tá d'fheidhmiúlacht bhreise aige chun tacaíocht a thabhairt do cheannach, stóráil, díol agus smachtú fardála táirgí idirghabhála. Cuidíonn an Córas SAP R/3 freisin leis an Roinn lena stádas mar ghníomhaireacht íoctha AE creidiúnaithe a choinneáil agus cabhraíonn sí go mór le himpleachtú cuspóirí Creat Eolas Bhainistíochta (CEB) na Roinne. I rith 2006, rinneadh próiseáil tríd an gcóras ar 700,000 íocaíocht a raibh suim €2.8bn leo ina n-iomláine.

Sprioc 5: Acmhainní Oibriúcháin agus an Clár Oibrithe Nuachóirithe

Ár n-achmainní daonna agus fisiciúla, agus ár n-acmhainní oibriúcháin a fhorbairt agus a chinntiú go gcuirfear seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil dár gcustaiméirí, idir inmheánacha agus seachtracha agus Polasaí an Rialtais i leith dílárú agus nuachóiriú na seirbhíse poiblí á fhorfheidhmiú againn

Pleanáil Ghnó

Bhí Pleanáil Ghnó leabaithe níos fearr in oibriúcháin laethúil na Roinne agus ó am go chéile cuimsíodh i gclár oibre CCB (Coiste Comhairliúchán Bainistíochta) í .

I ndiaidh Seimineáir Cheann na Rannóige i mí an Mhárta, cuireadh ceistneoir faoi bhráid na gceanna gnó go léir le fáil amach an raibh siad sásta leis an bpróiséas ina iomláine agus ar chóir aon athrú a bhualadh ar an gcóras/ teimpléad. Bhí reis is 92% do na freagróirí sásta leis agus tháinig go leor moltaí fiúntacha chun cinn maidir le bealaí chun Phleanáil ghnó nó teimpléid CBFF a fheabhsú. Cuireadh formhór na moltaí sin i bhfeidhm ó shin agus fuair na freagróirí uile aiseolas uainn.

Sa bhliain 2006, rinneadh an próiséas phleanáil ghnó a shníomh isteach níos mó leis an gCreatlach Eolais Bhainistíochta (CEB) sa mhéid is go raibh na spriocanna tábhachtacha feidhmíochta i ngach earnáil bunaithe ar na tuairiscí CEB a tháinig i bhfeidhm ó mhí an Mheithimh i leith.

Grúpa Fíorú Feidhmiúchán Státseirbhíse

Sa bhliain 2006, leag an Roinn Plean Gníomhaíochta amach, a rianaigh na bearta a bheadh le tógáil chun clár oibre nuachóirithe a thabhairt ar aghaidh le linn aontas íocaíochta na seirbhíse poiblí faoi i dtreo 2016. Chuir an Roinn a Phlean Gníomhaíochta faoi bhráid an Ghrúpa Fíorú Feidhmiúcháin Státseirbhíse tríd an gCoiste Páirtíochta

Cuireadh tuarascáil chuimsitheach dul chun cinn a bhí faomhaithe ag an gCoiste Páirtíochta faoi bhráid an CSPVG i mí na Samhna. B'fhacthas don Ghrúpa go raibh dul chun cinn an-mhaith déanta le linn na chéad tréimhse tuairiscithe agus bhronn siad an dara méadú íocaíochta a bhí ar fáil faoi i dtreo 2016 ar an Roinn, ina dhiaidh sin.

ACMHAINNÍ DAONNA

Athleagan Amach Foirne

Lean an Roinn ar aghaidh le hathleagan amach na foirne ag leibhéal na hOifige Áitiúla a raibh gá leis mar thoradh ar thabhairt isteach na Scéime Aoníocaíochta agus an t-athrú atá ag teacht ar an gcineál oibre a dhéantar ag leibhéal na nOifigí Áitiúla. Ó cuireadh tús leis an bpróiseas chun an fhoireann a athleagan amach, aistríodh níos mó ná 300 ball foirne amach ó líonra Oifige Áitiúla na Roinne seo.

Rinneadh baill foirne a aistriú ar bhealach forghníomhach cuimsitheach. Leanann an Roinn uirthi ag scaoileadh le baill foirne ó oifigí áitiúla agus á gcur chun Ranna le líonraí d'oifigí reatha, go háirithe na Coimisinéirí Ioncaim, Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.
I mí Iúil 2006, rinneadh Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána (ISFGS), a dhéanann roinnt feidhmeanna riaracháin don Gharda Síochána, a bhunú go foirmiúil i dTeach Michael Davitt i gCaisleán an Bharraigh. D'aistrigh 96 ball foirne de chuid na Roinne chuig an ISFGS le linn 2006.



Scéimeanna atá Áisiúil don Teaghlach

Tá an Roinn tiomanta fós do scéimeanna um chomhroinnt post a sholáthar don fhoireann i gcomhthéacs beartas atá Áisiúil don Teaghlach agus cobhsaíocht saoil/oibre a chothú.

Ag deireadh 31 Nollaig 2006, bhí 607 ball foirne nó 13% den fhoireann uile ag glacadh páirte sa scéim um chomhroinnt post. Tá 331 (55%) lonnaithe i láithreacha na Ceanncheathrún, 216 (36%) lonnaithe in Oifigí Áitiúla agus tá an chuid eile lonnaithe i monarchana, Saotharlanna Réigiúnacha Tréidliachta srl. Tagann formhór na bhfostaithe sa Roinn a dhéanann poist chomhroinnte ó na gráid riaracháin agus níl ach thart ar 9% de na fostaithe le poist chomhroinnte ó ghráid neamhriaracháin.

Tá naoi múnla éagsúla do phoist chomhroinnte i bhfeidhm ag an Roinn.

Tugadh múnla comhroinnte post ó 9am go 3 pm isteach ar bhonn píolóta i dTeach Talmhaíochta mar bheartas nua Áisiúil don Teaghlach. Faoi láthair táthar ag meas ar chóir an múnla sin a leathnú chuig réimsí eile na Roinne.

Comhpháirtíocht

Téann struchtúir Chomhpháirtíochta laistigh den Roinn i mbun comhpháirtíochta le bainistíocht, le ceardchumainn agus le foireann ar gach leibhéal agus cláir á gcur chun cinn agus i bhfeidhm acu chun an clár oibre nuachóiriúcháin a chur ar aghaidh agus mar bhealach chun rannpháirtíocht na foirne a spreagadh in obair leanúnach na Roinne. Tá sé d'aidhm ag na struchtúir sin saincheisteanna a bhaineann le hobair agus le heagraíocht, agus dúshláin sa chiall ghinearálta a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.
Le linn na bliana, bhuail an Coiste Stiúrtha Lárnach seacht

n-uaire chun saincheisteanna a raibh spéis iontu a phlé, Dílárú, Sláinte agus Sábháilteacht, CBFF, tuairiscí faoi dhul chun cinn a tugadh don GFFSS agus an comhaontú nua comhpháirtíochta náisiúnta 'i dtreo 2016' san áireamh. Bhuail roinnt Coistí Comhpháirtíochta Áitiúla go rialta freisin. Le cois sin, in 2006 chuir fochoiste tús le hathbhreithniú ar struchtúr na Comhpháirtíochta laistigh den Roinn.

Córas Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Forbartha (CBFF)

In 2005, aontaíodh comhtháthú CBFF le beartais agus próisis Acmhainní Daonna (AD) sa Státseirbhís. Ó 2007 ar aghaidh, úsáidfear CBFF chun sealbhóirí poist a mheas d'incrimintí, scálaí níos airde agus ardú céime. Neartóidh sin ábharthacht CBFF agus leis an scála measúnaithe cúig phointe nua le haghaidh na ngrád uile beifear in ann idirdhealú níos soiléire a dhéanamh idir na leibhéil feidhmiúcháin a bheifear ag taifeadadh. In 2006, tugadh an múnla CBFF athbhreithnithe isteach chun críocha oiliúna agus chun taithí a fháil air. Is iad seo a leanas roinnt de na hullmhúcháin a rinneadh le linn na bliana chun é a chomhtháthú leis an Roinn:

- Caibidlíocht agus comhaontú faoin gcur i bhfeidhm ag Coiste Comhpháirtíochta CBFF;
- Láithreoireachtaí ar fud na tíre ag na seimineáir foirne;
- Athbhreithniú agus éascú na bhfoirmeacha CBFF;
- Nuashonrú mór de na hacmhainní atá ar fáil don fhoire ann ar an idirlíon;
- Nuascéalta eisithe don fhoireann go rialta i rith na bliana.

Bhuail an Coiste CBFF go rialta le linn 2006. Ghlac an Roinn páirt ghníomhach freisin sa Líonra CBFF ar fud na Roinne a bhain le cur i bhfeidhm an chórais chomhtháite. Chomh maith leis sin, in 2006 chríochnaigh an Rannán Pearsanra athbhreithniú ar CBFF laistigh den Roinn.

Oiliúint agus Forbairt

I mí Bealtaine 2006, lainseáladh Straitéis Oiliúna Meántréimhseach 2006 – 2008 na Roinne go hoifigiúil. Tá ag éirí go maith le cur i bhfeidhm na Straitéise le dul chun cinn maith déanta in 2006. Chríochnaigh an Roinn a cúrsa do Cheadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí le 1,668 ball foirne a d'éirigh leo sna seacht modúl atá i gceist. Ag dul le hionchais na Straitéise Oiliúna, tháinig méadú ar líon na gcúrsaí a chuir oifigigh oiliúna na Roinne féin ar fáil díreach d'fhoireann na Roinne iad. Áiríodh orthu sin scileanna láithreoireachta, cláir forbartha shonracha do ghráid éagsúla, oiliúint ionduchtaithe agus ullmhú d'agallaimh. Dearadh ceardlanna speisialta faoi fheidhmchláir ríomhaire freisin le bheith seachadta do bhaill foirne le dualgais chomhchosúla.
Bhí raon d'oiliúint bhainistíochta, chumarsáide, idirphearsanta, dhlíthiúil agus oiliúint i scileanna airgeadais curtha ar fáil agus eagraithe ag Aonad Oiliúna agus Forbartha na Roinne. Fuair baill foirne a raibh sé tábhachtach dóibh oiliúint i scileanna meán cumarsáide agus bainistíocht tionscadail freisin.

Seachadadh cúrsaí réamh-scoir freisin, a d'fhreastail baill foirne a bhí ag dul ar scor orthu le céile, páirtí nó cara. Eagraíodh na cúrsaí sin mar aitheantas don obair iontach ar son na Roinne déanta ag na baill foirne sin le blianta fada.

Cuireadh sainoiliúint ar an bhfoireann Tréidliachta, Eolaíochta agus Theicniúil. Is iad seo a leanas sonraí roinnt den oiliúint a cuireadh ar fáil:

Foireann Tréidliachta
- Oiliúint Sláinte Poiblí
- Oiliúint Iniúchta HACCP;
- Measúnú Riosca Aicíde;
- Paiteolaíocht;
- Pórú Ainmhithe;
- Fliú Éanúil.

Foireann Eolaíochta agus Cigireachta
- Iniúchadh saotharlainne agus Staitisticí Saotharlainne;
- Tocsaineolaíocht;
- HACCP.

Foireann Theicniúil
- Sláinteachas Feola;
- Cúrsaí Forbartha.

Chuir Aonad Oiliúna TF na Roinne sainoiliúint ar fáil d'fhoireann na gCóras Faisnéise chun a chinntiú go mbíonn an fhoireann ag fáil scileanna nua i gcónaí i dtimpeallacht teicneolaíochta a bhíonn ag athrú go sciobtha.

Reáchtáil an Roinn 21 Seimineár Foirne ar fud na tíre in 2006 freisin, a d'fhreastail 3017 ball foirne orthu. Thug na seimineáir fhaisnéiseacha sin forbhreathnú don fhoireann ar na saincheisteanna is mó atá le sárú ag na hearnálacha Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta agus na Roinne féin.

De réir mar a cuireadh luas leis an bpróiseas díláraithe, bhí éileamh méadaithe ar oiliúint Ionduchtaithe. Cuireadh ábhair acmhainne bainistíochta eolais ar fáil do Rannáin uile na Roinne atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath chun laghdú ar an bpoitéinseal de chailleadh eolais chorparáidigh.

Tugadh tacaíocht airgeadais do 143 ball foirne chun cabhrú leo cúrsaí ábhartha tríú leibhéal a dhéanamh in 2006. Rinne an fhoireann raon cúrsaí lena n-áirítear Bainistíocht agus Riarachán Poiblí, TF, Oiliúint agus Oideachas, Gnó, Bainistíocht, Dlí agus saincháilíochtaí eolaíochta. In 2006, chuir an Roinn 16,552 lá oiliúna foirmiúla ar fáil ar chostas €5.9m. Chomh maith leis sin, in 2006 chuir an Roinn líon ard oiliúna ar an láthair ar fáil do bhaill foirne reatha agus nua.

DÍLÁRÚ

Is é cinneadh an Rialtais faoi dhílárú na Roinne ná:

- Bogfaidh an cheanncheathrú go Port Laoise, agus beidh 600 ball foirne i gceist leis sin;
- Bogfaidh an oifig áitiúil i gcathair Chorcaí go Mainistir Fhear Maí, agus beidh suas le 100 ball foirne i gceist leis sin;
- Bogfaidh na saotharlanna i gCorcaigh agus i Luimneach go Maigh Cromtha agus beidh suas le 100 ball foirne i gceist leis sin.

Tuigeann an Roinn go gcaitear dílárú a bhaint amach gan chomhleanúnachas, éifeachtacht agus éifeachtúlacht a cuid oibríochtaí a chailleadh agus le seirbhísí ar ardchaighdeán á gcur ar fáil dár gcliaint ar bhonn leanúnach. Le linn 2006, bhuail Coiste inmheánach Forfheidhmithe Díláraithe na Roinne le chéile go rialta chun dul chun cinn an chláir tríd is tríd a stiúradh agus a athbhreithniú. Bhuail an Coiste Idirchaidrimh Díláraithe, coiste a bunaíodh chun lucht leasmhar áitiúil a thabhairt le chéile, roinnt uaireanta i bPort Laoise freisin. Coinníonn an Roinn an fhoireann ar an eolas faoi dhílárú le seimineáir foirne, ciorcláin agus inlíon na Roinne, agus déanann sí comhchomhairle freisin leis an bhfoireann agus le ceardchumainn agus cumainn na foirne trí mheán na Comhpháirtíochta agus Comhairle Rannach. Ba mhír sheasmhach é an Dílárú ar an gclár oibre de chruinniú coicísiúil Choiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) na Roinne, agus cinntíonn sé sin go gcoinnítear an bhainistíocht shinsearach cothrom le dáta maidir le dul chun cinn. Chomh maith leis sin, in 2006, lean an Roinn ar aghaidh ag obair leis an Roinn Airgeadais agus an Grúpa Forfheidhmithe Díláraithe ar shaincheisteanna ginearálta agus sonracha a eascraíonn as an bpróiseas díláraithe.

Port Laoise – Dul Chun Cinn in 2006

Leagann Plean Forfheidhmithe Díláraithe na Roinne gluaiseacht chéimnithe go dtí Port Laoise amach i.e. aistriú feidhmeanna agus post thar roinnt blianta. Tá pasanna 2005 agus 2006 den dílárú chuig Port Laoise críochnaithe anois. Bogadh níos mó ná 100 post ó Bhaile Átha Cliath go Port Laoise thar raon Rannán i.e. an Rannán Cóiríochta, Gnóthaí Corparáideacha, an Rannán Córas Faisnéise, an Rannán Seirbhísí Bainistíochta, Sláinteachas Feola agus Fothairgí Ainmhí, Beartas Feola, Rannán Pearsanra (an tAonad Oiliúna agus Forbartha agus an tAonad Díláraithe san áireamh). Bhog roinnt ball foirne ó Rannáin Chigireachta freisin, i.e. Beostoc, Mairteoil agus Caoireoil agus Rialaithe Comhtháite. Chomh maith leis sin, chun an cinneadh dílárú go Port Laoise a éascú, tá móramh na gníomhaíochta nua laistigh den Roinn, go háirithe obair a bhaineann le Scéim na hAoníocaíochta (SA) dírithe ar Phort Laoise, agus tháinig méadú suntasach ar líon na bpost ann freisin. San iomlán, tháinig tá 180 post lánaimseartha sa bhreis i bPort Laoise ó 2004.

Chun freastal ar an líon méadaithe foirne, ghlac an Roinn le cóiríocht shealadach in Ionad Gnó Grattan, Port Laoise agus tá an chóiríocht sin lán anois. In 2005 ceadaíodh an suíomh i bPort Laoise ina mbeidh oifigí nua na Roinne lonnaithe; soláthróidh an suíomh d'fhorbairt choimpléisc ina mbeidh cóiríocht le haghaidh 850 ball foirne, an fhoireann reatha i bPort Laoise san áireamh. Le linn 2006, d'iarr Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) ar aighnis ó fhorbróirí atá á meas faoi láthair, agus de réir a meastacháin is deireanaí, cuirfear tús leis an tógáil in 2007 agus críochnófar in 2009 í.

Mainistir Fhear Maí agus Maigh Chromtha – Dul chun Cinn in 2006

Tá pleananna forfheidhmithe do Mhainistir Fhear Maí agus Maigh Cromtha i bhfeidhm agus tá an Roinn ag déanamh idirchaidrimh leis an OOP maidir le sonraíochtaí do na hoifigí agus suímh a aithint. Le linn 2006, cuireadh tús leis an bpróiseas earcaíochta do Mhainistir Fhear Maí.

CÓIRÍOCHT

I rith 2006, osclaíodh oifig shealadach i nDroim Seanbhó Co. Liatroma. Rinneadh plé leanúnach i rith na bliana leis an OOP maidir le soláthar oifigí nua san Uaimh agus i gCill Airne. Cuireadh tús le hobair ar oifigí nua i Bacastún, Co. Chill Dara agus rinneadh obair athchóirithe sna hoifigí i gCorcaigh, Ráth Bhoth, Sligeach agus Gaillimh.

Éifeachtacht Fuinnimh

Leathnaigh an OOP na Córais Bhainistíochta Foirgnimh atá socraithe chun leas a bhaint as leictreachas seachbhuaice/ar ráta íseal, chuig roinnt oifigí na Roinne le linn na bliana.

Sláinte agus Sábháilteacht

Fuair 338 ball foirne oiliúint sláinte agus sábháilteachta i rith na bliana den chuid is mó sna réimsí de Gharchabhair, Bainistíocht Líne, Láimhsiú Sábháilte, Pas Sábháilte agus Ionadaí Sábháilteachta. Tá obair leanúnach ar siúl chun Ráitis Sábháilteachta na Roinne a nuashonrú i leith na láithreacha oibre uile.

D'oibrigh an Comhairleoir Sábháilteachta Earraí Contúirteacha (CSEC) ar bhonn leanúnach i rith na bliana ar son na Roinne go háirithe i ndáil le samplaí fáthmheasta do Shaotharlanna na Roinne.

Tuairiscíodh ceithre thimpiste dhéag, sciorradh, tuisle agus titim den chuid is mó, don Údarás Sláinte & Sábháilteachta i rith na bliana. Tuairiscíodh dhá theagmhas chontúirteacha sa tréimhse chéanna.

Coimpléasc Nua Saotharlainne ag Bacastún agus ag Feirm Longtown, Co. Chill Dara

Tá na saotharlanna seo a leanas lonnaithe anois ag Bacastún - Saotharlann Lárnach na Roinne um Thaighde Tréidliachta, Saotharlann Réigiúnach Tréidliachta Bhaile Átha Cliath, an tSaotharlann Lárnach um Rialú Feola, an tSaotharlann um Thástáil na Síolta, an tSaotharlann um Rialú Lotnaidicídí agus an tSaotharlann Eolaíochta Déiríochta.

I ndiaidh do Chead Pleanála a bheith tugtha d'Fheirm Longtown (le cur in ionad Fheirm Bhaile an Aba) i Meán

Coimpléacs Saotharlanna na Roinne i mBacastún

Fómhair 2005, rinne an Roinn comhchomhairle dhlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí agus anois táthar ag tnúth le tús a chur leis an bpróiseas tairisceana do chóiriú na feirme go luath in 2007.

SEIRBHÍSÍ DLÍTHIÚLA

Bhí baint ag an Rannán Seirbhísí Dlí le go leor comh-chomhairlí le rannáin líne agus le comhairle dréachtaithe mhionchruinn agus speisialtóra a chur ar fáil do na rannáin sin i leith 93 Ionstraim Reachtúla a rinne an tAire le linn na bliana; dhréachtaigh nó shocraigh an rannán formhór na n-ionstraimí sin. Tugadh comhairle agus cúnamh dréachtaithe i leith dhá Bhille mholta freisin. Tugadh go leor cabhrach dréachtaithe eile do Rannáin líne freisin.

Tá an Rannán fós forghníomhach maidir le prionsabail **an Chláir um Rialáil Níos Fearr** a chur i bhfeidhm. Dréachtaítear na hionstraimí reachtúla uile a chuirtear ar aghaidh chuig an Rannán i stíl éasca shoiléir. Tá idirchaidreamh leanúnach á dhéanamh le Rannóg um Athchóiriú Dlí Reachtúil Oifig an Ard-Aighne maidir le haisghairm na reachtaíochta seanchaite ón Leabhar Reachtúil.

Tugadh **Anailís ar Thionchar Rialála (ATR)** isteach agus cuirtear i bhfeidhm í ar na tionscnaimh bheartais uile nua sa Roinn. Tá ATR scagtha á chur i bhfeidhm ar an mBille Foraoiseachta molta atá le cur in ionad Acht 1946. Cuireadh an scéim um cheannach amach anáidí, a ndearnadh foráil di in Acht Talún 2005 i bhfeidhm go rathúil i 10 mí, agus léirigh forálacha eile san Acht costais laghdaithe agus éifeachtacht mhéadaithe maidir le haistrithe de thalamh thalmhaíochta a chur i gcrích.

Sholáthar an Rannán Seirbhísí Dlí líon suntasach de thuairimí dlí, comhairlí ginearálta, comhaontaithe dréachta agus léirscríofa, doiciméid dhlíthiúla agus cumarsáid eile do Rannáin líne in 2006. Bhí baint agus ionchur níos mó ag an Rannán Seirbhísí Dlí le hábhair dlíthíochta a bhain leis an Roinn lena n-áirítear páipéir cháis mhionchruinne a ullmhú agus a sholáthar don Ard-Aighne agus d'Oifig Phríomh-Abhcóide an Stáit. Mar thoradh ar sin freastalaíodh ar agus cuireadh le go leor comhairliúchán agus éisteachtaí cúirte.

ACMHAINN TF A FHORBAIRT

Choinnigh an Roinn go seasta lena straitéis úsáid a bhaint as Teicneolaíocht Faisnéise (TF) chun freastal ar athrú straitéiseach, chun éifeachtacht inmheánach a fheabhsú, chun rialuithe a fheabhsú agus chun breis feabhais, lena n-áirítear soláthar seirbhísí breise ar líne, a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí.

Scéim Aoníocaíochta (SAÍ)

I ndiaidh chur i bhfeidhm rathúil na Scéime Aoníocaíochta an bhliain seo caite, rinneadh feabhas ar an gcóras arís chun foráil a dhéanamh do thrádáil teidlíochtaí agus riar an Chúltaca Náisiúnta. Ina theannta sin, leathnaíodh an córas chun freastal ar Rialacháin Bainistíochta Reachtúla (RBRanna) breise maidir le Trasghéilliúntas. Cuireadh seirbhís Idirlín ar líne ar fáil a chuir ar chumas feirmeoirí na sonraí iarratais agus íocaíochta a fheiceáil ar líne.

Cuireadh áiseanna ar fáil chun go mbeifí in ann réamhíocaíocht 50% a íoc an 16 Deireadh Fómhair 2006 agus ansin íocaíocht chothromaíochta a íoc an 1 Nollaig 2006. Faoi dheireadh na bliana, bhí €1.17 billiún íoctha le beagán níos lú ná 122,000 feirmeoir faoi Scéim SA 2006. Cuireadh tús le forbairt áiseanna chun cur ar chumas feirmeoirí iarratais a dhéanamh ar líne in 2007.

CEFC (Córas Eolas Foraoise Comhtháite)

Is feidhmchlár léaráidbhunaithe é CEFC, an córas ríomhaire Eolas Foraoise Comhtháite a chuimsíonn trí phríomhréimse don tSeirbhís Foraoise: a) íocaíochtaí deontais agus préimhe, b) pleanáil foraoise agus faomhadh c) léarscáiliú foraoise.

Cuireann an córas feidhmiúlacht ar fáil chun íoc deontas foraoise a luathú ag feabhsú ar an dóigh sin an tseirbhís do chustaiméirí na Seirbhíse Foraoise. Chuaigh an córas beo i

Márta 2006 in am íocaíochtaí Préimhe Foraoise 2006 a phróiseáil. Próiseáladh thart ar €90m d'íocaíochtaí deontais agus préimhe sa chóras le linn a chéad bhliain airgeadais de bheith ag feidhmiú. Táthar chun tús a chur le tionscadal in 2007 chun áiseanna a chur ar fáil le hiarratais deontais agus phréimhe a dhéanamh ar líne, agus cuirfear an tionscadal sin i bhfeidhm in 2008.

CLTF (Córas Léarscáilithe Thionscal na Foraoiseachta)

Cuireann CLTF, a seoladh ag an am céanna le CEFC, ar chumas Foraoiseoirí faofa ag an Roinn léarscáileanna a dhéanamh ar líne de phlandálacha nua don Scéim Foraoisithe chun tacú le hiarratais phlandaithe déanta roimh an bhfaomhadh. Le cois sin, féadann foraoiseoirí léarscáileanna ar líne a dhéanamh de cheantair Foraoiseachta a plandaíodh don Scéim Foraoisithe chun tacú le hiarratais ar dheontais i ndiaidh an phlandaithe. Is féidir féachaint ar ortaighrianghrafadóireacht don chontae uile freisin chun cabhrú le hiarratais Foraoiseachta. Chomh maith leis sin, cuireann CLTF ar chumas Foraoiseoirí Faofa rochtain a fháil ar Ainmníochtaí Reachtúla Comhshaoil agus achair sonraí bhainteacha eile chun cabhrú leis an bpróiseas iarratas. Tugann an rochtain sin léiriú grafach de cheantair atá íogair ó thaobh an chomhshaoil nó na bhforaoisí de cosúil le Ceantair Chaomhantais Speisialta, criosanna atá íogair ó thaobh an aigéid de agus criosanna atá íogair ó thaobh na n-iascach de, chomh maith le Páirceanna Náisiúnta agus Séadchomharthaí Náisiúnta. Cabhraíonn sé sin go mór leis an bpróiseas déanta cinntí d'iarrthóirí poitéinsiúla, mar féadtar cosc a chur ar fhaomhadh a thabhairt do phlandáil foraoisí sna ceantair sin nó féadann sé a bheith níos deacra an faomhadh sin a fháil sna ceantair sin. Trí leas a bhaint as CLTF, féadann an Foraoiseoir Faofa ceantair nach mbaineann an oiread sin deacrachtaí leo a aithint agus teorainneacha molta a bplandálacha a bhogadh dá réir sula seolann siad isteach a n-iarratais. Cinntíonn sé sin go mbíonn próiseas faofa níos tapúla i gceist don iarrthóir agus dóchúlacht mhéadaithe faomhadh a fháil.

Intleacht Ghnó/Ollstóráil Sonraí

I ndiaidh an tionscadail phíolóta a raibh sé d'aidhm aige scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht Ollstór Sonraí ar fud na fiontraíochta a fhorbairt don Roinn, in 2006, rinneadh obair phleanála, scóipe agus ullmhaithe ar Intleacht Ghnó. Nuair a chuirfear i bhfeidhm go hiomlán é, ceadóidh an teicneolaíocht sin don Roinn feidhm a bhaint as na stóir mhóra sonraí atá aici ina cuid córas ríomhaire oibríochtúla ar bhealach comhtháite chun tacú le tascanna pleanála beartais, anailís tionchair agus anailís riosca.

Bainistíocht Eolais agus Taifead

In 2006, cuireadh tús le straitéis chomhtháite bainistíochta taifead agus eolais na Roinne. Is é an cuspóir leis acmhainn a fhorbairt trína mbeidh an Roinn in ann, thar thréimhse na blianta amach anseo, feidhm a bhaint as córais atá bunaithe ar an teicneolaíocht chun cuidiú le bainistiú na dtaifead doiciméadach atá ag an Roinn agus atá ag dul i méid i gcónaí d'fhonn na húsáide is fearr is féidir a bhaint as an eolas atá stóráilte ar fud na Roinne. Mar chuid de chéad phas na hoibre sin, ba ghá raon tascanna ullmhúcháin idireatramhacha a thabhairt chun críche, ar bhloic tógála riachtanacha iad chun córas TF-bunaithe ar leibhéal na fiontraíochta a fhorbairt.

Córas Custaiméara Chorparáidigh

Is éard atá sa Chóras Custaiméara Chorparáidigh (CCC) an stór lárnach is mó in aon ionad amháin d'eolas custaiméara na Roinne. Is é an ceap custaiméara é agus is timpeall an chip sin atá córais níos nuaí na Roinne tógtha. Cláraítear custaiméirí seachtracha uile na Roinne aon uair amháin sa chóras sin agus is iad na baill foirne sna hoifigí áitiúla a choinníonn an t-eolas suas chun dáta. Baineann an Roinn úsáid as Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) mar aitheantóir leithleach le haghaidh custaiméirí aonair, rud a thagann le tionscnamh REACH an Rialtais. Ia é an t-aitheantóir leithleach a mbaintear úsáid as le haghaidh custaiméirí agus trádálaithe uimhir CBL nó uimhir Oifig Chlár na gCuideachtaí (OCC) na cuideachta.

Beireann an córas sochair ollmhóra chuig fhoireann agus chuig chustaiméirí na Roinne araon. Nuair a thagann athrú ar eolas faoi chustaiméir ní gá na sonraí sin a athrú ach an t-aon uair amháin agus bíonn an t-athrú feiceálach ar an toirt d'fhoireann uile na Roinne is cuma cén córas ríomhaire a mbaintear úsáid as. Is é an t-eolas céanna .i. an t-eolas is deireanaí atá uasdátaithe a mbaintear úsáid as i gcumarsáid leis an gcustaiméir, rud a théann chun sochair dó/di. Toisc go bhfuil an córas ar fáil ar gach ríomhaire deisce is féidir seirbhís níos fearr a chur ar fáil anois. Tá áiseanna cuardaigh sa chóras agus tá rialúcháin an-dochta insuite ann i ndáil le leasachán eolas custaiméara. Neartaíonn an CCC áis sheirbhísí ar líne agraibhia na Roinne a bhfuil teacht uirthi tríd an suíomh idirlín agus fíoraíonn sé clárú custaiméirí ar líne don tseirbhís sin.

Rinneadh leathnú ar an gcóras CCC ar bhonn leanúnach ón gcéad uair ar cuireadh i bhfeidhm é. Rinneadh breis forbartha ar an gcóras i rith na bliana 2006 lena nascadh le líon méadaithe de chórais nua na Roinne. Cuireann CCC eolas custaiméara ar fáil anois do dhá chóras is fiche, lena n-áirítear Córas Scéim na hAoníocaíochta (SA), an Córas Ríomhaireachta do Shláinte Ainmhithe (CRSA), an Córas Sainaitheanta agus Aistrithe Ainmhithe (CSAA), an Córas Foraoiseachta (CEFC) agus Córas Airgeadais na Roinne (SAP). Rinneadh forbairt bhreise ar CCC chun cur ar chumas comhairleoirí/comhairligh clárú leis an Roinn mar Ghníomhairí Talmhaíochta chun iarratais SA a sheoladh isteach ar líne dá ngrúpa cliant ó bhliain iarratas SAÍ 2007 ar aghaidh.

Córas Ríomhaireachta do Shláinte Ainmhithe (CRSA)

Forbraíodh an Córas Ríomhaireachta do Shláinte Ainmhithe (CRSA) chun freastal ar riachtanais na Roinne atá ann anois agus a bheidh ann sa todhchaí i ndáil lena cláir iomadúla agus éagsúla do shláinte agus leas ainmhithe. CRSA a ghabh ionad an chórais neamhspleách thástála aicíde eallaigh agus a sholáthraíonn ag an am céanna raon méadaithe d'fheidhmiúlacht trí bhuntáiste a bhreith ar na teicneolaíochtaí cumarsáide agus faisnéise is deireanaí. Is áis lánlíonraithe nua-aimseartha an córas nua a cheadaíonn d'fhoireann teacht ar eolas maidir le tréada agus le hainmhithe uile ar fud na tíre. Is córas bunaithe ar an idirlíon é CRSA ar forbraíodh

ar an ardán java J2EE é, a bhaineann úsáid as ailtireacht trí chiseal le bunachar sonraí Oracle sa phréamh, agus tá sé ar fáil do níos mó ná 4,000 ball foirne agus níos mó ná 900 cleachtóir tréidliachta príobháideacha ar fud na tíre.

Tá an CRSA comhtháite go hiomlán leis an gCóras Custaiméara Chorparáidigh (CCC). Comhtháthaíonn sé freisin le Córas Airgeadais na Roinne (SAP) ag gineadh dá chionn sin íocaíochtaí d'Fheirmeoirí agus do CTPanna ar bhealach caighdeánach, tráthúil agus daingean, agus soláthraíonn sé do rogha modhanna íocaíochtaí custaiméara (seic nó ríomhaistriú airgid). Tógann sé freisin ar an eolas bainistíochta airgeadais atá ar fáil agus tagann sé le cuspóirí Chreatlach Eolais Bhainistíochta (CEB) na Roinne.

Méadaíonn an córas sonraí agus roinneann sé sonraí freisin le córais eile ríomhaire atá curtha chun cinn ag an Roinn sna blianta deireanacha, go háirithe iadsan a bhaineann le hinri-anaitheacht eallaigh a leithéid an Córas Faireacháin ar Aistriú Eallaigh(CFAE), an Córas Sainaitheanta agus Aistrithe Ainmhithe (SAA), agus an Córas Clibeála agus Cláraithe Eallaí (CCE) chun pictiúr cuimsitheach de stair ainmhí ó bhreith go bás a léiriú ag soláthar dá chionn sin dearbhú maidir le sábháilteacht agus le caighdeán táirgí Éireannacha.

Gné thábhachtach eile den CRSA is ea go bhfuil cleachtóirí tréidliachta phríobháideacha (CTPanna) a dhéanann tástáil faoi na scéimeanna um dhíothú aicíde in ann teacht ar an gcóras ar an idirlín. Tugann sin deis dóibh teacht ar thástálacha atá sceidealta lena n-aghaidh agus ceadaíonn dóibh sonraí a chur isteach ar líne agus sonraí a uaschóipeáil agus a íoschóipeáil ag freastal ar an dóigh sin do ghabháil dhíreach leictreonach shonraí tástála.

Tá na Cleachtais Tréidliachta Phríobháideacha uile, beagnach, ag baint úsáide as an gcóras anois le níos mó ná 95% de na tástálacha náisiúnta uile á láimhsiú ar líne (100% i roinnt contaetha). Chuir sin dlús leis an bpróiseas tástála ar mhaithe leis an Roinn, leis na CTPanna agus le feirmeoirí. Tá taifeadadh torthaí tástála d'ainmhithe uile (agus ní amháin d'imoibreoirí mar b'amhlaidh san am atá caite) i dteannta comhtháthú le CFAE ag cabhrú le haithint aimhrialtachta i bpróifílí tréada agus tríd is tríd ciallaíonn sé fíorú níos tapúla de stádas sláinte ainmhí, rud a scaoileann ainmhithe feirmeoirí chun díolacháin níos tapúla.

Seachadadh feabhsuithe ar an gcóras, forbairt modúil nua chun ligean d'íocaíochtaí forlíontacha le CTPanna a bheith íoctha tríd an CRSA, ar bhealach modúlach ar feadh na bliana de réir na dtosaíochtaí gnó.

Leagadh béim ar rath an tionscadail agus na tairbhí lena mbaineann nuair a bhronn an Taoiseach Gradam um Ardchaighdeán Feabhais sa tSeirbhís Phoiblí ar an Roinn ag searmanas Taispeántais agus Gradam i gCaisleán Bhaile Átha Cliath mí an Mhárta 2006 mar thoradh ar fhorbairt an chórais.

An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (SCTT)

I rith na bliana cuireadh i bhfeidhm uasghráduithe agus feabhsuithe córais a chuaigh chun sochair oibriúchán na Scéime um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS). Rinneadh obair forbartha bhreise ar na trí Chóras Infheistíochta Ar-Fheirmeacha.

Cuireadh tús le hobair chun córais a fhorbairt le freastal ar Scéimeanna nua REPS4 agus Scéimeanna Infheistíochta Ar Fheirmeacha.

Tionscnaimh Ríomhsheirbhísí Rialtais

Chuir clár tionscnamh Ríomhsheirbhísí Rialtais na Roinne seirbhísí feabhsaithe ar fáil dár gcustaiméirí agus dár ngníomhairí seachtracha. Chuaigh an tabhairt faoi stiúir de theicneolaíochtaí nua, go sonrach i réimsí seirbhísí gréasánbhunaithe, SMS agus WAP, mar aon le soláthar both-anna féinsheirbhíse chun sochair na Roinne sa mhéid is go bhfuil teacht níos forleithne agus níos éasca ar a cuid bunachair cliant. Lena linn sin, bhí an Roinn in ann clár oibre Sochaí Eolais níos forleithne a thabhairt ar aghaidh.

Tá bunachar sonraí mór ar shuíomh idirlín na Roinne a chuim-síonn eolas faoi róil agus freagrachtaí éagsúla na Roinne. Áirítear air sin sonraí faoi na scéimeanna agus na bearta uile. Tá áis ann freisin chun na foirmeacha agus na treoracha scéime uile a íoschóipeáil. Le cois an tsoláthair sin, leath-naíodh an áis seirbhíse ar líne, ar a dtabharfar **agfood.ie** ó 2007 ar aghaidh, chun go mbeadh rochtain ag ár gcustaiméirí ar líon níos mó d'áiseanna ar an idirlíon.

Tá aonaid Físchomhdhála breise curtha i ngníomh ag an Roinn do bhaill foirne i gceantair iargúlta. Chuir an Roinn tús le haistriú chuig físchomhdhálacha ar líonra na Roinne féin. Beidh laghdú ar chostais agus méadú ar iontaofacht mar tho-radh an réitigh sin, agus cuirfidh sé ar chumas úsáideoirí comhdhálacha a dhéanamh óna ndeasca féin mar aon le seomraí cruinnithe.

Mar gheall ar réitigh teicneolaíochta soghluaiste, lena n-áirítear úsáid cártaí Mobile Connect ar ríomhairí glúine agus soláthar sásanna láimhe Blackberry agus soghluaiste, bhí rochtain 24 uair an chloig ar ríomhphost mar ba ghá. D'éascaigh na teicneolaíochtaí sin sreabhadh eolais níos fearr agus mhéadaigh siad an táirgiúlacht.

I rith na bliana d'oibrigh an Roinn go dlúth ar bhonn seasta leis an Aonad Polasaí Sochaí Eolais ag Roinn an Taoisigh agus le gníomhaireachta tras-rannacha eile a leithéid REACH.

Tá bearta slándála do Ríomhsheirbhísí Rialtais na Roinne á bhfeabhsú i gcónaí agus scrúdaíonn agus measann tríú páirtí na bearta sin go leanúnach.

Seirbhísí REACH agus an Bróicéir Seirbhíse Poiblí

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair leis an nGníomhaireacht REACH i rith na bliana. I rith na bliana, rinneadh uasghrádú rathúil ar an mbonneagar bunaidh a chinntíonn nascacht iomlán idir ailtireacht theicniúil na Roinne féin agus an Bróicéir Seirbhíse Poiblí (BSP).

Tá an córas, a chuireann ar chumas onnmhaireoirí cáipéisí a

aistriú chuig na Coimisinéirí Ioncaim agus Reach tríd an BSP i bhformáid shlán leictreonach fós ag feidhmiú go rathúil agus tá an úsáid a bhaineann trádálaithe as ag dul i méid. Tá pleananna déanta chun an córas sin a uasghrádú in 2007.

Seirbhísí Ar Líne agus Suíomh Idirlín na Roinne

Tugann leathanach baile shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie deis i gcónaí d'úsáideoirí teacht ar sheirbhísí ar líne. Tar éis cláraithe cuirtear CRP (Cód Rochtana Pearsanta) agus pasfhocal ar fáil do chliaint chun críche idirghníomhaíochta daingne leis na seirbhísí atá ann agus a bheidh ann. Le linn 2006, leathnaíodh an áis sin chun rochtain ar Chóras Bainistíochta Thionscal na Foraoiseachta (CBTF) a chuimsiú.

Cuireann an Roinn na seirbhísí ar líne a leanas ar fáil do chliaint anois:

Scéim Aoníocaíochta (SA)
Tugann an Roinn deis teacht ar líne ar eolas faoi iarratais SA aonair, ar íomhánna scanta de chomhfhreagras agus ar léarscáiliú daite de phacáistí talún. Ó 2007 ar aghaidh, leagfar branda nua ar an suíomh idirlín agus feabhsófar é chun cur ar chumas feirmeoirí nó gníomhairí ag feidhmiú thar cheann feirmeoirí iarratais ar líne a dhéanamh ar íocaíochtaí SA.

An Córas Sainaitheanta agus Aistrithe Ainmhithe (SAA)
Tá CFAE agus roinnt córas sainaitheanta eile á n-athfhorbairt faoi thionscadal an chórais Sainaitheanta agus Aistrithe Ainmhithe (SAA). Tá an córas á fhorbairt trí theicneolaíochtaí Idirlíonbhunaithe a úsáid. Cuireadh roinnt áiseanna ar líne ar fáil d'fheirmeoirí cheana féin a ligeann dóibh próifíl a dtréada bólachta a fheiceáil, breith laoi a chlárú agus iarratas a dhéanamh ar Theastas Géilliúlachta CFAE d'aistrithe áirithe ainmhithe. Bainistíonn SAA ordú agus scaipeadh clibeanna cluaise d'eallaigh, caoirigh, muca agus gabhair freisin.

I rith 2006:

- cuireadh feidhmchlár ar fáil a chuir ar chumas feirmeoirí próifíl a dtréada a fheiceáil, breith lao a chlárú agus iarratas a dhéanamh ar Theastas Géilliúlachta CFAE ar a ngutháin shoghluaiste;
- rinneadh dul chun cinn suntasach sna tionscadail chun Margaidh Beostoic a chur ar líne agus chun na háiseanna chun onnmhairithe eallach a thuairisciú a nuashonrú;
- tugadh áiseanna isteach chun sonraí an Mhóráirimh Ainmhithe a thaifeadadh do mhóráireamh bliantúil na gCaorach agus na nGabhar;
- athraíodh an ról chun gnó a dhéanamh leis an Roinn ó Úinéir Tréada go Coimeádaí Tréada; agus
- cuireadh athruithe i bhfeidhm chun freastal ar na formáidí éagsúla clibeanna atá ann sa Ríocht Aontaithe i ndiaidh deireadh a bheith curtha le toirmeasc Einceifileapaite Spúinseach Bhólachta (ESB) an Ríochta Aontaithe.

Tá an córas SAA á chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe agus leathnófar é chuig ionaid seamlais agus chuig na láithreacha uile a thugann eolas don chóras inrianaitheachta faoi aistrithe ainmhithe.

Forbairtí Eile

Tá áis curtha chun cinn ag an Roinn freisin a cheadaíonn do chustaiméirí breathnú ar shonraí saothraithe prátaí sa stát. Cuireadh an córas sin ar fáil ó mhí Feabhra 2006 agus d'éirigh thar barr leis go dtí seo.

AG SOLÁTHAR SEIRBHÍS AR ARDCHAIGHDEÁN DO CHUSTAIMÉIRÍ

Plean Gnímh agus Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí

Seoladh an tríú Plean Gnímh um Sheirbhís do Chustaiméirí (PGSC) de chuid na Roinne, a chlúdaigh an tréimhse ó 2005 go 2007, i mí Feabhra 2005 faoi réir an Tionscnaimh um Sheirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí de chuid an Rialtais. Is é an PGSC a leagann amach an caighdeán feabhais do sheachadadh na seirbhíse do chustaiméirí uile na Roinne. Lainseáladh freisin an chéad Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí. Forbairt shuntasach a bhí anseo maidir leis na mionsonraí sonracha a bhain le leibhéal na seirbhísí a bheadh an Roinn ag cur ar fáil a leagan amach. Déanann Aonad um Sheirbhís ar Ardchaighdeán na Roinne monatóireacht ar sheachadadh na gcaighdeán seirbhíse ar bhonn leanúnach trí theagmháil rialta a dhéanamh le rannáin na Roinne agus le custaiméirí. Tá Cártaí do Thuairimí Custaiméirí curtha ar fáil in oifigí uile na Roinne.

An tAire Stáit, Máire de Bhailís T.D. agus Martins Roze, An tAire Talmhaíochta Laitviach agus iad ag ar cuairt ar Fheirm Bhogthorthaí Keelings i mBaile Átha Cliath, mí Iúil 2006.

Cairt Chearta d'Fheirmeoirí

Lainseáladh an Cairt Chearta d'Fheirmeoirí i mí na Nollag 2005 agus tá sé in ionad an Phrótacail ar Íocaíochtaí Díreacha le Feirmeoirí a bunaíodh in 2000.

Cuireann an Chairt nua leis an dul chun cinn a bhí déanta cheana féin faoin bPrótacal agus leagann sí amach caighdeáin do sheachadadh seirbhíse agus spriocanna le haghaidh na bpríomhscéimeanna faoina mbeidh súil le feirmeoirí íocaíocht a fháil. Tá foraoiseacht cuimsithe anois sa Chairt agus tugadh ERAD agus na réimsí íocaíochta cúitimh sláinte ainmhí eile faoina sainchúram freisin.

Tá sceideal a leagann amach feidhmíocht iarbhír na Roinne maidir le spriocanna na Cairte a bhaint amach le fáil in Aguisín 2.

An Oifig um Achomhairc Talmhaíochta

Cuireann an Oifig um Achomhairc Talmhaíochta seirbhís achomhairc ar fáil d'fheirmeoirí nach bhfuil sásta le cinntí na Roinne Talmhaíochta agus Bia maidir lena dteidlíochtaí faoi scéimeanna áirithe. Is iad an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 agus na Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta 2002 a rialaíonn oibriúchán na hOifige.

Is é misean na hOifige seirbhís achomhairc neamhspleách, áisiúil, cothrom agus tráthúil a chur ar fáil d'iarratasóirí scéim na Roinne Talmhaíochta agus Bia agus an tseirbhís sin a sheachadadh ar bhealach cúirtéiseach agus éifeachtach.

Rinne an Oifig um Achomhairc Talmhaíochta na nithe seo a leanas in 2006:

- D'fhoilsigh sí a ceathrú Tuarascáil Bhliantúil, as Béarla agus as Gaeilge, atá ar fáil ar shuíomh idirlín na hOifige féin, www.agriappeals.gov.ie
- I dteannta gnáthfheidhmeanna na hoifige, lean an Coiste Achomhairc Aoníocaíochta ar aghaidh ag déanamh scrúduithe ar achomhairc i ndáil le gnéithe éagsúla na Scéime Aoníocaíochta. In 2006, bhí 13 cruinniú ag an gCoiste Achomhairc Aoníocaíochta agus thug siad measúnú 1,108 cás chun críche.

In 2006 fuair an Oifig 427 achomharc; bhí 290 acu dúnta ag deireadh na bliana. Tá achoimre ar thorthaí na gcásanna a dúnadh leagtha amach thíos:

Achoimre	%
Achomhairc Cheadaithe, Pháirt cheadaithe nó Athbhreithnithe ag an Roinn	41
Achomhairc Tarraingthe siar, Neamhbhailí nó as Am	17
Achomhairc Diúltaithe	42

Achomhairc na Seirbhíse Foraoise

Is é aonad riaracháin den tSeirbhís Foraoise a láimhseálann achomhairc a bhaineann le scéimeanna foraoise. Cigire Sinsearach agus Príomhoifigeach Cúnta atá ar an gCoiste Achomhairc. Déantar athscrúdú ar gach cás a fhaightear achomharc ina leith, le scrúdú ar an suíomh más gá. Déanann baill foirne shinsearacha nach raibh baint acu cheana na scrúduithe agus na breithiúnais chun neamhspleáchas agus ardchaighdeán cinntí a chinntiú.

In 2006, fuair an tAonad 167 achomharc nach raibh 30 acu dúnta faoi dheireadh na bliana. D'éirigh le 43.33% de na hachomhairc a ndearnadh cinntí fúthu, d'éirigh i bpáirt le 5.83%, agus theip ar 50.83%.

Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóra

Bunaíodh an Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóra i mí Eanáir 2002 chun cumarsáid idir an tomhaltóir agus an Roinn a neartú. Is iad na Téarmaí Tagartha atá aige dul i mbun idirchaidrimh i dtaca le ceisteanna ginearálta tomhaltóra agus cliaint maidir le gníomhaíochtaí na Roinne agus tuairim a nochtadh faoin sreabh eolais a théann siar is aniar ón bpobal.

Cuimsíonn an Painéal ionadaithe ó Chumann Tomhaltóirí na hÉireann, ó Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann, ó Chumann na mBan, ón Ardán Earnála Pobail agus Deonaí maille le daoine atá ainmnithe ag na hasraonta móra miondíola bia.

Ar na saincheisteanna a rinneadh athbhreithniú orthu in 2006 bhí praghsanna bia, Fliú Éanúil, úsáid lotnaidicídí ar Bheacáin, Beart Taighde Institiúideach Bia an Phlean Fhorbartha Náisiúnta agus Orgánaigh Ghéinathraithe.

Tá tiomantas i bPlean Gnímh Agri Vision 2015 feidhmiú an Phainéil Idirchaidrimh Tomhaltóra a threisiú agus a athbhreithniú chun a chinntiú go mbeidh dearcadh tomhaltóra suas chun dáta ar fáil faoi ghníomhaíochtaí na Roinne.

ISO 9001: 2000 Bainistíocht Tionscadal

Is cónaidhm de chomhlachtaí caighdeáin náisiúnta domhanda an ISO (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán). Má fhaighimid creidiúnú go dtí Caighdeán ISO 9001: 2000 is fíorú neamhspleách sin ar chaighdeán ár gcuid seirbhísí. Tá an Roinn geallta dearbhú d'ardchaighdeán ár seirbhísí a chur ar fáil agus do shástacht chustaiméirí a fheabhsú trí chreidiúnú ISO.

I mí Lúnasa 2006, fuair an CBC sa Rannóg um Pórú Beostoic i gCabhán creidiúnú chaighdeán ISO 9001: 2000 ón ÚCNÉ. D'éirigh leis an Scéim Ceadúnas Leigheas Ainmhí (Rannóg Míochaine Tréidliachta, Maigh Nuad) agus an Córas Aisíocaíochta Onnmhairithe Mairteola (Rannóg Aisíocaíochtaí Onnmhaire, Loch Garman) creidiúnú Chaighdeán ISO 9001:2000 a fháil arís.

Le linn 2006, chuir an Rannóg Ionchuir, Rannán Cuntas, an Cabhán tús le Córas Bainistíochta Cáilíochta (CBC) ag leibhéal Chaighdeán ISO 9001:2000. Táthar ag súil go moltar an CBC sin le creidiúnú agus clárú faoi ISO 9001:2000, i ndiaidh iniúchadh a bheith déanta ag Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ), in 2007.

Nuair is praiticiúil agus is cuí é tá sé de phlean ag an Roinn an Córas Bainistíochta Cáilíochta ISO a thabhairt isteach i roinnt rannán íocaíochta.

Saoráil Faisnéise

Baill de chuid na Roinne

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF), Acht 1997 i bhfeidhm in Aibreán 1998. Tá sé de rún ag an Acht é a chur ar chumas bhaill an phobail, a mhéid is mó agus is féidir, comhsheasmhach le leas an phobail agus leis an gceart príobháideachta, rochtain a fháil ar eolas atá i seilbh na gcomhlachtaí poiblí. Ina theannta sin cuireann an tAcht ar chumas bhaill an phobail eolas pearsanta a bhaineann leo féin a fháil ceartaithe mura bhfuil sé cruinn ó thaobh fíricí de agus i gcúinsí áirithe fáthanna na gcinntí a théann i gcion orthu a fháil. Dá dheasca sin foráiltear san Acht SF do cheart rochtana ar thaifid atá i seilbh comhlachtaí poiblí, d'eisceachtaí riachtanacha maidir leis an gceart rochtana sin agus do chúnamh a thabhairt do bhaill an phobal chun cur ar a gcumas an ceart sin a fheidhmiú. Déantar foráil ann freisin d'athbhreithniú neamhspleách Oifig an Choimisinéara Faisnéise ar chinntí SF a dhéanann comhlachtaí poiblí.

In 2006 fuarthas 219 iarratas SF san iomlán, a chlúdaigh gach gné d'oibriúcháin na Roinne. Iarratais ar eolas pearsanta a bhí i 53% díobh sin agus sa chuid eile bhí iarratais ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear na meáin, baill an Oireachtais agus grúpaí gnó/leasa. Chuaigh 23 acu sin chomh fada le hathbhreithniú inmheánach agus tá achomharc faoi 6 cinn á chur chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

Ó cuireadh tús leis an Acht SF go dtí 31 Nollaig 2006 fuair an Roinn 2,684 iarratas SF san iomlán; chuaigh 314 acu sin chomh fada le hathbhreithniú inmheánach agus cuireadh achomharc faoi 141 ceann acu chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

Ar an 31 Bealtaine 2006, leathnaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise chuig dhá Chomhlacht Stáit eile atá faoi scáth na Roinne: Comhairle Tréidliachta na hÉireann agus Bord Capall na hÉireann. Féachtar ar na comhlachtaí sin anois mar "chomhlachtaí poiblí" chun críche an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997. Bhí sé i bhfeidhm ón 1 Samhain 2002 ar an mBord Bia, Teagasc, Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne.

Ní bhaineann aon táille aitheantais le hiarratais Saorála Faisnéise faoi rochtain ar thaifid phearsanta. Mar sin féin, ní mór táille aitheantais €15 a chur le hiarratas ar fhaisnéis neamhphearsanta (€10 i gcás sealbhóirí cártaí leighis agus a gcuid cleithiúnaithe). Baineann táille aitheantais €75 (€25 i gcás sealbhóirí cártaí leighis agus a gcuid cleithiúnaithe) le hachomharc inmheánach ar chinneadh a rinneadh faoi iarratas dá leithéid. Más rud é go bhfuil duine míshásta i ndiaidh toradh athbhreithnithe inmheánaigh tá sé/sí i dteideal iarratas a chur chuig an gCoimisinéir Faisnéise chun athbhreithniú neamhspleách a fháil ar chinneadh an chomhlachta phoiblí. Caithfidh táille €150 (nó €50 i gcás sealbhóirí cártaí leighis agus a gcuid cleithiúnaithe nó i gcás tríú páirtí) a ghabháil le hiarratas dá leithéid.

Oifig an Ombudsman

In 2006 fuair Oifig an Ombudsman 73 gearán san iomlán a bhain leis an Roinn. Chloígh an Roinn leis an sprioc-am reachtúil le haghaidh freagra a thabhairt ar an Ombudsman i ngach cás.

Nós Imeachta Gearáin

Tugadh nós imeachta gearáin foirmiúil isteach sa Roinn i mí Iúil 1998. Rinneadh poiblíocht trí chumarsáid dhíreach le custaiméirí aonair agus le heagrais ionadaíochta faoin áis atá ann chun gearáin a fhiosrú go neamhspleách. Tá bileog mhínithe faoin nós imeachta ar fáil ag na hoifigí poiblí uile agus dáileadh amach agus míniodh í ag cruinnithe feirmeora agus ag imeachtaí móra talmhaíochta.

Aonad um Sheirbhís ar Ardchaighdeáin lán tiomnaithe sa Roinn is ea a fhiosraíonn gearáin agus réitítear iad de réir threoirlínte an Ombudsman ag baint úsáide as prionsabail an dea-chleachtais sa riarachán poiblí. In 2006 tháinig formhór na ngearán ó dhaoine aonair a bhí gafa leis an bhfeirmeoireacht agus bhain siad le hábhair atá mionsonraithe thíos:

Catagóir an Ghearáin 2006	
Moill i bhfreagairt a thabhairt ar cheisteanna	5
Deacracht i dteagmháil a dhéanamh leis an Aonad Aoníocaíochta	2
Easpa cúirtéise	1
Eile	6
Iomlán	**14**

Seimineáir Foirne

Reáchtáladh sraith seimineár foirne ar fud na tíre don fhoireann uile sa tréimhse Eanáir go Bealtaine 2006 agus Meán Fómhair go Nollaig 2006. Is éard a bhíodh i ngach seimineár óráid tosaigh déanta ag an Ard-Rúnaí nó comhalta CCB den Roinn ag cur eolas ar fáil ar raon leathan topaicí ábhartha lena n-áirítear todhchaí na talmhaíochta, cur i bhfeidhm Phlean Gnímh Agri-Vision 2015, pleanáil straitéiseach/gnó, comhaontú comhpháirtíochta sóisialta, dílárú agus foireann, an Scéim Aoníocaíochta agus trasghéilliúlacht, an Eagraíocht

Trádála Domhanda, Forbairt Tuaithe agus Treoir na Níotráití. Leantaí sin le trí láithreoireacht ar réimsí éagsúla oibre na Roinne agus ar thopaicí reatha ar údar suime iad don fhoireann. Ceann de na príomhthopaicí ar tugadh aghaidh air ag na seimineáir sin ná "an Córas Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta a Chomhtháthú le Beartais agus Próisis Acmhainní Daonna". Reáchtálfar seimineáir bhreise in 2007 chun an fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí sa roinn.

Aguisíní

AGUISÍN 1 – Táscairí Feidhmiúcháin

SPRIOC 1 – FORBAIRT AGRAIBHIA AGUS TRÁDAIL i gCreatlach Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Earnáil agraibhia a fhorbairt a bheadh iomaíoch go hidirnáisiúnta agus dírithe ar thomhaltóirí agus tacú leis an trádáil talmhaíochta agus bia agus é a éascú.

Beidh cur chun cinn na hearnála Agraibhia ag bráth go mór amach anseo ar a hábaltacht bheith nuálach agus iomaíoch. Is mó ná riamh a bhíonn custaiméirí ag iarraidh go mbeadh an bia cothaitheach, sábháilte, ar ardchaighdeán agus go mbeadh an praghas ceart agus is í ábaltacht tionscal Agraibhia na hÉireann freastal ar na riachtanais sin le táirgí nuálacha ar phraghasanna iomaíocha is príomhúla a chinnteoidh a thodhchaí. Beidh tionchar suntasach ag caighdeán na ceannaireachta a chuirfidh an Roinn ar fáil agus ag a hábaltacht creat polasaí fabhrach a bhaint amach san AE san ETD agus i gcomhlachtaí rialaitheacha idirnáisiúnta eile ar thodhchaí na hearnála.

Táscairí Feidhmiúcháin Ardleibhéil

a) Toradh ar idirbheartaíocht AE/ETD i leith thalmhaíocht agus fhoraoiseacht na hÉireann.
Féach 1.1 agus 1.2 thíos

b) Luach/méid onnmhairí agri-bhia
Féach 1.4 thíos

c) Méid forfheidhmithe an Phlean Ghnímh Agri-Físe 2015
Féach 1.3 thíos

d) Luach táirgeachta/onnmhairí maidir le táirgí bia ullmhaithe tomhaltóra
Féach 1.4 thíos

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
1.1 Leasanna na hearnála agri-bhia ag leibhéal an AE a chur chun cinn agus a cho-saint ar bhonn ghníomach	Toradh ar idirbheartaíocht AE faoi earnáil agri-bhia na hÉireann	Tháinig an Córas Siúcra nua in éifeacht ar 1 Iúil 2006 .Idirbheartaíodh pacáiste cúitimh le luach níos mó ná 312m lena n-airítear leithdháileadh speisialta ar 44m. le haghaidh éagsúlaithe. Aontaíodh na Treoirlínte nua maidir le Státchabhair san Earnáil Talmhaíochta agus Fhoraoiseachta, foilsithe i mí na Nollag 2006, do 2007-2013, ag cur leasanna na hÉireann san áireamh.
1.2 Leasanna na hearnála agri-bhia agus cuspóirí polasaí náisiúnta eile a chur chun cinn ag ETD agus ag fóraim idirnáisiúnta eile a leithéid ECFE, Codex, OIE, ETB srl.	Toradh ó thaobh earnáil agri-bhia na hÉireann de ar idirbheartaíocht ag ETD agus ag fóraim eile	Sa séú Chomhdháil Aireachta i Hong Kong i mí na Nollag 2005, leagadh síos spriocdháta de dheireadh mhí Iúil 2006 le haghaidh idirbheartaíochta ETD faoi ...Forbartha a chur i gcrích. In ainneoin iarrachtaí ...sa chéad chuid 2006, níor sroicheadh aontú ar bith faoin spriocdháta. Cuireadh na hidirbheartaíochtaí ar fionraí agus tar éis tréimhse neamhghníomhaíochta tosaíodh orthu arís i mí na Nollag 2006 ach iad ar leibhéal íseal. Ghlac an Roinn páirt iomlán i ngach plé ag leibhéal an AE agus bhíthear i láthair ag idirbheartaíochtaí uilig an ETD. Léiríodh leasanna na hÉireann i mandáid idirbheartaíochta an AE. Bíonn seasamh an AE maidir le cúnamh bia ionadaithe go héifeachtúil ag fóraim éagsúla. Rannpháirteachas rathúil ag cruinnithe éagsúla ETB mar shampla: Coiste um Shlándáil Bhia Domhanda agus Comhairle. Ag gníomhú mar phointe teagmhála d'Éirinn, chomhordaigh an Roinn páirteachas na hÉireann i gCodex Alimentarius lena n-airítear oibriúchán Choiste Comhairleach Codex na hÉireann (CCCÉ) ina bhfuil ionadaithe ó na Comhlachtaí Rialtais ábhartha, ó na hollscoileanna, ó thionscal an bhia maille le hionadaithe tomhaltóirí. I rith na bliana 2006 casadh an CCCÉ ar a chéile 4 huaire agus chuidigh siad le foirmliú sheasamh na hÉireann ag na 13 sheisiún Codex ag a raibh Éire ionadaithe. Ghlac páirt ag an gCéad Chruinniú de Chomhaltas Rialaithe an Conradh Idirnáisiúnta Um Acmhainní Plandaí Géinteacha..

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
1.3 Plean Gnímh le haghaidh na Tuarascála Agri-Físe 2015 a chur i ngníomh	Méid forfheidhmithe an Phlean Ghnímh Agri-Físe 2015 Cur i ngníomh Chlár Forbartha Thionscal an Bhia	Plean Gnímh Agri-Físe 2015 foilsithe, tuarascála ar ghnímh a fuarthas, agus an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn dréachtaithe. Bhí an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidm na sainbhearta bia sa PFN sásúil i 2006. Freagairt láidir ar FIRM (i) glaoch ar iarratais agus 129 iarratasóir istigh air, 53% measta le A/B+ (50% roimhe seo) agus níos mó Institiúidí Teicneolaíochta páirteach ann(ii)Nuathionscnaimh i bhForbairt Iarchéime, Trealamh Straitéiseach, agus Tógáil Líonra/Foirne . Bhí méadú ar thionscadail a críochnaíodh. €11m caite i 2006 (€7m i mblianta roimhe seo). Bhí rótharraingt ar an earnáil arbhair. Iomlán €5.96 milliún a bhí i gcaiteachas ar infheistíocht. Reáchtáil An Bord Bia réimse iomlán gníomhaíochtaí maidir le margaí onnmhairithe agus baile agus mhéadaigh ar a bholscaireachtaí ar mhairteoil an AE agus a nuathionscnaimh Áiseacha. Tháinig deiseanna gnó nua mar thoradh ar an Ócáid Idirnáisiúnta Bianna agus ar na gníomhaíochtaí ag ag baint le Corn Ryder.Leanadh den Chlár "Food Dude" chun tomhailt torthaí agus glasraí a spreagadh i bpáistí scoile i 2006.
1.4 Polasaithe náisiúnta agus cláir a fhorbairt a chuireann iomaíocht, éifeachtacht, dearbhú caighdeáin agus forbairt na hearnála agri-bhia chun cinn.	OLB (oll-luach breise) talmhaíochta, gortóireachta, foraoiseachta, agus tionscal an bhia Luach/méid trádála agri-bhia	Bhí OLB measta na hearnála agri-bhia amuigh is istigh le €12 billiún sa bhliain 2006 nó 8.1% den OTI (olltáirgeacht intíre) ag toisc-chostas. Ba í an earnáil agri-bhia a bhí i gceist le 9.8% d'onnmhairí iomlána marsantais na bliana 2006 Tháinig fás €756m nó 10% ar onnmhairí bia agus deoch go €8.1 billiún i 2006 in ainneoin na hiomaíocha, ráta níos déine puint, rátaí malartha an eoró agus ráta dhíbhoilsciú miondíola. Tháinig fás 20% ar onnmhairithe mairteola go margaidh mhórthír AE don chúigiú bliain as a chéile. D'fhás onnmhairí déiríochta 6%, agus onnmhairí deochanna 26%.
1.5 Tacú le díriú ar mhargadh, táirgiúlacht agus nuálaíocht i dtalmhaíocht, foraoiseacht agus bia	Líon na dtionscadal taighde maoinithe faoi chláir thaighde Éireannacha agus AE.	Faoin mBeart Taighde Institiúideach Bia, sua go dtí deireadh na bliana 2006, bhí airgeadú de €93m. tugtha do 187 tionscadal. Faoin gCiste um Spreagadh Taighde, sua go dtí deireadh na bliana 2006, bhí airgeadú de €26.5m. tugtha do 75 tionscadal. Bhí glaochanna oscailte ann faoin mBeart Taighde Institiúideach Bia agus an Ciste um Spreagadh Taighde le beagnach €49m (31 + 18) bronnaithe do to 93 (58 + 35) tionscadal. De bhreis, bhí tionscnaimh nua i bhForbairt Iarchéime, Trealamh Straitéiseach, agus Tógáil Líonra/Foirne faoi FIRM agus lainseáladh foilsiúchán nua 'Quality Food Founded on Science'. Bhí airgeadú de €2.9m bronnaithe faoin gCiste Trealaimh Straitéisigh.

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
	Leibhéal agus caighdeán rannpháirteachas i gcomhoibriú idirnáisiúnta	53 tionscadal T & F maoinithe ag COFORD. Bhí airgeadú tugtha do 34 tionscadal faoin nGlaoch- ar- Thograí um Chothú Foraoiseachta agus Forbairt Iarmhartach i 2006 ag costas iomlán don Roinn thar €1m. De bhreis rinne Teagasc taighde foraoiseachta neamhspleách. Bhí ag gníomh mar Toscaire Náisiúnta agus Pointe Teamhála Náisiúnta don Chlár Creat Taighde AE um Chaighdeán agus Sábháilteacht Bhia FP6. Chothaigh FP6 in Éirinn, d'fhreastal ar chruinnithe AE agus Éireannach uile, agus sholáthraigh cabhair agus tacaíocht do thaighdeoirí Éireannacha. Bhain taighdeoirí Éireannacha 20 pháirtíocht amach i 11 tionscadal taighde maoinithe ag an AE le maoiniú de €3.5m. Sholáthraigh ionchur leanúnach do dhréachtadh an Chláir Chreat AE FP7. Léiríonn an Clár nua leasanna na hÉireann.
1.6 Scéimeanna riachtanacha agus rialacháin reachtúla a oibriú le cinntiú go gcomhlíonann ionchuir phríomha i dtalmhaíocht ceanglais reachtúla	Méid an ghéilliúntais i leith ceanglais reachtúla	800 iniúchadh ar sheamlais eallaigh le géilliúntais a chinntiú le ceanglais chóirithe agus le haicmiúchán conablach mairteola. Tástáladh 1,355 sampla ábhar beathúchán i 2006 do phróitéiní coscaithe ainmhithe. Rinne an clár samplálaigh monatóireacht freisin ar leibhéil substaintí neamh-inmhianaithe eile i ábhair bheathúcháin agus rinne measúnú ar ghéilliúntais le ceanglais reachtúla um chomhshuíomh cothaitheach. Braitheadh 217 sárú agus eisíodh litreacha rabhaidh i gcásanna bainteacha. Ais onnmhairíodh dhá choinsíneachta i ndiaidh gur braitheadh rianta cnámh éisc iontu. Bhí an t-ionchúiseamh amháin Cúirt Dúiche déanta ag RTB rathúil. Glacadh 328 sampla leasachán i 2006. De na samplaí seo rinneadh anailís nó díorthú ar 759 ábhar cothaicheach agus tuaslagthacht agus fuarthas go raibh 39 or 5.1% de na samplaí seo neamh-ghéilliúlach. Cuireadh comhlachtaí le táirgí neamh-ghéilliúlacha ar an eolas i ngach cás. De na 65 sampla aolchloch meillte a ndearnadh anailís orthu i 2006, fuarthas go raibh 12 (18.5%) neamh-gheilliúlach do mhíne (ag tardhul criathair 0.15mm). Cuireadh comhlachtaí le táirgí neamh-ghéilliúlacha ar an eolas i ngach cás. Sampláladh 2,265 mhír de ghránach, d'fhéar agus de shíol píseánaigh deimhnithe i dtástálacha rialacháin poist i 2006. Theip ar 26 de na samplaí sin (1.15%) teacht leis na caighdeáin reachtúla. Eisíodh litreacha le foráileamh i ngach ceann de na cásanna sin. Fásadh agus measadh 98 mír de phrataí síl chun teacht le caighdeáin deimhnithe síl. I gcás 9 gcineál práta ó 24 cineál ina iomláine bhí an tástáil a rinneadh dearfach i leith an ghalair fhaithnigh agus rinneadh and 4,211 tástáladh víris ar dhuilleoga prátaí agus ar mhicreaplandaí. Rinneadh measúnú ar 403 cineál féir, clóbhair, eornan, cruithneachta, coirce, arbhair, síol ola, agus prátaí i dtrialacha Liosta Náisiúnta agus Moltaithe i 2006. Chothabhaíodh agus foilsíodh Clárú Cearta Cineál Plandaí (PVR) agus an Catalóg áisiúnta Cineálacha Plandaí Talmhaíochta.

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
		Fuarthas 255 iarratas ar chlárú táirgí cosanta plandaí. Tugadh measúnuithe riosca chun críche agus rinneadh cinntí rialaitheacha i gcás 235 táirge. Rinneadh próiseáil ar 539 fógraí i leith táirgí bithicídeacha. Ullmhaíodh monagraif le haghaidh 3 shubstaint ghníomhacha agus cuireadh isteach chuig an gCoimisiún Eorpach iad de réir sceidil. Rinneadh cigireacht 497 uaire i gcaitheamh na bliana ar asraonta mórdhíola agus miondíola maidir le táirgí cosanta planda agus le táirgí bithicídeacha. Braitheadh cúig sárú tromchúiseach–tugadh 1 coinsíniú ar ais go tír dhúchais agus tógadh agus scriosadh 4 coinsíniú ag costas an úinéir ag comhlacht faofa diúscartha dramhaíola. Eisíodh rabhadh foirmeálta do shaothróir i ndiaidh brath úsáid neamhdhleathach cairbeandaisíme i sútha talún. . Imscrúdaíodh líomhaintí um úsáid neamhdhleachach de tháirgí cosanta plandaí agus i muisiriúiní agus i gcoirce. Rinneadh iniúchta ag an Chigireacht Fhoraoiseachta le géilliúntais a chinntiú le connìollacha na scéimeanna éagsúla. Tá gach iarratas ar fhoraoisiú faoi réir scagtha iomláin EIA. Ceadúnais réitigh le srianta diana comhshaoil eisithe ag an Seirbhís Fhoraoiseachta.
1.7 Tacaíocht a thabhairt don tionscadal agri-bhia ina iarrachtaí margaidh onnmhaire a choinneáil agus a leathnú.	Éifeacht ghníomhartha a rinneadh chun margaidh a oscailt, a choinneáil agus a dhaingniú.	Bhí luach onnmhairí agri-bhia amuigh is istigh le €8.1 billiún i 2006. (Bord Bia Trade Statistics).
1.8 Tacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí ábhartha Stáit agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidhmeanna agus cur i bhfeidhm a gclár oibre a chinntiú	Fíorú géilliúntais i leith ceanglais rialacháin reachtúla agus corporáideacha	Géilliúntas i leith ceanglais rialacháin reachtúla agus corporáideacha fíoraithe.
1.9 Comhoibriú Thuaidh Theas a chur chun cinn ar bhonn ghníomhach i gcomhthéacs an CATT, an clár comhaontaithe oibre i leith talmhaíochta agus foraoiseachta a chur i bhfeidhm agus seachas sin comhoibriú Thuaidh Theas a chur chun cinn sna hearnálacha sin.	Líon agus fairsing tionscadal polasaí Thuaidh Theas a cuireadh i bhfeidhm	I mí Iúil 2006, bhuail an tAire Ní Chochláin le David Cairns MP, Fo-Rúnaí Stáit NI i mBaile Átha Cliath, agus d' aithnigh an dá Aire an comhoibriú láidir idir oifigeacha an Tuaiscirt agus an Deiscirt. In annsoin fionraíocht an NSMC, lean comhoibriú ar fhorbairt straitéise sláinte agus leasa ainmhithe uile-oileáin ar aghaidh. Tá tuarascálacha um shuirbhéanna úsáide lotnaiticídí scríofa ag an nGrúpa Stiúrtha Lotnaiticídí Thuaisceart Dheisceart. Lean comhoibriú Thuasiceart Dheisceart maidir le Sláinte Phlandaí ar aghaidh le haontú bhreise ar chur huige uile-oileáin chun ceantair chosanta a chothabháil go háirithe um baictéar Erwinia amylovora agus ar orggánaigh caraintín eile cosúil le lobhadh fáinneach agus lobhadh donn prátaí. Bhí forbairt leanúnach sa chlár um measúnú ar éagsúlacht bharr.

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
		Bhí comhoibriú leanúnach agus déthaobhacha chomh maithe sna hachair a leanas: ● Beatha Ainmhithe; ● Moltaí do chómhaireachtáil barr GM in aice le barra neamh-GM.
1.10 Bheith rannpháirteach in iarrachtaí chúnamh forbartha na hÉireann tríd an bpáirteachas atá againn i ETB, i CDB agus i bhfóraim eile.	Éifeacht chúnamh airgeadais do ETB agus do CDB	€1.57 m do ETB (lena n-airítear airgeadas seach-bhuiséadach). Maoiniú seach-bhuiséadach dírithe ar mhodh straitéiseach lena n-airítear Fliú Éanúil i Vítneam. €8.5 m to CDB – dáilithe go héifeachtúil idir catagóirí éagsúla caiteachais CDB (Éigeandáil, Fóirithint agus Athshlánú, Oibriúcháin Speisialta agus Forbairt) lena n-airítear €1 milliún do dhílleachtaí i Namibia. Bhí ag gníomh mar NCP don Bheart Eorpach do Agri-Thaighde do Fhorbairt– EIARD. D'eagraigh Cruinniú Bliantúil EIARD 2006 i mBaile Átha Cliath.

Sprioc 2 - Sábháilteacht Bhia, Sláinte agus Leas Ainmhithe, Sláinte Phlandaí

Na caighdeáin sábháilteachta bia is airde agus cosaint an tomhaltóra, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte phlandaí, a chinntiú.

Tá sé riachtanach don tsláinte phoiblí go ndéanfaí na hardchaighdeáin sna limistéir seo a chothabháil, agus chun a chinntiú go mbíonn bonn éifeachtach againn i gcónaí chun tionscal rathúil agraibhia a fhorbairt a thuilleadh. Caithfidh táirgeadh bia sábháilte a bheith bunaithe ar chórais éifeachtacha rialaithe. Ceist thábhachtach inti féin, atá ríthábhachtach d'fhorbairt na trádála freisin, ardchaighdeán a chothabháil maidir le sláinte agus leas ainmhithe. Tá stádas ard ag Éirinn freisin maidir le sláinte phlandaí, agus tacaimid leis trí chlár srianta agus iniúchtaí.

Táscairí Feidhmiúcháin Ardleibhéil

a) Stádas maidir le sábháilteacht bhia, sláinte agus leas ainmhithe, sábháilteacht bheathaithe mar a léirítear iad i dtuairiscí fíorúcháin de chuid gníomhaireachtaí seachtracha m.sh. *USBÉ, OTB; Sásúil ar an iomlán.*

b) Sláinte ainmhithe fheabhsaithe i bhfianaise athruithe ar mhinicíocht ghalar
Féach 2.5 thíos

c) Stádas maidir le sláinte phlandaí i bhfianaise tuairiscí seachracha fíorúcháin m.sh. OTB;
Ní raibh iniúchtaí OTB ar bith ann i 2006.Mar thoradh ar iniúchtaí, srianta, agus suirbhéanna náisiúnta. Chinn an Buanchoiste um Shláinte Phlandaí ar shíneadh i leith stádas na hÉireann mar cheantar cosanta maidir leis na lotnaidí go léir a bhí liostaithe cheana.

d) An méid a ghéilltear le córais rialaithe lena n-airítear bearta trasghéilliúnachta
Féach 2.1 thíos agus 3.3 *(Sprioc 3)*

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
2.1 Cothabháil agus forbairt maidir le monatóireacht éifeachtach ar shábháilteacht bhia, cláir iniúchta agus rialaithe ag leibhéil an táirgeora phríomha, na próiseála agus comhlachtaí trádála eile ar fud limistéir oibriúcháin uile na Roinne.	Leibhéal na n-ábhar pataigineach i mbia Luas freagartha ar theagmhais um shábháilteacht bhia Leibhéal na faire a rinneadh agus na sáruithe a braitheadh Líon na n-ionchúiseamh a cuireadh ar bun Sásamh custaiméirí, a rinneadh é a thomhas trí iniúchadh agus torthaí eile.	Tógadh 1,722 sampla le haghaidh thástáil salmonella in earnáil na n-uibheacha agus na héineola i 2006, agus fuarthas go raibh 94% acu diúltach. Rinneadh próiseáil ar 2,626 sampla ina iomláine mar chuid de scéim forleitheadach AE chun leibhéil bhunlíne Salmonella i ngríoscacháin, turcaithe agus muca i mBallstáit an AE a mheasú. Faoi chinneadh 2005/636/EC de chuid an Choimisiúin rinneadh staidéar bonnlíne ar an leibhéal de Salmonella spp. ar ealtaí de Gallus gallus ó 1 Dheireadh Fómhair 2005 go 30 Meán Fómhair 2006. Cuireadh tuairiscí ar na 362 ealtaí a sampláladh chuig an gCoimisiún taobhistigh den amchlár rialaithe. D'eisigh an Fhoireann Chigireacht Déiríochta 20 fógra um Ghuais Bhia, mar thoradh ar anailís mhicribhitheolaíoch ar Tháirgí Déiríochta, agus d 'eisigh an Chigireacht Déiríochta 74 cinntí maidir le critéir phróiseas sláinteachais gan a bheith dá réir, mar thoradh ar anailís mhicribhitheolaíoch ar Tháirgí Déiríochta. Rinneadh 172 Iniúchadh ar mhonarchana próiseáilte déiríochta mar chuid den chóras cosanta sláinte phlandaí. D'aontaigh an RTB agus an UBSÉ faoi chlár monatóireachta 2006 um fhuíll lotnaidicídí i mbia. Anailísíodh 1,369 sampla ar fad um beagnach 148 fuíoll lotnaicidí éagsúil. Braitheadh sáruithe MRL i gcás 38 sampla a anailísíodh, ach níor measadh go raibh contúirt neamh-inghlactha do thomhaltóirí ann in aon chás díobh. Eisíodh litreacha rabhaidh agus i gcás táirgeoirí Éireannacha, rinneadh iniúchtaí lena chinntiú nach dtarlódh na sáruithe MRL arís. Rinneadh imscrúduithe leantacha i ndiaidh gur braitheadh iarmhair liondáin i muiceoil agus iarmhair chlorpophram agus diazinon i gcoirce.

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
		I rith na bliana 2006, bhí dul chun cinn suntasach ann i bhforbairt agus i bhfeidhmiúchán bunachar sonraí comhtháite ag clúdach gach céim de tháirgeadh prátaí. Bhí dul chun chinn breise i bhfeidhmiúchán chlár athghabháil costais do sheirbhísí deimhniúcháin prataí na Roinne. D'anailísigh Saotharlann Micreascópachta de chuid Stáisiún Thástáil na Síolta 84 sampla le haghaidh PAP (táirgí próseáilte ainmhíocha) i 2006. Bhí 0 sárú ar fad um leibhéil PAP a cheadaítear in ábhair bheathaithe. Chomh maith leis sin anailísíodh 15 sampla le haghaidh eargóit. Tástáladh 6 samplaí tástálaithe do PAP. Tástáladh 2 sampla beatha le haghaidh plaistigh. Faoi mheasúnú cineálacha, aithníodh agus diúltaíodh na cineálacha arbhair is so-ghabhálaí do Fusarium. Eisíodh 430 Ceadúnas Ceannaithe um Leigheas d'Ainmhithe, 76 Ceadúnas Mórdhála um Leigheas d'Ainmhithe agus 67 ceadúnas chun Ábhar Beathaithe Leigheasah a tháirgeadh, tar éis iniúchtaí a rinne an fhoireann chigireachta tréidliach. Faoin bPleán Náisiúnta um Fhuíll, tógadh thart faoi 30,000 sampla agus tástáladh iad do raon substaintí toirmeasctha, fuíll chógas tréidliach agus guais chomhshaoil. Le linn 2006, ag eascairt as feidhmiú an dlí, ciontaíodh 6 duine i gcionta aus gearradh fíneálacha níos mó ná €19,500 agus fuair 1 duine an tAcht Prómhaidh, agus fuair beirt breith fhonraithe. De na 185 iarratas a fuair an Roinn faoin bPacáiste Sláinteachas AE, rinneadh iniúchtaí, agus eisíodh faomhaidh iomlána nó sealadacha maidir le 101 bunadh, ag ionadú 55%. Rinneadh sé seo chomh maith le monatóireacht rialta ar gach bunadh, a bhí coinnithe i rith na bliana. Faoin gclár tástáladh iarmhair féin-mhonatóireachta, bhí 94 plean faofa sna earnála buaibeacha, caoireola, muiceola, éineola agus bainne ag oibriú le linn 2006. Rinneadh 5,000 iniúchadh ar Thorthaí agus Ghlasraí, rud a léirigh ardleibhéal géilliúlachta do chaighdeáin cháilíochta.

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
2.2 Bheith rannpháirteach i- agus tionchar a imirt ar-fhorbairt reachtaíochta nua um shábháilteacht bhia, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte phlandaí ag leibhéil naisiúnta, AE agus idirnáisiúnta.	An méid a chlúdaíonn an reachtaíocht leasanna na hÉireann	Leasaíodh I.R. 910 2005, (a thrasuigh an Pacáiste Sláintechais AE) ag I.R. 387 2006, chun éifeacht dlíthúil a thabhairt do Rilacháin AE 178/2002 (prionsabail ghinearálta agus riachtanais dlí bhia) 2073/2005, 2074/2005, 2075/2005 agus 2076/2005 (reachtaíocht iomlán ar shábháilteacht bhia agus bheatha, ag clúdach, i measc eile, beatha ainmhithe, critéir mhicreabitheolaíochta, srianta do Trichinella agus socruithe sealadacha do thabhairt isteach ghneithe reachtaíochta um shláintechas bia agus beatha. Chuir le díospóireachtaí EPPO, EU, CPM, UN, EFSA and EUPHRESCO agus foirmliú reachtaóchta maidir le Sláinte Phlandaí. D'ionadaigh an tSeirbhís Fhoraoiseachta leasanna na hÉireann ag an gCoimisiún Seasmhach um Shláinte Phlandaí.
2.3 Cothú agus forfheidhmiú maidir le córais fheabhsaithe um ainmhí/táirge a aithint agus a rianú, chun tacú le sábháilteacht bhia agus le sláinte agus leas ainmhithe.	Leibhéal inrianaitheachta a shroicheadh, bunaithe ar chórais inmheánacha /seachtracha iniúchta agus meastóireachta	Próifíl tréad ar-líne do fheirmeoirí, tugtha isteach go rathúil tríd an gcóras AIM. Athbhreithníodh gnéithe den Chóras Náisiúnta Aitheantas Caorach agus rinneadh iad níos áisiúla don úsáidire.. Eisíodh clárúcháin leasaithe tréad agus doiciméid seolta do gach coimeádaí tréad.
2.4 Tacaíocht agus cothú do thaighde ar shábháilteacht bhia, shláinte ainmhithe agus zónóisí	Líon/ scála tionscadal um shábháilteach bhia faoi FIRM Líon na gclár comhoibritheach le UBSÉ agus FSPB	56 Tionscadal ceadaithe faoin téama Sábháilteacht Bhia. Chomhoibrigh an Roinn le FSPB i dtionscnamh le measúnú a dhéanamh ar mhinicíocht salmonella ar mhuiceoil ar oileán na hÉireann agus measúnú ar thoisce priacail ag cur lena tharchur. Rinneadh ionadaíocht ar son na Roinne ar roinnt coistí agus grúpaí oibre sa UBSÉ. Ina measc tá: Coiste Eolaíochta An **Coiste Eolaíochta;** An Fochoiste um Bhreiseáin, Ábhair Shalaithe agus Fhuíll; An Fochoiste ESB (.i. BSE);An Fochoiste Micribhitheolaíochta. **Grúpaí Oibre** Zónóisí; Lipéadú feola; Fóram Cheardaí; Forfheidhmiú Phacáiste Sláinteachas Trasghníomhaíochta. **Cruinnithe** Bhí cruinnithe ann ar go leor sainghnéithe a bhaineann le sábháilteacht bhia; Grúpa Stiúrtha ardleibhéil RTB/UBSÉ; cruinnithe idirchaidrimh le Rannóga; Cruinnithe Réigiúnacha agus Cruinniú Trasghníomhaireachta. Chomh-mhaoinigh an Roinn le UBSÉ ar staidéar ar shábháilteacht agus caighdeán cothaitheach an aiste bia de pháistí agus déagóirí Éireannacha. Chomhoibrigh le UBSÉ le haghaidh staidéir ar dhé-ocsainí i mbainne agus im.

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
		Le linn 2006 eagraíodh seiminéir fhaisnéise ar ghalar Johne ar mhaithe le tréidliachleachtóirí príobháideacha, Comhairleoirí Theagasc agus feirmeoirí a raibh suim acu iontu. Chomh maith leis sin ghlac roinnt bheag tréad páirt i dtionscadal maidir leis an ngalar a rialú ar an bhfeirm.
	Tionchar an taighde ar fheidhmiú srianta um shláinte ainmhithe agus um zónóisí	Forbairt prótacal ag an Saotharlann Lárnach Tréidliachta chon faomhadh, monatóireacht agus inúchóireacht do thástál ar shaotharlanna príobháideacha de phataigíní i mbia do RTB. Tionscnaimh forbartha um thaighde ar shláinte ainhmithe, sábháilteacht bhia agus zónóisí.
2.5 Na tionscnaimh is oiriúnaí um shláinte ainmhithe a fhorbairt, a chothú agus a fheidhmiú lena n-airítear faire, rialú agus díothú, ar mhaithe le sábháilteacht bhia, sláinte ainmhithe agus táirgeadh inbhuanaithe stoic	Athruithe ar pharaiméadair um shláinte ainmhithe a thomhas Leibhéil faire	Córas Ríomhaire um Shláinte Ainmhithe (AHCS) uasghrádaithe go rathúil le linn na bliana. Gabhtar 95% de na tástálacha TB agus BR go léir go leictreonach anois. Tástáladh 118,925 de na 122,392 tréad eallaigh i 2006. Tá sé seo ag teacht leis an scéal mar atá sé le blianta beaga anuas. Thit líon na n-imoibreoirí Brúsalóise beagnach 7% i gcomparáid le 2005. Thit líon na n-imoibreoirí TB beagnach 6.6% i gcomparáid le 2005. Léiríonn an laghdú ar mhinicíocht na brúsalóise na bearta feabhsaithe a tugadh isteach le roinnt blianta anuas. Is ionann an iomlán de 41 chás ESB agus laghdú beagnach 41% ar an líon cásanna a bhí ann anuraidh iomlán de 69 sa bhliain sin. Tástáladh 95,000 eallach ó 3,000 tréad do lúcóise bhuaibheach enzóitise. Tugadh faoi suirbhé leitheadach EIA ar 6,925 chapall i ndiaidh diagnóise galair i gcapaill Éireannacha. Rinneadh (32) tréad ar fad a shrianadh agus a laghdú i bpáirt le linn 2006. I 2006 faoin gclár um fhaire ar an scráibeach, tástáladh 41,677 ainmhí go tapa ag monarchana agus 13,677 ag seamlais. Faoi Chlár Náisiúnta Géinitíopa 2006 cinntíodh géinitíopa 16,250 caora. Tástáladh samplaí uile, bailithe ó ghabhair don chlár smachtú CAEV. Maidir leis an bhfliú éanúil tá méadú tagtha agus táthar ag dírú ar faireachán ar éanlaith fiáine agus tá monatóireacht ar siúl ar éanlaith chlóis ar bhonn leanúnach de réir plean an AE. Bhí gach toradh diúltach. Déantar gach monarcha stórála, monarcha bhia peataí, monarcha idirmheánach agus monarcha phróiseála a fhaomhadh agus leantar de bheith ag dénamh monatóireachta orthu faoin reachtaíocht um fho-tháirgí ainmhithe i 2006. Leanann an Roinn ar aghaidh le forbairt socruithe agus tionscnamh dírithe ar fheabhsú sláinte théada agus caighdeán táirgíocht feirme. Líon na dtionscnamh bithshlándála ag leibhéal na feirme.

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
2.6 Monatóireacht a dhéanamh ar chórais rialaithe do ghalair OIE-liostaithe	Athbhreithniú déanta ar phleananna teagmhasacha	Lean leis an athbhreithniú ar Phlean teagmhasach do Fhliú Éanúil i 2006. Chuimsigh ceadúnais eisithe do 2006 maidir le diúscairt briodarnaí coinníoll gur gá doiciméad trachtála gabháil le fo-tháirgí ainmhithe le linn iompair. Pleananna teagmhasacha don (Sean)Liosta A OIE freagraí galair uasghrádaithe.
	Bhí cleachtaí um oiliúint ionsamhalta ann	Cleachtadh ionsamhalta do Fhliú Éanúil (dealadh éanlaith trialacha) déanta i mí na Bealtaine 2006. D'imscrúdaigh an tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta cásanna galar liostaothe a bhfuil amhras fúthu.
2.7 Caighdeáin a chothú um shláinte agus leas ainmhithe agus géilliúlacht do na rialacháin seo a chinntiú	Leibhéal géilliúlachta (Féach 2.5 do chaighdeáin um Shláinte Ainmhithe)	Tá 147 iompróir agus carraeir ar chlár náisiúnta na Roinn. Tá 66 iompróir faofa um iompar idirnáisiúnta stoic. Chuathas i mbun comhairliúcháin um fheidhmiú Rialachán Chomhairle (AE) Uimh.1/2005 ar chosaint ainmhithe a bhíonn á n-iompar agus oibríochta gaolmhara. Le linn 2006 chuir an Roinn maoiniú ar fáil le luach €1.66m ina iomláine do 18 Údaráis Áitiúla maidir le forghníomhú an Acht um Smachtúa r Chapaill. Bhí iniúchtaí ann maidir le leas laonna, muca, agus cearca agus críochnaíodh tuarascálacha ag géilliúint do riachtanais AE. I 2006 chuir an Chomhairle Chomhairleach um Leas Ainmhithe Feirme (FAWAC) a Tuarascáil Bhliantúil do 2005 faoi bhráid an Aire. I 2006 leanadh leis an gCóras Luathrabhaidh/Idirghabhála do Chásanna Leasa Ainmhithe a oibriú ina chéad bhliain iomlán i réigiúiní uile. Ag leanúint an Choiste Comhairleacha Eolaíochta ar Thuairisc um Shláinte agus Leas Ainmhithe ar "The Use of Electro-immobilisation on Live Farm Animals in Ireland" i 2005 agus comhairle le geallsheilbheoirí bhog an tAire le cosc a chur ar dhíluailiú leictreach ó mhí Mheithimh 2007.
	Próifíliú tréad a fheidhmiú mar chóras luathrabhaidh	Tá go leor déanta ag an tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta maidir le himscrúduithe um shláinte ainmhithe ar fheirm agus bhí tuairisc deanta.
2.8 Seirbhísí saotharlainne éifeachtacha a sholáthar um fhaire, fháthmheas, thaighde agus rialú.	Líon na saotharlann a creidiúnaíodh	Lean an tSaotharlann Eolaíocht Déiríochta, Bacastún, de bheith creidiúnaithe. Chuaigh an tSaotharlann Eolaíocht Déiríochta Corcaigh, agus an tSaotharlann Eolaíocht Déiríochta Luimneach i dtreo creidiúnaithe. Creidiúnaíodh an tSaotharlann um Rialú Lotnaidicídí i 2000 agus rinneadh scóip an chreidiúnaithe a chothabháil agus a mhéadú.
	Líon agus raon na dtástálacha ar fáil i gcláir faire	Méadaíodh cumas na Saotharlainne Lotnaidicídí, i dtreo is gur féidir léi samplaí de bhia a anailísiú um beagnach 148 fuíoll comhdhúl lotnaidicíde éagsúla

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
		Tástáladh 7,217 sampla de bhainne aus táirgí bainne agus tástáladh 250 sampla d'uisce ag teacht le riachtanais mícreabítheolaíochta um phacáil shláinteachais curtha i bhfeidhm faoi I.R. Uimh. 910/2005. Tástáladh 4,002 sampla bhreise de bhainne agus de tháirgí bainne ag teacht le riachtanais mícreabítheolaíochta ag scéimeanna agus seirbhísí eile. Déanann an tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta faire éighníomhach go leanúnach do ghalair thromchúiseacha stoic, ag baint úsáide as raon leathan tástálacha. Scrúdaíodh 37,000 sampla de chapaill, eallaigh, muca, caoraigh, agus gabhair; agus 4,870 sampla éanlaith chlóis ag an Saotharlann Víreolaíochta. . Tástáladh séirim muice agus capaill chomh maith le haghaidh cuspóirí onnmhairithe.
	Scóip agus raon na seirbhísí diagnóiseacha ar fáil	Straitéisí um fhaire do ghalair tugtha isteach ag an Saotharlann Taighde Tréidliachta. Tá dul chun cinn á dhéanamh go leanúnach ar SOPí inghlactha a fhorbairt um ghnásanna maidir leis na saotharlanna réigiúnacha tréidliachta go léir.
	Córais fhaisnéise pháirtí leasmhair, bunaithe ar IT, a chur i bhfeidhm	Foilsíodh tuarascálacha míosúla ón tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta sa Phreas Tréidliachta . Tuarascál Fhaireachas Saotharlainne Tréidliachta do 2005. Rinneadh agus foilsíodh Suíomh Gréasáin don Saotharlann Víreolaíochta, agus soláthraíodh labhraithe do chruinnithe le comhairle a thabhairt ar chláir um shláinte thréad
2.9 Seirbhís éifeachtach éifeachtúil um shláinte phlandaí a oibriú lena n-airítear an Plean Iniúchta Bliantúil um Shláinte Phlandaí a fheidhmiú.	Leibhéal rialaithe um lotnaidicídí coraintín	Comhlíonadh gach oibleagáid um imiúcadh agus thuarisciú. Déileáladh le gach ceapadh, gan na lotnaidí bainteacha iad féin a fhódú sa tír. Críochnaíodh suirbhéanna um thacú le stádas mar cheantar cosanta.
2.10 Sláinte an Eastáit Náisiúnta Foraoiseachta a chothabháil	Minicíocht ghalair san Eastát Náisiúnta Foraoiseachta	Suirbhé iomlán um shláinte ar an eastát náisiúnta foraoiseachta i 2006. Níor braitheadh lotnaidí coraintín nó galar ar bith ar speiceas crainn ar bith. Fuarthas Phytophthora ramorum ar Rhododendron i dtrí cheantar foraoise. Iniúchadh impórtálacha adhmaid agus pacáistíochta adhmaid, maidir le géilliúlacht don Treoir AE um Shláinte Phlandaí. Tugadh faoi beart monatóireachta speisialta ar allmhairí ó thíortha lasmuigh den AE.

SPRIOC 3 – EACNAMAÍOCHT AGUS TIMPEALLACHT NA TUAITHE

Forbairt eacnamaíocht na tuaithe a chothú chomh maith le córais thalmhaíochta, fhoraoiseachta agus tháirgíochta bia atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus inbhuanaithe, agus cabhrú leis an athrú struchtúrtha

Codanna ríthábhachta dár gcuid oibre ná: an líon uasta teaghlach feirme a chothabháil, an comhshaol a chaomhnú agus tacú le córais thalmhaíochta inbhuanaithe. Bíonn tionchar suntasach ag córais thalmhaíochta agus fhoraoiseachta ar eacnamaíocht na tuaithe, agus tá sé de dhualgas orainn a chinntiú go gcuireann an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht bonn láidir faoin fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta, agus go ndéantar na córais seo a fhorbairt go hinbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Táscairí Feidhmiúcháin Ardleibhéil

a) Rátaí rannpháirtíochta i scéimeanna feirmeoireach ta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus inbhuanaithe
Féach 3.6 thíos

b) Toradh na gcomhchaibidlí um chreat tacaíochta Fhorbairt Tuaithe an AE 2007-2013
Soláthraíonn an rialachán nua fhorbairt tuaithe an AE uimh. 1698/2005 creat sásúil um bearta tacaíochta sa todhchaí don tréimhse 2007-2013

c) leibhéal géilliúlachta do bhearta trasghéilliúlachta
Féach 3.3 thíos

d) Líon na dteaghlach feirme agus leibhéil ioncaim
Féach 3.1 thíos

e) A gcuireann earnáil na foraoiseachta le heacnamaíocht na tuaithe
Féach 3.7 thíos

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
3.1 Polasaithe, scéimeanna agus seirbhisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuidíonn leo seo a) eacnamaíocht na tuaithe a chothabháil, b) líon na dteaghlach feirme a uasmhéadú, c) athrú struchtúrach a éascú	Líon agus leibhéil ioncaim na dteaghlach feirme Meánmhéid feirme Comhdhlúthú gabháltas	I 2005 bhí 131,200 feirmeacha teaghlaigh. Taispeánann Suirbhé Náisiúnta Theagasc ar Fheirmeacha 2005 gurbh é €40,483 an meánioncaim feirm theaghlaigh ar fheirmeacha lánaimseartha agus €11,372 an meánioncaim ar fheirmeacha páirtaimseartha. Ba é an meánmhéid feirme i 2005 ná 33.2 heicteár. Tugadh isteach faoiseamh ó dleacht stampála i leith comhdhlúthú fheirme ar feadh tréimhse dhá bhliana le héifeacht ó 1 Iúil 2005.
3.2 Cur le feidhmiú na Straitéise Náisiúnta Frithbhochtaineachta i gcomhar leis na rannpháirtithe eile sa Straitéis	Spriocanna feidhmíochta i gcoinne na bochtaineachta do theaghlaigh tuaithe	Tacaíonn an Roinn ioncaim feirme go díreah le scéimeanna éagsúla um íocaíocht dhíreach, arbh fhiú iad níos mó ná €1.8 billiún i 2006. Léiríonn sonraíocht ón EU-SILC go bhfuil 2.8% de theaghlaigh feirme faoi bhochtanas leanúnach i gcomparáid le 6.2% de theaghlaigh tuaithe eile agus le 7.6% de theaghlaigh cathrach. (Tá teaghlach feirme bunaithe ar mhéid beag samplacha agus feidhmíodh sainmhíniú leathan lena n-airítear teaghlaigh uile le hioncaim ó fheirmeoireacht don sampla.
3.3 Bearta trasghéilliúlachta a fheidhmiú tríd an Scéim Aoníocaíochta	An leibhéal géilliúlachta do bhearta trasghéilliúlachta	I 2006, rognaíodh gabháltais 7,514 feirmeoirí le haghaidh iniúchtaí ar an láthair. Bhí leibhéil smachtbhannaí mar a leanas: **Iniúchtaí 7,514** 1% Smachtbhanna 7.5% 3% Smachtbhanna 3.8% 5% Smachtbhanna 5.9% >5% Smachtbhanna 3.5%
3.4 Tacú le comhlíonadh gealltanas, sna hearnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta, don Straitéis um an Athrú Aeráide (Kiótó), do Phrótacal Ghothenburg agus do pholasaithe bainteacha eile	Dul chun cinn um chomhlíonadh gealltanas, ar aontaigh an Rialtas fúthu, a bhaineann leis an Roinn seo	Ina anailís ar chomhaontú Lucsamburg ar athchóiriú CAP mheas FAPRI-Ireland go dtiocfaidh earnáil na talmhaíochta gar dá sprioc um astuithe gáis ceaptha teasa a laghdú. Cheana féin tá earnáil na talmhaíochta gar dá sprioc láithreach 2010 um astuithe amóinia a laghdú Leithlíseoidh foraoise Kyoto-incháilithe , ar an mheán, 2.1 milliún tona of CO2 sa bhliain le linn an chéad tréimhse cuntasóireachta Kyoto (2008-2012).

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
3.5 5 Idirchaidreamh éifeachtach le Teagasc, COFORD agus gníomhaireachtaí eile chun cláir oiliúna agus taighde a spreagadh agus a fhorbairt a chuideoidh le bonn láidir a chur faoi tháirgeadh inbhuanaithe talmhaíochta agus foraoiseachta, agus a dhéanfaidh eacnamaíocht agus comhshaol na tuaithe a fhorbairt agus a chosaint.	An méid a bhíonn teaghlaigh tuaithe rannpháirteach -i gCláir Oiliúna -i gCláir Oideachais -i gCláir Éagsúlachta	Ghlac 9,717 aosach ar fad páirt i gcláir oiliúna, oideachais agus éagsúlachta Theagasc d'aosaigh i 2006. Chlúdaigh na cláir oiliúna cúrsaí 80 agus 100 uair a seachadadh trí ríomhfhoghlaim chomh maith le cúrsaí SCCT agus comhshaoil agus cúrsaí ar fhoraoiseacht agus ar ghnóthais mhalartacha. Rollaigh 409 mac léinn ar fad i 2006 i gcláir oiliúna breise agus ba é an líon iomlán daoine ag glacadh páirt sna cláir seo ná 3,076. Rollaigh 198 mac léinn ar fad i 2006 i gcláir oiliúna de leibhéal níos airde agus ba é an líon iomlán daoine ag glacadh páirt sna cláir seo ná 622. Taighde ar phataigíne plandaí coraintín agus gairneoireachta éascaithe. Idirchaidreamh leanúnach le Teagasc do chothú foraoiseachta agus clár oiliúna: Tacaíocht leanúnach COFORD ina chlár T & F lena n-airítear comhoibriú le Bord na Mona, Teagasc, SEI, EPA, Ceantar na habhantraí Iarthaire, Coillte agus NSAI
3.6 Bearta a fheidhmiú ag tacú le feirmeoireacht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, le caomhnú agus le bith-ilchineálacht	Rátaí rannpáirtíochta - i SCCT -i Scéimeanna Bainistíochta Chothaicheach Feirme -i bhfeirmeoireacht orgánach	 Mhéadaigh leibhéil rannpháirtíochta i SCCT go níos mó ná 59,000 i 2006 Bhí 8,900 rannpháirtithe (íocaithe) sa Scéim Bainistíochta Dramhaíl Feirme ag deireadh 2006. I 2006 bhí 1,270 oibreoir orgánach cláraithe leis an Roinn, 1107 táirgeoir agus 163 próiseálaí
3.7 Cur le hearnáil fhoraoiseachta inbhuanaithe a fhorbairt trí dheontais/scéimeanna préimhe foraoise agus bhearta eile	Méid a baineadh amach na spriocanna plandaithe A gcuireann earnáil na foraoiseachta le heacnamaíocht na tuaithe An dul chun cinn atá déanta um táirgí foraoise a mhargú Méadú ar ilchineálacht speiceas	Plandáil nua de 8,000 heicteár i 2006 Meastar go seasann cuidiú eacnamaíochta na foraoiseachta ag €1.6bn inniu Rinneadh go leor dul chun cinn le linn 2006 um úsáid táirgí foraoise a chothú mar fhoinse in-athnuaite fuinnimh. Sprioc de phlandáil 30% bainte amach. Méaduithe ar dheontais agus préimhe plandála daingnithe..
3.8 Feidhmiú Thuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh ar Mhná sa Talmhaíocht	An leibhéal feidhmithe a baineadh amach	Críochnaíodh feidhmiú a mhéid agus a bhí praiticiúil

SPRIOC 4 – SEACHADADH SCÉIMEANNA AGUS BAINISTIÚ AIRGEADAIS

Déanfaimid ár scéimeanna agus ár gcláir uile a oibriú ar bhealach éifeachtach éifeachtúil, agus cinnteoidh muid na caighdeáin bhainistíochta corporáideacha agus airgeadais agus an caighdeán cuntasachta is airde i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí.

Tuigeann an Roinn chomh tábhachtach agus atá sé seirbhís tapa éifeachtach íocaíochta do chustaiméirí a sholáthar, agus táimid tiomanta do na hardchaighdeáin inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a bhaint amach. Tuigimid chomh maith go bhfuil sé de dhualgas orainn mí-úsáid ar bith um chistí poiblí a chosc, freagracht a chinntiú, agus lánfhollasacht agus srianta éifeachtacha a chothabháil. Chun é seo a bhaint amach d'fhorbraíomar córais láidre bhainistíochta airgeadais lena n-airítear: gnásanna airgeadais inmheánacha a dhearadh a úsáideann na cleachtais is fearr, córas cuntas a shuiteáil atá géilliúil do MIF, clár oiliúna MIF, clár bainistíochta um priocail fiontar agus cláir chuimsítheacha um iniúchóireacht inmheánach ags seachtrach.

Táscairí Feidhmiúcháin Ardleibhéil

a) An méid a shroichtear na spriocanna um dhátaí íocaíochta agus seirbhíse atá sonraithe i CSAP agus Prótacal;
Féach 4.1 thíos

b) Ardchaighdeán bainistíocht agus srianta airgeadais a chothabháil, agus iad fíoraithe ag gníomhaireachtaí seachtracha monatóireachta m.sh. tuarascálacha iniúchta, C&AG, agus araile
Féach 4.2 thíos

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
4.1 Seachadadh éifeachtach a chinntiú maidir le CAP, scéimeanna náisiúnta agus bearta faoin bPlean forbartha Náisiúnta de réir na bprionsabal agus na spriocanna atá leagtha síos sa Phlean Ghníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí	Sprioc-amannna gnásanna agus prótacail sonraithe a shroicheadh, lena n-airítear an Prótacal ar Íocaíochtaí Díreacha d'Fheirmeoirí agus na spriocanna sa Phlean Ghníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí	Féach Aguisín 2.
4.2 Oibriú de réir na gcaighdeán bainistíochta aireagdais is airde, lena n-airítear ceannach agus bailiú ioncaim, chun lánghéilliúlacht do riachtanais airgeadais, iniúchta agus rialaithe AE agus náisiúnta a chinntiú	Toradh na dtuarascálacha iniúchta uathu seo: An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí, C & AG, an comhlacht deimhnithe FEOGA, Coimisiún na hEorpa agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa	Cuireadh isteach tuarascálacha iniúchóireachta ráthúla agus bliantúla don MAC agus don Choiste Iniúchóireachta. Cuireadh i bhfeidhm srianta géilliúlachta 5% . Críochnaíodh agus eisíodh 17 tuarascál inmheánach iniúchóireachta agus 44 tuarascál scrúdán iniúchóireachta le linn na bliana. Tá próiseas leantach córasach ann le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiúchán toradh suntasach iniúchta uile. Tuarascál Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta eisithe i mí Mhárta 2006 Athleanúint tapa ar thoradh iniúchóireachta AE. Toradh mór ar bith ag an Chomhlacht Deimhnithe. Stádas creidiúnaithe AE na Roinne coinnithe. Do na deich mbliana 1996-2005 iniatach, bhí Éire sa tríú áit maidir le neamhliúntais mar chéadatán chaiteachas an AE-15.
4.3 Na heochairphriacail atá os comhair na Roinne a aithint i gcónaí trí chlár cuimsitheach bainistíochta um priacail fiontair a fheidhmiú	Cáilíocht an chláir um priacail i bhfianaise tuarascálacha ó Choiste inmheánach Bainistíochta Priacail agus ón Choiste Iniúchóireachta seachtrach	D'oibrigh an Córas Bainistíocha Priacail, leasaithe i 2005, go sásúil i gcónaí i 2006. Cuireadh tuarascálacha ráithiúla ar fáil don Choiste Bainistíochta Priacail , le hachoimriú ar chinntí an Choiste déanta don Aire.

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
4.4 An Creat um Fhaisnéis Bhainistíochta a lánfheidhmiú	MIF curtha i bhfeidhm de réir Plean MIF Cáilíocht agus úsáid na dtuarascálacha bainistíochta a scríobhtar agus an tionchar ar chinntí um acmhainní	SAP R/3 uasghrádaithe ag oibriú go rathúil . Tuarascálacha bainistíochta lena n-īrítear faisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais ar fáil ar an inlíon.
4.5 Dul i gceann meastóireachta rialta ar eochairlimistéir chaiteachais tríd an gclár um athbhreithniú ar chaiteachas	An sciar de chaiteachas a rinneadh a mheas A rinneadh i bhfianaise athbhreithnithe ar chaiteachas	Le linn 2006 cuireadh 2 athbhreithniú críochnaithe, .i. dhá athbheithniú comhlánaithe. Liúntais Chúitigh agus Díothú BSE, ar fáil ar Shuíomh Gréasáin an Roinn Talmhaíochta agus Bia. Tosaíodh ag obair ar cúig athbhreithniú breise faoin gclár athbhreithnithe 2006/2008. Athbhreithniuithe a chríochnú ag coinneáil le hamchlár na Roinne Airgeadais VFM.
4.6 Athrú próisis a chur chun cinn, mar a aithnítear é sa Straitéis Oibriúcháin, chun úsáid éifeachtach acmhainní a chinntiú	An t-athdhearadh críochnaithe um eocharphróisis oibriúcháin aitheanta. Tionchar na n-athruithe próisis ar na hoibríochtaí	Ag leanúint ó shamhaltú i 2005 ar phróiseas géineasach le haghaidh iniúchtaí agus tástálacha, bhí sé pleanaithe an próiseas a thrialadh le haghaidh iniúchtaí tréidliachta in Oifig Dhúiche Thréidliachta amháin, chun an inmharthanacht agus a luach a phromhadh. Le linn 2006, tógadh córas a dtugtar AFIT (Cigireacht agus Tástáil Talmhaíochta) air le taca a chur faoin dtriail seo. Cuireadh sé seo i bhfeidhm i gCill Dara, ag díriú ar thabhairt isteach an chórais go dorleitheadach i 2007. Thosaigh obair freisin ar leathnú an chórais chun freastal ar Iniúchtaí Trasghéilliúlachta don Scéim Aoníocaíochta (SAÍ). Le linn 2006 lean an Roinn ar aghaidh le taighde ar líon teicneolaíochtaí nua chun cian-rochtain agus gabháil sonraíochta, ag díriú ar a bhféidearthacht ár bpróisis a fheabhsú. Déanfar triail ar na teicneolaíochtaí seo leis an gcóras AFIT i 2007. Chuaigh an córas ríomhaire i dtáirgeadh luath i 2006. Éascaionn an córas próiseáil réamh-fhaomhadh Foraoiseachta, iarratais deontais agus préimhe bliantúla. Sruthlíníodh an próiseas iarratais préimhe bliantúla agus Dara Deontais agus ó 2007 amach beidh gach foirm iarratais do Fhoirm 4 agus do Foirm 3 réamh-priontáilte le barrachóid. Laghdóidh an próiseas nua am próiseáilte agus cuirfidh sé luathú le híocaíochtaí.. Soláthróidh digitiú spáúil conarthaí foraoiseachta eolas luachmhar bainistíochta le haghaidh cheapadh beartais sa todhchaí. Airíonn IFORIS chomh maith tairseach gréasáin don Tionscadal Foraoiseachta ag cur ar fáil rochtain ar bhunachar sonraí speisialta na Roinne. Aithneoidh an saoráid seo go sásúil ceantair nach féidir foraois a phlandáil agus laghdaíonn sé mar sin líon na n-iarratas neamhbhailí a bheidh curtha isteach chuig an Roinn. De bhreis, sholáthraigh an córas IFORIS áit le leas breise suntasach do chustaiméirí agus do bhainistíocht ó thaibh an réimse faisnéise de atá ar fáil ar an chóras. I 2006, úsáideadh an Córas Ríomhaire Sláinte Ainmhithe (AHCS), deartha ó thús mar chóras il-speicis ach a úsáideadh do Eitinn Bhuaibheach agus do Bhrúsalós go príomha, (gan athrú mór ar bith do bhunadh chód an chórais) chun sonraí ar úinéirí ealtaí ar fud na tíre a bhreacadh síos. . Bheadh an tsonraíocht seo an-tábhachtach, dá mbrisfeadh ráig den Fhliú Éanúil amach.

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
		Le linn 2006, bunaíodh struchtúr tionschaimh foirmeálta don Tionscnamh Ollstór Sonraíochta agus Éirm Ghnó le críochnú Straitéis Sonraíochta agus Staitisticí (DSS) a bheith inchorpraithe sa phróiseas iomlán. Tugadh faoi beart um bhailiúchán riachtanais le roinnt aonad ghnó chun a gcuid riachtanas ar shonraíocht a mheasú, agus cuireadh chun cinn taighde freisin ar an socróir uirlise is oiriúnaí chun tionscnamh mar sin a chur i bhfeidhm. Beidh dul chun cinn breise i 2007.
4.7 Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid chun priacail a aithint go héifeachtach um scéimeanna a sheachadaimid, ags srianta a úsáid dá réir sin	An méid a thapaítear deiseanna nua teicneolaíochta ar mhaithe lena thuilleadh éifeachtacha agus rialaithe An méid a úsáidtear sonraí láithreacha le haghaidh priacail a bhainistiú	Le linn 2006 sholáthraigh an leagan leasaithe den chóras um Bainistiú Priacail rangú níos fearr ar phriacail agus cheadaigh sé fócasú níos mó ar na cinn is tábhachtaí don Roinn ag am ar bith ar leith. Ceadaíonn an córas leasaithe freisin úsáid níos éifeachtúla den sonraíocht sa bhunachar sonraí RTB, ag saoradh ama don Choiste um Bainistiú Priacail do mheasúnú a dhéanamh ar na priacail tuariscthe ag ceantair indibhidiúla taobh istigh den Roinn.

SPRIOC 5 – ACMHAINNÍ OIBRIÚCHÁIN AGUS AN CLÁR OIBRITHE NUACHÓIRITHE

Ár n-achmainní daonna agus fisiciúla, agus ár n-acmhainní oibriúcháin a fhorbairt agus a chinntiú go gcuirfear seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil dár gcustaiméirí, idir inmheánacha agus seachtracha agus Polasaí an Rialtais i leith dílárú agus nuachóiriú na seirbhíse poiblí á fhorfheidhmiú againn

Tá an Roinn tiomanta don chlár oibre um nuachóiriú a fhorbairt chun a chinntiú go soláthraítear seirbhís ardchaighdeáin do gach custaiméir. Leanaimid leo seo a athbhreithniú agus a fheabhsú: struchtúr eagrúcháin na Roinne, na próisis oibre, na córais agus seirbhísí tacaíochta a úsáidtear, an straitéis fhaisnéise agus chumarsáide ar glacadh léi agus na meicníochtaí a theastaíonn chun ár n-acmhainní daonna agus fisiciúla a fhorbairt. Cinntíonn sé seo go mbainimid amach ár spriocanna agus ár gcuspóirí go héifeachtach agus go críochnúil. Teastaíonn sé freisin cur chuige straitéiseach a bheith ag an Roinn um bainistiú acmhainní i bhfianaise na n-athruithe foirne agus eagrúcháin a eascraíonn ón gclár dílárú agus ceisteanna eile a thagann trasna..

Táscairí Feidhmiúcháin Ardleibhéil

a) Cur i bhfiedmh eilimintí bainteacha den Chlár don Rialtas agus de Chothabháil an Fhórais;
Féach 5.1 thíos

b) Plean gníomhaíochta um dhílárú a hur i bhfeidhm;
Féach 5.2 thíos

c) Tuarascálacha sásúla ón nGrúpa um Fhíorú Fheidhmíochta de chuid na Seirbhíse Poiblí;
Féach 5.1 thíos

d) Cur i bhfeidhm clár oibre um rialachas corparáideach, m.sh. CSAP, Straitéis HR, Straitéis ICT, Straitéis Oiliúna, treoirlínte faoi Phleanáil Ghnó, agus araile;
Féach 5.7, 5.5, 5.10, 5.6, agus 5.4 thíos

e) Bainistíocht ar chlár athruithe agus ceisteanna a thagann trasna.
Foilsíodh Tuarascál Agri-Físe 2015 i mí Mhárta 2006 agus rinneadh dul chun cinn i bhfeidhmiúcháin na moltaí. Críochnaíodh athbhreithniú ar Oibriúcháin Tréidliacha Dúiche agus an tSeirbhís Fhoraoiseachta. Lean scaoileadh/ath-imscaradh foirne oifige áitiúla ar aghaidh. Thosaigh athbhreithniú ar struchtúraí eagraíochta na Roinne i mí na Samhna 2006.

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
5.1 Feidhmiú agus monatóireacht ar an gClár don Rialtas agus na tiomantais i gCothabháil an Fhoráis	An méid a comhlíonadh na gealltanais	Tá gach gealltanas sa PfG agus i gCothabháil an Fhoráis comhlíonta nó is gealltanais leanúnacha iad atá á gcomhlíonadh.
		Cuireadh Plean Gnímh faoi i dtreo 2016 faoi bhráid ghrúpa fhíoraithe fheidhmíochta na státseirbhíse (CSPVG) agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis na gealltanais sa phlean.
	Tuarascálacha sásúla ón CSPVG	Thug an CSPVG cinneadh fabhrach maidir leis an chéad tuarascáil um dhul chun cinn curtha isteach ag an Roinn faoi i dtreo 2016.
5.2 Plean Gníomhaíohta na Roinne um Dhílárú a chur i bhfeidhm	Dul chun cinn maidir le plean feidhmithe na Roinne um dhílárú	Díláraíodh 180 post lánaimseartha.
	Tionchar an díláraithe ar sheachadadh seirbhíse agus straitéisí corporáideacha	Níor tuariscíodh iarmhairt díobhálach ar bith.
5.3 Struchtúr agus próisis na Roinne a scrúdú i bhfianaise an díláraithe, na hAoníocaíochta, agus athruithe eile	Athbhreithnithe a ndeachthas ina mbun agus na príomhathruithe a cuireadh i gcrích	Críochnaíodh athbhreithniú ar an Rannóg um Oibríochtaí Riaracháin na nOifigí Tréidliacha Dúiche i mí Mhárta 2006.
		Críochnaíodh athbhreithniú ar an tSeirbhís Fhoraoiseachta (Rannóg Riaracháin) i mí Mheán Fómhair 2006.
		Críochnaíodh athbhrithniú ar an Rannóg Aisíocaíochtai Onnmhairithe i mí Mheán Fómhair 2006.
		Thosaigh athbhreithniú ar Rannóg Infheistíochtaí Feirme, Fóirdheontais agus Stórála i mí na Samhna 2006 agus tá sé le críochnú faoi dheireadh mhí Mhárta 2007. Thosaigh athbhreithniú ar Rannóg Struchtúraí Talmhaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2006 agus tá sé le críochnú faoi dheireadh mhí

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
	Athbhreithniú ar lámhleabhair ghnásanna do na Rannóga go léir faoi dheireadh 2005	Mhárta 2007. Thosaigh athbhreithniú ar Struchtúraí Eagraíochta an Roinn Talmhaíochta agus Bia i mí na Samhna 2006 agus tá tuarascál dhreachtaithe le críochnú faoi dheireadh mhí Mhárta 2007. Athbhreithníodh lámhleabhair ghnásanna sealadacha don chuid is mó de na Rannóga
5.4 Cur le pleanáil straitéiseach a fhorbairt sna Rannóga agus sa Roinn	Pleananna Gnó Bliantúla críochnaithe agus athbhreithnithe taobh istigh de spriocdhátaí Próisis CBFF críochnaithe taobh istigh de spriocdhátaí Líon na ndoiciméad um polasaí straitéasach a scríobhadh Athbhreithniú ar lámhleabhair ghnásanna do na Rannóga go léir faoi dheireadh 2005	Críohnaíodh 94% de na Pleananna Gnó i 2006 agus d'aontaigh an bhainistíocht shinsearach le 89% díobh seo faoi dheireadh mhí Feabhra. Chríochnaigh thar 81% den fhoireann a bPróifíl Róil i 2006 Chríochnaigh an Rannóg Phleanála Eacnamaíochta trí dhoiciméad Polasaí Straitéiseach-Athbhreithnú agus Forbhreathnú Bliantúil, Plean Gníomhaíochta Agri-Físe agus na gealltanais talmhaíochta I dtreo 2016. Athbhreithníodh lámhleabhair ghnásanna sealadacha don chuid is mó de na Rannóga
5.5 An Straitéis um Acmhainní Daonna a fheidhmiú, agus próisis a athbhreithniú i bhfianaise athruithe reachtacha agus eile	An méid a fheidhmítear polasaithe tosaíochta HR Polasaithe/próisis HR athbhreithnithe chun reachtaíocht nua agus athruithe ba ghá a fheidhmiú a chur san áireamh	Polasaithe tosaíochta HR á gcur i bhfeidhm go sásúil Tá Rannóg Fhoirne ag cur i bhfeidhm tionscnamh na ag eascairt as an Recht nua Seirbhísí Sibhialta (Acht Leasaithe).
5.6 Straitéis Oiliúna nua a chomhlánú agus a chur i bhfeidhm	Straitéis Oiliúna curtha i bhfeidhm Leibhéal rannpháirtíochta agus sásaimh na bainistíochta agus rannpháirtithe maidir le cláracha oiliúna.	Foilsíodh an Straitéis i mí na Bealtaine 2006 agus tá sí á cur i bhfeidhm faoi láthair. Tá rátaí rannpháirtíochta sásúil, agus tá scóir maidir le sásaimh leis an chúrsa ard. (16,552 lá traenálá i 2006). Tá an Roinn le teipléad meastúcháin agus measúnaithe a dhearadh chun dul chun cinn foghlama a rianadh. Sprioc le críochnú faoi 2008.
5.7 Seirbhís ardchaighdeáin mhéadaithe a sholáthar don chustaiméir inmheánach agus seachtrach	An méid a shroichtear na spriocanna/spriocdhátaí (lena n-airítear fiosruithe um shaoráil faisnéise (FOI) agus ón Ombudsman)sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaméirí. Toradh na monatóireachta CSAP	Na spriocanna/spriocdhátaí ar fad bainte amach. Tá an mhonatóireacht CSAP ar fad á déanamh ag leibhéal na Rannóige de réir Pleananna Gnó.
5.8 Leanúint leis an gcumarsáid inmheánach agus seachtrach a fhorbairt chun feasacht a fheabhsú ar ghníomhaíochtaí agus scéimeanna de chuid na Roinne	Líon agus raon na bhfoilseachán/gcruinnithe Aiseolas ó chustaméirí inmheánacha/seachtracha	29 Foilseachán, 258 Preasráiteas Léiríonn an tsuirbhé chustaméara is déanaí, críochnaithe i mí Mheán Fómhair 2006, leibhéal sásaimh thar 90%

Straitéis	Táscairí Feidhmiúcháin	Dul Chun Cinn
5.9 Seirbhisí dlí a sholáthar do gach Rannóg sa Roinn, agus bainistiú um dhlíthíocht a bhaineann leis an Roinn a chur ar aghaidh nó a chosaint, i gcomhar le Rannóga eile agus le gníomhaireachtaí dlí de chuid an Stáit	An méid a bhíonn reachtaíocht phríomha/thánaisteach curtha ar aghaidh Dlíthíocht a bhaineann leis an Roinn a chríochnú in am agus go héifeachtach	Bhí baint ag an Rannóg Seirbhisí Dlí le 93 Ionstraim Reachtúil agus 2 Bhille mholta. Sholáthar an Rannóg Seirbhisí Dlí líon suntasach de thuairimí dlí, chomhairlí ginearálta, chomhaontaithe dréachta agus léirscríofa, dhoiciméid agus chumarsáid eile i 2006 do Rannóga líne. Bhí baint agus ionchar níos mó ag an Rannán Seirbhísí Dlí le dlíthíocht a bhaineann leis an Roinn lena n-airítear páipéir cháis mhionshonraithe a ullmhú agus a sholáthar don AG agus do CSSO. Mar thoradh ar sin freastalaíodh ar agus cuireadh le go leor comhairliúchán agus éisteachtaí cúirte.
5.10 Córais agus bonneagar ardchaighdeáin ICT atá seasmhach agus sábháilte a chothabháil agus a sheachadadh, chun tacú lenár gcroíghnó	Saoráidí fónta ICT, lena n-airítear deasc chabhrach éifeachtach, ar fáil don fhoireann ar fad Ag neamhfhónaim íosta Córais ICT curtha ar fáil de réir sonraithe	IFORIS curtha i bhfeidhm i mí Mhárta 2006. Soláthraíonn tacaíocht iomlán le haghaidh oibriúchán gnó na Seirbhíse Foraoise. SAÍ: - córas breisithe chun ceanglais nua trasghéilliúlachta a chur san áireamh. Thug an córas tacaíocht do réamhíocaíochtaí/ aisíocaíochtaí. Thug an córas tacaíocht do Chúltaca Náisiúnta/Trádála. SCCT: - buasghrádaithe agus breisiúcháin sochracha curtha i bhfeidhm Infheistíochtaí Ar-Fheirme: - obair shubstainteach fhorbartha déanta Córais Nótai Lotus: - Oibríonn go rathúil i gcónaí.. Córas Sláinte Phlandai (CROPHS) seachadta Bainte amach Bainte amach
5.11 Straitéis um ríomhsheirbhísí Rialtais a leanúint chun a chinntiú go gcuirtear na seirbhísí suntasacha go léir ar féidir iad a sholáthar go cuí trí bhealaí leictreona- cha ar fáil do chustaimé irí.	Líon na seirbhísí atá ar fáil trí ríomhbhealaí An líon próiseas atá comhtháite le córais chliaint	FIMS curtha ar fáil do fhoraoiseoirí agus chomhlachtaí foraoiseachta faofa le haghaidh amhairc agus aighneachta léarscáileanna foraoiseachta ar-líne. Feic thuas.
5.12 Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar don Aire agus dona hAirí Stáit lena n-airítear eolas oiriúnach, comhairle, ábhar do fhreagraí PQ agus aithisc	An leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil An t-aiseolas a thugtar don bhainistíocht shinsearach	Freagraí tugtha ar 2,413 PQ agus freastal déanta ar gach iarratas ar aitheasc/eolas Cuirtear an bhainistíocht shinsearach ar an eolas nuair a bhíonn moill ann maidir le heolas a sholáthar
5.13 Meicníochtaí comhairliúcháin agus comhordaithe a fhorbairt agus a chothabháil, chun cinntí éifeachtacha trasroinne a chinntiú	Comhordú éifeachtach ar pholasaithe trasroinne	Ghlac an Roinn páirt i raon leathan grúpaí trasroinne um polasaí
5.14 Rialú agus treoir faoi rialachas corparáideach a chur i bfeidhm	Turascálacha sásúla ón CSPVG agus ó C & AG	Rialú agus treoir faoi rialachas corparáideach curtha i bhfeidhm

Aguisín 2 - Spriocanna Seirbhíse Custaiméara

Íocaíocht nó Spriocdháta ar Chinneadh

NÓTA TÁBHACHTACH:

Tá na Spriocamanna Seachadta Faoi Réir an Uile Dhoiciméadú agus Riachtanas Eile a Bheith Ceart Aimsir an Iarratais..

Scéimeanna Íocaíochtaí Díreacha d'Fheirmeoirí

Seirbhís	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú I 2006
Scéim Aoníocaíochta Scéim 2006	Forálann Rialacháin AE go ndéanfar íocaíochtaí uair sa bhliain taobh istigh den tréimhse 1 Nollaig go 30 Meitheamh na bliana dár gcionn. Thángthas ar chomhaontú leis an AE a cheadaigh réamhíocaíochtaí de 50% ó 16/10/2006. Thosaigh íocaíochtaí cothromaíochta ar 1/12/2006.	Thosaigh réamhíocaíochtaí ar 16/10/2006 agus thosaigh íocaíochtaí cothromaíochta ar 1/12/2006. Faoi dheireadh na Nollag bhí €1.171 billiún íoctha do 95% de na hiarratasóirí.
Liúntais Chúitimh um Limistéir faoi Mhíbhuntáiste Scéim 2006	Comhaontaíodh leis na heagraíochtaí feirmeoireachta go dtosódh íocaíochtaí i ngach cás incháilithe ar 21 Meán Fómhair.	Thosaigh íocaíochtaí ar 21 Meán Fómhair 2006 mar a bhí socraithe agus íocadh beagnach €251m (€18.4 milliún maoiniú modhnaithe san áireamh) le 97% de na hiarratasóirí go léir faoi 31 Nollaig 2006.
Scéim um Scor Luath #	Próiseáil iarratais bhailí chomh fada le sceidealadh íocaíochta:- ● Iarratais nár roghnaíodh d'iniúchadh réamhíocaíochta taobh istigh de 9 seachtain* ● Iarratas a roghnaíodh d'iniúchadh réamhíocaíochta taobh istigh de 11 seachtain* ● Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faofa taobh istigh de 6 seachtain* ● Íocaíochtaí míosúla ina dhiaidh sin ar feadh thréimhse an phinsin.	97% ag cloí le sprioc
Scéim Chosaint Chomhshaol na Tuaithe (SCCT) ■ Iarratas ar ligean isteach sa scéim# ■ Iarratas ar íocaíocht bhliantúil❍	Próiseáil iarratais bhailí chomh fada le sceidealadh íocaíochta:- ● Iarratais nár roghnaíodh d'iniúchadh réamhíocaíochta taobh istigh de 10 seachtain* ● Iarratais a roghnaíodh d'iniúchadh réamhíocaíochta taobh istigh de 12 seachtain* ● Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faofa taobh istigh de 1 mí ● Próiseáil iarratais bhailí chomh fada le sceidealadh íocaíochta taobh istigh de 8 seachtain ● Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faofa taobh istigh de 1 mí	91% 74% 100% 85% 100%

Seirbhís	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú I 2006
Scéim Bainistíochta Dramhaíl Feirme #	● Eisiúint faofa i ndiaidh iarratas bailí a fháil taobh istigh de 3 mhí* ● Faomhadh d'íocaíocht i ndiaidh fógra a fháil faoi oibreacha a bheith críochnaithe chomh maith le doiciméid tacaíochta bhailí taobh istigh de 3 mhí* ● Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faomhadh íocaíochta taobh istigh de 6 seachtain*	99%
Scéim um Sláinteachas Déiríochta #	● Eisiúint faofa i ndiaidh iarratas bailí a fháil taobh istigh de 3 mhí* ● Faomhadh d'íocaíocht i ndiaidh fógra a fháil faoi oibreacha a bheith críochnaithe chomh maith le doiciméid tacaíochta bhailí taobh istigh de 3 mhí* ● Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faomhadh íocaíochta taobh istigh de 6 seachtain*	99%
Scéim um Fhiontraíocht Mhalartach#	● Eisiúint faofa i ndiaidh iarratas bailí a fháil taobh istigh de 3 mhí* ● Faomhadh d'íocaíocht i ndiaidh fógra a fháil faoi oibreacha a bheith críochnaithe chomh maith le doiciméid tacaíochta bhailí taobh istigh de 3 mhí* ● Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faomhadh íocaíochta taobh istigh de 6 seachtain*	100%
Cúnamh Suiteála# # I gcás scéimeanna cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas nuair atá a (h)iarratas faofa d'íocaíocht agus faoin mhéid atá dlite. ❍ Faigheann gach rannpháirtí SCCT réamhíocaíochtaí. I gcás íocaíochtaí bliantúla, ní chuirfear moill ar íocaíochtaí ar fheitheamh iniúchtaí. Nuair a dhéantar iniúchadh tar éis an íocaíocht bhliantúil a bheith tugtha, má bhíonn pionós i gceist, bainfear an pionós as ícoaíocht bhliantúil na bliana dár gcionn. Nuair a dhéantar an t-iniúchadh sa bhliain dheireanach, déanfar airgead ar bith atá le haisghabháil a bhaint as íocaíochta atá dlite don rannpháirtí faoi scéimeanna eile.	Próiseáil iarratais bhailí chomh fada le sceidealadh íocaíochta:- ● Iarratais nár roghnaíodh d'iniúchadh réamhíocaíochta taobh istigh de 10 seachtain* ● Iarratais a roghnaíodh d'iniúchadh réamhíocaíochta taobh istigh de 12 seachtain* ● Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faofa taobh istigh de 6 seachtain* * Le cur i bhfeidhm ó thús scéimeanna nua	100%

Seirbhís	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú I 2006
Feabhsú ar Chaighdeán Leasa Ainmhithe (Tithe Cránach)	● Eisiúint faofa i ndiaidh iarratas bailí a fháil taobh istigh de 3 mhí ● Faomhadh d'íocaíocht i ndiaidh fógra a fháil faoi oibreacha a bheith críochnaithe chomh maith le doiciméid tacaíochta taobh istigh de 3 mhí Eisiúint íocaíochta i ndiaidh faomhadh íocaíochta taobh istigh de 6 mhí.	100%
Clár Foraoisithe Scéimeanna Deontais Scéim um Préimh Fhoraoiseachta	● Faomhadh taobh istigh de 10 seachtain ó aimsir an iarratais ach amháin nuair is gá ceadú pobail faoi reacht. ● Leibhéal iniúchta de 40% taobh istigh de 4 seachtain ó aimsir an iarratais. ● Íocaíocht taobh istigh de 6 seachtain i gcásanna neamhiniúchta nó 10 seachtain nuair atá iniúchadh riachtanach . Bulcrith le linn mhí na Márta, ach leanfaidh íocaíochtaí ar feadh na bliana.	**Faomhadh** Líon na n-iarratas a fuarthas: 2,169 ag clúdach achar 18,687 ha. An líon a faomhadh : 1,679 ag clúdach achar 15,010 ha. **Íocaíochtaí** Iarratais a fuarthas: 955 ag clúdach achar 5,691 ha. Iarratais a íocadh* : €22.73m íoctha ar 1,036 iarratas ag clúdach achar 8,014 ha **Préimheanna íoctha** Rith Préimheanna Bliantúil:** €51.47m Ritíi a leanas: €8.55m Caiteachas Iomlán: €60.02m * 30% íoctha taobh istigh de sprioc na Cairte de 10 seachtain. I gcuid shuntasach de na cásanna íoctha taobh amuigh den sprioc, bhí tarchuir chun an iarratasóra riachtanach. Níl a fhios faoi láthair méid an mhoilliú dá bharr. ** Íocadh 82% de thiomantais préimhe a bhí ann cheana roimh dheireadh mhí Aibreín i gcomparáid le sprioc na cairte de 90%.

SCÉIMEANNA DÍOTHÚ GALAIR/RIALÚ GALAIR

Seirbhís	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú I 2006
Cúiteamh– Scéimeanna Dhíothú na hEitinne Bólachta agus na Brúsalóise 2006	Íocfar cúiteamh Eitinne agus Brúsalóise taobh istigh de 3 seachtain ón dáta a fuarthas an doiciméadú riachtanach ceart nó ón dáta cáilitheachta, faoi réir téarmaí agus coinníollacha.	Léiríonn íocaíochtaí Deontas Imoibreora agus cúiteamh luachála déanta i 2006 gur íocadh 93% de íocaíochtaí taobh istigh de 3 seachtain i ón uair a fuarthas an doiciméadú riachatnach uile agus 99% taobh istigh de 8 seachtain. Léiríonn íocaíochtaí Forlíon Ioncaim agus Deontas Cruatain agus Dídhaonraithe déanta i 2006 gur íocadh beagnach 91% taobh istigh de 3 seachtain ón uair a fuarthas an doiciméadú riachtanach uile agus thar 97% taobh istigh de 8 seachtain.

Seirbhís	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú I 2006
Cúiteamh BSE	Cúiteamh BSE le híoc taobh istigh de 21 lá ón uair a fuarthas doiciméadú comhlánaithe.	**Tréada BSE** – Íocadh cúiteamh €2,832,228 i 2006. Íocadh le 95% taobh istigh de 21 lá, agus íocadh le 89% taobh istigh de 14 lá. **Cohóirt BSE agus a Sliocht**– Íocadh cúiteamh €514,532.50 i 2006. Íocadh le 91% taobh istigh de 21 lá agus íocadh le 55% taobh istigh de 14 lá. **Impórtáil ón RA agus ó TÉ** – Íocadh cúiteamh €5,600 faoi dheireadh mhí na Nollag 2006. Íocadh le 100% taobh istigh de 21 lá (33% taobh istigh de 14 lá)
Cúiteamh Scráibí agus Íocaíochtaí um Chailliúint Ioncaim (Íocaíochtaí um chailliúint ioncaim nach mbaineann ach le tréada a bánaíodh i rith na tréimhse 2001- Aibreán 2003)	Cúiteamh íoctha taobh istigh de 14 lá ón dáta a fuarthas an doiciméad deireanach, .i. deimhniú maraithe. Íocaíochtaí um chailliúint ioncaim próiseáilte go díreach i ndiaidh iniúchta agus nuair a fhaightear an fhoirm thuairisce iniúchta cuí.	Gach íocaíocht chúitimh agus íocaíocht um chailliúint ioncaim próiseáilte agus íoctha taobh istigh den tréimhse riachtanach

SCÉIMEANNA IDIRGHABHÁLA

Scéim	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú I 2006
Ceannach Ime in Idirghabháil	45 lá	100%
Ceannach SMP in Idirghabháil	120 lá	N/A
Ceannach Eornán in Idirghabháil	30 lá	N/A
Ceannach Siúcra in Idirghabháil	120 lá	N/A

AISÍOCAÍOCHTAÍ ONNMHAIRITHE

Scéim	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú I 2006
Aisíocaíochtaí Easpórtála um bainne agus thairgí bainne	60 days	100%
Aisíocaíochtaí Easpórtála um mairteoil	60 days	100%
Aisíocaíochtaí Easpórtála um tháirgí próiseáilte	60 days	90%
Aisíocaíochtaí Easpórtála muiceola, éanlaith , uibheacha agus arbhar	60 days	98%
Eisiúint cheadúnas impórtála/easpórtála	Láithreach/5 lá	Sroicheadh na spriocamanna seachadta

SPRIOCANNA SEIRBHÍSE CUSTAIMÉARA UM FHÓIRDHEONTAIS BAINNE

Scéim	Spriocdháta Seachadta	Feidhmiú I 2006
Fóirdheontas d'im agus d'uachtar a úsáidtear i dtaosrán agus in uachtar reoite	1 mí	88%
Fóirdheontas d'im a sholáthraítear d'ospidéil	1 mí	100%
Fóirdheontas do phúdar bainne bhearrtha a úsáidtear i mbeathú cumaisc	1 mí	100%
Bainne scoile	1 mí i ndiaidh éileamh a fháil	99%
Cúnamh do Cháiséin	1 mí	100%
Cúnamh um Stóráil Priobháideach ime agus uachtair	Conarthaí le socrú taobh istigh de 30 lá	100%
Cúnamh um Stóráil Priobháideach cháise emmenthal	Conarthaí le socrú taobh istigh de 30 lá	100%

Aguisín 3 - Tiomantais Chlár an Rialtais

Tugtar forléargas thíos den dul chun cinn maidir leis na tiomantais atá sa Chlár Comhaontaoithe Rialtais 2002-2007. Tá tiomantais uile an chláir comhlíonta nó is tiomantais leanúnacha iad atá á gcomhlíonadh.

UIMH..	TIOMANTAS	DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO
1	**Leanfaimis ar aghaidh le hiarrachtaí an Rialtais agus lucht taidhleorachta chun an rochtain dhomhanda a fheabhsú agus margaí a oscailt.**	Tá muid ag leanúint ar aghaidh leis an bhfeachtas ardleibhéil chun rochtain ar mhargaí an domhain a fheabhsú agus a leathnú. Bítear i gcomhairle go rialta leis an tionscal trí ghrúpa ardleibháil, ina bhfuil ionadaithe IBEC, IMA, Bord Bia, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus An Roinn Talmhaíochta agus Bia. Maidir le mairteoil, d'éirigh go han-mhaith leis an togra chun rochtain idirnáisiúnta a athghabháil. Tá dul chun cinn déanta faoi mhargaí áirithe lasmuigh den AE. Tá an Rúis agus an Ailgéir oscailte agus trádáil ar bun. Bhí forbairtí dearfacha sa mhargadh Éigipteach freisin tar éis tréaniarrachtaí thar thréimhse fhada. Aontaíodh Prótacal faoi thrádáil mairteola leis an Éigipt i mí Lúnasa 2005 agus tá an trádáil tosaithe. Labhraíodh le nao dtír eile i míonna déanacha. Fuarthas freagraí dearfacha ar dtús ó chuid de na tíortha seo agus tháinig toscaireacht ón UAE ó 26 Aibreán 2006 ar cuairt cheithre lá. I 2005-2006 fuair Bord Bia maoiniú bhreise chun a bheith gníomhach ag bailiú faisnéise ar mhargaí, taighde, agus chun láithreacht a thógáil sa tSín agus san Ind ag teacht leis an sprioc i straitéis an Rialtais chun na hÁise onnmhairithe bia agus dí a dhúbailt idir 2004 agus 2007. Críochnaíodh foireann tréidliachta ón tSín iniúchadh ar cheithre mhonarcha próiseála lí i mí Aibreáin 2006; ina dhiaidh sin aontaíodh Prótacal Tradála agus is féidir onnmhairothe a thosú anois.
2	***Leathnóimid réimse an oideachas talmhaíochta, ag súil gur féidir, i gcásanna áirithe, an fheirmeoireacht a chleachtadh i gcomhar le gairmeacha eile*** ***agus*** ***cinnteoimid go gcuirfear cúrsaí ar fáil ar bhealach solúbtha a oireann do rannpháirtithe fhéideartha le breis úsáide á baint as cur chuige ar nós cúrsaí oíche agus cianfhoghlaim.***	Rinneadh athbhreithniú mór ar Chlár Oideachais agus Oiliúna Teagasc i 2004/2005 agus cuirfear i bhfeidhm é sa dá bhliain atá romhainn. Tá athruithe móra i gceist le socrúchán feirme baile a inchorprú i ngach mórchlár oiliúna talmhaíochta. Tá na hathruithe seo deartha chun freastal ar riachtanais fheirmeoirí ionchasacha páirtaimseartha. Tá coláiste ríomhfhoghlama bunaithe ag Teagasc le foireann lánaimseartha de cheathrar. Sa bhliain reatha tá 400 mac léinn páirteach i gclár oiliúna 180 uair ar-líne trí ríomhcholáiste. Le ceapachán Oifigeach nua Forbartha tá breisiú ar réimse na gclár oiliúna ar-líne déanta le hoilúint bhia, gairneoireacht agus grúpaí díospóireachta . Tá an Teasta Gairme sa Talmhaíocht do Fheirmeoirí Páirtaimseartha á reachtáil anois ag 14 ionad difriúla, agus an 6 choláiste talmhaíochta san áireamh. Baineann Seirbhísí Comhairleacha agus Taighde Teagasc, gníomhaireachtaí seachtracha eile agus grúpaí áitiúla pobail, úsáid leitheadach as Teagasc agus as coláistí príobháideacha. Tá samplaí thíos den úsáid a bhaintear as na coláistí: ● Laethanta Oscailte do Fheirmeoirí faoi Shábháilteacht Fheirme, Taispeántais Innealra, Siúlóidí Barraí, srl. ● Cuairteanna ó ghrúpaí díospóireachta feirmeoirí ● Úsáidtear iad le haghaidh cuspóirí taighde agus taispeántais agus trialacha cineálacha ag foireann taighde Teagasc agus an Roinn

UIMH..	TIOMANTAS	DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO
	agus ***déanfaimid iarracht na coláistí talmhaíochta a fhorbairt mar acmhainní forbartha tuaithe leathana.***	Talmhaíochta agus Bia. ● Úsáidtear iad le haghaidh chláir oiliúna ríomhaireachta ag Teagasc agus gníomaireachtaí seachtracha eile. ● Cuairteanna ó ghrúpaí scoile chun an léirthuiscint faoi thalmhaíocht/ghairneoireacht a mhéadú. ● Ríomharlanna a úsáid le haghaidh oiliúint ríomhaireachta, eagraithe ag Teagasc agus gníomhaireachtaí eile. ● Saoráidí spóirt agus seomraí cruinnithe á n-úsáid ag grúpaí áitiúla. ● Gníomhaireacht Chinnirí Forbartha Tuaithe an Chabháin agus Mhuineacháin bunaithe i gColáiste Talmhaíochta Bhéal Átha Éise. ● Úsáid le haghaidh Scoileanna Samhraidh, Campaí Club Capaillíní, Campaí Gasóga, Imeachtaí Eachaíochta srl.
3	**Cuirfimid seirbhís thiomnaithe ar fáil trí Theagasc a chabhróidh le feirmeoirí páirtaimseartha agus trasdula a gcuid cumais agus ama a úsáid chun buntáiste agus éifeachtúlachta níos fearr, agus nuair is gá, chun a n-ioncaim a éagsúlú trí oiliúint chuí sa Chlár Deiseanna.**	Rinneadh an Clár Deiseanna a athsheoladh i mí Eanáir 2004 mar Chlár "Pleanáil Iar-Fischler" agus tugtar Clár Roghanna na dTeaghlach Feirme air anois. Tá an clár dírithe ar chabhrú le feirmeoirí a suíomh feirme agus teaghlaigh a oiriúnú tar éis na díchúplála. Cuireann sé ar chumas feirmeoirí agus a dteaghlach amharc go hoibiachtúil ar a suíomh, anailís a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil don bhfeirmeoir agus dá c(h)éile agus cuireann sé comhairle agus treoir neamhspleách ar fáil faoin gcaoi is fearr chun dul ar aghaidh. Tá os cionn 13,000 teaghlach feirme tar éis páirt a ghlacadh sna cláir go dtí seo agus tá sprioc iomlán de 20,000 ann do dheireadh 2006. Tá sé beartaithe 7,000 teaghlach a chur tríd an gclár i 2006. Tá cúrsaí oíche agus deireadh seachtaine ar siúl ag Teagasc anois ar mhaithe le patrúin oibre na bhfeirmeoirí páirtaimseartha a éascú. Glacann os cionn 10,000 feirmeoir aosach páirt i gcláir oiliúna feirmeoirí aosacha Teagasc gach bliain agus bíonn formhór na gcúrsaí ar siúl san oíche. Tá Teagasc tiomanta do sheirbhí chomhairleachta a fhorbairt don earnáil cheardaí. Thosaigh an chéad chomhairleori lánaimseartha ar obair fhrbartha i mí Mheán Fómhair 2006 le leasanna táirgeoirí agus margadh feirmeoirí.
4	**Cuirfimid na moltaí a rinne an Grúpa Comhairleach faoi Ról na mBan sa Talmhaíocht i bhfeidhm.**	I 2004 thiomsaigh an Roinn tuarascáil chuimsitheach faoi na moltaí uile a bhí i dTuarascáil an Choiste Comhairligh faoi Ról na mBan sa Talmhaíocht. Léirigh sé seo go raibh siad curtha san áireamh go hiomlán ag gach Roinn Rialtais agus gach gníomhaireacht ábhartha. Bhí dul chun cinn mór déanta maidir le réimse leathan saincheisteanna ag an gCoiste Comhairleach. Tá obair déanta ag an Roinn chomh maith le Ranna eile chun Straitéis Náisiúnta Ban a dhréachtadh, faoi threoir na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais Athchóirithe Dlí. Bhí obair beagnach críochnaithe faoi dheireadh 2006.

UIMH.	TIOMANTAS	DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO
5	**Oibreoimid chun bunphrionsabail an CBT a chosaint in idirbheartaíochta méadú an AE. De réir mar is gá, tacóimid freisin le bearta ar nós airgeadas dóthanach AE, le cinntiú go ndéanfar talmhaíocht na dtíortha aontachais as Lár agus Oirthear na hEorpa a chomhtháthú go reidh nuair a thagann siad isteach san Aontas Eorpach, agus ullmhóimid san am céanna chun leas a baint as deiseanna nua margaidh.**	Tharla aontachas na ndeich mBallstát nua ar Lá Bealtaine 2004 agus cuireadh idirbheartaíochtaí faoi aontachas na Bulgáire agus na Rumáine i gcrích i mí Meithimh 2004 gan aon athrú ar bhunphrionsabail an CBT. Bhí an Roinn sásta leis an maoiniú don CBT a fhoráladh don tréimhse go 2006. Beartaíodh an maoiniú don tréimhse 2007 don 2013 i gcomhthéacs an Léargas Airgeadais a aontaíodh ag Comhairle na hEorpa i mí na Nollag 2005. Ba í aidhm na Roinne a chinntiú go mbeadh éifeacht le haon toradh a bheadh ar athbhreithniú ar bith eile ar CBT lasmuigh den tréimhse 2007-2013, chun sochair Cholún 1 (íocaíochtaí díreacha) a chosaint, chun sciar na hÉireann de cholún 11 CBT (forbairt na tuaithe) a uasmhéadú agus le cinntiú nach dtabharfaí modhnú ar bith eile isteach. Tugadh cosaint shubstaintiíl do na leasa tosaíochta seo de thoradh Chruinniú Mullaigh na Nollag 2005, toradh maith do Thalmhaíocht na hÉireann. Thángthas ar Chomaontú i mí Lúnasa 2004 maidir le creatlach do chomhaontú nua ETD agus cuireadh dlús leis na hidirbheartaíochta faoi bhabhta nua ag Comhdháil Airí an ETD i Hong Kong . Is é cuspóir na hÉireann tionchar a imirt ar na cainteanna seo le cinntiú gur féidir glacadh le comhaontú nua faoi léirscaoileadh trádála gan aon athchóiriú eile ar CBT a bheith ag teastáil. Tá teorainn áfach le tionchar na hÉireann ar an toradh deiridh mar go ndéanann an Coimisiún idirbheartaíocht san ETD ar bhonn mandáite atá aontaithe ag an gComhairle. Mar gheall ar easpa dul chun cinn, fionraíodh díospóireachtaí ETD i mí Iúil 2006 agus tá sé deacair a mheasúnú cathin a a dtosóidh siad arís.
6	**Leanfaimid orainn ag cur na gcaighdeán is airde i sábháilteacht bia chun cinn agus cothóimid cultúr nuála, ardchaighdean agus fiúntais sa tionscal bia.**	Chun a chinntiú go dtáirgítear bia i ngach céim den slabhra bia de réir na gcaighdeán sábháilteacha is déine, tá clár leitheadach monatóireachta, faireachais agus cigireachta curtha ar bun. Tá uasghrádú agus athbhreithniú á ndéanamh ar phróisis uile maidir le sábháilteacht bhia mar chuid den phróiseas feidhmithe riachtanach faoi na Rialacháim Sláinteachais. Bhunaíomar Grúpa Lipéadú Bia chun freastal ar chúramaí custaiméirí maidir le lipéadú agus foinsí bia agus táimid ag déanamh cinnte, an oiread agus is féidir, go gcuirfear a chuid moltaí i bhfeidhm. Tugadh faoi 19 de na 21 moladh, agus cuid mhór acu taobh amuigh de shainchúraim na Roinne seo. Tá an dá mholadh eile, ag baint le lipéadú foinsí, á dtabairt faoi. Tá earnálacha bia, dí agus gairneoireachta ag oibriú i dtimpeallacht an-iomaíoch ar fad. Cruthaíonn luas agus scála an athruithe dúshláin agus deiseanna an-mhóra. Le forbairt éifeachtúil an tionscadal agri-bhia a éascú sa timpeallacht seo atá ag athrú go tapaidh, d'fhorbair an Roinn an Plea Gnímh Agri-Físe 2015. Is é freagairt an Rialtais an plean seo, a foilsíodh i mí Mhárta 2006, do Thuairisc an Choimisiúin Agri-Físe. Cuireann an Plean Gnímh béim ar thrí thiománaí le haghaidh ratha---Ionaíocht, nuáil, agus dírií ar an tomaltóir agus leagann sé amach 167 gníomh a thógfaí ag an Stát, Gníomhaireachtaí Stáit nó an earnáil phríobháideach cinntiú gur féidir leis an tionscadal agri-bhia na dúshláin a bheidh roimhe go dtí 2015 a láimhseáil.Tá na fóraim oibriúcháin trasghníomhaireachta leis an bPlean Gnímh seo a thiomáint bunaithe. Tá sé pleanáilte an chéad tuairisc ar dul chun cinn a fhoilsiú ar fheidhmiúchán an Phlean Gnímh i Márta/Aibreáin 2007. Sa Phlean Gnímh Agri-Físe 2015 tá an Roinn tiomanta do chaidreamh dlúth oibre le Bord Bia agus an tionscadal bia. Tá athbhreithniú straitéiseach déanta ag Bord Bia le cur ar a chumas leanúint ar aghaidh ag seachadadh gnó méadaithe ionas go mbeidh sé in ann méadú ar ghnó na ngeallsealbhóirí. Chuidigh a chláir um margaíochta

UIMH.	TIOMANTAS	DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO
6		agus cothú le onnmhaireoirí bia, déantúsóirí bianna nua,aisulachta agus breisluacha agus miontáirgeoirí sainpéise chun gnó a fhorbairt. Tacóidh an Roinn Bord Bia i neartú a chumais maidir le faisnéis um margaíocht straitéiseach agus i bhforbairt seirbhísí um chothú agus forbairt margaí le cuidi´le earnála indibhidiúla chun dúshláin nua margaí a láimseáil. Leanfaidh Bord Bia ar aghaidh ag forbairt a fhóraim branda atá an-rathúil agus bunóidh sé freisin aonad speisialta le haghaidh forbairt mionghnó. Tá an treoir nua "Forbairt tháirgí nua don Tionscal Bia agus Dí faoi Threoir an Mhargaidh" á chur chun cinn go gníomhach ag gníomhaireachtaí chun tairgí nua agus nuálacha bia a thabhairt chun margaidh. Tionóladh Fóraim Bia réigiúnacha idir cuideachtaí bia agus gníomhaireachtaí forbartha ó mhí na Samhna 2005 san Iarthuaisceart (Na Cealla Beaga), Oirthuaisceart (Carraig Mhachaire Rois), an Lár-réigiún (Port Laoise) agus an tOirdheisceart (Cill Chainnigh) ag clúdach 18 contae. Tionólfaí na Fóraim Iarthair agus Iardheiscirt i Q1 2007 dírithe ar an téama "Fócas ar an Margadh do Mhionfhontair Bia" cuireann na fóraim seo béim ar thábhacht mhionfontair bia agus soláthraíonn sé treoir faoi na cleachtaí is fearr sa mhargaíocht réigiúnda bia. Thosaigh sraith ghníomhaireachtaí feidhmiúchán na moltaí réamheolaire a chur chun cinn, an tuairisc straitéiseach do fhorbairt an Tionscadail Déiríochta. In 2006 tosaíodh clár infheistíocht chaipitil €300milliún don earnáil déiríochta le feabhsú a chur ar a iomaíochas agus a inmharthanacht fadtéarmach. Tá béim sa bhreis curtha againn ar an ngá atá le nios mó iomaíochais san earnáil agraibhia. Rinneadh coimisiúnú ar thrí thuarascál maidir leis seo : Táirgiúlacht Thalmhaíocht na hÉireann - Newman & Matthews (2003) Iomaíochais Thalmhaíocht na hÉireann - 1998/99 (Boyle, 2002) Táscairí Iomaíochas Costais-1996/2000 (Thorne, 2004) Ullmhaíodh agus seoladh an Roinn an straitéis T & F earnálacha do thalmhaíochta agus bia mar chuid den SSTI iomlán2006-2013, seolta níos luaithe i mbliana ag an Rialtas. Rinneadh deontais taighde leas poiblí de € 7.5m a fhaomhadh faoi ghlaoch spriocdhírithe a eisíodh i 2005, rud a thugann faomhuithe carnacha PFN go € 63m. Déantar measúnú neamhspleách ar na tionscadail ar bhonn iomaíoch. Tá torthaí taighde d'ardchaighdeán agus foireann taighde curtha ar fáil ag clár FIRM don tionscal bia. I 2005 thóg an Roinn agus Fiontraíocht Éireann ar na ceangail chomhoibre a bunaíodh i 2004 chun tráchtálacht an taighde bia a chur chun cinn. Ag leanúint ó chomhairle le hinstitiúdí tionscadal agus taighde d'eisigh an Roinn glaoch ginearálta i mí Feabhra 2006 agus bronnadh €31 milliún thar 3 bliana do 58 tionscadal ó na hinstitiúdí taighde ar na téamaí a leanas: ● Bia agus Sláinte, lena n-airítear bia feidhmeach agus athfhirmliú táirgí le haghaidh sláinte níos fearr ● Caighdeán bia agus déantúsaíocht lena n-airítear táirgí nua agus nuálacha, teicneolaíochtaí nua

UIMH.	TIOMANTAS	DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO
6	**Leanfaimid orainn ag cur na gcaighdeán is airde i sábháilteacht bia chun cinn agus cothóimid cultúr nuála, ardchaighdean agus fiúntais sa tionscal bia.**	● Sábháilteacht bhia agus slándáil an slabhra bia ● Bia, an tomhaltóir agus an slabhra bia ● Úsáidí nua do fho-tháirgí bia agus dí Tá comhpháirtíochtaí buana ag RTB leis an Údarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann (UBSÉ) agus an mBord um Chothú Shábháilteacht Bhia (FSPB) . I mí na Samhna 2006 chuaigh RTB i bpáirtíocht le níomhaireachtaí sna earnála Sláinte, Fuinnimh agus Comhshaoil le moltaí um maoiniú taighde trasranna straitéiseach a chur isteach faoin maoinú speisialta €40 milliún curtha ar bun ag an Straitéis nua Eolaíocht an Rialtais.
7	**Leanfaimid orainn ag lorg gníomhaíochtaí trí an AE le cinntiú go mbainfidh na hardchaighdeáin chéanna le allmhairithe is a bhaineann le táirgí baile.**	Faoi láthair is riachtanais de chuid an AE iad go mbainfeadh na caighdeáin chéanna le táirgí allmhairithe bia is atá san AE féin. Táthar an-airdeallach le cinntiú go gcloítear leis an seasamh seo nuair a mholtar aon athrú ar rialacháin.
8	**Féachfaimid leis an leibhéal faisnéise atá ar fáil do chustaiméirí faoi fhoinsí an bhia atá ar díol sa tír seo a fheabhsú trí thograí ar nós lipéad sonrach glas do bhia na hÉireann.**	Tá an fás leanúnach i mballraíocht i scéimeanna deimhniú cáilíochta á chur chun cinn ag Bord Bia. Tá aird á thabhairt go leanúnach ar an tiomantas seo faoin bPlean Gnímh Agri-Físe 2015 agus na forálacha faoi i dtreo 2016. Cuirfidh an Roinn ar fáil don Bhord deonachán €1.9m i 2006 le cabhrú le rannpháirtíoht a spreagadh sa Scéim nua Dearbhú Caighdeáin do Mhairteoil don Chaighdeán EN45011. Tá an clár uaillmhianach le 14,000 EN45011 seiceanna neamhspleácha i 2006 ar sprioc. Cuireadh lógó Deimhniú Cáilíochta an Bhoird ar fáil don ghairneoireacht freisin . Is mór an dul chun cinn atá déanta maidir le moltaí an Ghrúpa Lipéadú Bia a fhorfheidhmiú . Maidir le dhá mholadh lárnach an Ghrúpa is é an seasamh atá ann go bhfuil forfheidhmiú na reachtaíochta um lipéadú bia lárnaithe san UBSÉ agus go bhfuil rialacháin nua faoi fhoinsí tugtha isteach don éineoil. I mí Aibreáin 2006, cuireadh príomhreachtaíocht i bhfeidhm le cur ar chumas an Aire do Shláinte agus do Pháistí rialacháin bheartaithe a dhéanamh a éilíonn ar bhialanna agus ar earnálacha lónadóireachta faisnéis a sholáthar do chustaiméirí faoi thíortha tionscnaimh mairteola a chuirtear ar fáil ina n-áitribh. Chuaigh rialacháin in éifeacht ar 3 Iúil 2006. Tá an Roinn seo ag dréachtáil rialachán faoi láthair le faisnéis mar seo a bheith riachtanach ar mhuiceoil, caoreoil agus éineoil. Beidh faomhadh AE riachtanach ar na rialachái seo roimh fheidhmiúchán.
9	**Spreagfaimid an tionscal bia chun caidrimh fhadtéarmacha a thógáil sna margaí onnmhairithe is bisúla le béim láidir ar an bhfás i dtáirgí breisluacha**	Chuaigh an Bord Bia i mbun an dara babhta dá straitéis chun díolachán mairteola na hÉireann a mhéadú in ollmhargaí Eorpacha agus chun feasacht ar mhairteoil na hÉireann a neadú go daingean in intinn a chuid custaiméirí. Sa bhfeachtas cuireadh fógraíocht ar phacáistí in 8,000 stór Eorpacha, a mbíonn 40 milliún duine ag siopadóireacht iontu gach seachtain, agus bhí sé dírithe ar an tréimhse soláthair is mó atá againn, ó Mheán Fómhair go Samhain. Fuair an Bord Bia tacaíocht ó láithreacht Airí san Iodáil, sa Ghearmáin agus san Ísiltír, agus is mór an t-údar dóchais é an freagra a fuarthas ó mhiondíoltóirí agus ó chustaiméirí ar an mór-roinn. Chruthaigh an Fóram Idirnáisiúnta Speisialtachtaí i Kilmainham i mí na Bealtaine 2005 in €1 milliún de ghnó nua. Mar cheann d'urrathóirí an Ryder Cup 2006, ar siúl sa K Club, d'éirigh le Bord Bia gné nua bua a thabhairt isteach son ócáid, ag cur ar chumas bia, deoch agus gairneoireacht Éireannach a bheith léirithe ar fud an domhain agus do cheannaithe idirnáisiúnta ag tabhair cuairt ar Érinn don ócáid. Bhí onnmhairithe bia agis dí ar€ 7. 5 billion i 2005, in ainneoin

UIMH.	TIOMANTAS	DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO
	agus **Spreagfaimid tionscal mairteola na hÉireann go háirithe chun tosaíocht ar leith a thabhairt do mhargaí inmharthanacha AE a fhorbairt le dhá chuspóir: níos mó cobhsaíochta á ghnóthú agus an bhearna idir praghasanna Éireannacha agus Eorpacha a dhúnadh. Is é an chaoi is tábhachtaí chun go dtarlóidh sé seo slabhra soláthair comhtháite a thógáil trí shocruithe rannpháirtíochta idir táirgeoirí, próiseálaithe agus miondíoltóirí, agus an Scéim Náisiúnta um Ráthaíocht Mairteola agus scéimeanna cáilíochta i gcur chun cinn táirgí mar bhonn leis.**	luachlaghdú steirling agus díbhoilsciú ar phraghsanna a shocht aisghabháltais ar 4% san RA, an margadh is mó sa tionscadal. Is é an AE an príomhcheannphointe i gcónaí do onnmhairithe agri-bhia Éireannacha; i 2005 bhí luach acu seo ag €5.8 billion, 77% den iomlán. Bhí méadú ar onnmhairithe dí do na Stáit Aontaithe; d'iniúchaigh, Bord Bia na féidearthachtaí san Áise. Lean an t-athrú in onnmhairithe mairteola go margaidh mórthíre an AE ar aghaidh i 2005, le méideanna ag ardú 11%. Tá onnmhairithe do mharaidh taobh amuigh den AE ag níos lú ná 8 % den iomlán faoi láthair i gcomparáid le thar 50 % cúig bliana ó shin. Shroich onnmhairithe mairteola go margaí AE i 2006 490,000 tona, ag tógáil ar leibhéil churiarrachta de 450,000 tona i 2005. Baineadh praghsanna láidre mairteola amach i 2005; bhí an meánphraghas i 2005 5% thar an bpraghas íoctha i 2004. I 2006, bhí praghasanna eallaigh ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 12% níos airde ná na praghsanna a fuarthas i 2005 Bhí fás éachtach ar earnáil na mbianna réamhullmhaithe ó thaobh díolacháin agus onnmhairithe le deich mbliana anuas agus meastar an díolachán iomlán ag €1.5 billiún i 2005. Bíonn luaineacht san earnáil seo go minic de bharr athruithe airgeadra .
10	**Cuirfimid caomhnú an chomhshaoil chun cinn trí dheacheachlas feirmeoireachta le tacaíocht ó dheontais agus dreasachtaí speisialta cánach chun cabhrú le hinfheistíocht ar an bhfeirm agus le bainistiú cúramach dramhaíle. Déanfaimid iarracht a chinntiú go mbíonn na tacaí ar fáil do gach feirmeoir.**	Tugadh isteach Scéim Bainistíocht Dramhaíl Feirme i mí Mhárta 2006 le cabhrú a thabhairt d' fheirmeoirí teacht le rialacháin an Treoir um Níotráit. Osclaíodh an scéim do gach feirmeoir d'ioncaim íseal. Ó tugadh isteach é i 2001, rinneadh caiteachas de €87.2m. ar an Scéim um Bhainistiú Dramhaíl Feirme. Caitheadh €20.6m. ar an Scéim um Shláinteachas Déiríochta Tá an ráta luathaithe de liúntas chaipitil don infheistíocht i saoráidí smachtú truaillithe riachtanacha athnuaite go ceann trí bliana eile go dtí an 31 Nollaig 2006 agus thainig méadú ar an uasmhéid liúntas comhlúthaigh ata ar fáil in aon bhliain amháin ó € 31,750 go € 50,000.
11	**Cothóimid tuath ghlan tharraingteach le caighdeán ard maireachtála a mbeidh gach duine in ann taitneamh agus leas a bhaint as. Mar chuid den bheartas seo, déanfaimid iarracht an scéim SCCT a dhéanamh níos tarraingtí.**	Tugadh SCCT leasaithe isteach ar an 1 Meitheamh 2004 a dhéanann foráil le haghaidh ráta méadaithe íocaíochta mar atá aontaithe i mBuanú an Fhoráis. Faoin scéim bhreisithe seo, faigheann feirmeoirí ardú de 28% in íocaíochtaí. Shroich ráta glactha na Scéime leasaithe ráta níos mó ná 48,000 i 2005, an ráta is airde riamh. Tá foráil de €271m déanta i Meastacháin 2005 ach b'éigean an tsuim seo a mhéadú go €283m chun freastal ar an éileamh méadaithe. Tá foráil de €323m i vóta 2006; go dáta i 2006 tá rátaí rannpháirtíochta de 54,000. Aontaíodh tograí do scéim nua SCCT mar chuid den Phlean CAP Forbartha na Tuaithe 2007-2013 le híocaíochtaí méadaithe 17%.
12	**Feabhsóimid an comhoibriú le húdaráis Thuaisceart Eireann chun oileán na hÉireann a choinneáil saor ó ghalar.**	Bíonn cruinnithe rialta ar siúl i gcónaí ag leibhéil Airí agus oifiigiúla chun ailíniú beartas agus socruithe cosanta maidir le smachtú galair go ginearálta. Ar cheist an Fhliú Éanúil, tá oifigigh na Ranna bainteacha, idir Thuaisceart agus Deisceart, i dteagmháil rialta le chéile maidir le réimse leathan ceisteanna ag baint le Fliú Éanúil. Tá an dá Roinn ag obair go dlúth le chéile go háirithe maidir le pleanáil teagmhasa. Tá caidreamh dlúth oibre ag an dá Roinn agus leanfaidh an comhoibriú ar aghaidh in éadan an bhagairt tugta ag leathadh leanúnach "Fliú" Éanúil.

UIMH.	TIOMANTAS	DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO
13	**Feabhsóimid cion na gairneoireachta, trí thacu le táirgí a tháirgeadh ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus a mhargaítear de réir caighdeán arda aonfoirmeacha.**	Sna hidirbheartaíochtai ar leasú an chóras AE um Thorthaí agus Glasraí, cosnófar leasanna táirgeoirí agus tomhaltóirí. Beidh neartú ról na nEagraíochtaí Táirgeoirí sa soláthar torthaí agus glasraí do mhargadh smachtaithe ag cuid mhór díoltóirí ina thoisc tábhachtach. Le forfheidhmiú mholtaí an Tascfhórsa Muisiriún (a foilsíodh i mí na Bealtaine 2004) tá cumas iomaíochais an tionscail méadaithe agus tá sé réidh do dhúshláin mhargadh an RA. Leanann an titim ar líon fásóirí ar aghaidh ach tá sé seo cúitithe trí oibriúcháin de scál níos mó agus córais táirgidh níos éifeachtúla. Chun inrianaitheacht iomlán "ó fheirm go forc" a sholátharle haghaidh prátaí, cuireadh Clár na Soláthróirí agus na bPacálaithe Prátaí ar fáil ar shuíomh ghréasáin na Roinne. Leanann forbairt tionscadal prátaí dírithe ar thráchtáil ar aghaidh mar thosaíocht tábhachtach. Sna bearta a tugadh isteach le seo a éascú airíteaer scéim chabrú deontas do tháirgeoirí síl, príobháideachas táirgeadh síl réamh-bhunúsach, srianta leasaithe um shláinte phlandaí, forbairt bhunachar sonraí comhtháite agus táillí ar chigireacht faoin scéim deimhnithe síl. Tá an Scéim Cúnamh Dentas Caipitil do tháirgeoirí ina chaitlíoch i gcónaí ar son fhorbairt an earnáil ghairneoireachta agus an earnáil prátaí. Do 2006 tá níos mó ná €7m i gcúnamh deontas bronnaithe in infheistíocht caipitil a dúsáid infheistíocht €20m do na 174 fásóirí bainteacha. Tá cúnamh deontas de €1.5m á sholáthar do fhorbairt an earnáil prátaí ag tabhairt an tacaíocht soláthraithe go €2.5m ó 2005. Tá an Bord Bia ag leanúint lena chlár iomlán gníomhaíochtaí chun an earnáil ghairneoireachta a fhorbairt, is iad sin an Clár Cáilíochta , clár chothaithe idir thrádáil agus chustaiméir, faisnéis margaidh, an Scéim Tacaíochta Gnó, forbairt thionsclaíoch, gairneoireacht thaitneamheachta agus cláir cheannaitheoirí chun stoc plandlanna a onnmhairiú Aithníonn an Bord Bia go bhfuil an-acmhainneacht fáis in earnáil na nglasraí réamhullmhaithe.
14	**Déanfaimid tuilleadh forbartha ar an earnáil orgánach trí mhéadú ag an leibhéal táirgíochta agus trí lipéad náisiúnta amháin a fhorbairt chun leas a bhaint as íomhá "glan glas" thalmhaíocht na hÉireann agus trí tharraingteacht bhreise an bhia orgánaigh**	D'eisigh an Coiste um Fhorbairt Orgánach, ina bhfuil ionadaíocht ó na príomhpháirtithe leasmhara laistigh agus lasmuigh den earnáil orgánach, a thuarascáil i 2002. Tá formhór a chuid príomh-mholtaí curtha i bhfeidhm Bualann Grúpa Stiúrtha Náisiúnta don Earnáil Orgánach le chéile ceithre uair sa bhliain. Tá sé molta ag an nGrúpa Stiúrtha gur chóir obair ar lipéad aonair náisiúnta a chur siar ar feitheamh ar thorthaí iarrachtaí cosúla ag leibhéal na hEorpa . In ainneoin go bhfuil an t-éileamh ar bhia orgánach ag méadú, agus go bhfuil an-chuid spreagadh agus tacaíochtairgeadais ar fáil ón Scéim um Chosaint Chomhshaol na Tuaithe (SCCT) agus ó Scéim thiomanta infheistíochta, tá earnálacha táirgíochta agus próiseála orgánacha na hÉireann beag i gcónaí. Tá táscairí ann, áfach, go bhfuil sé ag méadú. Bhí 1,090 oibreoir orgánach cláraithe faoi dheireadh 2005, a léiríonn méadú 8.6% ar 2004. D'fhás méid talún i dtáirgeadh orgánach de 15% i 2005.Tá an príomh-thacaíocht airgeadais d'fheirmeoirí orgánaigh trí SCCT. I 2005, fuair feirmeoirí orgánaigh thar €5m ó SCCT agus fuair an earnáil €31m ina iomláine ó thosaigh an scéim SCCT i 1994. Cuireann díchúplálú íocaíochtaí díreacha ar chumas feirmeoirí a bheith níos solúbtha ina bhfreagairt don mhargadh agus tá gnáthfheirmeoirí á spreagadh breathnú ar tháirgeadh orgánach.

UIMH.	TIOMANTAS	DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO
15	**Socróimid an caighdeán seirbhíse, lena n-airítear seachadadh éifeachtúil tráthúil íocaíochtaí, mar dhlúthchuid de gach tosaíocht oibríochta.**	Bhí ár dtaifead maidir le seachadadh tráthúil íocaíochtaí díreacha faoin seanréimeas "íocaíochtaí cúpláilte" inchomórtas leis an gcuid is fearr i mBallstáit eile an AE. Faoin scéim nua "díchúpláilte" Aoníocaíochta (SAÍ), ba é íocaíocht an Scéim Aoníocaíochta le gach iarrthóirincháilithe an príomhdhúshlán seachadach seirbhíse ba mhó a bhi roimh an Roinn i 2005. Go dáta, bhí thar €1.193 billiún faoin SAÍ íoctha do níos mó ná 120,000 feirmeoirí. Bhí comhaontú go bhfuil an líon íocaíochtaí déanta ag an Roinn ina céad bhliain oibriúcháin sun-tasach, agus tá sé dearfach i gcomparáid leis an scéal i ngach Ballstát eile. I 2006, faomhaíodh agus íocadh réamhíocaíocht 50% SAÍ ó 16 Dheireadh Fómhair. Íocadh €563 milliún do 118,000 feirmeoirí, 93% d'iarratasóirí incháilithe. I ndiaidh próisis chomaileoireachta leithideach ar Phlean Gnímh Nua um Sheirbhís do Chustaiméirí 2005-2007, seoladh an Plean agus an chéad Chairt Chustaiméara na Roinne i mí Feabhra 2005.
16	**Breithneoimid go práinneach ar an acmhainneacht atá ann le haghaidh dreasachtaí cánach ar son talamh a ligean ar léas go fadtéarmach mar bhealach chun an riar talún atá ar fáil do fheirmeoirí óga a mhéadú.**	Is féidir le duine nios sine ná 40 bliain díolúine cánach ar ioncaim a fháil ar ioncaim cíosa a fuarthas ó léas fadtéarmach talamh feirme. D'ardaigh Buiséad 2006 teorainn díolúine le hioncaim a chlúdach ó theidil léasaithe leis an talamh, mar a leanas: ● €10,000 go €15,000 do léasanna 7 mbliana nó níos faide agus ● €7,500 go €12,000 do léasanna idir cúig agus seacht mbliana. Cabhróidh an leasú seo chun soghluaiseacht talún a fheabhsú, rud a éascóidh pleánáil fhadtéarmach agus cinntiú go mbeidh talamh feirmithe de réir reachta mhaith talmhaíochta agus comhshaoil. Tugadh isteach i mBuiséad 2005 ar feadh tréimhse dhá bhliain in éifeacht ó 1 Iúil 2005 díolúine nua dleacht stampála ar son malartú talamh feirme idir bheirt fheirmeoir ar mhaithe le gabháltach gach feirmeora a chomhtháthú.
17	**Aontóimid sraith moltaí le heagraíochtaí feirmeoireachta chun dul i ngleic le maorlathas agus beimid ag áiteamh go láidir go nglacfar leo ag leibhéal an AE.**	Tá an-chuid dul chun cinn déanta sa réimse seo de bharr creis úsáide a bhaint as TF, féach Tiomantais 24-26 a leanas. Éascaíodh simpliú na n-iarratas agus na ngnáthamh próiseála de bharr thabhairt isteach na díchúplála agus an chóras aoníocaíochta, agus thit an líon iniúchtaí feirme ó thar 18,000 i 2004 go 9,000 i 2005.
18	**I gcomhar leis an gCoimisiún, déanfaimid iniúchadh ar rangú na gceantar faoi mhí bhuntáiste a shíneadh amach chuig an Réigiún LTRI ar fad.**	Tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil chuir an Roinn seo cás faoi bhraid Choimisiún an AE go déanach i 2004 chun Contae Mhuineacháin uile a rangú mar cheantar Faoi Mhíbhuntáiste Breise. D'aontaigh an Coimisiún leis seo agus tá Muineachán rangaithe dá réir ina iomláine ó 2005 ar aghaidh. I lár 2004 d'fhoilsigh an Coimisiún Dréachtrialachán faoi Fhorbairt Tuaithe ina bhfuil critéir nua chun Ceantair faoi Mhíbhuntáiste a shainiú . Ní fhéadfaí teacht ar réiteach faoi na critéir seo áfach. Dá réir sin, d'aontaigh Comhairle na nAirí Talmhaíochta creatlach nua d'fhorbairt na tuaithe ar an 20 Meitheamh 2005 don tréimhse 2007 go 2013 a rinne foráil chun na socruithe atá ann cheana do Cheantar faoi Mhí bhuntáiste a choinneáil go dtí 2010. Idir an dá linn, cuirfidh an Coimisiún tuarascail agus moltaí faoi bhráid na Comhairle maidir leis an gcóras íocaíochta amach anseo agus le sainiú Cheantar faoi Mhíbhuntáiste. Breithneofar aon athrú ar scéim na gCeantar faoi Mhíbhuntáiste i gcomhthéacs an athbhreithnithe seo ar an scéim.

UIMH.	TIOMANTAS	DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO
19	**Beimid ag obair chun leibhéil phlandáil foraoiseachta a mhéadú go 20,000 heicteár sa bhliain.**	In ainneoin leithdháileadh maoiniú agus an pacáiste is láidre maidir le spreagadh curtha le chéile riamh, ní raibh leibhéil plandála i 2005 suas ach go himeallach le híocaíocht déanta do bheagán níos mó ná 10,000 heicteár do fhoraoiseacht úr. Tá táscaoirí do 2006 nach mbeidh méadú mór i mbliana ach oiread. Bhí sé réamh-mheasta, le féidearthacht teidlíochta stacáil agus í seo an bhliain dheireanach an phacáiste reatha an-tarraingteach, méadú mór ar éilimh ar fhoraoiseacht. Níor tharla sé seo, áfach. Déanann an tiomantas fadtéarmach, chom maith leis na praghsanna arda ar thalamh, nach bhfuil sé eacnamíoch do roinnt mhaith feirmeoirí infheistíocht a dhéanamh ag an am seo, go háirithe leis an ráta reatha ar phréimhe agus aischuireanna talmhaíochta. Tá dul chun cinn substaintiúil á dhéanamh ar roinnt frontaí, áfach, m.sh.: ● Toradh dearfach ar idirbheartaíochtaí RDR anuraidh, in aghaidh corrlach ● Feidhmiúchán rathúil de IFORIS, an córas nua foraoiseachta ● Fardal náisiúnta ag teacht chun críche ● Athbhreithniú reachtaíochta curtha chun cin go maith. ● Méaduithe daingnithe sa deontas plandála ● Scéimeanna nua ar bhealach do bhithmhais agus fuinneamh adhmaid, ag spreagadh margaí nua ● glaoch an-rathúil do Mholtaí um nuáil san earnáil ● Clár oiliúna nua, dearaithe agus seachadta i gcomhar leis an earnáil ● Feachtas nua cothuithe, arís dearaithe agus seachadta i gcomhar leis an earnáil ● Athbhreithniú ardleibhéil ar straitéis ag teacht chun críche. Tagann siad seo le héile le tarraingteacht na foraoiseachta a mhéadú oiread agus is féidir.
20	**Reachtáilfimid Uachtaránacht dhearbhghníomach i 2004** **[Roinn 1: Ag obair ar son na síochána]**	Rinne an Roinn seachadadh ráthúil ar an Uachtaránacht ó thaobh pleanála, ullmhúcháin agus eagrúcháin (níos mó ná 100 cruinniú den Chomhairle den den Choiste Speisialta Talmhaíochta, de Phríomhoifigí Tréidliachta agus de Ghrúpaí Oibre chomh maith le cruinnithe neamhfhoirmiúla in Éirinn) agus rinne dul chun cinn mór chun saincheisteanna beartais a bhrostú. Thángthas ar chomhaontú deiridh faoi 20 moladh reachtúil, ina measc athchóiriú na réimeas táirgí Meánmharacha, céim mhór eile chun cinn sa phroiseas athchóirithe atá bunaithe ar phrionsabail atá dírithe ar an margadh agus ar an inmharthanacht. I measc na nithe a baineadh amach sa réimse sábháilteachta bia bhí comhaontú faoi smachta ar bhia agus ar bheathú ainmhithe agus ar an "bPacáiste Sláinteachais" a thabhairt chun críche agus faoi nuashonraithe ar reachtaíocht sláinteachas bia an AE.

UIMH.	TIOMANTAS	DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO
21	**Cuirfimid an Straitéis leasaithe Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta, lena spriocanna uaillmhianacha maidir le réimse leathan saincheisteanna i bhfeidhm.** **[Roinn 4: Sochaí Chomhbhách a thógáil]**	I 2006, chaith an Roinn os cionn €1.8 billiún in íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí. Chomh maith le híocaíochtaí díreacha tacaítear le hioncaim talmhaíochta trí bhearta tacaíochta margaidh eile, deontais infheistíocht feirme, tacaíochtaí foraoiseachta agus trí chaiteachas poiblí ar thaighde agus ar oiliúint agus ar sheirbhísí comhairle. Léiríonn sonraí ón EU-SILC 2005 go bhfuil meánioncaim indiúscartha ag teaghlaigh feirme 90% de mheán an stáit agus go bhfuil rátaí níos ísle de bhochtanas leanúnach go ginearálta (bunaithe ar shainmhíniú leathan de theaghlaigh feirme). Soláthraíonn an Scéim Chúnam Feirme, a fheidhmíonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh , tacaíoct ioncaim do theaghlaigh feirme ar ioncaim íseal. Ag deireadh 2006, bhí 7,500 teaghlaigh feirme ar ioncaim íseal ag fáil íocaíochtaí chúnamh feirme ón RGST, laghdú ó 4% i 2005. Rinne an RGST caiteachas iomlán de díreach os cionn €71.1 milliún ar an Scéim Chúnamh Feirme.
22	**Cuirfimid an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide i bhfeidhm go hiomlán agus déanfaimid tuairisciú go bliantúil ar an dul chun cinn.** **[Roinn 3: Forbairt Chothromaithe Réigiúnda a chinntiú]**	Tar éis fhoilsiú na Straitéise Náisiúnta um Athrú Aeráide i mí na Samhna 2000, cuireadh foireann trasRannach um athrú aeráide ar bun agus bunaíodh roinnt foghrúpa chun maoirseoireacht a dhéanah ar fhorfheidhmiú na Straitéise. Tá ionadaíocht ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia ar gach Grúpa . Déann Grúpa um Athrú Aeráide sa Roinn Talmhaíochta agus Bia comhordú ar ghníomartha na Roinne faoi réir na Straitéise. Beidh muid rannpháirteach go leanúnach sa bhfoireann idirRannach um athrú aeráide agus déanfaidh sí comhordú ar ghníomartha na Roinne féin faoi réir na Straitéise trí Ghrúpa um Athrú Aeráide sa Roinn féin.
23	**Tógfaimid cultúr ina ndéantar níos mó athbhreithniú ar chaiteachas poiblí trí mheasúnuithe rialta a fhoilsiú faoi na príomhchláir caiteachais. Mar chuid de seo, foilsíodh gach Roinn na príomhtháscairí do gach príomhchlár agus déanfar an dul chun cinn a mheasúnú dá réir.** **[Roinn 5 Tacaíocht don Saol Sibhialta]**	Ó 2002 i leith tá 12 Athbhreithnithe Caiteachais curtha i gcrích i bpríomhréimsí caiteachais na Roinne. Tá an 13ú ceann ag teacht chun deiridh, agus cuireadh tús le measúnú ar 2 phríomhchlár caiteachais i 2005. Tugann na measúnuithe ar chaiteachas poiblé a dhéanann an Roinn measúnú mionsonraithe faoi éifeachtúlacht agus éifeachtacht an leithdháileadh acmhainní i leith scéimeanna agus seirbhísí sainithe.
24 25	**Cuirfimid clár oibre uaillmhianach ríomhsheirbhísí Rialtais i bfeidhm a bheith dírithe ar a chinntiú go mbeidh rochtain ag an bpobal ar fhormhór na bpríomhsheirbhísí Rialtais go leictreonach.** **[Roinn 2: eacnamaíocht láidir a bhuanú]** **Cuirfimid clár ar bun chun mórfhorbairt a chur i bhfeidhm i réimse agus i gcaighdeán na seirbhísí Rialtais ar líne** **[Roinn 5: Tacaíocht don saol sibhialta]**	*(Baineann ábhar le tiomantais 24/25/26)* *Leanann an Roinn ar aghaidh le feabhsú a dhéanamh ar a seirbhísí TF do chustaiméirí idir inmheánacha agus sheachtracha.* *Foilsíodh Straitéis nua TFC i mí Mhárta 2004, a bhí ag leanúint ar aghaidh ó Straitéis TF 2000. Bhí sé de chuspóir aige tógáil ar na hathruithe a bhí curtha i bhfeidhm cheana féin agus comhlánú agus tacaíochta a thabhairt don timpeallacht athraithe atá ann de bharr MTR, dílárú agus an tSeirbhís Fhoraoiseachta a bheith tugtha isteach.* *Tá Straitéis TFC na Roinne dírithe ar thacaíochta a thabhairt do dhualgais garthéarmacha na Roinne agus TF a úsáid chun athrú straitéiseach a éascú.* Is iad seo a leanas na príomhthionscadail reatha: ● Thosaigh an obair go déanach i 2004 ar chéim 2 den Scéim SAÍ a chuir ar chumas na Roinne a chéad thiomantas shuntasach eile, níos mo ná 140,000 iarratas Scéim Aoníocaíochta a phróiseáil ó Aibreáin 2005. Chuirfidh SAÍ ar chumas na Roinne a sheacadadh

UIMH.	TIOMANTAS	DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO
26	*Cinnteoimid go mbeidh gach seirbhís phoiblí is féidir a sheachadadh go leictreonach ar fáil trí phointe teagmhála amháin* *[Roinn 5: Tacaíocht don saol sibhialta]*	sprioctha a bhaint amach. Eisíodh níos mo ná €1.18 billion in íocaíochtaí Scéime Aoníocaíochta ó 1 Nollag 2005 maidir le hiar ratais 2005.. Cuardaíodh cead freisin chun réamhíocaíochtaí 50% a dhéanamh maidir le hiarratais ghlan 2006. Ar an bhealach seo tá seachadadh sprioctha na Roinne sáraithe trí réamhíocaíochtaí do iarratais 2006 a dhéanamh. Thosaigh an réamhíocaíochtaí seo thar €0.55 billion ina iomláine, ó mhí Dheireadh Fómhair, leis an aisíocaíocht 50% le bheith íoctha i mí na Nollag. ● Córas Sainaitheantas agus Aistrithe Ainmhithe (SAA) a fhorbairt le hinrianaitheacht a chur ar fáil don tréad náisiúnta buabhach, ag tabairt dearbhuithe do thomhaltóirí agus cheannaithe mairteola agus táirgí mairteola Éireannacha. ● Córas Comhtháite Faisnéis Foraoise, ar a dtugtar iFORIS, a fhor bairt. Is uirlis bainistíocht foraoise léarscáilbhunaithe é a inchor praíonn faomhaidh plandála foraoise, íocaíochtaí deontais agus préimhe agus seiceáil trasghéilliúlachta. Chuaigh an córas beo i mí Mhárta 2006. Maidir le custaiméirí seachtracha, tá tús curtha ag an Roinn le mórfhorbairtí sa réimse TF agus tá tacaíocht ó chórais TF ag na príomhphróisis gnó ar fad. Tá siad seo leanas san áireamh: ● Tairseach Seirbhísí Leictreonacha na Roinne (ríomhSheirbhísí) a inchorpraíonn an SAÍ (Córas Aoníocaíochta) agus AIM (Aitheantas agus Gluaiseacht Ainmhithe) agus FIMS (Córas Léarscáileanna an Tionscadal Foraoiseachta) ● Cuireann an Córas Aoníocaíochta ar fáil do chustaiméirí cláraithe rochtain ar a gcuid sonraí maidir le héilimh SAÍ. Tá sé pleanáilte a chur ar chumas iarratasóirí SAÍ a héilimh 2007 a chur isteach ar-líne. Beidh cead ag cliaint chomh maith gníomhaí a ainmniú lena n-idirbhearta SAÍ a láimseáil leis an Roinn. ● Cuireann an Córas Aitheantais agus Glaiseacht Ainmhithe (AIM) ar chumas úinéirí tréada próifíl a dtréad buabhaigh a fheiceáil agus breith ainmhithe buabacha a chlárú agus iarratas a dhéanamh ar dheimhniúcháin ghéilliúlachta thar an Idirlíon. Cuireann gutháin phóca curtha ar fáil ag an Roinn ar chumas an úinéara tréada lios ta a ainmhithe a fheiceáil, breith ainmhithe buabhach a chlárú, nó iarratas a chur isteach ar dheimhniúchán géilliúlachta. Tá saoráidí AIM do Shuíomhanna Onnmhairithe agus aonaigh bheostoic á bhforbairt. Tá sé pleanáilte feidhmiúchán na saoráidí seo a thosú sa chéad cheathrú de 2007. ● Is feidhmchlár bunaithe ar an nGréasáin é FIMS, a thacaíonn le córas ríomaireachta IFORIS na Roinne Talmhaíochta, ag cur ar fáil saoráide do chustaiméirí na Seirbhíse Foraoiseachta chun léarscáileanna a chruthú agus a chur isteach mar thacú lena bhfaomhadh plandála agus iarratas ar dheontais foraoiseachta. ● Cuireadh leathnú amach an Chóras Ríomhaireachta Sláinte Ainmhithe (AHCS) i gcrích i mí na Feabhra 2005, agus tá ag éirí go han-mhaith leis an gcóras. Tá beagnach 100% de chleachtóirí príobháideacha tréidliachta ar líne, le toradh go bhfuil laghdú sun tasach ar fhoirne agus coigiltis riaracháin . ● An tsaoráid a cheadaíonn íocaíocht trí shochar dhíreach go cuntais bainc chustaiméirí a chur chun cinn, go háirithe i measc feirmeoirí.
24/25 &26	**Dul chun cinn go dtí seo, ar leanúint thall.**	E-Forbairtí Ríomhsheirbhísí Rialtais:

UIMH.	TIOMANTAS	DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO
		Tá naisc leictreonacha le cuid mhór dár ngníomhairí (aonaigh, monarchana feola, seánsáin, cleachtais phríobháideacha tréidliachta, díoltóirí clibéala agus iad siúd atá rannpháirteach i mbailiú sonraí clárúcháin agus gluaiseacht bhuabhacha) curtha i bhfeidhm cheana féin. Tá an Roinn ag cabhrú leis an ngníomhaireacht Reach ar bhonn leanúnach ó thaobh iarratais agus eolas a chur ar fáil tríd an mBróicéir Seirbhísí Poiblí. Tá an Córas RTB/Aisíocaíochta Ioncaim Onnmhairithe curtha i gcrích agus úsáideann sé an córas atá ann cheana chun aistriú sonraí idir Gníomhaireachtaí Rialtais a cheadú. Tá an Roinn rannpháirteach go gníomhach le Roinn an Taoisigh i réimse na rómhsheirbhísí Rialtais. De réir bheartas an Rialtais i leith ríomhiniaimh, tá an Roinn: ● I gcomhar le Teagasc, ag cur cúrsaí ríomhfhoghlama ar fáil. ● Tá Bothaí suiteáilte in oifigí áirithe Roinne a chuireann rochtain saor in aisce Idirlín ar fáil go suíomhanna Rialtais agus AE. ● Tá teicneolaíochta forleatacha ar nós SMS á n-úsáid go hinmheá nach againn agus mar modh malartach chun cumarsáid a dhéanamh lenár gcustaiméirí.

Aguisín 4 - Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 Forbairt Talmhaíochta agus Tuaithe

Caiteachas 2000 – 2006 agus i 2006

Clár	Fo-chlár/Beart/Fo-bheart	Caiteachas €m 2006	Caiteachas €m 2000-2006
1. Clár Forbartha Tuaithe Maoinithe agus Ráthaithe	SCTT	329.233	1525.711
	Liúntais Chúiteacha	257.542	1434.085
	Luathscor	54.68	526.773
	Foraoiseacht	93.893	725.602
	Iomlán Plean Forbairt Tuaithe	735.348	4212.171
2. Clár Oibriúcháin na hÉarnála Táirgí	Taighde Teagasc	8.747	57.584
	Ciste Spreagtha Taighde	0.411	4.348
	Taighde Iomlán (Talmhaíocht)	9.158	61.932
3. Clár Oibriúcháin Forbairt Fostaíochta agus Acmhainní Daonna	Oiliúint Teagasc	12.01	84.72
	Institiúid Idirnáisiúnta Eachaí	0.289	1.677
	Oiliúint Iomlán (Talmhaíocht)	12.299	86.397

Clár	Fo-chlár/Beart/Fo-bheart	Caiteachas €m			
		LTRI		D&O	
		2006	2000-2006	2006	2000-2006
	Fo-chlár um Fhorbairt Talmhaíochta agus Tuaithe				
	Beart 1: Feabhsúchán Ginearátla Struchtúrtha	12.838	57.043	24.177	95.072
	Cúnamh Suiteála d Fheirmeoirí Óga	1.841	9.053	3.865	20.329
	Bainistiú Dramhaíl Feirme	8.39	40.017	12.92	47.183
	Feabhsúchán Chaighdeáin Sláinteachas Déiríochta	1.974	6.389	5.019	14.25
	Feabhsúchán Chaighdeáin Leasa Ainmhithe (Muca amháin)	0.469	0.469	0	0
	Diúscairt Chonablaigh Ainmhithe	0.164	0.596	0	0
	Áiseanna Stóráil Ghráin ar an bhFeirm a Fhorbairt	0	0.519	0	1.904
	Bonneagair Thógáil Eallaigh a fheabhsú	0	0	1.298	5.628
	Bonneagair Thógáil Eachaí a Fheabhsú	0	0	1.075	5.778
1. ATeorainn, Lár Tíre agus Réigiún an Iarthair (LTRI) Clár Oibriúcháin:	**Beart 2: Fiontair Mhalartacha**	1.834	8.42	4.597	18.236
	Forbairt an Earnáil Ghairneoireachta	0.878	4.708	3.527	12.315
	Forbairt an Earnáil Phrátaí	0.384	0.783	0.532	1.595
	Forbairt na hEarnála Orgánaí	0.115	0.816	0.081	0.931
Agus	Feabhsúchán i gCaighdeán Eachaí	0.165	0.883	0.131	1.601
2. Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir D&O Clár Oibriúcháin:	Saoráidí Tithíochta/Láimhseála do Fhiontair Mhalartacha	0.292	1.23	0.326	1.794
	Beart 4: Seirbhísí do Fhorbairt Talmhaíochtat	5.73	37.828	4.688	30.928
	Seirbhísí Comhairleacha Teagasc	5.73	37.828	4.688	30.928
	Fo-chlár: Forbairt Fhiontraíochta Áitiúla				
	Bearta: Foraoiseacht	5.775	35.205	6.305	30.036
	Sábháil fómhair	0	1.385	0	0.736
	Feabhsúchán Coillearnaigh	2.167	18.713	1.945	10.151
	Forbairt Fhoraoiseachta	0.679	5.964	1.183	9.408
	Bóithre Foraoiseachta	2.929	9.143	3.177	9.741
	Iomlán Forbairt Talmhaíochta agus Tuaithe (CO Réigiúnacha)	26.177	138.496	39.767	174.272
	Iomlán na mBearta Stuchtúrtha agus Ráthaíochta do Fhorbairt Talmhaíochta / Forbairt Tuaithe		Caiteachas €m 2006	Caiteachas €m 2000-2006	
			822.749	4673.269	

Aguisín 5 – Vóta 31: Caiteachas ar Thalmhaíocht agus Bia do 2006

Riarachán		**281.241 (€m)**
A1	Pá, Tuarastail agus Liúntais	214.273
A2	Taisteal agus Cothabháil	13.518
A3	Costais Theagmhasacha	7.872
A4	Postas agus Teileachumarsáid	6.428
A5	Innealra Oifige	13.828
A6	Costais Áitribh Oifige	6.682
A7	Seirbhísí Comhairleoireachtas	11.553
A8	Bearta Forlíontacha chun Leasa Airgeadais an AE a chosaint	0.425
A9	Trealamh Saotharlainne	6.662
A10	Sochaí na Faisnéise	0.000
Seirbhísí Eile		
Seirbhísí Oideachais Taighde agus Comhairleacha		**153.347**
B	Taighde agus Tástáil	31.329
J	Deontas i gCabhair do Chostais Ghinearálta do Teagasc (pá san áireamh)	122.018
Feabhsúchán Beostoic & Díothú Galair		**110.176**
C	Díothú Eitinne agus Bhrúsalóis Bhuabhaigh	45.702
C	Smachtú agus Díothú Ginearálta Galair	54.733
C	Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola	8.853
B	Údarás Tógáil Eallaigh	0.888
Cúnamh Forbartha		**23.419**
K	BORD BIA do chostais ghinearálta pá san áireamh	22.403
M	Cúnamh don Tionscal Capall Neamhfholaíoch	1.016
Íocaíocht Phinsin srl.		**2.217**
M	Íocaíocht phinsin (pá)/ An Chuideachta um Dhiúscairt Déiríochta Teo.	1.677
M	Blianachtaí agus Préimheanna Saoil (Treoir AE Uimh. 72/160)	0.540
Scéimeanna a Fheidhmítear i bhForfheidhmiú Rialacháin Ráthaíochta AE		**773.303**
D	Maoiniú an Chomhbheartas Talmhaíochta, dirghabháil Margaidh srl	13.354
D	Caillteanais Idirghabháil Margaidh trí Easnaimh, Timpiste srl.	3.695
D	IACS - LPIS	4.453
F	Scéim Chosaint Chomhshaol na Tuaithe	329.233
G	Luathscor	54.656
I	Foraoiseacht	110.304
E	Liúntais Chúiteacha	257.542
M	Cúnamh Teicniúil Forbartha na Tuaithe	0.066
Scéimeanna a Fheidhmítear i bhForfheidhmiú Riaracháin Struchtúrtha an AE agus an Phlean Forbartha Náisiúnta		**49.796**
G	Cúnamh Suiteála- Scéim PFN	5.736
H	Infheistíocht ar an bhFeirm – Réamh PFN	0.054
H	Forbair Talmhaíochta PFN	38.044
H	Deontais do Mhargaíocht agus Próiseáil	5.962
Ilghnéitheach		**43.599**

C	Smachtú Capall	1.664 (€m)
C	Cigirí Sealadacha Tréidliachta	24.821
D	Scéim Bhaile sa Scoileanna	1.214
L	An Conbhinsiúin um Chúnamh Bia	8.506
M	Comhoibriú Idirnáisiúnta	2.056
M	Caiteachas Ginearálta Dlíthiúil	2.642
M	Seirbhísí ginearálta	2.696
Caiteachas Comhlán Iomlán		**1,437.098**
Leithghabhála i gCabhair		**-497.770**
Riarachán A in A		**-22.885**
O1	Forchúiteamh Tuarastal	0.000
O2	Taiscí agus urrúis fhorghéillte faoi shocruithe idirghabhála CE, aisíocaíochtaí onnmhairithe srl.	-0.958
O3	Aisíocaíochtaí ó tháillí do sheirbhísí cigireachta tréidliachta ag monarchana éineola agus táillí cigireachta feola	-15.400
O4	Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta do onnmhairithe beo	-1.658
O5	Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta aitibh déiríochta	-4.869
Seirbhísí Eile		**-24.885**
O6	Fáltais ó dhíolachán vaicsíní, beostoic, táirgí feirme srl.	-0.752
O7	Fáltais ó tháillí tástála síl, táillí deimhniúcháin, táillí Ceadúnaithe, clárú lotnaiticídí srl.	-2.177
O8	Fáltais ó cheadúnais agus ó dhíol agusó leasanna beostoic srl. (Focheann C1)	-0.037
O9	Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeoirí i dtreo chostas dhíothú Galar Buabhacha (Focheann C2)	-10.495
O10	Fáltais Choimisiún na Talún (Focheann A3)	-11.145
O11	Fáltais Eile	-0.279
Seirbhísí AE		**-450.000**
O12	Costais Idirghabháil Margaidh agus costais maoinithe do bhearta eile ranna FEOGA (Ráthaíocht) (Focheann D)	-9.613
O13	Fáltais do Chaillteanais Stoic Idirghabhála	0.000
O14	Plean Forbartha Náisiúnta- Fáltais Ráthaíochta (Focheann E, F, G, I)	-398.672
O15	Fáltais BSE(Focheann C)	-9.587
O16	Ciste Tréidliachta (Focheann C)	-3.455
O17	Fáltais Ráthaíochta Eile	-0.756
O18	PFN - Fáltais Struchtúrtha	-27.917
Caiteachas Glan		**939.328**

Aguisín 6 - Caiteachas Ráthaíochta FEOGA/EAGGF 2006

Miondealú ar Éilimh a Cuireadh chuig an EAGGF sa bhliain féilire 2006

	€
Barra Curaíochta	
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe	78,700
Cúnaimh Táirgíochta	13,326
Costais Idirghabhála (Gránbharra)	48,442
Fodar Díhiodráitithe	101,647
Barra Curaíochta/ Cúnamh Curaíochta	418,442
Iomlán	**660,557**
Siúcra	
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe	5,304,827
Costais Idirghabhála (Siúcra)	287,075
Aisíocaíocht ar son Stórála	0
Aisíocaíochtaí ar son Siúcra a úsáideadh sa Tionscal Ceimiceach	153,756
Iomlán	**5,745,657**
Torthaí agus Glasraí agus Earnálacha Eile	
Cúnamh do Tháirgíocht Síl Féir	0
Eagraíochtaí Táirgeoirí	3,386,077
Iomlán	**3,386,077**
Táirgí Déiríochta	
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe (Cúnamh Bia san áireamh)	46,589,152
Cúnamh do Phúdar Bainne Bhearrtha do Bheathú Ainmhithe	0
Cúnamh do Bhainne Bearrtha do Bheathú Ainmhithe	256,484
Cúnamh do Cháiséin	7,453,378
Íocaíocht Bhreise do Tháirgeoirí Bainne	17,029
Costais Idirghabhála (Púdar Bainne Bhearrtha agus Im)	(93,324)
Stóras Príobháideach	3,697,453
Bearta chun an Farasbarr Sail Ime a Laghdú	330,299
Cúnamh Cúititheach	0
Tobhach Comhfhreagrachta Bainne	0
Sárthobhach Bainne	(2,330)
Aisíocaíocht Sárthobhaigh	0
Cúnamh chun Bainne Scoile a Sholáthar	713,306
Iomlán	**58,961,446.68**
Mairteoil agus Laofheoil	
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe	19,677,274
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe d'Ainmhithe Beo	(174)
Stóras Príobháideach	0
Costais Idirghabhála	0
Préimh Bhó Dhiúil	850,074
Préimh Speisialta	1,959,217
Préimh Dhíshéasúrach	43
Préimh Fhairsingithe	1,274,384
Bearta Tionscnaimh	0
Préimh Mharaithe	594,013
Bearta Cúititheacha BSE agus Marú	112,909
Iomlán	**24,467,742**
Caoireoil	
Préimh Chaorach	186,299
Iomlán	**186,299**
Muiceoil	
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe	1,810
Iomlán	**1,810**

Éanlaith Clóis agus Uibheacha	**€**
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe	195
Bearta Tionscnaimh Uibheacha	0
Iomlán	**195**
Táirgí Próiseáilte	
Aisíocaíochtaí Onnmhairithe	24,743,802
Iomlán	**24,743,802**
Bearta Eile	
Cothú Plandaí	96,894
Clár Beachaireachta	36,914
Bearta Agri-Airgeadaíochta	3,359
Iomlán	**137,167**
Cúnaimh Dhíreacha	
Aoníocaíocht Feirme díchúpláilte	1,308,948,021
Iomlán	**1,308,948,021**
Plean Forbairt Tuaithe CBT 2000-2006	
Bearta Tionlacain (Scéim Chosaint Chomhshaol na Tuaithe, Luathscor agus Foraoiseacht) agus liúntais chúiteacha	356,045,964
Iomlán	**356,045,964**
Eile	
Aisghabhálacha	(803,826)
Ceadú Cuntas ag an AE	(2,707,321)
Iomlán	**(3,511,147)**
Móriomlán	**1,779,773,591**

Athraíonn cion cómhaoinaithe an AE i leith bhearta Forbairt Tuaithe CBT ó 50% go 85% den chaiteachas incháilithe, faoi réir ag síleálacha foriomlána airgeadais.

Aguisín 7 -

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Rialachán na gComhphobal Eorpacha (Íocaíocht Dhéanach i mBearta Táchtála) 2002

Is é beartas na Roinne é a bheith géilliúil go hiomlán do théarmaí an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus le téarmaí na Rialachán maidir le dul i ngleic le mallíocaíocht i mbearta tráchtála (na Comhphobail Eorpacha- Rialachán um Íocaíocht dhéanach i mBearta Tráchtála, 2002). Tá an tAcht agus rialacháin 2002 tugtha chun aire do gach duine den bhfoireann, tá gnáthaimh bunaithe chun freastal ar a gcuid riachtanas agus tá monatóireacht leanúnach an le cinntiú go bhfuiltear géilliúil dá bhforálacha.

Thabhaigh 155 sonrasc san iomlán i 2006 le luach níos mó ná €317.44 píonóis mallíocaíochta (is é seo an tairseach atá sainithe sna Treoirlínte do Chomhlachtaí Poiblí ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar son cuspóirí tuairiscithe). Bhí luach €1,925,287.63 ag na sonraisc uile a íocadh go mall . B;ionann seo agus 1.29% de na híocaíochtaí €149,089,776.88 san iomlán, a thit lastuigh de théarmaí na Rialachán. Íocadh ús iomlán de €4,032.24 le linn 2006 de bharr mallíocaíochtaí. Ba é an lion lá gur íocadh sonraisc go mall i 2006 faoi Rialacháin um Íocaíocht dhéanach i mBearta Tráchtála ná 10.5.

AGUISÍN 8 - ORDUITHE AGUS RIALACHÁIN

Rinneadh na horduithe agus rialacháin a leanas le linn 2006

Teideal	I.R UIMH	Tuairisc
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil (Smachta ar Allmhairiú Cleití ó Thíortha Treasacha áirithe) 2006.	11	Tugann an tOrdú seo Éifeact do Chinneadh an Choimisiúin 2006/7/EC maidir le bearta áirithe i leith cleití a allmhairiú ó thíortha treasacha áirithe le teorainn ar an Tuirc.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Athghabháil Suimeanna) (Leasú) 2006.	13	Leasaíonn an ionstraim reachtúil seo Rialacháin na gComhphobal Eorpacha , I.R Uimh. 463 de 2003 (Athghabháil Suimeanna) Le laghdú ar an ráta úis infheidhmithe ar athghabháil suimeanna de réir Rialachán an Choimisiúin AE sonraithe ann agus le leathnú réimse na Rialachán chun scéimeanna tacíochta a thiomáint do fheirmeoirí faoin bpolasaí coiteann talmhaíochta, foráilte faoin Rialachán Choiste 1782/2003
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Aitheantas agus Clárú Ainmhithe Buabhach) (Leasú) 2006.	18	Déanann na rialacháin seo foráil chun leasuithe ar dhearadh phasanna ainmhithe maidir le hainmhithe cláraithe ó 23 Eanáir 2006 agus leathnú liosta na gcód pórtha atá incháilithe a bheith
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smachta ar Allmhairiú ón Chróit) (Leasú) 2006.	48	Leasaíonn an tOrdú seo I.R. Uimh. 691 de 2005 agus tugann sé éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin 2006/11/EC a leasaigh Cinneadh an Choimisiúin 2005/708/EC maidir le bearta cosantacha áirithe i leith éin bheo, mairteoil úr géim chleithithe, ullmhúcháin mhairteola agus táirgí mairteola déanta as nó ag cuimsiú mairteola ó ghéim fhiáin cleitithe, amh-bheathú peata agus ábhar beathú neamhphróiseáilte ag cuimsiú codanna ar bith de ghéim fiáin cleitithe, trófaí géim neamhchóireáilte as éin ar bith agus cleití neamhphróiseáilte agus codanna cleití almhairithe ó cheantair den Chróit.
Ordú Eitinn Bhuabhach (Fianú Stáit agus Forálacha Ginearálta) (Leasú) 2006.	63	Déanann na rialacháin seo foráil chun leasú ar dhearadh cárta aitheantais ainmhithe níos aosta.
Rialacháin Acht Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar Sceideal) 2006.	65	Leasaíonn na rialacháin seo Sceideal don Acht Achomhairc Talmhaíochta 2001. Sonraíonn an Sceideal na Scéimeanna atá clúdaithe faoin Acht. Tá sé riachtanach anois Sceideal den Acht a leasú chun scéimeanna nua a iniamh atá riartha ag an Roinn.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smachta ar Allmhairiú ón Rómáin) 2006.	71	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin 2005/710/EC mar atá leasaithe ag Cinneadh an Choimisiúin 2006/23/EC agus an Choimisiúin 2006/24/EC maidir le bearta cosanta áirithe tugtha isteach mar gheall ar éifeacht Fhliú Éanúil ar éin bheo agus táirgí éineola allmhairithe ón Rómáin.
Acht um Ghalair Ainmhithe 1966 (Aitheantas Gabhar) Ordú 2006.	79	Déanann an tOrdú seo foráil chun aitheantas gabhar trí chlin chluaise.
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smachta ar Allmhairiú Táirgí Éanúla ón Iodáil) 2006.	80	Tugann an tOrdú seo éifeacht seo Chinneadh an Choimisiúin 2005/926/EC de 21 Nollag 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith táirgí éanúla allmhairithe ón Iodáil agus aisghaireann sé Rialacháin a gComhphobal Eorpacha 2004 (Fliú Éanúil) (Smachta ar Tháirgí Éanúla ón Iodáil) I.R.Uimh. 691 de 2004.

Teideal	I.R UIMH	Tuairisc
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Fliú Éanúil) (Smachta ar allmhairiú ón Rúis)(Leasú) 2006.	81	Leasaíonn an tOrdú seo I R. Uimh. 669 de 2005 agus tugann sé éifeacht do Chinneadh an Choimisiúin 2005/933/EC de 21 Nollag 2005 maidir le bearta cosantacha áirithe i leith fhliú éanúil sa Rúis.
